



Uimhir 65 de 2015

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 65 de 2015

AN tACHT UM RIALÁIL SEIRBHÍSÍ DLÍ, 2015

[An tionú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

ALT

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua
2. Léiriú agus forléiriú
3. Rialacháin agus orduithe
4. Caiteachais
5. Aisghairm
6. Athbhreithniú ar an Acht

CUID 2

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ DLÍ

7. An lá bunaithe
8. An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a bhunú
9. Comhaltas an Údaráis agus téarmaí comhaltais
10. Téarma ceapacháin comhaltaí den Údarás
11. Comhalta den Údarás a dhícháiliú chun oifig a shealbhú
12. Comhalta den Údarás a chur as oifig
13. Feidhmeanna an Údaráis
14. Cruinnithe agus gnó
15. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa, etc
16. Coistí den Údarás

17. Cumhacht chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a cheapadh agus chun conarthaí a dhéanamh
18. Pribhléid dhlíthiúil
19. Gan faisnéis faoi rún a nochtadh
20. Pleananna straitéiseacha
21. Tuarascálacha don Aire
22. Cumhachtaí an Údaráis i ndáil le cóid chleachtais
23. Cumhachtaí an Údaráis i ndáil le cóid ghairmiúla
24. An Príomh-Fheidhmeannach
25. Foireann an Údaráis
26. Foireann an Dlí-Chumainn nó Chomhairle an Bharra a aistriú
27. Aoisliúntas
28. Cuntais agus iniúchadh
29. Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh don Choiste den Oireachtas arna bhunú chun scrúdú, etc., a dhéanamh ar chuntais leithreasa, etc
30. Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh do Choistí den Oireachtas
31. Cumhacht chun táillí a mhuirearú agus a ghnóthú
32. Airleacain ón Aire chuig an Údarás
33. Tuarascáil bhliantúil maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh
34. Tuarascálacha ar nithe sonraithe chuig an Aire
35. Ordú chun sárú ar an Acht a thoirmeasc
36. Cionta a ionchúiseamh

CUID 3

INIÚCHTAÍ— DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ

37. Cigirí
38. Iniúchadh ar ordachán ón Údarás
39. Cumhachtaí Cigirí
40. Ordú ón Ard-Chúirt cumhachtaí áirithe faoi alt 39 a fheidhmiú
41. Ordachán ón Ard-Chúirt iniúchadh a chomhlíonadh
42. Cionta
43. Tuarascáil chuig an Údarás in imthosca áirithe tar éis iniúchadh

44. Inghlacthacht fianaise a gheofar i gcúrsa iniúchadh

CUID 4

DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ DO SHEALBHÚ AIRGEAD CLIANT

45. Dlí-Chleachtóirí a bheidh údaraithe chun airgead cliant a shealbhú

CUID 5

NÍTHE A BHAINNEANN LE CLIAINT DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ A CHOSAINT

46. Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag dlí-chleachtóirí
 47. Rialacháin maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla
 48. Dliteanas dlí-chleachtóra a theorannú le Conradh

CUID 6

GEARÁIN AGUS ÉISTEACHTAÍ ARAÍONACHTA I LEITH DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ

49. Forléiriú (Cuid 6)
 50. Mí-iompar ag dlí-chleachtóirí
 51. Gearáin faoi Chuid 6
 52. Comhairle an Bharra, Cumann Onórach Óstaí an Rí, an Dlí-Chumann do tharchur gearán
 53. Tréimhse teorann
 54. Gearán a tharraingt siar faoin gCuid seo
 55. Rialacháin maidir le gearáin
 56. Táillí i leith gearán
 57. Réamh-athbhreithniú ar ghearáin
 58. Inghlacthacht gearán
 59. Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar an Dlí-Chumann ní is iomchuí maidir le gearán a imscrúdú
 60. Éascóidh an tÚdarás réiteach gearán a dhéantar faoin gCuid seo agus a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha
 61. Éascóidh an tÚdarás réiteach gearán a dhéantar faoin gCuid seo agus a bhaineann le costais iomarcacha
 62. An Coiste Athbhreithnithe
 63. Achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinneadh ón gCoiste Athbhreithnithe
 64. Tairgfídh an tÚdarás cúnaimh chun ní faoi dhíospóid a réiteach más dealraitheach go bhféadfaidh sé gur mí-iompar é iompar áirithe

65. Gearán a réiteach trí idirghabháil nó ar shlí neamhfhoirmiúil — forálacha breise
66. Ní mheasfar gur admháil dliteanais é comhaontú ag dlí-chleachtóir chun páirt a ghlacadh i réiteach ní faoi alt 60, 61 nó 64
67. Treoirilinte chun gearáin a réiteach trí idirghabháil nó ar shlí neamhfhoirmiúil
68. Tarchuirfidh an tÚdarás gearáin a bhaineann le mí-iompar chuig an gCoiste um Ghearáin
69. Bunú agus comhaltas an Choiste um Ghearáin
70. Gearáin a imscrúdú
71. Cumhacht an Choiste Rannaigh chun bearta a shonrú
72. Achomharc i gcoinne cinneadh ón gCoiste Rannach
73. Tuarascálacha ón Údarás a fhoilsiú maidir lena fheidhmeanna faoin gCuid seo
74. An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a bhunú
75. Comhaltas an Bhinse Araíonachta
76. Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta
77. Iarratais chun an Bhinse Araíonachta
78. Cás a thíolacadh don Bhinse Araíonachta
79. Rialacháin a bhaineann leis an mBinse Araíonachta
80. Cumhachtaí an Bhinse Araíonachta maidir le fianaise a ghlacadh, etc
81. Fiosrúchán ag an mBinse Araíonachta
82. Smachtbhannaí tar éis don Bhinse Araíonachta cinneadh a dhéanamh go raibh mí-iompar ann
83. Na daoine a fhéadfaidh achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh ón mBinse Araíonachta agus na nithe ar ina leith a fhéadfar achomharc a thionscnamh
84. Achomhairc chun na hArd-Chúirte i gcoinne an Bhinse Araíonachta
85. An Ard-Chúirt do bhreithniú ní i gcás go mbeidh sé tarchurtha ag an mBinse Araíonachta
86. Dlíne na hArd-Chúirte faoi ailt 84 agus 85 a fheidhmiú
87. Achomhairc chun na Cúirte Achomhairc
88. Orduithe arna ndéanamh ag an Ard-Chúirt nó cinntí arna ndéanamh ag an Údarás
89. Pribhléid (Cuid 6)
90. Ordú ón mBinse Araíonachta faoin gCuid seo a fhorfheidhmiú
91. Forálacha idirthréimhseacha i ndáil le haturnaetha

92. Forálacha idirthréimhseacha i ndáil le habhcóidí
93. Féadfaidh an tÚdarás fairtheoir a cheapadh chun críocha alt 14C d'Acht 1994
94. Cumhacht an Údaráis faoi Chuid 6

CUID 7

TOBHACH A FHORCHUR AR CHOMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA AGUS AR ABHCÓIDÍ ÁIRITHE FAOI CHOMHAIR
CHAITEACHAIS AN ÚDARÁIS AGUS AN BHINSE ARAÍONACHTA

95. An tobhach a bheidh le híoc ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag abhcóidí áirithe
96. Mainneachtain méid a shonrófar i bhfógra measúnachta tobhaigh a íoc
97. Díolúine do dhlí-chleachtóir i seirbhís lánaimseartha an Stáit
98. Rialacháin a bhaineann leis an tobhach

CUID 8

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ, ROCHTAIN GHAIRMIÚIL DHÍREACH, CLEACHTAIS ILDISCIPLÍNEACHA AGUS
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA

CAIBIDIL 1

Léiriú

99. Léiriú (Cuid 8)

CAIBIDIL 2

Comhpháirtíochtaí Dlí, Rochtain Ghairmiúil Dhíreach agus Cleachtais Ildisciplíneacha

100. Comhpháirtíochtaí dlí agus cóid ghairmiúla
101. Ní choiscfidh cóid ghairmiúil rochtain ghairmiúil dhíreach ar abhcóide
102. Cleachtais ildisciplíneacha agus cóid ghairmiúla
103. Gearáin faoi Chuid 6 i leith dlí-chleachtóirí i gcomhpháirtíochtaí teoranta, i gcleachtais ildisciplíneacha agus i gcomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta
104. Fógra chuig an Údarás faoi chomhpháirtíocht dlí do thosú agus do scor de bheith ag soláthar seirbhísí dlí
105. Beidh árachas slánaíochta ghairmiúla ag comhpháirtíocht dlí
106. Fógra chuig an Údarás faoi chleachtas ildisciplíneach do thosú agus do scor de bheith ag soláthar seirbhísí dlí
107. Comhpháirtithe i gcleachtas ildisciplíneach
108. Dlí-chleachtóir bainistíochta
109. Oibleagáidí dlí-chleachtóirí i gcleachtas ildisciplíneach
110. Oibriú cleachtais ildisciplínigh

111. Litir maidir le fruiliú
112. Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag cleachtas ildisciplíneach
113. Cosaint maidir leis an gCiste Cúitimh faoi alt 21 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960
114. Cumhacht an Údaráis chun bearta a shonrú
115. Iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú d'fhionraí nó do scor soláthar seirbhísí dlí ag cleachtas ildisciplíneach
116. Rialacháin maidir le hoibriú comhpháirtíochtaí dlí agus cleachtas ildisciplíneach
117. Cothabhálfaidh an tÚdarás clár de chomhpháirtíochtaí dlí agus de chleachtais ildisciplíneacha
118. Comhchomhairliúchán poiblí maidir le hoibriú etc., comhpháirtíochtaí dlí
119. Tuarascáil maidir le hoibriú etc., cleachtas ildisciplíneach
120. Comhchomhairliúchán poiblí maidir le saincheisteanna áirithe a bhaineann le habhcóidí
121. Athbhreithniú ar oibriú na Coda seo

CAIBIDIL 3

Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

122. Comhpháirtíocht dliteanais theoranta agus cóid ghairmiúla
123. Dliteanas comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta
124. Maoin de chuid comhpháirtíochta
125. Iarratas ar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta
126. Cothabhálfaidh an tÚdarás clár de chomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta
127. Cumhacht an Údaráis chun ordachán a eisiúint mar gheall ar mhainneachtain ceanglais reachtúla a chomhlíonadh
128. Iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú i leith mainneachtain ordachán faoi alt 127 a chomhlíonadh
129. Scor d'oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta
130. Rialacháin maidir le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a oibriú
131. Dífheidhmiú alt 3 den Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963
132. Leasú ar alt 27 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

CUID 9

OIBLEAGÁIDÍ ABHCÓIDÍ CLEACTACHA

133. Rolla na n-abhcóidí cleachtacha

- 134. Ainm a thairfeadh ar an rolla
- 135. Tairfeadh ar an rolla a athrú
- 136. Toirmeasc ar dhuine neamhcháilithe do sholáthar seirbhísí dlí mar abhcóide cleachtach
- 137. Toirmeasc ar dhuine do ligean air nó uirthi gur abhcóide cáilithe é nó í

CUID 10

COSTAIS DLÍ

CAIBIDIL 1

Léiriú

- 138. Léiriú (Cuid 10)

CAIBIDIL 2

Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí

- 139. An Oifig
- 140. Clár na gcinntí
- 141. Cláraitheoirí contae
- 142. Treoirleinte maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí faoin gCuid seo
- 143. Athbhreithniú ar scálaí táillí
- 144. Plean straitéiseach
- 145. Plean gnó
- 146. Cuirfidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna
- 147. Leasú ar an Acht Oifigigh Cúirte, 1926
- 148. Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961

CAIBIDIL 3

Dualgais dlí-chleachtóirí i ndáil le costais dlí

- 149. Toirmisc ar chostais a mhuirearú in imthosca áirithe
- 150. Soláthróidh dlí-chleachtóir fógra maidir le seoladh an ní, costais, etc
- 151. Comhaontú maidir le costais dlí, etc
- 152. Soláthróidh dlí-chleachtóir bille costas
- 153. Déanfaidh dlí-chleachtóir iarracht díospóid a réiteach

CAIBIDIL 4

Costais dlí a bhreithniú

154. Iarratas ar chostais dlí a bhreithniú
155. Nithe a bheidh le fionnadh i gcúrsa costais a bhreithniú
156. Cumhachtaí Breithneora Costas Dlí
157. Iarratais a chinneadh
158. An éifeacht a bheidh le cinneadh
159. Tarchur chun na hArd-Chúirte
160. Breithneoir Costas Dlí do dhéanamh breithniú ar chinneadh
161. Athbhreithniú ar chinneadh de chuid Breithneoir Costas Dlí

CAIBIDIL 5

Ilghnéitheach

162. Pribhléid i leith breithnithe
163. Cumhacht chun foirmeacha a shonrú
164. Idirthréimhseach — Máistrí Fómhais
165. Idirthréimhseach — nithe atá i gcúrsa agus imeachtaí dlí
166. Faisnéis, doiciméid, taifid, etc
167. Tagairtí

CUID 11

COSTAIS DLÍ IN IMEACHTAÍ SIBHIALTA

168. Cumhacht chun costais dlí a dhámhachtain
169. Costais de réir breithe

CUID 12

PAITINNÍ TOSAÍOCHTA

170. Mínithe (Cuid 12)
171. Cumhacht chun Paitinn a dheonú, agus chun deonú Paitinne a chúlghairm
172. An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta
173. Critéir chun Paitinn a dheonú
174. Iarratas a dhéanamh ar mholadh
175. Deonú Paitinne a chúlghairm

176. Atur nae dár deonaíodh Paitinn fad a bhí sé nó sí ina abhcóide nó ina habhcóide

CUID 13

LEASUITHE AR NA HACHTANNA ATURNAETHA, 1954 GO 2011

177. Leasú ar alt 3 d'Acht 1954

178. Leasú ar alt 5 d'Acht 1954

179. Leasú ar alt 47 d'Acht 1954

180. Leasú ar alt 48 d'Acht 1954

181. Leasú ar alt 49 d'Acht 1954

182. Leasú ar alt 66 d'Acht 1954

183. Leasú ar alt 71 d'Acht 1954

184. Leasú ar alt 3 d'Acht 1960

185. Ní bheidh baint ag atur nae le daoine áirithe ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagasc ó dhaoine áirithe

186. Leasú ar alt 7 d'Acht 1960

187. Leasú ar alt 9 d'Acht 1960

188. Leasú ar alt 10 d'Acht 1960

189. Leasú ar alt 14 d'Acht 1960

190. Leasú ar alt 17 d'Acht 1960

191. Leasú ar alt 24 d'Acht 1960

192. Leasú ar alt 31 d'Acht 1960

193. Leasú ar alt 2 d'Acht 1994

194. Leasú ar alt 8 d'Acht 1994

195. Leasú ar alt 9 d'Acht 1994

196. Leasú ar alt 10 d'Acht 1994

197. Leasú ar alt 14 d'Acht 1994

198. Leasú ar alt 14A d'Acht 1994

199. Féadfaidh fairtheoir a cheapfaidh an tÚdarás freastal ar chruinnithe

200. Leasú ar alt 22 d'Acht 1994

201. Leasú ar alt 26 d'Acht 1994

202. Leasú ar alt 35 d'Acht 1994

203. Leasú ar alt 38 d'Acht 1994

- 204. Leasú ar alt 58 d’Acht 1994
- 205. Leasú ar alt 59 d’Acht 1994
- 206. Leasú ar alt 1 d’Acht 2002
- 207. Leasú ar alt 5 d’Acht 2002
- 208. Leasú ar alt 19 d’Acht 2002

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

- 209. Díolúine
- 210. Ní shlánófar an Ciste Cúitimh
- 211. Leasú ar Acht na gCúirteanna, 1971
- 212. Féadfaidh abhcóide i bhfostaíocht seirbhísí dlí a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir
- 213. Leasú ar Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995
- 214. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010
- 215. Srian le dlí-chleachtóir do tharraingt siar ó chás i gcás go bhfuil an cliant faoi choimeád
- 216. Fógraí a sheirbheáil
- 217. Rialacháin maidir le gluaiseacht idir gairm an abhcóide agus gairm an aturnae
- 218. Seirbhísí dlí a fhógairt

CUID 15

CAINGNE FAILLÍ CLINICIÚLA

- 219. Caingne faillí cliniciúla
- 220. Leasuithe eile ar an Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004
- 221. Leasú ar an Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991

SCEIDEAL 1

NA PRIONSABAIL A BHAINNEANN LE COSTAIS DLÍ

SCEIDEAL 2

NA hAchtacháin a Aisghairtear

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

- An tAcht Eadrána, 2010 (Uimh. 1)
- An tAcht Féimheachta, 1988 (Uimh. 27)
- An tAcht um Dhlíteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 (Uimh. 31)
- An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)
- Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)
- Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)
- Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (Uimh. 8)
- An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926 (Uimh. 27)
- Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 (Uimh. 39)
- Acht na gCúirteanna, 1971 (Uimh. 36)
- Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 (Uimh. 31)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 (Uimh. 6)
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Barántais Chuardaigh), 2012 (Uimh. 33)
- An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1997 (Uimh. 14)
- An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (Uimh. 12)
- Debtors (Ireland) Act*, 1840 (Vict., c. 105)
- An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 (Uimh. 20)
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)
- Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001
- An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)
- An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 27)
- An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 (Uimh. 27)
- An tAcht fán Ombudsman um Sheirbhísí Dlí, 2009 (Uimh. 8)
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)
- Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)
- Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)
- An tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939 (Uimh. 13)
- Partnership Act*, 1890 (Vict., c. 39)
- An tAcht Cógaisíochta, 2007 (Uimh. 20)
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)
- An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 (Uimh. 33)
- An tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963 (Uimh. 30)
- An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 (Uimh. 16)
- An tAcht Aturnaetha (Leasú), 1960 (Uimh. 37)

An tAcht Aturnaetha (Leasú), 1994 (Uimh. 27)

An tAcht Aturnaetha (Leasú), 2002 (Uimh. 19)

Solicitors (Ireland) Act, 1849 (13 Vict., c. 53)

An tAcht Aturnaetha, 1954 (Uimh. 36)

Na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 1994

Na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2011

An tAcht um Reachta na dTréimhsí (Leasú), 1991 (Uimh. 18)

An Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)



Uimhir 65 de 2015

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

[An tionsú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le soláthar seirbhísí dlí a rialáil, do dhéanamh socrú chun an t-údarás rialála seirbhísí dlí a bhunú, do dhéanamh socrú chun an binse araíonachta dlí-chleachtóirí a bhunú chun cinntí a dhéanamh i dtaobh mí-iompar ag dlí-chleachtóirí, do dhéanamh socrú maidir le struchtúir nua ina bhféadfaidh dlí-chleachtóirí seirbhísí a sholáthar le chéile nó le daoine eile, do dhéanamh socrú maidir le rolla d'abhcóidí cleachtacha a bhunú, do dhéanamh socrú maidir leis an dlí a bhaineann le dlí-chleachtóirí do mhuirearú costas agus maidir leis an gcóras trína ndéantar measúnú ar chostais a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a athchóiriú, do dhéanamh socrú maidir leis an modh ar a gceapfar daoine chun bheith ina nAbhcóidí Sinsir, do dhéanamh socrú maidir le nithe a bhaineann le caingne faillí cliniciúla, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[30 Nollaig 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua

1. (1) Féadfar an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *alt 100*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (3) Tiocfaidh *alt 100* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú, is lá nach déanaí ná 6 mhí tar éis tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (2) d'alt 118* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi *fho-alt (4)* den alt sin.
- (4) Féadfar na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2011, agus de *Chuid 13*, le chéile.

Léiriú agus forléiriú

2. (1) San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1954” an tAcht Aturnaethe, 1954;

ciallaíonn “Acht 1960” an tAcht Aturnaetha (Leasú), 1960;

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht Aturnaetha (Leasú), 1994;

ciallaíonn “Acht 2002” an tAcht Aturnaetha (Leasú), 2002;

ciallaíonn “Údarás” an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí arna bhunú le *halt 8*;

ciallaíonn “Comhairle an Bharra” Ardchomhairle Bharra na hÉireann;

tá le “príomhfheidhmeannach”, i ndáil leis an Údarás, an bhrí a shanntar dó le *halt 24*;

ciallaíonn “cód cleachtais” cód cleachtais arna eisiúint faoi *alt 22*, agus foláíonn sé cuid de chód cleachtais den sórt sin;

ciallaíonn “coiste” i ndáil leis an Údarás, coiste den Údarás arna bhunú faoi *alt 16*;

ciallaíonn “Ciste Cúitimh” an ciste a chothabhálann an Dlí-Chumann faoi *alt 21* den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960;

ciallaíonn “gearánach” duine a bhfuil gearán déanta aige nó aici de réir *Chuid 6*;

ciallaíonn “gearán” gearán arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d’alt 51*;

ciallaíonn “Coiste um Ghearáin” an Coiste arna bhunú de bhun *alt 69* agus foláíonn sé rannán den Choiste sin (dá ngairtear Coiste Rannach);

ciallaíonn “Binse Araíonachta” an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí arna bhunú faoi *alt 74*;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim faoi chumhacht a thugtar le reacht;

ciallaíonn “lá bunaithe” an lá a cheapar faoi *alt 7*;

ciallaíonn “cigire” duine a cheapfar faoi *alt 37* chun bheith ina chigire nó ina cigire;

ciallaíonn “Dlí-Chumann” Dlí-Chumann na hÉireann;

ciallaíonn “comhalta tuata” duine tuata is comhalta den Údarás;

forléireofar “duine tuata” de réir *fho-alt (3)*;

ciallaíonn “comhairle dlí” aon chomhairle ó bhéal nó i scríbhinn—

- (a) i dtaobh fheidhm an dlí (cibé acu dlí an Stáit, dlí stáit eile nó dlí an Aontais Eorpaigh, an dlí idirnáisiúnta, nó teaghlaim díobh sin) maidir le haon himthosca ar leith atá tagtha chun cinn nó a d’fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le duine, agus

- (b) i dtaobh aon ghníomhartha ba chúí do dhuine a dhéanamh nó ba chúí a dhéanamh thar ceann duine (cibé acu is é nó í an duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó duine eile) ag féachaint d'fheidhm an dlí maidir leis na himthosca sin,

ach ní fholáíonn sé tuairim ar fheidhm an dlí arna soláthar ag duine do dhuine eile i gcúrsa—

- (i) léachtoireacht nó múineadh a dhéanamh i réimse den dlí, mar chuid de chúrsa oideachais nó oiliúna,
- (ii) leabhar, tuarascáil nó alt a scríobh nó a chur in eagar, nó
- (iii) taighde a dhéanamh i réimse den dlí, chun cur leis an eolas atá ag an duine eile ar an réimse lena mbaineann;

ciallaíonn “cuntasóir costas dlí” duine a bhí páirteach go rialta i mbillí costas a ullmhú agus a thíolacadh lena bhfómhas nó, de réir mar a bheidh, i gcostais dlí a bhreithniú, agus a d'fhreastail go rialta os comhair Máistir Fómhais ar bhillí costas den sórt sin a fhómhas nó, de réir mar a bheidh, os comhair Breithneoir Costas Dlí ar bhillí costas den sórt sin a bhreithniú;

ciallaíonn “comhpháirtíocht dlí” comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú scríofa ag beirt dlí-chleachtóirí nó níos mó, ar abhcóide cleachtach aon duine amháin acu ar a laghad, chun seirbhísí dlí a sholáthar;

ciallaíonn “dlí-chleachtóir”, faoi réir *fho-alt (2)*, duine is aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach agus foláíonn tagairt d'aturnae tagairt do ghnólacht aturnaetha;

ciallaíonn “seirbhísí dlí” seirbhísí dlí arna soláthar ag duine, cibé acu mar aturnae nó mar abhcóide;

tá le “comhpháirtíocht dliteanais theoranta” an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 8*;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

ciallaíonn “cleachtas ildisciplíneach” comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú scríofa ag beirt phearsana aonair nó níos mó, ar dlí-chleachtóir aon duine amháin acu ar a laghad, chun seirbhísí dlí agus seirbhísí seachas seirbhísí dlí a sholáthar;

ciallaíonn “abhcóide cleachtach” duine—

- (a) is abhcóide cáilithe, agus
- (b) a sholáthraíonn, nó a thugann le tuiscint go soláthraíonn sé nó sí, seirbhísí dlí mar abhcóide—
 - (i) cibé acu ar tháille nó nach ea,
 - (ii) cibé acu faoi chonradh seirbhíse nó faoi chonradh le haghaidh seirbhísí nó nach ea, agus

- (iii) cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann sé nó sí, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, “abhcóide” nó “abhcóide dlí” a thabhairt de thuairisc air féin nó uirthi féin, nó an teideal “abhcóide” nó “abhcóide dlí” a úsáid ar shlí eile;

ciallaíonn “aturnae cleachtach” duine a glacadh mar aturnae, a bhfuil a ainm nó a hainm ar rolla na n-aturnaetha, a sholáthraíonn seirbhísí dlí agus—

- (a) a gceanglaítear air nó uirthi, de bhíthin alt 56 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994, deimhniú cleachta a shealbhú, nó
- (b) atá, de bhíthin an ailt sin, díolmhaithe ón gceanglas deimhniú cleachta a shealbhú;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin faoin Acht seo;

ciallaíonn “comhlacht gairmiúil” Comhairle an Bharra, an Dlí-Chumann, Cumann Onórach Óstaí an Rí nó cibé comhlacht eile dlí-chleachtóirí a fhorordóidh an tÚdarás;

ciallaíonn “cód gairmiúil” aon chód iompair, cód cleachtais, riail, rialachán, nóta cleachtais, treoirlíne nó cód eile, lena n-áirítear aon chuid den chéanna, a bhaineann lena chomhaltaí do sholáthar seirbhísí dlí, agus—

- (a) atá glactha ag comhlacht gairmiúil nó thar a cheann, nó
- (b) a bhfuil comhaltaí de chomhlacht gairmiúil faoina réir thairis sin mar choinníoll dá gcomhaltas den chomhlacht sin;

ciallaíonn “árachas slánaíochta gairmiúla” polasaí árachais slánaíochta chun cumhdach a dhéanamh ar éilimh i leith dliteanas sibhialta d’aon tuairisc arna thabhu le linn dóibh seo a leanas seirbhísí dlí a sholáthar—

- (a) dlí-chleachtóir,
- (b) comhpháirtíocht dlí, cleachtas ildisciplíneach nó comhpháirtíocht dliteanais theoranta, nó
- (c) comhpháirtí, fostaí nó gníomhaire nó iarchomhpháirtí de chuid duine dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)*;

ciallaíonn “abhcóide cáilithe” duine—

- (a) dár thug Cumann Onórach Óstaí an Rí céim Abhcóide Dlí nó a glaoth chun Barra na hÉireann, ach amháin i gcás, tar éis an chéim sin a thabhairt dó nó di nó é nó í a ghlaoch amhlaidh—
- (i) gur glacadh é nó í mar aturnae,
- (ii) go mbeidh Binseoirí Chumann Onórach Óstaí an Rí, roimh an dáta a thiochfaidh *Cuid 6* i ngníomh, tar éis é nó í a dhíbharrú, más rud é go mbeidh éifeacht leis an díbharrú sin i gcónaí, nó
- (iii) go mbeidh a ainm nó a hainm scriosta de rolla na n-abhcóidí cleachtacha nó de rolla na n-aturnaetha ag an Ard-Chúirt, agus go bhfuil éifeacht leis an ordú sin i gcónaí,

nó

- (b) is dlíodóir cláraithe, ag a bhfuil an ceart céanna éisteachta atá ag abhcóide cleachtach nó ag aturnae atá cáilithe chun cleachtadh de bhua Rialachán 10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dlíodóirí a Bhunú), 2003 (I.R. Uimh. 732 de 2003);

ciallaíonn “rolla na n-abhcóidí cleachtacha” rolla na n-abhcóidí cleachtacha arna chothabháil faoi *alt 133*;

tá le “rolla na n-aturnaetha” an bhrí a shanntar dó le halt 9 (arna leasú le halt 65 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994) den Acht Aturnaetha, 1954;

ciallaíonn “Rialacháin um Chuntais Aturnaetha”—

- (a) na Rialacháin um Chuntais Aturnaetha, 2001 go 2013,
- (b) na Rialacháin um Chuntais Aturnaetha, 2014 (I.R. Uimh. 516 de 2014), agus
- (c) aon rialacháin eile arna ndéanamh ag an Dlí-Chumann faoi alt 66 d’Acht 1954 nó alt 73 d’Acht 1994.
- (2) San Acht seo, forléireofar tagairt do dhlí-chleachtóir mar thagairt a fholáíonn tagairtí do dhuine a bhí ag cleachtadh roimhe sin mar aturnae nó mar abhcóide.
- (3) Chun críocha an Achta seo, is duine tuata duine ar dháta ar leith más rud é, ar an dáta sin—
- (a) nach aturnae cleachtach ná abhcóide cleachtach é nó í, agus
- (b) i gcás gurbh aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach é nó í roimhe sin—
- (i) nárbh aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach é nó í i rith na tréimhse 5 bliana díreach roimh an dáta sin, agus
- (ii) nár scoir sé nó sí de bheith ina aturnae cleachtach nó ina haturnaetha cleachtach nó ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach mar gheall ar smachtbhanna arna fhorchur air nó uirthi ag comhlacht ar údaráíodh dó ceangal a chur air nó uirthi scor den chleachtadh sin.
- (4) Chun críocha an Achta seo—
- (a) soláthraíonn duine seirbhísí dlí mar aturnae i gcás go ngníomhaíonn sé nó sí mar aturnae, mar a fhorléirítear an téarma sin faoi na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2011, agus
- (b) soláthraíonn duine seirbhísí dlí mar abhcóide i gcás go ndéanann sé nó sí ceann amháin nó níos ná ceann amháin díobh seo a leanas:
- (i) i ndáil le himeachtaí os comhair cúirte, binse nó fóram eadrána, cibé acu sa Stát nó i ndlínse eile, nó os comhair an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta—
- (I) ionadaíocht a dhéanamh do dhuine eile os comhair na cúirte sin, an bhinse sin, an fhóraim sin nó an Bhoird sin sna himeachtaí sin,
- (II) imeachtaí den sórt sin a thabhairt ar aghaidh nó a chosaint thar ceann duine eile,

- (III) comhairle a thabhairt do dhuine eile i ndáil le seoladh na n-imeachtaí,
 - (IV) ionadaíocht a dhéanamh do dhuine eile agus comhairle a thabhairt dó nó di chun teacht ar aon socraíocht sna himeachtaí nó chun éifeacht a thabhairt d'aon socraíocht sna himeachtaí, nó
 - (V) doiciméid a tharraingt suas nó a dhréachtú do dhuine eile in oirchill na n-imeachtaí sin, nó coimhdeach leo nó i dtaca leo;
- (ii) comhairle dlí a sholáthar do dhuine eile;
 - (iii) doiciméid a tharraingt suas nó a dhréachtú do dhuine eile arb éard is cuspóir dóibh ceart dlíthiúil nó teidlíocht dhlíthiúil a áirithiú nó a aistriú ar son duine;
 - (iv) ionadaíocht a dhéanamh do dhuine eile nó gníomhú dó nó di i gcás go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, cearta nó oibleagáidí dlíthiúla duine á mbunú nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, na cearta nó na hoibleagáidí sin faoi dhíospóid.

Rialacháin agus orduithe

3. (1) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialachán nó in ordú a dhéanfar faoin Acht seo is dóigh leis an Aire nó leis an Údarás is gá nó is fóirsteanach.
- (2) Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Caiteachais

4. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Aisghairm

5. Déantar na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 2* a aisghairm a mhéid a shonraítear sa tríú colún den sceideal sin.

Athbhreithniú ar an Acht

6. (1) Déanfaidh an tÚdarás—
 - (a) tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis an lae bunaithe, agus tráth nach déanaí ná deireadh gach tréimhse 3 bliana dá éis sin, tús a chur le hathbhreithniú ar oibriú an Achta seo, agus
 - (b) tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis tús a chur le hathbhreithniú faoi *mhír (a)*, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir lena chuid cinntí

agus tátal, lena n-áirítear cibé moltaí (más ann) don Aire de thoradh an athbhreithnithe sin is dóigh leis is cuí.

- (2) Áireofar ar mholtaí faoi *fho-alt (1)(b)* cibé moltaí (más ann) i dtaobh leasuithe ar an Acht seo (lena n-áirítear leasuithe ar *Chuid 7*), ar na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015* nó ar aon ionstraim arna déanamh faoi na hAchtanna sin, is dóigh leis an Údarás is cuí ag eascairt as a chuid cinntí agus tátal.
- (3) Le linn athbhreithniú a sheoladh faoin alt seo, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, le comhlachtaí gairmiúla agus le cibé daoine eile is dóigh leis an Údarás is cuí chun na críche sin.

CUID 2

AN TÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ DLÍ

An lá bunaithe

7. Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí a bhunú

8. (1) Ar an lá bunaithe beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar, sa Bhéarla, *The Legal Services Regulatory Authority* nó, sa Ghaeilge, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh.
- (2) Maidir leis an Údarás—
 - (a) is comhlacht corpraithe é le comharbas suthain agus séala, agus
 - (b) féadfaidh sé agairt a dhéanamh, agus beidh sé inagartha, faoina ainm corpraithe.
- (3) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus féadfaidh sé aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.
- (4) Déanfar séala an Údaráis a fhíordheimhniú—
 - (a) le síniú phríomhfheidhmeannach an Údaráis nó comhalta eile den Údarás a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin, agus
 - (b) le síniú comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.
- (5) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus déanfar, dá réir sin, gach ionstraim—
 - (a) a airbheartóidh gur ionstraim í a rinne an tÚdarás, agus
 - (b) a airbheartóidh a bheith séalaithe le séala an Údaráis arna fhíordheimhniú de réir *fho-alt (4)*,

a ghlacadh i bhfianaise agus measfar gurb í an ionstraim sin í gan a thuilleadh cruthúnais, go dtí go gcruthófar a mhalairt.

- (6) Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin i gcoitinne nó go speisialta aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann an Údaráis, ar conradh nó ionstraim é nó í nár ghá a bheith faoi shéala dá mba phearsa aonair a dhéanfadh nó a d'fhorghníomhódh é nó í.

Comhaltas an Údaráis agus téarmaí comhaltais

9. (1) Is é a bheidh ar an Údarás 11 chomhalta.

(2) (a) Is é an Rialtas a cheapfaidh comhaltaí an Údaráis, tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rún a rith lena gceadófar an ceapachán sin.

(b) Ceapfaidh an Rialtas duine de chomhaltaí tuata an Údaráis chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an Údarás (dá ngairtear an “Cathaoirleach” sa Chuid seo).

(3) Le linn don Rialtas duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, deimhneoidh sé dó féin go bhfuil eolas ag an duine ar ní amháin nó níos mó díobh seo a leanas agus saineolas aige nó aici i ndáil leis an gcéanna:

(a) seirbhísí dlí a sholáthar;

(b) oideachas dlí agus oiliúint dlí;

(c) dlí agus beartas iomaíochta;

(d) caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;

(e) déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de ghairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;

(f) ábhair ghnó agus thráchtála;

(g) riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

(4) Maidir leis na daoine a cheapfar chun bheith ina gcomhaltaí den Údarás—

(a) beidh an tromlach díobh ina ndaoine tuata—

(i) a n-ainmneoidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,

(ii) a n-ainmneoidh an tÚdarás um Ard-Oideachas aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,

(iii) a n-ainmneoidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,

(iv) a n-ainmneoidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,

(v) a n-ainmneoidh Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí, arb éard é an comhlacht faoin ainm sin atá ag déanamh ionadaíocht do chuntasóirí

costas dlí agus rialáil orthu sa Stát, aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,

- (vi) a n-ainmneoidh Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann, arb éard é an comhlachas faoin ainm sin a bhfuil sé de chuspóir aige leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint, aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,
 - (b) ainmneoidh Comhairle an Bharra aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh,
 - (c) beidh aon duine amháin acu ina aturnae nó ina haturnae a ainmneoidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil lena cheapadh nó lena ceapadh,
 - (d) ainmneoidh Cumann Onórach Óstaí an Rí aon duine amháin acu lena cheapadh nó lena ceapadh, agus
 - (e) ainmneoidh an Dlí-Chumann beirt acu lena gceapadh.
- (5) Le linn do chomhlacht ainmniúcháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* daoine a ainmniú lena gceapadh faoin alt seo—
- (a) déanfaidh sé—
 - (i) faoi réir *fhomhír (ii)*, príomhainmnitheach ar de ghnéas amháin é nó í agus ainmnitheach ionaid ar den ghnéas eile é nó í a ainmniú, agus
 - (ii) i gcás an Dlí-Chumainn, más rud é go ndéanfar an bheirt chomhaltaí den Údarás a bheidh le hainmniú aige faoi *fho-alt (4)(e)* a ainmniú an tráth céanna, aon fhear amháin agus aon bhean amháin a ainmniú,
 agus
 - (b) deimhneoidh sé dó féin go gcomhlíonann a ainmnithigh na critéir a shonraítear i *bhfo-alt (3)*.
- (6) Le linn don Rialtas comhaltaí den Údarás a cheapadh, déanfaidh sé—
- (a) aird a thabhairt ar an gcuspóir go mbeidh 4 chomhalta ar a laghad ann ar mná iad agus 4 chomhalta ar a laghad ann ar fir iad, agus
 - (b) ainmnitheach ionaid dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(a)(i)* a cheapadh seachas príomhainmnitheach de chuid an chomhlachta ainmniúcháin lena mbaineann, ach sin sa chás amháin gur gá sin d'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach.

Téarma ceapacháin comhaltaí den Údarás

10. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an Rialtas.
- (2) (a) Maidir leis na comhaltaí den Údarás a bhunófar ar dtús faoin Acht seo, beidh 5 acu (nach n-áireofar an Cathaoirleach orthu), arna roghnú de réir *mhír (b)*, i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a gceaptha mar chomhaltaí.

- (b) Is iad a bheidh ar na comhaltaí den Údarás dá dtagraítear i *mír (a)*—
- (i) aon chomhalta amháin den bheirt chomhaltaí den Údarás a bheidh ainmnithe ag an Dlí-Chumann lena gceapadh faoi *alt 9(4)*, agus
 - (ii) 4 chomhalta eile den Údarás,
a roghnófar trí chrannchur a dhéanamh, is crannchur a sheolfar ar cibé modh is cuí le Cathaoirleach an Údaráis, ag an gcéad chruinniú den Údarás dá dtagraítear in *alt 14(3)*.
- (c) Féadfar comhalta den Údarás a roghnú de réir *mhír (b)* d’ainneoin nach bhfuil sé nó sí i láthair ag an gcéad chruinniú den Údarás.
- (d) 7 gcomhalta den Údarás is córam don chéad chruinniú den Údarás, a mhéid a bhainfidh an cruinniú sin leis na comhaltaí den Údarás dá dtagraítear i *mír (a)* a roghnú.
- (3) Maidir le gach comhalta den Údarás—
- (a) gníomhóidh sé nó sí ar bhonn páirtaimseartha agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile (seachas luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a íoc) a chinnfidh an Rialtas, agus
 - (b) íocfaidh an tÚdarás leis nó léi cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachas (más ann) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham.
- (4) Faoi réir *fho-alt (5)*, beidh comhalta den Údarás (lena n-áirítear an Cathaoirleach) a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha mar chomhalta den Údarás.
- (5) Aon duine a athcheapfar chun an Údaráis de réir *fho-alt (4)*, ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí is faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.
- (6) Féadfaidh comhalta den Údarás éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má aontaíonn an tAire leis an dáta sin, an dáta sin.
- (7) Féadfaidh an Cathaoirleach éirí as oifig mar Chathaoirleach trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Aire, ach leanfaidh sé nó sí, mura sonrúfar a mhalairt san fhógra, de bheith i seilbh oifige mar chomhalta den Údarás ar feadh a mbeidh fágtha dá théarma nó dá téarma oifige, agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra nó, má shonraítear dáta san fhógra agus má aontaíonn an tAire leis an dáta sin, an dáta sin.
- (8) Faoi réir *alt 14(2)*, féadfaidh an tÚdarás gníomhú d’ainneoin folúntas amháin nó níos mó ina chomhaltas.
- (9) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás, go n-éagfaidh sé nó sí, go dtiocfaidh sé nó sí chun a bheith dícháilithe chun oifig a shealbhú, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go gcuirfear é nó í as oifig nó go scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith

ina chomhalta nó ina comhalta, féadfaidh an Rialtas duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás chun an corrpholúntas iarmhartach a líonadh, agus beidh an duine sin i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrpholúntas.

Comhalta den Údarás a dhícháiliú chun oifig a shealbhú

11. (1) Beidh duine dícháilithe chun oifig a shealbhú agus scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige mar chomhalta den Údarás, más rud é—

- (a) go gciontófar é nó í, ar díotáil, i gcion,
 - (b) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
 - (c) i gcás comhalta is dlí-chleachtóir, go scriosfar a ainm nó a hainm de rolla na n-aturnaetha nó de rolla na n-abhcóidí cleachtacha, de réir mar a bheidh, nó, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán faoi *Chuid 6*, gur ábhar é nó í—
 - (i) do chinneadh faoi *alt 82(1)* agus nach mbeidh achomharc tionscanta de réir *alt 83(2)(a)* ag an gcomhalta lena mbaineann, nó
 - (ii) do bhreith ón Ard-Chúirt faoi *fho-alt (2)(a)* nó *(3)d'alt 85*, nó
 - (d) (i) go mbeidh dearbhú faoi *alt 819 d'Acht na gCuideachtaí, 2014*, déanta ina choinne nó ina coinne nó go measfar é nó í a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua *Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin*, nó
 - (ii) go mbeidh sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháilíochta, de réir bhrí *Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí, 2014*, cibé acu de bhua na *Caibidle sin* nó aon fhorálacha eile den Acht sin,
- nó
- (e) go mbeidh dearbhú faoi *alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990*, déanta ina choinne nó ina coinne nó go mbeidh sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháilíochta de bhua *Chuid VII den Acht sin*.

(2) Aon duine a cheapfar chun an Údaráis mar chomhalta tuata, scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige i gcás go scoirfidh sé nó sí de bheith ina dhuine tuata nó ina duine tuata.

Comhalta den Údarás a chur as oifig

12. (1) Féadfaidh an Rialtas, faoi réir an ailt seo, comhalta den Údarás a chur as oifig, ach sin sa chás amháin—

- (a) go mbeidh feidhm ag aon cheann amháin nó níos mó de na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*,
- (b) go mbeidh *fo-ailt (3)* go *(6)* comhlíonta, agus
- (c) nach mbeidh aon achomharc i gcoinne bhreith an Rialtais faoi *fho-alt (6)* déanta faoi *fho-alt (7)* laistigh den tréimhse a shonraítear san *fho-alt sin* nó, i gcás

go mbeidh achomharc den sórt déanta, go mbeidh an bhreith daingnithe ag an Ard-Chúirt,

agus ansin, agus ansin amháin, i gcás go mbeidh rún rite ag dhá Theach an Oireachtais lena n-éileofar an comhalta a chur as oifig.

- (2) Is iad na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* gurb é tuairim an Rialtais—
- (a) go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,
 - (b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,
 - (c) go bhfuil ag an gcomhalta easaontacht leasa atá chomh suntasach sin gur chóir go scoirfeadh sé nó sí de bheith i seilbh oifige, nó
 - (d) go bhfuil an comhalta neamhfheidhmiúil ar shlí eile chun bheith i seilbh oifige nó neamhábalta ar shlí eile ar fheidhmeanna na hoifige a chomhall.
- (3) I gcás go mbeartóidh an Rialtas comhalta a chur as oifig de bhun *fho-alt (1)*, déanfaidh siad fógra i dtaobh a bhfuil beartaithe acu a chur i scríbhinn chucu seo a leanas—
- (a) an comhalta lena mbaineann, agus
 - (b) an comhlacht dá dtagraítear in *alt 9(4)* agus a d’ainmnigh an comhalta sin lena cheapadh nó lena ceapadh mar chomhalta den Údarás.
- (4) Áireofar i bhfógra faoi *fho-alt (3)*—
- (a) ráiteas i dtaobh na gcúiseanna atá lena bhfuil beartaithe,
 - (b) ráiteas á rá go bhféadfaidh an comhalta lena mbaineann, agus an comhlacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)*, laistigh de 30 lá oibre ón tráth a cuireadh an fógra nó cibé tréimhse eile a shonróidh an Rialtas, ag féachaint do riachtanais an cheartais nádúrtha, uirill a dhéanamh ar an modh forordaithe chuig an Rialtas maidir leis an gcúis nár cheart an comhalta a chur as oifig, agus
 - (c) ráiteas á rá, i gcás nach bhfaighfear aon uirill laistigh den tréimhse a shonraítear faoi *mhír (b)*, go rachaidh an Rialtas ar aghaidh, gan aon fhógra eile a thabhairt, leis an gcomhalta a chur as oifig de réir an ailt seo.
- (5) Le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh ar chóir comhalta a chur as oifig, cuirfidh an Rialtas i gcuntas—
- (a) aon uirill a dhéanfar de bhun *fho-alt (4)(b)*, agus
 - (b) aon ní eile is dóigh leis an Rialtas is iomchuí chun críocha a bhreithe.
- (6) Más rud é, tar éis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* a chur i gcuntas, go dtabharfaidh an Rialtas breith an comhalta a chur as oifig, déanfaidh siad fógra i scríbhinn a thabhairt don chomhalta, agus don chomhlacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)*, i dtaobh a mbreithe agus na gcúiseanna atá léi.

- (7) Féadfaidh an comhalta nó, de réir mar a bheidh, an comhlacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)*, laistigh de 30 lá oibre ón tráth a chuirtear an fógra faoin bhfo-alt sin, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne bhreith an Rialtais.
- (8) Ar achomharc faoi *fho-alt (7)* a éisteacht, féadfaidh an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí léi, an bhreith lena mbaineann a dhaingniú nó a fhreaschur.

Feidhmeanna an Údaráis

13. (1) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh an tÚdarás rialáil ar sholáthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí agus cinnteoidh sé go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás, agus i gcás go gceanglaítear leis an Acht seo é, déanfaidh an tÚdarás—
- (a) na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:
- (i) na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann agus a bhaineann le gairm na n-aturnaetha agus atá ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí agus a bhaineann le gairm na n-abhcóidí;
- (ii) infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna (lena n-áirítear oiliúint leanúnach) le haghaidh gairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí, lena n-áirítear—
- (I) na socruithe curaclaim chun oideachas dlí chliniciúil a sholáthar agus chun an eitic dlí, scileanna caibidlíochta, nósanna imeachta malartacha chun díospóidí a réiteach agus an abhcóideacht a theagasc, agus
- (II) na modhanna ar a ndéantar, agus na daoine a dhéanann, an t-oideachas agus an oiliúint sin a sholáthar;
- (iii) beartais an Dlí-Chumainn i ndáil le daoine a ghlacadh mar aturnaetha sa Stát, agus beartais Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh mar abhcóidí sa Stát, lena n-áirítear na socruithe—
- (I) maidir le dlí-chleachtóirí coigríche a chreidiúnú, agus
- (II) maidir le dlí-chleachtóirí d'aistriú idir gairm an aturnae agus gairm an abhcóide;
- (iv) cóid ghairmiúla;
- (v) mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát,
- (b) faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear i *mír (a)* a mhéid, agus ar cibé modh, is cuí leis,
- (c) an cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir *ailt 46* agus *47*,

- (d) córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun cibé críocha dá bhforáiltear san Acht seo,
 - (e) gearáin a ghlacadh agus a imscrúdú faoi *Chuid 6*,
 - (f) rolla na n-abhcóidí cleachtacha a chothabháil de réir *Chuid 9*,
 - (g) feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin,
 - (h) an tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin,
 - (i) tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh, i dtuairim an Údaráis, feabhsú ar chaighdeán le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ag eascairt as na tionscadail nó na gníomhaíochtaí sin, agus
 - (j) aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.
- (3) Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.
- (4) Déanfaidh an tÚdarás, le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh maidir le rialáil a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí dlí faoin Acht seo, aird a thabhairt ar na cuspóirí seo a leanas—
- (a) leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn,
 - (b) tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais,
 - (c) leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn,
 - (d) an t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát,
 - (e) gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh, agus
 - (f) comhall na bprionsabal gairmiúil a shonraítear i *bhfo-alt (5)* a chur chun cinn agus a chothabháil.
- (5) Is iad na prionsabail ghairmiúla dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(f)*—
- (a) maidir le dlí-chleachtóirí—
 - (i) go ngníomhóidh siad ar bhonn neamhspleách agus go hionraic,
 - (ii) go ngníomhóidh siad ar mhaithe le leas a gcliant, agus

- (iii) go ndéanfaidh siad caighdeáin chearta oibre a chothabháil,
- (b) go ndéanfaidh dlí-chleachtóirí a fheidhmíonn ceart éisteachta os comhair aon chúirte, nó a sheolann dlíthíocht i ndáil le himeachtaí in aon chúirt de bhua iad a bheith ina ndlí-chleachtóirí, cibé dualgais a bheidh ag dul le ceart don chúirt a chomhlíonadh, agus
- (c) go ndéanfar, faoi réir aon oibleagáid ghairmiúil ar dhlí-chleachtóir, lena n-áirítear aon oibleagáid mar oifigeach don chúirt, gnóthaí cliant a choimeád faoi rún.
- (6) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás aon ní a dhéanamh is dóigh leis is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear idirchaidreamh agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla eile agus le comhlachtaí gairmiúla agus tomhaltóirí iomchuí eile.
- (7) Féadfar aon fheidhm de chuid an Údaráis a chomhlíonadh tríd an bpríomhfheidhmeannach nó trí aon chomhalta dá fhoireann a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an Údarás.
- (8) In aon imeachtaí, toimhdeofar maidir le príomhfheidhmeannach an Údaráis nó comhalta d'fhoireann an Údaráis a chomhlíonfaidh aon cheann dá fheidhmeanna, go raibh sé nó sí údaraithe aige déanamh amhlaidh thar a cheann, go dtí go suífear a mhalairt.
- (9) Féadfaidh an tÚdarás socrú a dhéanamh maidir le coiste do chomhlíonadh aon fheidhm amháin nó níos mó dá fheidhmeanna faoi stiúradh ginearálta an Údaráis.

Cruinnithe agus gnó

- 14.** (1) (a) Tionólfaidh an tÚdarás cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí, ach i ngach bliain tionólfaidh sé aon chruinniú amháin ar a laghad i ngach tréimhse trí mhí.
- (b) I dteannta cruinniú ag a mbeidh na rannpháirtithe go léir i láthair go fisiciúil, féadfaidh an tÚdarás cruinniú a thionól nó a choinneáil ar siúl trí aon mheán cumarsáide a úsáid lena bhféadfaidh na rannpháirtithe go léir cloisteáil, agus lena bhféadfar, ag an am céanna, na rannpháirtithe go léir a chloisteáil.
- (2) 5 is córam do chruinniú den Údarás, a mbeidh 2 ar a laghad acu ina gcomhaltaí tuata, agus a mbeidh 2 ar a laghad acu ina gcomhaltaí nach comhaltaí tuata.
- (3) Socróidh an Cathaoirleach dáta, tráth agus ionad an chéad chruinnithe den Údarás.
- (4) Ag cruinniú den Údarás—
- (a) is é nó is í an Cathaoirleach, más rud é go bhfuil sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcrúinniú, agus
 - (b) mura bhfuil, agus fad nach bhfuil, an Cathaoirleach i láthair nó más rud é go bhfuil oifig an Chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Údarás atá i láthair duine dá líon is comhalta tuata chun gníomhú mar chathaoirleach ar an gcrúinniú.
- (5) Beidh vóta ag gach comhalta den Údarás (lena n-áirítear an Cathaoirleach) atá i láthair ag cruinniú den Údarás.

- (6) Ag cruinniú den Údarás, déanfar ceist ar gá vótáil ina leith a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Údarás atá i láthair agus a vótálann ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe.
- (7) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás a nósanna imeachta féin a chinneadh.

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa, etc

15. (1) Más rud é, maidir le comhalta den Údarás, le comhalta de choiste, leis an bpríomhfheidhmeannach nó le comhalta d'fhoireann an Údaráis—
- (a) go ndéanfar é nó í a ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
 - (b) go ndéanfar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,
 - (c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,
 - (d) go dtoghfار nó go gcomhthoghfار é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,
 - (e) go gceapfar é nó í chun bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh, nó
 - (f) go gceapfar é nó í ina Ard-Aighne nó ina hArd-Aighne,
- air sin—
- (i) i gcás comhalta den Údarás, comhalta de choiste arna bhunú faoi *alt 16* nó an phríomhfheidhmeannaigh, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó den choiste, nó ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach, de réir mar a bheidh, agus
 - (ii) i gcás comhalta d'fhoireann an Údaráis, beidh sé nó sí ar iasacht ó fhostaíocht ag an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, aon luach saothair ná liúntais i leith caiteachais maidir leis an tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfار nó a cheapfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar é nó í a bheith tofa amhlaidh nó an tráth a thoghfار nó a chomhthoghfار é nó í amhlaidh, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin, ina chomhalta nó ina comhalta den Pharlaimint sin nó ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil nó a scoirfidh sé nó sí de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh nó ina Ard-Aighne nó ina hArd-Aighne, de réir mar a bheidh.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, forléireofar an fo-alt sin mar fho-alt lena dtoirmisctear tréimhse a luaitear i *bhfómhír (ii)* den fho-alt sin a ríomh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochair aoisliúntais is iníoctha faoi *alt 27*.
- (3) Aon duine atá de thuras na huaire—
- (a) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin,
 - (b) ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó

(c) i dteideal faoi bhuanorduithe údaráis áitiúil suí mar chomhalta den údarás sin, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh faoi *mhír (a)* nó *(c)* nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin faoi *mhír (b)*, dícháilithe chun bheith i seilbh oifige agus scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige mar chomhalta den Údarás, mar chomhalta de choiste, mar phríomhfheidhmeannach ar an Údarás nó mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis.

Coistí den Údarás

16. (1) Féadfaidh an tÚdarás coistí a bhunú—

- (a) chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt dó i ndáil le gach ceann nó aon cheann dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus
 - (b) chun cibé feidhmeanna de chuid an Údaráis a bheidh arna dtarmligean chucu faoi *alt 13* a chomhlíonadh.
- (2) Le linn comhaltaí coiste a cheapadh, beidh aird ag an Údarás ar na nithe seo a leanas—
- (a) an réimse cáilíochtaí agus taithí is gá chun feidhmeanna an choiste a chomhall go cuí agus go héifeachtach, agus
 - (b) a inmhianaithe atá sé go mbeidh cibé cóimheá is cuí idir fir agus mná ar an gcoiste.
- (3) Is é a bheidh ar choiste cibé líon comhaltaí a chinnfidh an tÚdarás, ar choinníoll gur daoine tuata iad tromlach na gcomhaltaí.
- (4) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Údarás nó dá fhoireann a bheith ar choiste.
- (5) Féadfaidh an tÚdarás, as na hacmhainní a bheidh faoina réir aige, cibé táillí (más ann) nó liúntais i leith caiteachais (más ann) arna dtabhú ag comhaltaí coiste agus a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham le ceadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a íoc le comhaltaí coiste.
- (6) Féadfaidh an tÚdarás comhalta de choiste a chur as oifig aon tráth ar chúiseanna sonraithe.
- (7) Beidh gníomhartha coiste faoi réir a ndaingnithe ag an Údarás, mura gcinnfidh an tÚdarás a mhalairt.
- (8) Féadfaidh an tÚdarás téarmaí tagartha coiste a chinneadh agus nósanna imeachta coiste a rialáil ach, faoi réir aon rialáil den sórt sin, féadfaidh an coiste a nósanna imeachta agus a ghnó féin a rialáil.
- (9) Féadfaidh an tÚdarás duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar choiste.
- (10) Déanfaidh coiste cibé faisnéis i leith a ghníomhaíochtaí agus a oibríochtaí a éileoidh an tÚdarás ó am go ham a sholáthar don Údarás d'fhonn feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh.
- (11) Féadfaidh an tÚdarás coiste a dhíscaoileadh aon tráth.

- (12) Féadfaidh coiste gníomhú d’ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith ina chomhaltas.

Cumhacht chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a cheapadh agus chun conarthaí a dhéanamh

17. (1) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó am go ham agus de réir mar is dóigh leis is gá chun cuidiú leis le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh—
- (a) conarthaí a dhéanamh le daoine nó le comhlachtaí, agus
 - (b) sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a cheapadh.
- (2) Féadfaidh an tÚdarás, as na hacmhainní a bheidh faoina réir aige, cibé táillí (más ann) nó cibé liúntais i leith caiteachais (más ann), arna dtabhú ag daoine, comhlachtaí, sainchomhairleoirí nó comhairleoirí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus a chinnfidh an tÚdarás, a íoc leis na daoine, na comhlachtaí, na sainchomhairleoirí nó na comhairleoirí sin.
- (3) Aon táillí nó liúntais i leith caiteachas a bheidh dlite do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a cheapfar faoin alt seo, is cuid de chaiteachais an Údaráis iad.
- (4) Is go ceann cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an Údarás is cuí a cheapfar duine mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir.

Pribhléid dhlíthiúil

18. (1) Ní chuirfidh aon ní san Acht seo d’iallach ar dhuine, seachas duine lena mbaineann *fo-alt (2)*, aon fhaisnéis nó doiciméadacht a nochtadh a mbeadh an duine i dteideal diúltú í a thabhairt ar aird ar fhorais pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.
- (2) D’ainneoin an chaidrimh idir dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant nó d’ainneoin cearta agus pribhléidí dlí-chleachtóra agus a chliant nó a cliant, déanfaidh dlí-chleachtóir, má iarrann duine a bheidh údaraithe chuige sin ag an Údarás é, aon fhaisnéis (i cibé foirm a shonróidh an duine sin) nó doiciméadacht a sholáthar don duine a bheidh ag teastáil ón Údarás chun a chumasú don Údarás a fheidhmeanna a chomhall faoin Acht seo.
- (3) Aon fhaisnéis nó doiciméadacht a sholáthróidh dlí-chleachtóir de réir *fo-alt (2)*, ní fhéadfar í a úsáid ach amháin chun a chumasú don Údarás a fheidhmeanna a chomhall faoin Acht seo i ndáil le dlí-chleachtóirí.

Gan faisnéis faoi rún a nochtadh

19. (1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí, agus faoi réir *fo-alt (3)*, ní dhéanfaidh duine, gan toiliú ón Údarás i scríbhinn, faisnéis faoi rún a nochtadh a gheobhaidh an duine sin le linn feidhmeanna a chomhlíonadh nó de thoradh feidhmeanna a chomhlíonadh—
- (a) mar chomhalta den Údarás nó de choiste,
 - (b) mar an príomhfheidhmeannach,

- (c) mar chomhalta d’fhoireann an Údaráis,
 - (d) mar shainchomhairleoir nó comhairleoir nó mar fhostaí de chuid sainchomhairleoir nó comhairleoir a bheidh ceaptha ag an Údarás faoi *alt 17*, nó
 - (e) mar chigire a bheidh ceaptha faoi *alt 37*.
- (2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeáir ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d’aicme A a chur air nó uirthi.
- (3) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (1)* faisnéis a nochtadh—
- (a) don Údarás,
 - (b) is faisnéis a fhéadfaidh, i dtuairim duine dá dtagraítear san fho-alt sin, a bheith bainteach le cion indéotáilte a dhéanamh—
 - (i) don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
 - (ii) don Údarás Iomaíochta,
 - (iii) do chomhalta den Gharda Síochána,
 - (iv) d’oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim,
 - (v) do Bhanc Ceannais na hÉireann, nó
 - (vi) do cibé duine eile a fhorordófar tar éis don Aire dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar dealraitheach don Aire go mbaineann sí leis nó léi.
- (4) Más rud é go bhfuil faisnéis a nochtfar de réir an ailt seo faoi réir pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil, ní fhéadfaidh na daoine a nochtfar an fhaisnéis dóibh an fhaisnéis sin a úsáid amhail i gcoinne an chliant ar ina leith atá an phribhléid dílsithe.
- (5) I gcás go n-eascróidh aon cheist i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil faisnéis faoi réir pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil, nó i dtaobh na húsáide a fhéadfar a bhaint as an bhfaisnéis sin, féadfaidh cliant an dlí-chleachtóra a bheidh ag dearbhú na pribhléide sin iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun aon ní a bhaineann leis an bhfaisnéis sin agus leis an úsáid a fhéadfar a bhaint as an bhfaisnéis sin a chinneadh agus féadfaidh an Chúirt cibé orduithe a dhéanamh is dóigh léi is cuí le linn an ní a bheidh os a comhair a chinneadh.
- (6) Ní choiscfeáir le haon ní i *bhfo-alt (1)* ar dhuine faisnéis a nochtadh sna himthosca dá dtagraítear in *alt 35(2)* den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.
- (7) San alt seo, foláíonn “faisnéis faoi rún” faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an Údarás nó ag coiste ina leith gur faisnéis rúnda í, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuarisc áirithe.

Pleananna straitéiseacha

20. (1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe agus dá éis sin laistigh de 6 mhí roimh gach dáta ar cothrom trí bliana an lae bunaithe é, plean straitéiseach don tréimhse 3 bliana dá éis sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

- (2) Maidir le plean straitéiseach—
- (a) leagfar amach ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an Údaráis, lena n-áirítear úsáid a chuid acmhainní, agus
 - (b) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann lena chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla agus is éifeachtúla as acmhainní an Údaráis.
- (3) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di plean straitéiseach arna ullmhú de bhun an ailt seo a fháil, cóip den phlean a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascálacha don Aire

21. (1) Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán i ngach bliain, tuarascáil (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) a thabhairt don Aire agus do Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas, nó d’aon Chomhchoiste den Oireachtas a thiocfaidh in ionad an Choiste sin, i dtaobh chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis i rith na bliana roimhe sin.
- (2) Beidh an tuarascáil bhliantúil i cibé foirm agus beidh faisnéis inti maidir le cibé nithe is dóigh leis an Údarás is cuí.
- (3) Féadfaidh an tÚdarás cibé tuarascálacha eile a thabhairt don Aire i ndáil le feidhmeanna an Údaráis is dóigh leis an Údarás is cuí.
- (4) Tabharfaidh an tÚdarás do Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas, nó d’aon Chomhchoiste den Oireachtas a thiocfaidh in ionad an choiste sin, cibé faisnéis eile a theastóidh uaidh i leith na nithe seo a leanas—
- (a) comhlíonadh a fheidhmeanna ag an Údarás agus a bheartais maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin,
 - (b) aon doiciméad nó cuntas sonracha arna ullmhú aige, nó
 - (c) an tuarascáil bhliantúil nó aon tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*.
- (5) Chun críocha *fho-alt (1)*, measfar gur bliain roimhe sin an tréimhse idir an lá bunaithe agus an 31 Nollaig dá éis sin.
- (6) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóipeanna den tuarascáil bhliantúil nó, de réir mar a bheidh, de thuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (7) Foilseoidh an tÚdarás a thuarascáil bhliantúil i cibé foirm agus ar cibé modh is dóigh leis is cuí a luaithe is indéanta tar éis *fo-alt (4)* a chomhlíonadh i leith na tuarascála.

Cumhachtaí an Údaráis i ndáil le cóid chleachtais

22. (1) Féadfaidh an tÚdarás, ag féachaint do na cuspóirí a shonraítear in *alt 13(1)* agus *(4)* agus de réir an ailt seo, cóid cleachtais a eisiúint i gcás gur dóigh leis gur gá

déanamh amhlaidh chun caighdeáin maidir le seirbhís dlí a sholáthar sa Stát a shocrú agus a fheabhsú.

- (2) Féadfaidh baint a bheith ag cód cleachtais a eiseofar faoi *fho-alt (1)* le soláthar seirbhísí dlí—
 - (a) ag dlí-chleachtóirí i gcoitinne, nó
 - (b) ag dlí-chleachtóirí de cibé aicme nó aicmí a shonrófar sa chód.
- (3) Sula ndéanfaidh an tÚdarás a chumhacht faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú, rachaidh sé i gcomhairle, ar cibé modh is dóigh leis is cuí—
 - (a) le comhlacht gairmiúil, a mbeidh a chomhaltaí faoi réir an chóid cleachtais bheartaithe, agus
 - (b) le cibé páirtithe leasmhara eile is dóigh leis an Údarás is cuí, lena n-áirítear dlí-chleachtóirí nach comhaltaí de chomhlacht dá dtagraítear i *mír (a)* ach a bheidh faoi réir an chóid cleachtais bheartaithe.
- (4) I gcás go rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le comhlacht gairmiúil agus le páirtithe leasmhara eile faoi *fho-alt (3)*, déanfaidh sé, sula n-eiseoidh sé an cód cleachtais lena mbaineann, aon uirill (más ann) a bheidh déanta ag na comhlachtaí nó na páirtithe a rachfar i gcomhairle leo amhlaidh a bhreithniú.
- (5) I gcás go mbeidh easaontas idir cód gairmiúil agus cód cleachtais, beidh tosaíocht, chun críocha an Achta seo, ag an gcód cleachtais.
- (6) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici ag dlí-chleachtóir a ndéanann cód cleachtais difear dó nó di, is iarratas arna dhéanamh laistigh de 28 lá ón tráth a eiseoidh an tÚdarás an cód sin, i gcás gur dóigh léi go bhfuil an cód iompair leatromach, míreasúnach nó neamhriachtanach, an cód a chúlghairm nó a athrú.
- (7) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás, faoin alt seo, cód cleachtais a eisiúint, a leasú nó a chúlghairm, cuirfidh sé faoi deara, gan mhoill, fógra á rá sin a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*, ar fógra é—
 - (a) ina sonrófar an cód lena mbaineann,
 - (b) ina sonrófar an tseirbhís dlí lena mbaineann an cód nó an aicme dlí-chleachtóra lena mbaineann an cód, agus
 - (c) ina sonrófar an dáta óna mbeidh éifeacht leis an gcód, nó leis an leasú ar an gcód nó le cúlghairm an chóid, de réir mar a bheidh.
- (8) (a) Déanfaidh an tÚdarás cóip i bhformáid chuí de gach cód cleachtais a bheidh eisithe aige faoi *fho-alt (1)* a chur ar fáil saor in aisce do dhaoine den phobal lena hiniúchadh.
 - (b) Sonrófar i gcóip de chód cleachtais a chuirfear ar fáil faoi *mhír (a)* an dáta ar a mbeidh éifeacht leis an gcód agus, más infheidhme, an dáta ar a mbeidh éifeacht le cúlghairm an chóid.

- (c) I gcás go mbeidh cód cleachtais dá dtagraítear i *mír (a)* leasaithe de réir an ailt seo, aon tagairt sa mhír sin do chód cleachtais is tagairt í don chód sin arna leasú.

Cumhachtaí an Údaráis i ndáil le cóid ghairmiúla

23. (1) Féadfaidh an tÚdarás, tar éis cód gairmiúil a athbhreithniú, fógra faoi *fho-alt (2)* a eisiúint chuig an gcomhlacht gairmiúil iomchuí i gcás gurb é a thuairim—
- (a) go n-oibríonn an cód gairmiúil nó gur dóigh dó oibriú chun treampán a chur ar dhlí-chleachtóir le linn a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht seo a chomhlíonadh,
- (b) go ndéanann an cód gairmiúil, nó gur dóigh go ndéanfaidh sé, cuspóir a shonraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(4) d'alt 13* a bhacadh, nó
- (c) gur gá thairis sin an cód gairmiúil a leasú d'fhonn caighdeáin maidir le soláthar seirbhíse dlí a chothabháil nó a fheabhsú.
- (2) Féadfar, le fógra faoin *bhfo-alt* seo, a ordú don chomhlacht gairmiúil iomchuí lena mbaineann an cód gairmiúil lena mbaineann a leasú ar an modh a bheidh sonraithe san fhógra.
- (3) I gcás go mbeartóidh an tÚdarás fógra faoi *fho-alt (2)* a eisiúint—
- (a) tabharfaidh sé fógra don chomhlacht gairmiúil iomchuí, agus do cibé comhlacht gairmiúil eile is dóigh leis is cuí, i dtaobh a bhfuil beartaithe aige agus na gcúiseanna lena bhfuil beartaithe,
- (b) iarrfaidh sé ar na comhlachtaí gairmiúla dá dtagraítear i *mír (a)* uirill i scríbhinn a dhéanamh chuig an Údarás i ndáil lena bhfuil beartaithe aige, agus
- (c) sula dtabharfaidh sé breith i dtaobh an eiseoidh sé an fógra, déanfaidh sé aon uirill a bheidh faighte aige faoi *mhír (b)* a bhreithniú.
- (4) I gcás nach mbeidh fógra faoi *fho-alt (2)* comhlíonta ag comhlacht gairmiúil iomchuí laistigh de 28 lá ón tráth a cuireadh an fógra sin chuige, féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena n-ordófar don chomhlacht gairmiúil lena mbaineann an fógra a chomhlíonadh.
- (5) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici ag an gcomhlacht gairmiúil lena mbaineann, is iarratas arna dhéanamh laistigh de 28 lá ón tráth a cuireadh fógra faoi *fho-alt (2)* chuig an gcomhlacht sin, i gcás gur dóigh léi go bhfuil an fógra leatromach, míréasúnach nó neamhriachtanach, an fógra a chúlghairm nó a athrú.
- (6) Déanfaidh comhlacht gairmiúil—
- (a) laistigh d'aon mhí amháin ón lá bunaithe, cóip de gach cód gairmiúil ar comhlacht gairmiúil iomchuí é i ndáil leis a thabhairt don Údarás,
- (b) laistigh de 28 lá ón tráth a thiocfaidh sé chun bheith ina chomhlacht gairmiúil iomchuí i ndáil le cód gairmiúil, cóip den chód gairmiúil sin a thabhairt don Údarás, agus

- (c) laistigh de 28 lá ón tráth a dhéantar an leasú nó an chúlghairm lena mbaineann—
 - (i) fógra i dtaobh leasú a bheith déanta ar chód gairmiúil iomchuí a thabhairt don Údarás agus cóip den chód arna leasú a thabhairt dó, agus
 - (ii) fógra a thabhairt don Údarás i dtaobh cód gairmiúil iomchuí a chúlghairm.
- (7) (a) Déanfaidh an tÚdarás cóip de gach cód gairmiúil a thabharfar dó faoi *fho-alt (6)*, seachas cód a mbeifear tar éis a chur in iúl don Údarás faoi *fho-alt (6)(c)(ii)* go bhfuil sé cúlghairthe, a chur ar fáil saor in aisce i bhformáid chuí do dhaoine den phobal lena hiniúchadh.
- (b) Sonrófar i gcóip de chód gairmiúil a chuirfear ar fáil faoi *mhír (a)* an dáta a mbeidh éifeacht leis an gcód agus, más infheidhme, an dáta ar a mbeidh éifeacht le cúlghairm an chóid.
- (c) I gcás gur cuireadh in iúl don Údarás faoi *fho-alt (6)(c)(i)* go ndearnadh leasú ar chód gairmiúil, aon tagairt i *mír (a)* do chód gairmiúil is tagairt í don chód sin arna leasú.
- (8) Ní dochar an t-alt seo d'aon chumhacht eile de chuid an Údaráis faoin Acht seo.
- (9) San alt seo, ciallaíonn “comhlacht gairmiúil iomchuí”, i ndáil le cód gairmiúil, comhlacht gairmiúil—
 - (a) a bhfuil an cód sin glactha aige,
 - (b) ar glacadh an cód thar a cheann, nó
 - (c) a bhfuil a chomhaltaí, mar choinníoll a ghabhann lena gcomhaltas den comhlacht sin, faoi réir an chóid thairis sin.

An príomhfheidhmeannach

24. (1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás arb é an tÚdarás a cheapfaidh é nó í agus ar a dtabharfar, agus dá ngairtear, an “príomhfheidhmeannach” san Acht seo.
- (2) Beidh an príomhfheidhmeannach i seilbh oifige faoi chonradh scríofa seirbhíse (is conradh a fhéadfar, de rogha an Údaráis, a athnuachan) ar feadh cibé tréimhse a bheidh sonraithe sa chonradh, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhainfidh le luach saothair) a chinnfidh an tÚdarás le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (3) Maidir leis an bpríomhfheidhmeannach—
- (a) déanfaidh sé nó sí beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,
 - (b) déanfaidh sé nó sí foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
 - (c) beidh sé nó sí freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus
 - (d) déanfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.

- (4) Féadfaidh an tÚdarás an príomhfheidhmeannach a chur as oifig nó a fhionraí ó oifig ar chúiseanna sonrath.
- (5) Ní bheidh an príomhfheidhmeannach ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste ach féadfaidh sé nó sí, de réir nósanna imeachta arna mbunú ag an Údarás nó ag coiste den sórt sin, de réir mar a bheidh, freastal ar chruinnithe den Údarás nó den choiste, de réir mar a bheidh, agus beidh sé nó sí i dteideal labhairt agus comhairle a thabhairt ag cruinnithe den sórt sin.
- (6) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i leith chomhlíonadh feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a theastóidh ón Údarás a sholáthar don Údarás.
- (7) Ní bheidh an príomhfheidhmeannach i seilbh aon oifig nó post eile arb iníoctha luach saothair ina leith, ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó, trádáil nó gairm gan toiliú an Údaráis.
- (8) Féadfaidh cibé comhalta nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an bpríomhfheidhmeannach chun na críche sin cibé feidhmeanna de chuid an phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh a shonróidh an príomhfheidhmeannach le toiliú an Údaráis agus beidh an comhalta sin nó na comhaltaí sin den fhoireann cuntasach don phríomhfheidhmeannach as na feidhmeanna a tharmligfear amhlaidh a chomhlíonadh.
- (9) Beidh an príomhfheidhmeannach cuntasach don Údarás as comhlíonadh feidhmeanna a tharmligfidh sé nó sí de réir *fho-alt (8)*.
- (10) Féadfaidh an príomhfheidhmeannach, le toiliú an Údaráis i scríbhinn, tarmligean arna dhéanamh de réir an ailt seo a chúlghairm.
- (11) Ní áirítear ar na feidhmeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* feidhm a tharmligfidh an tÚdarás chuig an bpríomhfheidhmeannach faoi réir coinníoll nach ndéanfaidh an príomhfheidhmeannach an feidhm a tharmligean chuig aon duine eile.
- (12) Más rud é, maidir leis an bpríomhfheidhmeannach—
 - (a) go n-éagfaidh sé nó sí, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe le haghaidh oifige nó go gcuirfear é nó í as oifig, nó
 - (b) go mbeidh sé nó sí neamhábalta go sealadach ar aon chúis leanúint dá feidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh,

féadfaidh an tÚdarás cibé comhalta nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis is dóigh leis is cuí a ainmniú chun feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh—

 - (i) sna himthosca a luaitear i *mír (a)*, go dtí go gceapfar príomhfheidhmeannach nua de réir an ailt seo,
 - (ii) sna himthosca a luaitear i *mír (b)*, go dtí go mbeidh an príomhfheidhmeannach ábalta athchromadh ar a feidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó
 - (iii) go dtí go dtabharfaidh an tÚdarás breith ainmniú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo a chúlghairm nó a athrú.

Foireann an Údaráis

25. (1) Féadfaidh an tÚdarás daoine a cheapadh le bheith mar fhoireann ag an Údarás agus féadfaidh sé a ndualgais a chinneadh.
- (2) Cinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe—
- (a) na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a bheidh ag foireann a cheapfar faoin alt seo, agus
- (b) gráid fhoireann an Údaráis agus na líonta foirne i ngach grád.
- (3) Beidh luach saothair agus liúntais fhoireann an Údaráis iníoctha ag an Údarás leis an bhfoireann as cistí a bheidh faoina réir ag an Údarás.
- (4) Is seirbhíseach poiblí comhalta d'fhoireann an Údaráis.

Foireann an Dlí-Chumainn nó Chomhairle an Bharra a aistriú

26. (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an tÚdarás, chun a fheidhmeanna a chomhall faoi *Chuid 6*, rogha a thabhairt do chomhaltaí d'fhoireann an Dlí-Chumainn nó Chomhairle an Bharra a bheidh cáilithe go cuí aistriú chuig an Údarás.
- (2) I gcás go ndéanfaidh comhalta foirne dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* rogha a fheidhmiú faoin bhfo-alt sin, iarrfaidh an tÚdarás ar an Aire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an comhalta sin a ainmniú i scríbhinn lena aistriú nó lena haistriú chuig foireann an Údaráis ó cibé dáta a shonrófar san ainmniúchán (dá ngairtear “an dáta éifeachtach” san alt seo).
- (3) Aon chomhalta d'fhoireann an Dlí-Chumainn nó Chomhairle an Bharra a ainmneofar de réir *fho-alt (2)*, tiocfaidh sé nó sí chun bheith, agus beidh sé nó sí, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis ón dáta éifeachtach agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ón dáta sin.
- (4) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, ní dhéanfar daoine a aistreofar de bhua ainmniúchán faoi *fho-alt (2)* a thabhairt faoi réir téarmaí agus coinníollacha is lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse a bhaineann le luach saothair bunaidh a raibh an duine faoina réir díreach roimh an dáta éifeachtach.
- (5) Faoi réir *fho-alt (4)*, déanfaidh an tÚdarás, de réir *alt 25(2)*, téarmaí agus coinníollacha seirbhíse agus grád duine a aistreofar de bhua ainmniúchán faoi *fho-alt (2)* a chinneadh.

Aoisliúntas

27. (1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú d'aon duine nó i leith aon duine a cheapfar ina phríomhfheidhmeannach nó ina

príomhfheidhmeannach nó d'aon duine nó i leith aon duine nach dtiocfaidh, ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis, chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

- (2) Socrófar le scéim faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim nó faoi na scéimeanna agus féadfar tráthanna agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.
- (3) Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh lena leasófar scéim faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.
- (4) Déanfaidh an tÚdarás scéim faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe í, a chur i gcrích de réir a téarmaí.
- (5) Beidh foráil i scéim faoin alt seo le haghaidh achomhairc i gcoinne breith a bhaineann le sochar aoisliúntais faoin scéim.
- (6) Má eascraíonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéim nó scéimeanna faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus is breith chríochnaitheach breith an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (7) Ní dheonóidh an tÚdarás aon sochair aoisliúntais do dhuine nó ina leith, ar scor dó nó di de bheith ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis, ar shlí seachas—
 - (a) de réir scéim nó scéimeanna faoin alt seo, nó
 - (b) le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (8) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.
- (9) Beidh feidhm ag *fo-alt (8)*, fara gach modhnú is gá, maidir le leasú ar scéim faoin alt seo mar atá feidhm aige maidir le scéim faoin alt seo.
- (10) San alt seo—

folaíonn an briathar “leasú”, i ndáil le scéim faoin alt seo, an scéim a chúlghairm;

ciallaíonn “sochar aoisliúntais” aon phinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha le duine nó i leith duine a scoirfidh de bheith ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an Údarás nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

Cuntais agus iniúchadh

28. (1) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, le comhaontú an Údaráis—

- (a) meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí agus ag cibé tráthanna, a shonróidh an tAire, agus
- (b) aon fhaisnéis a sholáthar don Aire a theastóidh ón Aire maidir leis na meastacháin sin agus freisin maidir le tograí agus pleananna an Údaráis i leith tréimhse a shonróidh an tAire,

agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta, cóipeanna den fhaisnéis a chuirfear faoi bhráid an Aire amhlaidh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

- (2) Coimeádfaidh an príomhfheidhmeannach, faoi stiúradh an Údaráis, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaióchta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a bheidh faighte agus caite ag an Údarás, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.
- (3) (a) Déanfaidh an tÚdarás a chuntais a cheadú a luaithe is indéanta (ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaióchta lena mbaineann siad) agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.
- (b) Déanfar cóip de na cuntais agus de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu a thíolacadh do chomhaltaí an Údaráis agus don Aire a luaithe is indéanta, agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip de na cuntais agus den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (4) (a) Ceadóidh an tÚdarás, an príomhfheidhmeannach agus aon chomhalta iomchuí den fhoireann, aon uair a cheanglóidh an tAire amhlaidh, d'aon duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Aire, cuntais an Údaráis i leith aon bhliain airgeadais nó aon tréimhse eile a scrúdú, agus éascóidh sé aon scrúdú den sórt sin, agus íocfaidh an tÚdarás leis an Aire cibé táille i leith an scrúdaithe a shocróidh an tAire.
- (b) San fho-alt seo, ciallaíonn “comhalta iomchuí den fhoireann” comhalta d’fhoireann an Údaráis a mbeidh dualgais a bhaineann leis na cuntais sin sannta go cuí dó nó di.

Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh don Choiste den Oireachtas arna bhunú chun scrúdú, etc., a dhéanamh ar chuntais leithreasa, etc

29. Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, aon uair a cheanglóidh Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna (dá ngairtear “an Coiste” san alt seo) air nó uirthi i scríbhinn déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon chuntas a choimeádfar faoi *alt 28(2)*,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a chuid acmhainní,

- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a chuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh do Choistí den Oireachtas

30. (1) Faoi réir *fo-alt (2)*, freastalóidh an príomhfheidhmeannach os comhair Choiste, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gCoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis, de réir mar a cheanglaíonn an Coiste.
- (2) Ní cheanglófar ar an bpríomhfheidhmeannach cuntas a thabhairt os comhair an Choiste ar aon ní atá, nó a bhí, nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí ina ábhar—
- (a) d’imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát, nó
 - (b) do bhreith nó do chinneadh ag an Údarás i leith dlí-chleachtóir áirithe.
- (3) I gcás gurb é tuairim an phríomhfheidhmeannaigh gur ní a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis ní is ábhar d’iarraidh faoi *fo-alt (1)*, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don Choiste lena mbaineann mar aon leis na cúiseanna atá leis an tuairim sin agus, mura dtabharfar an fhaisnéis don Choiste tráth a bheidh an príomhfheidhmeannach os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.
- (4) I gcás go mbeidh an príomhfheidhmeannach tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl don Choiste de réir *fo-alt (3)* agus nach dtarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a mhéid a bhaineann sí le ní is ábhar don tuairim sin—
- (a) féadfaidh an príomhfheidhmeannach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste a bhreith gan an iarraidh a tharraingt siar a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair chun an cheist a chinneadh i dtaobh an ní lena mbaineann *fo-alt (2)* é an ní, nó
 - (b) féadfaidh cathaoirleach an Choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Choiste,
- agus cinnfidh an Ard-Chúirt an ní.
- (5) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fo-alt (4)*, ní fhreastalóidh an príomhfheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.
- (6) Má chinneann an Ard-Chúirt gur ní a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an ní lena mbaineann, tarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)*, freastalóidh an príomhfheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.
- (7) San alt seo, ciallaíonn “Coiste” an Coiste arna bhunú ag Dáil Éireann agus Seanad Éireann i gcomhpháirt ar a dtugtar an Coiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas, nó aon Choiste arna bhunú chun dul in ionad an Choiste sin.

Cumhacht chun táillí a mhuirearú agus a ghnóthú

31. (1) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh an tÚdarás na táillí a bheidh le híoc leis agus an tráth a bheidh siad le híoc a fhorordú le rialacháin i leith na nithe seo a leanas—
- comhlíonadh feidhmeanna,
 - soláthar seirbhísí, agus
 - seoladh gníomhaíochtaí,
- ag an Údarás faoin Acht seo.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, folaíonn cumhacht an Údaráis faoin bhfo-alt sin chun táillí a fhorordú an chumhacht chun socrú a dhéanamh maidir le díolúintí ó tháillí a íoc, nó táillí a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc (go hiomlán nó go páirteach), in imthosca éagsúla nó aicmí éagsúla imthosca nó i gcásanna éagsúla nó aicmí éagsúla cásanna.
- (3) Féadfaidh an tÚdarás táillí a fhorordaítear faoi *Chuid 8* agus a íocfar leis an Údarás a úsáid faoi chomhair na gcostas a thabhaíonn sé le linn a fheidhmeanna faoin gCuid sin a chomhall.
- (4) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul don Údarás i leith táille a mhuirearófar faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla, ó dhuine ag a mbeidh an táille iníoctha.
- (5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* i leith feidhm, seirbhís nó gníomhaíocht dá dtagraítear san *fho-alt* sin i gcás go mbeidh an costas ar an údarás as an bhfeidhm sin a chomhlíonadh, as an tseirbhís sin a sholáthar nó as an ngníomhaíocht sin a dhéanamh ar áireamh i gcaiteachais cheadaithe an Údaráis dá dtagraítear in *alt 95*.

Airleacain ón Aire chuig an Údarás

32. Déanfaidh an tAire cibé méid nó méideanna a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a airleacan chuig an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun críocha caiteachas ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Tuarascáil bhliantúil maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh

33. (1) Tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire—
- ina sonrú an líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha le linn na bliana sin,
 - ina sonrú an líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar abhcóidí le linn na bliana sin, agus
 - ina mbeidh, ag féachaint don éileamh ar sheirbhísí abhcóidí agus aturnaetha cleachtacha agus don ghá lena chinntiú go mbeidh caighdeán dóthanach oideachais agus oiliúna ann do dhaoine a ghlactar chun cleachtadh, measúnacht i dtaobh an bhfuil, nó nach bhfuil, an líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar abhcóidí agus mar aturnaetha an bhliain sin i gcomhréir le leas an phobail i dtaca lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil ar chostas réasúnach.

- (2) Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle—
- (a) leis an Dlí-Chumann,
 - (b) le Comhairle an Bharra,
 - (c) le Cumann Onórach Óstaí an Rí, agus
 - (d) le cibé daoine is dóigh leis an Údarás is cuí,
- chun an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a ullmhú.
- (3) Tabharfaidh an Dlí-Chumann, Comhairle an Bharra, agus Cumann Onórach Óstaí an Rí don Údarás cibé faisnéis atá ina seilbh agus a iarrfaidh an tÚdarás le réasún orthu chun an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a ullmhú.
- (4) A luaithe is indéanta tar éis tuarascáil faoin alt seo a fháil, cuirfidh an tAire faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (5) Tar éis *fo-alt (4)* a chomhlíonadh, déanfaidh an tÚdarás socrú chun an tuarascáil a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is dóigh leis is cuí agus chun í a chur chuig an Dlí-Chumann, chuig Comhairle an Bharra agus chuig Cumann Onórach Óstaí an Rí.

Tuarascálacha ar nithe sonraithe chuig an Aire

34. (1) Gan dochar d'fheidhmeanna an Údaráis dá dtagraítear in *alt 13(2)(h)* agus *(i)*, déanfaidh an tÚdarás, tar éis próisis chuí comhchomhairliúcháin phoiblí, tuarascálacha a ullmhú agus a thabhairt don Aire i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) na socrúithe maidir le hoideachas agus oiliúint (lena n-áirítear oiliúint leanúnach) sa Stát do dhlí-chleachtóirí, lena n-áirítear an modh ar a soláthraítear an t-oideachas agus an oiliúint sin;
 - (b) gairm na n-aturnaetha agus gairm na n-abhcóidí a aontú;
 - (c) gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir;
 - (d) cibé nithe eile a n-iarrfaidh an tAire, ó am go ham, ar an Údarás tuarascáil a thabhairt dó nó di orthu.
- (2) I gcás tuarascáil faoi *fho-alt (1)* i leith ní dá dtagraítear san *fho-alt* sin a bheith soláthraithe ag an Údarás, ní choiscfidh sé sin, as féin, ar an Aire tuarascáil eile a iarraidh i leith an ní sin ná ar an Údarás an tuarascáil sin a sholáthar.
- (3) Maidir le tuarascáil i leith ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*—
- (a) déanfar í a sholáthar don Aire laistigh de 2 bhliain ón lá bunaithe,
 - (b) beidh athbhreithniú inti ar na socrúithe láithreacha a bhainfidh le hoideachas agus oiliúint a chur ar dhlí-chleachtóirí agus déanfar inti cibé moltaí is dóigh leis an Údarás is cuí i ndáil leis na socrúithe ba cheart ina thuairim a chur ar bun chun an t-oideachas agus an oiliúint dá dtagraítear san *fho-alt* sin a sholáthar, lena n-áirítear comhlachtaí a chreidiúnú chun an t-oideachas agus an oiliúint

sin a sholáthar, agus na hathchóirithe nó na leasuithe, cibé acu athchóirithe nó leasuithe riaracháin nó reachtaíochta, is gá chun na socruithe sin a éascú,

- (c) gan dochar do ghinearáltacht *mhír (b)*, beidh moltaí inti i ndáil leis na nithe seo a leanas—
 - (i) caighdeáin chúí oideachais agus oiliúna i gcomhair cáilíochtaí gairmiúla dlí,
 - (ii) socruithe is gá chun faireachán a dhéanamh i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin dá dtagraítear i *bhfómhír (i)*,
 - (iii) raon agus ábhar an churaclaim is cuid de chúrsaí oideachais agus oiliúna gairmiúla dlí, lena n-áirítear modheolaíocht teagaisc an oideachais dlí, na heitice dlí, na caibidlíochta, nósanna imeachta malartacha chun díospóidí a réiteach agus na habhcóideachta,
 - (iv) socruithe a d'éascódh dúbailt, agus an costas a thabhófaí dá droim, a íoslaghdú, le linn do dhuine dul faoi scrúduithe in ábhair dlí is duine—
 - (I) ar mian leis nó léi dul faoi chúrsa oideachais gairmiúil dlí agus a bhfuil céim tríú leibhéal sa dlí bainte amach aige nó aici a bhfuil ar áireamh inti aon cheann amháin nó níos mó de na hábhair is cuid den chúrsa sin,
 - (II) ar mian leis nó léi, agus é nó í ina aturnae nó ina haturnae, teacht chun bheith ina abhcóide nó ina habhcóide, nó ar mian leis nó léi, agus é nó í ina abhcóide nó ina habhcóide, go nglacfaí é nó í mar aturnae,
 - (v) caighdeáin a bheidh ag teastáil chun cáilíochtaí gairmiúla dlí a dhámhachtain de bhun cúrsaí oideachais agus oiliúna gairmiúla dlí,
 - (vi) an gá le comhlachtaí nó forais a chreidiúnú, agus, má dhéantar gá den sórt sin a shainaithint, an modh ar a ndéanfar comhlachtaí nó forais a chreidiúnú agus na ceanglais a bheidh ag gabháil le creidiúnú comhlachtaí agus forais—
 - (I) chun cúrsaí oideachais agus oiliúna gairmiúla dlí a sholáthar, nó a chur faoi deara go soláthrófar iad,
 - (II) chun scrúduithe a sheoladh nó a chur faoi deara iad a sheoladh, agus
 - (III) chun dioplómaí, teastais nó dámhachtainí eile fiúntais a dhámhachtain, nó a chur faoi deara iad a dhámhachtain,

agus
 - (vii) aon nithe eile is dóigh leis an Údarás is iomchuí agus is cuí.
- (4) Maidir le tuarascáil i leith an ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)*—
 - (a) déanfar í a sholáthar don Aire laistigh de 4 bliana ón lá bunaithe,
 - (b) beidh mionsonraí inti maidir le socruithe atá i ngníomh i ndlínsí eile ina ndearnadh na gairmeacha a aontú,
 - (c) beidh moltaí inti—

- (i) i dtaobh ar chóir gairm na n-aturnaetha agus gairm na n-abhcóidí sa Stát a aontú ag féachaint do na nithe seo a leanas, i measc nithe eile—
 - (I) leas an phobail,
 - (II) an gá atá ann iomaíocht a bheith ann i dtaca le soláthar seirbhísí dlí sa Stát,
 - (III) riaradh cuí an cheartais,
 - (IV) leas tomhaltóirí seirbhísí dlí lena n-áirítear rochtain a bheith ag na tomhaltóirí sin ar dhlí-chleachtóirí a bhfuil taithí acu, agus
 - (V) aon nithe eile is dóigh leis an Údarás is cuí nó is gá,
 - (ii) más moladh i bhfabhar gairm na n-aturnaetha agus gairm na n-abhcóidí a aontú an moladh i *bhfomhír (i)*—
 - (I) i dtaobh conas is féidir na gairmeacha a aontú, agus
 - (II) i dtaobh na n-athchóirithe nó na leasuithe, cibé acu is athchóirithe nó leasuithe riaracháin nó reachtaíochta, nó athchóirithe nó leasuithe ar chóid ghairmiúla láithreacha, is gá chun an t-aontú sin a éascú,agus
 - (iii) i dtaobh aon nithe eile is dóigh leis an Údarás is cuí nó is gá.
- (5) Maidir le tuarascáil i leith na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* agus *(d)*—
- (a) déanfar í a sholáthar don Aire laistigh de thréimhse a shonróidh an tAire i bhfógra i scríbhinn chuig an Údarás lena n-iarrfar an tuarascáil,
 - (b) beidh cibé mionsonraí inti agus déanfar moltaí inti i dtaobh cibé nithe a bheidh sonraithe ag an Aire san fhógra dá dtagraítear i *mír (a)*.
- (6) (a) Déanfaidh an tÚdarás, ar iarraidh a fháil ón Aire nó ar a thionscnamh féin, tuarascáil eatramhach a ullmhú don Aire i ndáil le haon cheann de na nithe i leith tuarascáil a bheidh á hullmhú faoin alt seo.
- (b) Maidir le tuarascáil eatramhach dá dtagraítear i *mír (a)*, féadfar tagairt ghinearálta a dhéanamh inti do dhul chun cinn an phróisis comhchomhairliúcháin phoiblí lena mbaineann nó féadfar tagairt a dhéanamh inti—
 - (i) i gcás gur iarr an tAire an tuarascáil eatramhach, do cibé nithe a iarrfaidh an tAire, nó
 - (ii) i gcás gur ar thionscnamh an Údaráis a ullmhófar an tuarascáil eatramhach, do cibé nithe is dóigh leis an Údarás is cuí,agus féadfaidh moltaí a bheith inti i dtaobh na nithe sin.
- (7) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna d'aon tuarascáil dá dtagraítear san alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 30 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí í.

Ordú chun sárú ar an Acht a thoirmeasc

35. (1) I gcás, ar iarratas a fháil ón Údarás, go suítear chun sástacht na hArd-Chúirte—

- (a) maidir le dlí-chleachtóir nó aon duine eile, go bhfuil sárú déanta nó á dhéanamh aige nó aici, nó gur dóigh dó nó di sárú a dhéanamh, ar aon fhoráil den Acht seo nó ar rialacháin arna ndéanamh faoi, nó
- (b) maidir le dlí-chleachtóir is aturnaí nó aon duine eile, go bhfuil sárú déanta nó á dhéanamh aige nó aici, nó gur dóigh dó nó di sárú a dhéanamh, ar aon fhoráil de na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, nó ar rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin,

féadfaidh an Chúirt, le hordú, a thoirmeasc ar an dlí-chleachtóir nó ar an duine eile lena mbaineann sárú a dhéanamh ar an bhforáil sin, d'ainneoin go bhféadfadh gur cion é aon sárú den sórt sin.

- (2) Féadfaidh cibé forálacha de chineál iarmhartach is dóigh leis an gCúirt is cuí a bheith in ordú faoi *fho-alt (1)*.

Cionta a ionchúiseamh

36. Féadfaidh an tÚdarás cion faoin Acht seo a ionchúiseamh go hachomair.

CUID 3

INIÚCHTAÍ— DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ

Cigirí

37. (1) Chun críocha an Achta seo, féadfaidh an tÚdarás—

- (a) cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí dá fhoireann is cuí leis a cheapadh chun bheith ina gcigirí go ceann cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí a chinnfidh an tÚdarás,
 - (b) cibé daoine eile agus cibé líon daoine eile is cuí leis a cheapadh chun bheith ina gcigirí go ceann cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí (lena n-áirítear téarmaí maidir le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tÚdarás, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (2) Aon duine a cheapfar chun bheith ina chigire nó ina cigire faoin alt seo, tabharfaidh an tÚdarás barántas ceapacháin dó nó di ar é nó í a cheapadh agus déanfaidh sé nó sí le linn cumhacht a thugtar leis an Acht seo a fheidhmiú, nuair a iarrfaidh aon duine dá ndéanfar difear é, an barántas sin nó cóip de mar aon le foirm céannachta pearsanta a thabhairt ar aird don duine sin.
 - (3) Féadfaidh an tÚdarás aon cheapachán arna dhéanamh aige faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm.
 - (4) Is i scríbhinn a bheidh ceapachán nó cúlghairm faoin alt seo.
 - (5) Scoirfidh ceapachán duine mar chigire faoi *fho-alt (1)*—

- (a) ar an Údarás do chúlghairm an cheapacháin,
- (b) i gcás gur go ceann tréimhse shonraithe an cheapachán, ar an tréimhse sin a bheith caite,
- (c) ar an duine sin d'éirí as an gcheapachán, nó
- (d) más rud é gur ceapadh an duine faoi *fho-alt (1)(a)*, i gcás go scoirfidh an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis.

Iniúchadh ar ordachán ón Údarás

38. Beidh ag cigire, ar ordachán a fháil ón Údarás, cumhacht chun iniúchadh a dhéanamh de réir *alt 39*—
- (a) chun críche imscrúdú ar aon ghearán a dhéanfar nó a mheasfar a bheith déanta faoin Acht seo, nó
 - (b) chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh dlí-chleachtóir—
 - (i) aon cheanglais arna bhforchur leis an Acht seo ar an dlí-chleachtóir,
 - (ii) aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo is infheidhme maidir leis an dlí-chleachtóir, nó
 - (iii) aon chód cleachtais arna eisiúint faoi *alt 22*, agus
 - (c) chun go bhfeidhmeoidh an tÚdarás a chumhacht faoi *alt 51(8)*.

Cumhachtaí Cigirí

39. (1) Chun na gcríoch atá leagtha amach in *alt 38*, féadfaidh cigire—
- (a) faoi réir *fho-ailt (3)* agus *(5)*, dul isteach in aon áit agus í a iniúchadh, is áit—
 - (i) a gcreidfídh sé nó sí le réasún go bhfuil sí á húsáid chun gnó dlí-chleachtóra a sheoladh,
 - (ii) a mbeidh forais réasúnacha aige nó aici lena chreidiúint go bhfuil taifid nó doiciméid a bhaineann le gnó dlí-chleachtóra á gcoimeád san áit sin,
 - (b) san áit sin, aon leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile (lena n-áirítear leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) a gheobhaidh sé nó sí i gcúrsa a iniúchta nó a hiniúchta, a iniúchadh agus cóipeanna díobh a thógáil, nó sleachta a thógáil astu,
 - (c) a cheangal—
 - (i) ar aon dlí-chleachtóir a sheolann gnó dlí-chleachtóra san áit lena mbaineann, nó
 - (ii) ar aon duine san áit lena mbaineann, lena n-áirítear an t-úinéir nó duine a bheidh i bhfeighil na háite sin,

cibé leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile a thabhairt ar aird don chigire (agus i gcás doiciméid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite, atáirgeadh inléite orthu a thabhairt ar aird dó nó di) a bheidh i seilbh an duine sin nó ar fáil aige nó aici, nó faoi rialú an duine sin agus a theastóidh le réasún ón oifigeach sin chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo,

- (d) faoi réir ordú a fháil chun na críche sin ón Ard-Chúirt faoi *alt 40*, aon leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile den sórt sin as an áitreabh sin a urghabháil agus a choinneáil agus aon bhearta eile a dhéanamh is dealraitheach don chigire a bheith riachtanach chun na leabhair, na taifid, na cuntais nó na doiciméid eile sin a chaomhnú nó chun nach mbainfear dóibh,
- (e) i gcás go mbeidh trealamh sonraí san áitreabh a gcreidfídh an cigire le réasún go n-úsáidtear é nó gur úsáideadh é i dtaca le gnó dlí-chleachtóra, a cheangal ar aon duine—

- (i) a úsáideann an trealamh sonraí nó ar thar a cheann nó thar a ceann a úsáidtear an trealamh sonraí, nó

- (ii) a bheidh i bhfeighil an trealaimh sin, nó a mbeidh baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú an trealaimh sin,

an uile chúnadh réasúnach a thabhairt don chigire i ndáil le hoibriú an trealaimh sin agus aon ghairis nó ábhair ghaolmhair,

- (f) faoi réir ordú a fháil chun na críche sin ón Ard-Chúirt faoi *alt 40*, an trealamh sonraí sin agus aon ghaires nó ábhar gaolmhar a dhaingniú lena n-íniúchadh tráth is faide anonn,
- (g) faoi réir ordú a fháil chun na críche sin ón Ard-Chúirt faoi *alt 40*, an áit nó aon chuid den áit a dhaingniú lena hiniúchadh tráth is faide anonn, ar feadh cibé tréimhse is gá, le réasún, chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú faoin alt seo,
- (h) a cheangal—

- (i) ar aon dlí-chleachtóir a sheolann gnó dlí-chleachtóra san áit lena mbaineann, nó

- (ii) ar aon duine san áit lena mbaineann, lena n-áirítear an t-úinéir nó an duine a bheidh i bhfeighil na háite sin,

cibé faisnéis agus cúnadh a thabhairt don chigire a theastóidh le réasún ón gcigire chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo,

- (i) ceistiú a dhéanamh maidir le haon ní faoin Acht seo ar aon duine a mbeidh forais réasúnacha ag an gcigire chun a chreidiúint—

- (i) gur dlí-chleachtóir a sheolann gnó dlí-chleachtóra san áit lena mbaineann é nó í, nó

- (ii) go bhfuil sé nó sí fostaithe ag duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*,

agus a cheangal ar an duine freagraí a thabhairt ar cibé ceisteanna a chuirfidh an cigire i ndáil leis na nithe sin agus dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor, agus

- (j) a cheangal ar dhlí-chleachtóir a sheolann gnó dlí-chleachtóra san áit lena mbaineann, nó ar aon duine a bheidh údaraithe go cuí ag an dlí-chleachtóir chuige sin, cibé údarú i scríbhinn a thabhairt, arna dhíriú ar cibé banc nó bainc, a theastóidh ó chigire chun a chumasú don chigire aon chuntais a shealbhaíonn an dlí-chleachtóir sin sa bhanc sin nó sna bainc sin a iniúchadh agus cóipeanna a fháil d'aon doiciméid a bhaineann leis an cuntais sin.
- (2) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh cigire forneart réasúnach a úsáid, más gá, chun dul isteach in aon áit dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*, chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú.
- (3) Féadfaidh cigire dul isteach in áit agus í a iniúchadh faoi *fho-alt (1)*—
 - (a) aon tráth le linn gnáthuaireanta oibre tar éis fógra, nó gan fógra, a thabhairt roimh ré don chleachtóir i gcás go gcreidfidh cigire le réasún go seoltar gnó dlí-chleachtóra san áit sin nó go bhfuil taifid nó doiciméid a bhaineann le gnó dlí-chleachtóra á gcoimeád san áit sin, agus
 - (b) aon tráth eile ar fhógra réasúnach a thabhairt don chleachtóir.
- (4) Le linn do chigire feidhm a chomhlíonadh faoin Acht seo, féadfaidh, faoi réir aon bharántas faoi *fho-alt (6)*, cibé líon cigirí eile nó cibé líon comhaltaí den Gharda Síochána is dóigh leis nó léi is cuí a bheith ina theannta nó ina teannta.
- (5) Ní rachaidh cigire isteach i dteaghais seachas—
 - (a) le toiliú an áititheora, nó
 - (b) de bhun barántas faoi *fho-alt (6)*.
- (6) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ó chigire—
 - (a) chun a chumasú do chigire iniúchadh a dhéanamh ar áit a bhfuil forais réasúnacha ag an gcigire chun a chreidiúint go bhfuil sí á húsáid chun gnó dlí-chleachtóra a sheoladh, nó
 - (b) más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis, leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile (lena n-áirítear faisnéis, leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) a theastaíonn ó chigire faoin alt seo agus a bhaineann le gnó dlí-chleachtóra á sealbhú in aon áit,

barántas a eisiúint á údarú do chigire ainmnithe agus cibé cigirí eile nó cibé comhaltaí den Gharda Síochána is gá ina theannta nó ina teannta, dul isteach sa teaghais (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) aon tráth nó tráthanna, sula rachaidh aon mhí amháin in éag ó dháta eisiúna an bharántais, agus feidhmeanna cigire a fheidhmiú faoi *fho-alt (1)*.

- (7) Sa Chuid seo, forléireofar “áit” de réir alt 29 (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht um Cheartas Coiriúil (Barántais Chuardaigh), 2012) den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939.

Ordú ón Ard-Chúirt cumhachtaí áirithe faoi alt 39 a fheidhmiú

40. Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag an gcigire lena mbaineann, ordú a dhéanamh á údarú don chigire sin, agus cibé cigirí eile nó comhaltaí den Gharda Síochána is gá ina theannta nó ina teannta, a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú faoi mhíreanna (d), (f) nó (g) d’alt 39(1) i gcás gur deimhin leis an gCúirt gur gá é chun críocha alt 38.

Ordachán ón Ard-Chúirt iniúchadh a chomhlíonadh

41. (1) Más rud é go mainneoidh, go ndiúltóidh nó go bhfailleoidh duine, gan cúis réasúnach, ceanglas ó chigire i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoi aon cheann de mhíreanna (c), (e), (h), (i) nó (j) d’alt 39(1) a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás, iar bhfógra chun an duine lena mbaineann, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena n-ordófar do dhuine cibé ceanglas nó ceanglais a chomhlíonadh is dóigh leis an Údarás is gá chun críocha iniúchadh dá dtagraítear in alt 39.
- (2) I gcás nach é nó í an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) an dlí-chleachtóir ar i leith a ghnó nó a gnó atá an t-iniúchadh bainteach, déanfaidh an tÚdarás, an tráth céanna a thabharfaidh sé fógra don duine sin, fógra i dtaobh an iarratais a thabhairt don dlí-chleachtóir sin.
- (3) Féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh sna téarmaí a iarrfaidh an tÚdarás faoi fho-alt (1) nó cibé ordú eile a dhéanamh is dóigh leis an gCúirt is gá chun críche an iniúchta sin.

Cionta

42. (1) Déanann duine cion, más rud é—
- (a) go gcuirfidh sé nó sí bac ar chigire nó ar chomhalta den Gharda Síochána, nó go gcuirfidh sé nó sí isteach air nó uirthi, agus é nó í ag feidhmiú cumhacht a thugtar don chomhalta le halt 39 nó le barántas faoi alt 39(6) nó go gcoiscfidh sé nó sí feidhmiú na cumhachta sin ag an duine nó ag an gcomhalta, de réir mar a bheidh,
- (b) go ndéanfaidh sé nó sí a chuid nó a cuid leabhar, taifead, cuntas nó doiciméad eile (lena n-áirítear leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) go léir nó aon chuid díobh a thabhairt chun siúil as áit dá dtagraítear i mír (a) d’alt 39(1), nó a scriosadh, a dhíothú, a aghlot nó a cheilt, agus é ar intinn aige nó aici cosc chur ar fheidhmiú cumhachta, nó cur isteach ar fheidhmiú cumhachta, de chuid cigire nó comhalta a thugtar dó nó di le halt 39, nó
- (c) go mainneoidh nó go ndiúltóidh sé nó sí, iarraidh nó ceanglas ón gcigire nó ón gcomhalta de bhun alt 39 a chomhlíonadh, nó freagra a thabhairt ar cheist a chuirfidh an cigire nó an comhalta de bhun alt 39, nó go ndéanfaidh sé nó sí, i gcomhlíonadh airbheartaithe iarraidh nó ceanglas den sórt sin nó

mar fhreagra ar cheist den sórt sin, faisnéis a thabhairt don chigire nó don chomhalta is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.

- (2) I gcás go gcreidfidh cigire, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil cion déanta ag duine faoin gCuid seo, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm agus an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a sholáthar dó nó di.
- (3) Ní bheidh ráiteas nó admháil a bheidh déanta ag duine de bhun ceanglas faoi *mhír (h)* nó *(i) d'alt 39(1)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine i leith ciona (seachas cion faoi *fho-alt (1)*).
- (4) Aon duine a dhéanfaidh cion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Tuarascáil chuig an Údarás in imthosca áirithe tar éis iniúchadh

43. (1) Déanfaidh cigire, i gcás go mbainfidh iniúchadh le *mír (b)* nó *(c) d'alt 38*, tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a thabhairt don Údarás i dtaobh an iniúchta laistigh de 21 lá ón tráth a chríochnaítear an t-iniúchadh.
- (2) Beidh i dtuarascáil a ullmhófar faoi *fho-alt (1)*, i gcás go mbainfidh iniúchadh le *mír (b) d'alt 38*, ráiteas ón gcigire i dtaobh an bhfuair sé nó sí fianaise ar mhainneachtain aon cheann de na nithe a leagtar amach i *bhfomhíreanna (i)*, *(ii)* nó *(iii)* den mhír sin a chomhlíonadh.
- (3) Beidh i dtuarascáil a ullmhófar faoi *fho-alt (1)*, i gcás go mbainfidh iniúchadh le *mír (c) d'alt 38*, ráiteas ón gcigire i dtaobh an bhfuair sé nó sí fianaise ar ghníomh nó neamhghníomh a bhféadfadh gur mí-iompar (de réir bhrí *alt 42(1)*) é ar thaobh dlí-chleachtóra.
- (4) Déanfaidh an tÚdarás an tuarascáil ó chigire faoin alt seo a tharchur chuig an oifigeach don Údarás dá dtagraítear i *bhfo-alt (4) d'alt 51* chun go mbreithneoidh sé nó sí í de réir an fho-ailt sin.
- (5) Féadfaidh cigire, más dóigh leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh, tuarascáil eatramhach a thabhairt don Údarás i leith aon ní a eascróidh i gcúrsa an iniúchta a bheidh á dhéanamh aige nó aici.
- (6) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil eatramhach ó chigire faoin alt seo a tharchur chuig an oifigeach don Údarás dá dtagraítear i *bhfo-alt (4) d'alt 51* chun go mbreithneoidh sé nó sí í de réir an fho-ailt sin.

Inghlacthacht fianaise a gheofar i gcúrsa iniúchadh

44. Féadfar aon tuarascáil nó aon tuarascáil eatramhach a ullmhófar faoi *alt 43* agus aon fhaisnéis nó doiciméid a gheofar i gcúrsa iniúchadh faoin gCuid seo a ghlacadh i bhfianaise—
 - (a) in aon imeachtaí i leith dlí-chleachtóra faoi *Chuid 6*, agus
 - (b) in aon imscrúdú, fiosrúchán nó imeachtaí faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954* go *2015*, i leith dlí-chleachtóir is aturnae.

CUID 4

DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ DO SHEALBHÚ AIRGEAD CLIANT

Dlí-Chleachtóirí a bheidh údaraithe chun airgead cliant a shealbhú

45. (1) Faoi réir *fo-alt (2)*, ní shealbhóidh dlí-chleachtóir airgead cliant mura atur nae an dlí-chleachtóir sin.
- (2) D'ainneoin *fo-alt (1)*, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aicme nó aicmí aturnaetha a fhorordú nach bhféadfaidh airgead cliant a shealbhú, nó a fhéadfaidh airgead den sórt sin a shealbhú faoi réir cibé coinníollacha dá bhforálfar sna rialacháin sin.
- (3) Ní fhorléireofar *fo-alt (1)* mar *fo-alt* lena gceadaítear d'atur nae airgead cliant a shealbhú i gcás go gcuirfear coinníoll nó srian ar dheimhniú cleachta atur nae de bhun na *nAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, nó an Achta seo.

CUID 5

NITHE A BHAINNEANN LE CLIANT DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ A CHOSAINT

Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag dlí-chleachtóirí

46. (1) Ní sholáthróidh dlí-chleachtóir seirbhísí dlí mura mbeidh i bhfeidhm, i leith an chleachtóra sin, an tráth a sholáthraítear na seirbhísí sin, polasaí árachais slánaíochta gairmiúla a chomhlíonfaidh—
- (a) i gcás gur abhcóide cleachtach dlí-chleachtóir, rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47*, nó
- (b) i gcás gur atur nae cleachtach dlí-chleachtóir, rialacháin arna ndéanamh faoi alt 26 d'Acht 1994.
- (2) Aon dlí-chleachtóir a sholáthraíonn seirbhísí dlí mar chomhpháirtí nó fostaí de chomhpháirtíocht dlí, de chleachtas ildisciplíneach nó de chomhpháirtíocht dliteanais theoranta, measfar go gcomhlíonann sé nó sí *fo-alt (1)* más rud é go mbeidh, an tráth a sholáthróidh an dlí-chleachtóir seirbhísí den sórt sin, polasaí árachais slánaíochta gairmiúla i bhfeidhm i leith na comhpháirtíochta nó an chleachtais sin lena mbaineann, ar polasaí é—
- (a) i gcás comhpháirtíocht nó cleachtas nach bhfuil inti nó ann ach abhcóidí cleachtacha, a chomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* i leith na comhpháirtíochta nó an chleachtais sin,
- (b) i gcás comhpháirtíocht nó cleachtas nach bhfuil inti nó ann ach aturnaetha cleachtacha, a chomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi alt 26 d'Acht 1994 a bhaineann le haturnaetha cleachtacha i gcomhpháirtíochtaí nó i gcleachtais den sórt sin, nó

- (c) i gcás comhpháirtíocht nó cleachtas a bhfuil abhcóidí cleachtacha agus aturnaetha cleachtacha araon inti nó ann—
 - (i) a chomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi alt 26 d’Acht 1994 a bhaineann le haturnaetha cleachtacha i gcomhpháirtíochtaí nó i geleachtais den sórt sin, agus
 - (ii) a chomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* i leith abhcóidí cleachtacha i gcomhpháirtíochtaí nó i geleachtais den sórt sin.
- (3) Féadfaidh an tÚdarás grúpscéim árachais slánaíochta gairmiúla do dhlí-chleachtóirí is abhcóidí cleachtacha a cheadú i gcás go soláthrófar an scéim faoi choimirce comhlacht gairmiúil agus gur deimhin leis go gcomhlíonann an scéim rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* i leith abhcóidí cleachtacha.
- (4) Más rud é, an tráth a sholáthrófar seirbhísí dlí, go mbeidh dlí-chleachtóir is abhcóide cleachtach cumhdaithe le scéim a bheidh ceadaithe ag an Údarás faoi *fho-alt (3)*, measfar go gcomhlíonann sé nó sí *fo-alt (1)*.
- (5) Ní dhéanfaidh dlí-chleachtóir dearbhú atá bréagach nó míthreorach, de chineál ábhartha, go feasach d’fhonn árachas slánaíochta gairmiúla a fháil.

Rialacháin maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla

47. (1) Déanfaidh an tÚdarás rialacháin i ndáil leis an árachas slánaíochta gairmiúla a cheanglaítear orthu seo a leanas a chothabháil—
- (a) abhcóidí cleachtacha,
 - (b) comhpháirtíochtaí dlí, cleachtais ildisciplíneacha agus comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta (dá ngairtear “cleachtais dlí” san alt seo) seachas i ndáil le haturnaetha cleachtacha i gcomhpháirtíochtaí nó i geleachtais den sórt sin.
- (2) Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le comhlachtaí gairmiúla sula ndéanfaidh sé rialacháin faoin alt seo.
- (3) Sonrófar i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* na habhcóidí cleachtacha nó an cleachtas dlí lena mbaineann na rialacháin agus féadfar a shonrú iontu imthosca ina bhféadfar abhcóidí cleachtacha a dhíolmhú ó cheanglais áirithe i ndáil le hárachas slánaíochta gairmiúla i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo.
- (4) Le linn rialacháin a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh an tÚdarás aird chuí ar na cuspóirí seo a leanas:
- (a) a chinntiú go gcosnófar leasanna cliant abhcóidí cleachtacha agus cleachtas dlí;
 - (b) soláthar seirbhísí dlí ardchaighdeáin ag abhcóidí cleachtacha agus ag cleachtais dlí ar chostas réasúnach a spreagadh;
 - (c) a chinntiú go ndéanfar breithniú leordhóthanach, le linn ceanglais maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla a shocrú, ar aon leibhéal éagsúla priacail a bhféadfadh feidhm a bheith acu i leith abhcóidí cleachtacha nó cleachtais dlí éagsúla;

- (d) a chinntiú, le linn ceanglais maidir le hárachas slánaíochta gairmiúla a shocrú i ndáil le cleachtais dlí, go bhfuil cumhdach leordhóthanach i bhfeidhm i leith gach abhcóide chleachtaigh agus gach duine eile sa chleachtas dlí lena mbaineann ar ina leith a cheanglaítear árachas den sórt sin a bheith i bhfeidhm.
- (5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt sin—
- (a) na nithe nó na priacail a shonrú ar ina leith a bheidh árachas le cothabháil ag abhcóidí cleachtacha nó ag cleachtais dlí lena mbaineann na rialacháin, agus féadfaidh an tÚdarás nithe nó priacail éagsúla a shonrú ar ina leith a bheidh árachas le cothabháil maidir le habhcóidí cleachtacha nó cleachtais dlí éagsúla nó maidir le habhcóidí cleachtacha agus cleachtais dlí éagsúla ar aon,
- (b) faoi threoir méid airgid, leibhéil íosta árachais a shonrú a bheidh le cothabháil ag abhcóide cleachtach nó ag cleachtas dlí lena mbaineann na rialacháin agus féadfar an méid sin a shonrú faoi threoir na nithe seo a leanas—
- (i) saghas nó earnáil éilimh, nó
- (ii) abhcóidí cleachtacha nó cleachtais dlí éagsúla,
- (c) faoi threoir méid in airgead, an méid breise uasta a shonrú a mbeidh feidhm aige i leith an árachais a chothabháilfaidh abhcóide cleachtach nó cleachtas dlí de réir mar a bheidh, agus féadfar an méid sin a shonrú faoi threoir na nithe seo a leanas—
- (i) saghas nó earnáil éilimh, nó
- (ii) abhcóidí cleachtacha nó cleachtais dlí éagsúla, de réir mar a bheidh, agus
- (d) critéir a shonrú a bheidh le comhlíonadh ag daoine a bheidh ag tairiscint cibé árachas a cheanglaítear a chothabháil agus maidir le téarmaí agus coinníollacha an chumhdaigh sin.
- (6) Féadfar a fhoráil le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* go measfar, maidir leis an árachas a cheanglaítear a bheith i bhfeidhm, go gcomhlíonann sé an ceanglas más rud é—
- (a) gur árachóir nó ciste frithpháirteach arna cheadú ag an Údarás a sholáthraíonn an t-árachas,
- (b) go gcomhlíonann téarmaí an pholasaí nó an doiciméadacht eile lena gcuirtear an t-árachas i bhfeidhm critéir a shonraítear sna rialacháin, agus
- (c) go bhfuil foclaíocht théarmaí agus choinníollacha an pholasaí nó na doiciméadachta árachais i bhfoirm shonraithe.
- (7) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha nó forlíontacha is dealraitheach don Údarás a bheith riachtanach a bheith i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)*.

Dliteanas dlí-chleachtóra a theorannú le conradh

48. (1) Faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), aon chonradh idir dlí-chleachtóir agus cliant de chuid an dlí-chleachtóra go ndéanfar dliteanas sibhialta d'aon tuairisc arna thabhu—

- (a) ag an dlí-chleachtóir, agus a eascraíonn as a chleachtadh nó a cleachtadh mar dhlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí a sholáthar don chliant, a theorannú do mhéid a shonraítear nó dá dtagraítear sa chonradh, nó
- (b) ag comhpháirtí, fostaí, iarchomhpháirtí nó iarfhóstaí de chuid an dlí-chleachtóra, agus a eascraíonn as cleachtadh an dlí-chleachtóra sin mar dhlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí a sholáthar don chliant, a theorannú do mhéid a shonraítear nó dá dtagraítear sa chonradh,

beidh sé ina cheangal ar, agus infhorfheidhmithe ag, na daoine seo a leanas—

- (i) más infheidhme *mír* (a), an dlí-chleachtóir agus an cliant, agus
 - (ii) más infheidhme *mír* (b), comhpháirtí, fostaí, iarchomhpháirtí nó iarfhóstaí an dlí-chleachtóra agus an cliant.
- (2) Ní dhéanfaidh aon ní i *bhfo-alt* (1) difear d'oibriú na nithe seo a leanas—
- (a) alt 40 den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, nó
 - (b) Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí), 1995 (I.R. Uimh. 27 de 1995).
- (3) Maidir leis an méid dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) i leith tuairisc ar dhliteanas sibhialta is ábhar don chonradh lena mbaineann, ní lú é ná an leibhéal íosta cumhdaigh, mar a shonraítear ó am go ham i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt* 47 nó alt 26 d'Acht 1994, de réir mar a bheidh, i gcomhair slánaíocht i gcoinne caillteanais a eascraíonn as na haicmí sin éileamh a thagann faoi réim na tuairisce sin ar dhliteanas sibhialta agus a bhaineann leis an dlí-chleachtóir lena mbaineann agus leis an aicme seirbhíse dlí lena mbaineann agus, dá réir sin, maidir le haon mhéid den sórt sin ar lú é ná an leibhéal íosta cumhdaigh sin, measfar, de bhua an fho-ailt seo, é a bheith méadaithe go dtí an leibhéal íosta cumhdaigh sin, agus beidh an conradh sin ina cheangal agus infhorfheidhmithe dá réir.

CUID 6**GEARÁIN AGUS ÉISTEACHTAÍ ARAÍONACHTA I LEITH DLÍ-CHLEACHTÓIRÍ****Forléiriú (Cuid 6)**

49. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “abhcóide”, i ndáil le duine is ábhar do ghearán faoin gCuid seo—

- (a) abhcóide cleachtach, nó
- (b) duine a bhí, tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann an gearán, ina abhcóide cleachtach nó ina habhcóide cleachtach;

ciallaíonn “aturnae”, i ndáil le duine is ábhar do ghearán faoin gCuid seo—

- (a) aturnae cleachtach, nó
 - (b) duine a bhí, tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann an gearán, ina aturnae cleachtach nó ina haturnae cleachtach.
- (2) Chun críocha na Coda seo—
- (a) measfar gur de chaighdeán neamhdhóthanach iad na seirbhísí dlí a sholáthróidh dlí-chleachtóir do dhuine más rud é, trí ghníomh nó neamhghníomh ag an dlí-chleachtóir, maidir leis na seirbhísí dlí a bheidh soláthraithe aige nó aici iarbhír—
 - (i) i gcás gur abhcóide an dlí-chleachtóir, go raibh siad neamhdhóthanach in aon phonc ábhartha agus nár den cháilíocht iad a bhféadfaí, le réasún, a bheith ag súil léi uaidh mar abhcóide, agus
 - (ii) i gcás gur aturnae an dlí-chleachtóir, go raibh siad neamhdhóthanach in aon phonc ábhartha agus nár den cháilíocht iad a bhféadfaí, le réasún, a bheith ag súil léi uaidh nó uaithi mar aturnae,
 - (b) aon tagairt do mhéid costas a bheidh á iarraidh ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí a sholáthar, ciallaíonn sí méid costas a bheidh sonraithe i mbille costas arna eisiúint ag an dlí-chleachtóir lena mbaineann, agus
 - (c) aon tagairt do ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, folaíonn sí tagairt don díospóid lena mbaineann a tharchur chun idirghabhála nó chun foirm chuí eile chun díospóidí a réiteach.

Mí-iompar ag dlí-chleachtóirí

50. (1) Chun críocha an Achta seo, féadfar a mheas gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir más rud é maidir leis an ngníomh nó leis an neamhghníomh—
- (a) go bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis,
 - (b) go mbaineann sé le soláthar seirbhísí dlí ag an dlí-chleachtóir, ar sheirbhísí iad a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach,
 - (c) i gcás go dtarlóidh sé ar shlí seachas i dtaca le seirbhísí dlí a sholáthar, gur leor é chun gur chóir cinneadh a dhéanamh nach duine inniúil cuí an dlí-chleachtóir lena mbaineann chun bheith ag gabháil do sheirbhísí dlí a sholáthar,
 - (d) gurb é atá ann cion faoin Acht seo,
 - (e) i gcás aturnae, gurb é atá ann sárú ar na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, nó ar aon rialacháin arna ndéanamh faoi na *hAchtanna sin*,
 - (f) i gcás aturnae, gurb é atá ann cion faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*,
 - (g) i gcás abhcóide, gur dóigh dó míchlú a tharraingt ar ghairm na n-abhcóidí,
 - (h) i gcás aturnae, gur dóigh dó míchlú a tharraingt ar ghairm na n-aturnaetha,

- (i) i gcás dlí-chleachtóir is dlí-chleachtóir bainistíochta ar chleachtas ildisciplíneach, gurb é atá ann mainneachtain aige nó aici a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht seo mar dhlí-chleachtóir bainistíochta (de réir bhrí *Chuid 8*) a chomhlíonadh,
 - (j) gurb é atá ann cion inghabhála a dhéanamh,
 - (k) gurb é atá ann coir nó cion a dhéanamh lasmuigh den Stát arbh éard í nó é, dá ndéanfaí laistigh den Stát í nó é, cion inghabhála,
 - (l) gurb é atá ann méid costas a lorg i leith seirbhísí dlí a sholáthar, atá thar a bheith iomarcach,
 - (m) gurb é atá ann sárú ar an Acht seo nó ar rialacháin arna ndéanamh faoi, nó
 - (n) gurb é atá ann sárú ar *alt 215(1)*.
- (2) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar chóir a mheas gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear i *mír (l) d'fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás, an Coiste um Ghearáin, an Binse Araíonachta nó, de réir mar a bheidh, an Ard-Chúirt aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—
- (a) an méid ar dá réir a cinneadh, nó a mhéid a cinneadh, go raibh an méid a éilíodh sa bhille costas iomarcach,
 - (b) an dealraitheach, in imthosca áirithe na seirbhísí dlí a comhlíonadh, go bhfuil méid an bhille costas neamhchoinsiasach, agus
 - (c) cibé acu a chinn nó nár chinn Breithneoir Costas Dlí go raibh na costais a muirearaíodh thar a bheith iomarcach.
- (3) San alt seo, tá le “cion inghabhála” an bhrí chéanna atá leis san Acht um an Dlí Coiriúil, 1997.

Gearáin faoi *Chuid 6*

- 51.** (1) Féadfaidh cliant de chuid dlí-chleachtóra, nó duine a bheidh ag gníomhú thar ceann cliant den sórt sin, gearán a dhéanamh leis an Údarás i leith dlí-chleachtóra i gcás gur dóigh leis an gcliant—
- (a) go raibh nó go bhfuil na seirbhísí dlí a sholáthair an dlí-chleachtóir, nó atá á soláthar ag an dlí-chleachtóir, don chliant, ina seirbhísí de chaighdeán neamhdhóthanach, nó
 - (b) go raibh nó go bhfuil méid costas a lorg an dlí-chleachtóir, nó atá an dlí-chleachtóir a lorg, i leith seirbhísí dlí arna soláthar ag an dlí-chleachtóir don chliant iomarcach.
- (2) Féadfaidh duine gearán a dhéanamh leis an Údarás i leith dlí-chleachtóra i gcás gur dóigh leis an duine gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh ag an dlí-chleachtóir.
- (3) Faoi réir *alt 52*, ar theacht i ngníomh don *Chuid* seo nó dá éis sin, is leis an Údarás amháin a fhéadfar gearán a dhéanamh.

- (4) Féadfaidh oifigeach don Údarás, tar éis tuarascáil eatramhach nó tuarascáil ó chigire faoi *Chuid 3* a bhreithniú, gearán a dhéanamh faoi *fho-alt (2)* i leith an dlí-chleachtóra lena mbaineann.
- (5) Faoi réir *fho-alt (6)*, más rud é, le linn a fheidhmeanna faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, a chomhlíonadh, go dtiocfaidh an Dlí-Chumann ar an tuairim gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh ag aturnae, déanfaidh sé, ar cibé modh a fhorordófar, fógra i dtaobh a thuairime a thabhairt don Údarás, agus measfar gur gearán arna dhéanamh ag an Dlí-Chumann faoi *fho-alt (2)* é an fógra sin.
- (6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (5)*, más rud é—
- (a) gurb é tuairim an Dlí-Chumainn gur sárú ar na Rialacháin um Chuntais Aturnaetha é an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann, nó
- (b) go bhfuil an Dlí-Chumann ag déanamh imscrúdú, nó go mbeartaíonn sé imscrúdú a dhéanamh, ar shárú amhrasta ar na Rialacháin um Chuntais Aturnaetha agus gurb é a thuairim go bhfágann imthosca an ghnímh nó an neamhghnímh gur chóir dó imscrúdú a dhéanamh air mar chuid den imscrúdú ar an sárú amhrasta.
- (7) Déanfaidh an tÚdarás, ar ghearán a bheidh déanta i leith aturnae (seachas gearán a bheidh déanta ag an Dlí-Chumann) a fháil, fógra i dtaobh an ghearáin a thabhairt don Dlí-Chumann, is fógra a mbeidh ag gabháil leis aon doiciméid a mbeidh baint acu leis an ngearán agus a bheidh curtha faoi bhráid an Údaráis ag an ngearánach.
- (8) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a dhéanann difear do chumhacht an Údaráis imscrúdú a dhéanamh ar ghníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir i gcás nach mbeidh aon ghearán faighte aige i ndáil leis an dlí-chleachtóir sin.
- (9) Ní oibreoidh an t-alt seo agus *alt 52* chun a chosc ar an Údarás ná ar dhuine arb éagóir leis nó léi gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir cúnamh a lorg ó dhuine eile d'fhonn an ní lena mbainfidh gearán a réiteach.
- (10) Is i scríbhinn agus de réir na Coda seo agus rialacháin faoi *alt 55* a dhéanfar gearán.
- (11) Tá an t-alt seo faoi réir *alt 58*.

Comhairle an Bharra, Cumann Onórach Óstaí an Rí, an Dlí-Chumann do tharchur gearán

- 52.** (1) Tarchuirfidh Comhairle an Bharra nó Cumann Onórach Óstaí an Rí chuig an Údarás gearán a bheidh déanta leis an gcomhlacht lena mbaineann—
- (a) ag cliant de chuid abhcóide, nó ag duine a bheidh ag gníomhú thar ceann cliant den sórt sin, agus
- (b) i leith gníomh nó neamhghníomh ag an abhcóide lena mbaineann *fo-alt (1)* nó *(2) d'alt 51*, a tharla ar an dáta nó tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh.
- (2) Tarchuirfidh an Dlí-Chumann chuig an Údarás gearán a bheidh déanta leis—
- (a) ag cliant de chuid aturnae, nó ag duine a bheidh ag gníomhú thar ceann cliant den sórt sin, agus

- (b) i leith gníomh nó neamhghníomh ag an aturnae lena mbaineann *fo-alt (1)* nó *(2)* *d'alt 51*, ar an dáta nó tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh.
- (3) I gcás go ndéanfar gearán a tharchur chuig an gCumann faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, iarrfaidh an tÚdarás ar an duine a rinne an gearán gearán a dhéanamh faoi *alt 51*.
- (4) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gcoisctear ar Chomhairle an Bharra, ar Chumann Onórach Óstaí an Rí nó ar an Dlí-Chumann gearán a dhéanamh faoi *alt 51* i leith dlí-chleachtóra.

Tréimhse teorann

- 53.** Le linn aon tréimhse ama a ríomh chun críocha aon tréimhse teorann i ndáil le hiarratas a dhéanamh ar bhreithniú ar bhille costas faoi *Chuid 10* ar bille costas é ab ábhar nó is ábhar do ghearán faoin gCuid seo, tabharfar neamhaird ar an tréimhse dar tosach an tráth a dhéantar gearán leis an Údarás nó, i gcás gur ar iarraidh a fháil ón Údarás faoi *alt 52(3)* a dhéanfar an gearán, an tráth a dhéantar an gearán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)* *d'alt 52*, agus dar críoch—
- (a) an dáta a tharraingeoidh an gearánach siar an gearán, nó
 - (b) i gcás nach dtarraingeoidh an gearánach siar an gearán, an dáta a bheidh 2 mhí tar éis an dáta a chinnfear an gearán faoin gCuid seo.

Gearán a tharraingt siar faoin gCuid seo

- 54.** (1) I gcás go dtarraingeofar siar gearán arna dhéanamh de réir na Coda seo, féadfaidh an tÚdarás, d'ainneoin an gearán a tharraingt siar, más rud é gur dóigh leis gur ar mhaithe le leas an phobail déanamh amhlaidh, dul ar aghaidh chun déileáil leis an ngearán nó, de réir mar a bheidh, leanúint de bheith ag déileáil leis, de réir na Coda seo.
- (2) Tabharfaidh an tÚdarás fôgra don ghearánach agus don dlí-chleachtóir lena mbaineann i gcás go dtugann sé breith faoi *fho-alt (1)* leanúint de bheith ag déileáil le gearán nó dul ar aghaidh chun déileáil leis.

Rialacháin maidir le gearáin

- 55.** (1) Féadfaidh an tÚdarás rialacháin a dhéanamh—
- (a) maidir le gearáin a dhéanamh leis an Údarás faoin gCuid seo, agus
 - (b) maidir leis na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag an Údarás agus ag an gCoiste um Ghearáin le linn imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoin gCuid seo.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo go háirithe maidir leis an Údarás nó leis an gCoiste um Ghearáin d'fhadú nó do ghiorrú aon tréimhse a shonrófar sna rialacháin chun aon ní a dhéanamh, i gcás gur deimhin leis an Údarás nó leis an gCoiste um Ghearáin go bhfuil an fadú nó an giorrú cuí agus nach mbeadh sé ina chúis le héagóir ar na páirtithe eile sa ghearán.
- (3) Le linn rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, beidh sé de chuspóir ag an Údarás go mbeidh an modh ar a bhféadfar gearáin a dhéanamh, agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag an ngearánach, ag an dlí-chleachtóir lena mbaineann agus ag

an Údarás chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir ach sin i gcomhréir le prionsabail na nósanna imeachta córa agus nach dtabhóidh an gearánach nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann caiteachas míchuí i ndáil leis an ngearán.

Táillí i leith gearán

56. Féadfaidh an tÚdarás, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar an táille (más ann) is iníoctha i leith gearán a dhéanamh faoin gCuid seo agus féadfar a shonrú sna rialacháin na himthosca ina ndéanfar an táille a aisíoc.

Réamh-athbhreithniú ar ghearáin

57. (1) I gcás go bhfaighidh an tÚdarás gearán faoin gCuid seo, déanfaidh sé réamh-athbhreithniú ar an ngearán a sheoladh chun a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil an gearán inghlactha.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás, chun críche a réamh-athbhreithnithe faoi *fho-alt (1)*, fógra i dtaobh an ghearáin a thabhairt don dlí-chleachtóir lena mbaineann, is fógra ina n-iarrfar ar an dlí-chleachtóir freagra ina mbeidh a thuairimí nó a tuairimí ar an ngearán a thabhairt don Údarás laistigh de cibé tréimhse réasúnach a bheidh sonraithe san fhógra.
- (3) Beidh ag gabháil le fógra faoi *fho-alt (2)* cóip den ghearán agus d'aon doiciméid a bhaineann leis an ngearán agus a bheidh curtha faoi bhráid an Údaráis ag an ngearánach.
- (4) Féadfaidh an tÚdarás, chun a chinneadh an bhfuil gearán inghlactha faoi *alt 58*, faisnéis bhreise maidir leis an ngearán a iarraidh ar an ngearánach nó ar an dlí-chleachtóir.
- (5) Déanfaidh an tÚdarás, tar éis breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra (más ann) ón dlí-chleachtóir ar an bhfógra faoi *fho-alt (2)* agus ar aon fhaisnéis a gheofar faoi *fho-alt (4)*, cinneadh, de réir *alt 58*, maidir leis an ngearán—
- (a) go bhfuil sé inghlactha,
- (b) go bhfuil sé neamh-inghlactha, nó
- (c) gur gearán lena mbaineann *alt 58(6)* é.
- (6) Déanfaidh an tÚdarás fógra a thabhairt don ghearánach agus don dlí-chleachtóir lena mbaineann i dtaobh a chinnidh faoin alt seo agus i dtaobh na gcúiseanna atá lena chinneadh.
- (7) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás cinneadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(b)*, ní dhéanfaidh sé aon ghníomh breise faoin gCuid seo i ndáil leis an ngearán.

Inghlacthacht gearán

58. (1) Baineann an t-alt seo le réamh-athbhreithniú arna sheoladh ag an Údarás faoi *alt 57* chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil, nó nach bhfuil, gearán inghlactha.

- (2) Cinnfidh an tÚdarás go bhfuil gearán neamh-inghlactha, más rud é, i dtuairim an Údaráis, go bhfuil an gearán—
- (a) suaibhreasach nó cráiteach, nó
 - (b) gan substaint ná bunús.
- (3) Cinnfidh an tÚdarás go bhfuil gearán neamh-inghlactha más deimhin leis maidir leis an ngníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann an gearán gurb é, nó gurb é go substaintiúil, an gníomh nó an neamhghníomh céanna é ab ábhar do ghearán i leith an dlí-chleachtóra sin agus a cinneadh roimhe sin faoin Acht seo.
- (4) Cinnfidh an tÚdarás go bhfuil gearán a dhéanfar i leith aturnae neamh-inghlactha más deimhin leis maidir leis an ngníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann an gearán—
- (a) gurb é, nó gurb é go substaintiúil, an gníomh nó an neamhghníomh céanna é ab ábhar do ghearán i leith an aturnae sin agus a bhfuil cinneadh faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015* déanta maidir leis roimhe sin—
 - (i) ag an Ard-Chúirt, nó
 - (ii) ag an Dlí-Chumann nó ag aon cheann dá Choistí nó dá Bhinsí, nó
 - (b) gurb é, nó gurb é go substaintiúil, an gníomh nó an neamhghníomh céanna é ab ábhar d'imeachtaí sibhialta nó d'imeachtaí coiriúla ar ina leith a rinne an chúirt cinneadh críochnaitheach ar na saincheisteanna sna himeachtaí sin i bhfabhar an aturnae lena mbaineann.
- (5) Cinnfidh an tÚdarás go bhfuil gearán a dhéanfar i leith abhcóide neamh-inghlactha más deimhin leis maidir leis an ngníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann an gearán—
- (a) gurb é, nó gurb é go substaintiúil, an gníomh nó an neamhghníomh céanna é ab ábhar do ghearán i leith an abhcóide sin agus a ndearna an Binse um Iompar Gairmiúil Abhcóidí nó Cumann Onórach Óstaí an Rí é a chinneadh roimhe sin, nó
 - (b) gurb é, nó gurb é go substaintiúil, an gníomh nó an neamhghníomh céanna é ab ábhar d'imeachtaí sibhialta nó d'imeachtaí coiriúla ar ina leith a rinne an chúirt cinneadh críochnaitheach ar na saincheisteanna sna himeachtaí sin i bhfabhar an abhcóide lena mbaineann.
- (6) (a) I gcás gur deimhin leis an Údarás go bhfuil an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann gearán ina ábhar d'imeachtaí sibhialta nó d'imeachtaí coiriúla nach ndearna cúirt cinneadh críochnaitheach maidir leis na saincheisteanna sna himeachtaí sin ina leith, féadfaidh an tÚdarás breithniú an ghearáin faoin gCuid seo a chur siar go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach déanta ar na himeachtaí.

- (b) I gcás gur deimhin leis an Údarás go ndearna cúirt imscrúdú in imeachtaí sibhialta nó in imeachtaí coiriúla ar an ngníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann gearán agus go bhfuil cinneadh críochnaitheach ar na saincheisteanna arb éard iad, go substaintiúil, na saincheisteanna a bhaineann leis an ngearán déanta ag an gcúirt sna himeachtaí sin i bhfabhar an dlí-chleachtóra lena mbaineann, féadfaidh an tÚdarás breith a thabhairt gan aon ghníomh nó aon ghníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an ngearán.
 - (c) Ní mheasfar cinneadh críochnaitheach a bheith déanta ar imeachtaí chun críocho *mhír* (a) nó (b) go dtí go gcinnfear aon achomharc, athéisteacht nó atriail i ndáil leis na himeachtaí sin.
- (7) Cinnfidh an tÚdarás go bhfuil gearán faoi *alt 51(1)* neamh-inghlactha i gcás gur deimhin leis go ndearnadh an gearán tráth is déanaí ná 3 bliana tar éis an dáta is deireanaí díobh seo a leanas:
- (a) an dáta a soláthraíodh na seirbhísí dlí lena mbaineann nó a eisíodh an bille costas lena mbaineann; nó
 - (b) an dáta a tháinig sé, nó ar chóir go réasúnach go dtiocfadh sé, ar iúl an chliant den chéad uair go mba réasúnach a mheas go raibh feidhm ag *mír* (a) nó (b) *d’alt 51(1)* i leith an dlí-chleachtóra lena mbaineann.
- (8) Le linn aon tréimhse ama a ríomh chun críocho na tréimhse teorann faoi *fho-alt (7)*, tabharfar neamhaird aran tréimhse idir an dáta a gheobhaidh an comhlacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó (2) *d’alt 52* an gearán agus an dáta a dhéanfar gearán faoi *alt 51*, ar an Údarás é a iarraidh faoi *alt 52(3)*, maidir leis an ngníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann.
- (9) I gcás nach gcinnfidh an tÚdarás go bhfuil gearán faoin alt seo neamh-inghlactha, cinnfidh sé go bhfuil an gearán inghlactha.
- (10) San alt seo, ciallaíonn “Binse um Iompar Gairmiúil Abhcóidí” an comhlacht faoin ainm sin arna chomhdhéanamh de réir an Chóid Araíonachta do Bharra na hÉireann.

Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar an Dlí-Chumann ní is iomchuí maidir le gearán a imscrúdú

59. (1) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth ina imscrúdú ar ghearán i leith aturnae faoin gCuid seo, agus chun críocho an imscrúdaithe, a iarraidh ar an Dlí-Chumann imscrúdú a sheoladh faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, ar aon ní atá iomchuí maidir leis an ngearán.
- (2) Féadfaidh an Coiste um Ghearáin nó an Binse Araíonachta, chun críocho a bhreithnithe ar ghearán faoin gCuid seo, a iarraidh ar an Dlí-Chumann imscrúdú a dhéanamh faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, ar aon ní atá iomchuí maidir leis an mbreithniú sin.
- (3) Déanfaidh an Dlí-Chumann, ar iarraidh a fháil faoi *fho-alt (1)* nó (2)—
- (a) an iarraidh a chomhlíonadh, agus
 - (b) laistigh d’aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil, nó cibé tréimhse is déanaí ná sin a chomhaontófar idir é agus an tÚdarás, an Coiste um Ghearáin nó an

Binse Araíonachta, de réir mar a bheidh, tuarascáil eatramhach ar a imscrúdú, agus léiriú maidir leis an tráth a bheidh a thuarascáil chríochnaitheach ar fáil, a thabhairt don Údarás, don Choiste um Ghearáin nó don Bhinse Araíonachta.

- (4) Beidh tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach ón Dlí-Chumann dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* inghlactha in aon imeachtaí faoin gCuid seo.

Éascóidh an tÚdarás réiteach gearán a dhéantar faoin gCuid seo agus a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha

60. (1) I gcás go gcinnfidh an tÚdarás faoi *alt 57* go bhfuil gearán a bhfuil feidhm ag *alt 51(1)(a)* maidir leis inghlactha, nó i gcás go dtarchuirtear gearán chuige faoi *alt 62*, iarrfaidh sé ar an gcliant agus ar an dlí-chleachtóir lena mbaineann iarrachtaí a dhéanamh an ní is ábhar don ghearán a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil.
- (2) I gcás go gcomhaontaíonn an cliant agus an dlí-chleachtóir leis an iarraidh ón Údarás faoi *fho-alt (1)*, agus go n-iarrann siad ar an Údarás déanamh amhlaidh, éascóidh an tÚdarás réiteach an ní—
- (a) trína chúnamh a thairiscint chun an ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, nó
- (b) trí dhaoine eile atá toilteanach cúnaimh a thabhairt chun an ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil a chur in aithne don dlí-chleachtóir agus don chliant.
- (3) Más rud é, tar éis tréimhse réasúnach a cheadú don chliant agus don dlí-chleachtóir chun an ní is ábhar don ghearán a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, gur dóigh leis an Údarás nach dócha go dtiocfar ar chomhaontú nó réiteach ar an modh sin idir na páirtithe i ndáil leis an ngearán, féadfaidh sé fógra i scríbhinn a thabhairt don chliant agus don dlí-chleachtóir (agus, i gcás gur cuí, d'aon duine eile atá ag gabháil d'iarracht an díospóid a réiteach) go mbeartaíonn sé an gearán a chinneadh de réir an ailt seo.
- (4) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, ní chinnfidh an tÚdarás an gearán lena mbaineann tráth is luaithe ná 30 lá tar éis fógra a thabhairt faoin *bhfo-alt* sin.
- (5) I gcás—
- (a) nach nglacann an cliant nó an dlí-chleachtóir leis an iarraidh ón Údarás faoi *fho-alt (1)*,
- (b) go ndaingníonn an cliant nó an dlí-chleachtóir don Údarás, tar éis iarracht a dhéanamh an ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, nach mian leis nó léi leanúint d'iarracht den sórt sin a dhéanamh, nó
- (c) go dtugann an tÚdarás breith faoi *fho-alt (3)* a chumhacht a fheidhmiú chun an gearán a chinneadh faoin alt seo,
- iarrfaidh an tÚdarás ar an gcliant agus ar an dlí-chleachtóir dá éis sin ráiteas a thabhairt dó, laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonróidh an tÚdarás, ina leagfar amach an seasamh atá acu faoi seach i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán.
- (6) Breithneoidh an tÚdarás aon ráiteas a thabharfar dó de bhun *fho-alt (5)* agus, i gcás gur dóigh leis gur de chaighdeán neamhdhóthanach na seirbhísí dlí a sholáthair an

dlí-chleachtóir, agus, ag féachaint do na himthosca go léir lena mbaineann, gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh an tÚdarás a ordú don dlí-chleachtóir ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ceartú aon earráide, neamhghnímh nó easnaimh eile a eascraíonn i dtaca leis na seirbhísí dlí lena mbaineann a áirithiú ar a chostas féin nó ar a costas féin nó ar chostas a ghnólachta nó a gnólachta;
 - (b) cibé gníomh eile a shonróidh an tÚdarás a dhéanamh ar a chostas féin nó ar a costas féin nó ar chostas a ghnólachta nó a gnólachta (is costas nach mó ná €3,000);
 - (c) aon doiciméid a bhaineann le hábhar an ghearáin a aistriú chuig dlí-chleachtóir eile a ainmneoidh an cliant, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an Údarás is cuí ag féachaint d'aon cheart seilbhe nó coinneála ar aon cheann de na doiciméid lena mbaineann a bheidh ar marthain agus a bheidh dílsithe don dlí-chleachtóir ar chuige nó chuici a eisítear an t-ordachán;
 - (d) suim nach mó ná €3,000 a íoc leis an gcliant mar chúiteamh ar aon chaillteanas airgeadais nó eile a d'fhulaing an cliant de dhroim na seirbhísí dlí a sholáthair an dlí-chleachtóir don chliant a bheith de chaighdeán neamhdhóthanach.
- (7) I gcás gurb éagóir leis an gcliant nó leis an dlí-chleachtóir ordachán arna dhéanamh ag an Údarás faoi *fho-alt (6)* nó mainneachtain aige ordachán den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt tráth nach faide ná 30 lá tar éis don Údarás a bhreith faoi *fho-alt (6)* a chur in iúl do na páirtithe sa ghearán, a iarraidh go ndéanfaidh Coiste Athbhreithnithe arna bhunú faoi *alt 62* athbhreithniú ar an ordachán nó ar an mainneachtain.
- (8) Ní dochar aon íocaíocht a dhéanfaidh dlí-chleachtóir de bhun ordachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)(d)* d'aon cheart dlíthiúil de chuid an chliant.

Éascóidh an tÚdarás réiteach gearán a dhéantar faoin gCuid seo agus a bhaineann le costais iomarcacha

61. (1) I gcás go gcinneadh an tÚdarás faoi *alt 57* go bhfuil gearán a bhfuil feidhm ag *alt 51(1)(b)* maidir leis inghlactha, nó i gcás go dtarchuirtear gearán chuige faoi *alt 62*, iarraidh sé ar an gcliant agus ar an dlí-chleachtóir lena mbaineann iarrachtaí a dhéanamh an ní is ábhar don ghearán a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil.
- (2) I gcás go gcomhaontaíonn an cliant agus an dlí-chleachtóir leis an iarraidh ón Údarás faoi *fho-alt (1)*, agus go n-iarrann siad ar an Údarás déanamh amhlaidh, éascóidh an tÚdarás réiteach an ní—
- (a) trína chúnadh a thairiscint chun an ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, nó
 - (b) trí dhaoine eile atá toilteanach cúnadh a thabhairt chun an ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil a chur in aithne don dlí-chleachtóir agus don chliant.
- (3) Más rud é, tar éis tréimhse réasúnach a cheadú don chliant agus don dlí-chleachtóir chun an ní is ábhar don ghearán a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, gur dóigh leis an Údarás nach dócha go dtiocfar ar chomhaontú nó réiteach ar an modh sin idir na páirtithe i ndáil leis an ngearán, féadfaidh sé fógra i scríbhinn a thabhairt don chliant agus don dlí-chleachtóir (agus, i gcás gur cuí, d'aon duine atá ag gabháil

d'iarracht an díospóid a réiteach) go mbeartaíonn sé an gearán a chinneadh de réir an ailt seo.

- (4) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, ní chinnfidh an tÚdarás an gearán lena mbaineann tráth is luaithe ná 30 lá tar éis fógra a thabhairt faoin bhfo-alt sin.
- (5) Más rud é—
 - (a) nach nglacann an cliant nó an dlí-chleachtóir leis an iarraidh ón Údarás faoi *fho-alt (1)*,
 - (b) go ndaingníonn an cliant nó an dlí-chleachtóir don Údarás, tar éis iarracht a dhéanamh an ní a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil, nach mian leis nó léi leanúint d'iarracht den sórt sin a dhéanamh, nó
 - (c) go dtugann an tÚdarás breith faoi *fho-alt (3)* a chumhacht a fheidhmiú chun an gearán a chinneadh faoin alt seo,

iarrfaidh an tÚdarás dá éis sin ar an gcliant agus an dlí-chleachtóir ráiteas a thabhairt dó, laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonróidh an tÚdarás, ina leagfar amach an seasamh atá acu faoi seach i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán.

- (6) Breithneoidh an tÚdarás aon ráiteas a thabharfar dó de bhun *fho-alt (5)* agus, i gcás gur dóigh leis go raibh nó go bhfuil méid na gcostas a lorg an dlí-chleachtóir, nó atá a lorg ag an dlí-chleachtóir, i leith seirbhísí dlí a sholáthair an dlí-chleachtóir, nó atá á soláthar ag an dlí-chleachtóir, don chliant, iomarcach, agus, ag féachaint do na himthosca go léir lena mbaineann, gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh sé a ordú don dlí-chleachtóir ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) aon mhéid a d'íoc an cliant, nó a íocadh thar ceann an chliant, cheana féin i leith chostais an chleachtóra i dtaca leis an mbille costas a aisíoc gan mhoill, go hiomlán nó go páirteach de réir mar a ordáitear;
 - (b) an ceart chun na costais sin a ghnóthú a tharscaoileadh, go hiomlán nó go páirteach de réir mar a ordáitear.
- (7) I gcás gurb éagóir leis an gcliant nó leis an dlí-chleachtóir ordachán arna dhéanamh ag an Údarás faoi *fho-alt (6)* nó mainneachtain aige ordachán a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don Údarás a bhreith faoi *fho-alt (6)* a chur in iúl do na páirtithe sa ghearán, a iarraidh go ndéanfaidh Coiste Athbhreithnithe arna bhunú faoi *alt 62* athbhreithniú ar an ordachán nó ar an mainneachtain.
- (8) I gcás go ndearnadh bille costas ab ábhar do ghearán faoi *alt 51(1)(b)* a bhreithniú dá éis sin, ansin—
 - (a) i gcás gur thug an tÚdarás ordachán faoi *fho-alt (6)*, scoirfidh an t-ordachán d'éifeacht a bheith leis, nó
 - (b) i gcás nár thug an tÚdarás ordachán faoi *fho-alt (6)*, ní rachaidh sé ar aghaidh chun gearán den sórt sin a imscrúdú ná chun forálacha an ailt seo a chur i bhfeidhm thairis sin.
- (9) I gcás gur chuir an tÚdarás in iúl do dhlí-chleachtóir faoi *alt 57(6)* go bhfuil gearán faoi *alt 51(1)(b)* i leith bille costas arna eisiúint ag an dlí-chleachtóir inghlactha—

- (a) ní dhéanfaidh an dlí-chleachtóir imeachtaí sibhialta a eisiúint ná a chur faoi deara iad a eisiúint (cibé acu thar a cheann féin nó thar ceann aon duine nó daoine eile), nó
 - (b) más rud é gur eisíodh iad cheana féin, ní rachaidh an dlí-chleachtóir ar aghaidh níos faide le himeachtaí sibhialta,
- maidir le méid (nó le haon chuid de mhéid) bille costas gan toiliú i scríbhinn ón Údarás sula ndéanfaidh an tÚdarás cinneadh maidir leis an ní faoi *fho-alt (6)* mura rud é, ar iarratas ón dlí-chleachtóir sin iar bhfógra chun an Údaráis, go n-ordóidh cúirt a mhalairt.
- (10) Más rud é go ndéantar, de bhun an ailt seo, díospóid i ndáil le bille costas idir cliant agus dlí-chleachtóir a réiteach, ní bheidh an cliant i dteideal dá éis sin breithniú a iarraidh ar an mbille costas faoi *Chuid 10* mura rud é gur cuid den réiteach é an breithniú sin.
 - (11) Ní dochar cinneadh a dhéantar faoin alt seo ar ghearán d'aon cheart dlíthiúil de chuid an chliant.

An Coiste Athbhreithnithe

- 62.** (1) Déanfaidh an tÚdarás Coiste Athbhreithnithe a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar athbhreithnithe a iarrann gearánaigh nó dlí-chleachtóirí i ndáil le cinntí de chuid an Údaráis faoi *alt 60* nó *61*.
- (2) Beidh 3 dhuine ar an gCoiste Athbhreithnithe, ar daoine tuata 2 acu agus ar dlí-chleachtóir duine amháin acu.
 - (3) Maidir leis an gcomhalta den Choiste Athbhreithnithe is dlí-chleachtóir—
 - (a) i gcás go mbaineann an gearán le haturnae, beidh sé nó sí ina aturnae nó ina haturnae, agus
 - (b) i gcás go mbaineann an gearán le habhcóide, beidh sé nó sí ina abhcóide nó ina habhcóide.
 - (4) Beidh duine incháilithe chun fónamh mar chomhalta de Choiste Athbhreithnithe arna bhunú faoin alt seo más rud é go bhfuil sé nó sí incháilithe chun fónamh mar chomhalta den Choiste um Ghearáin arna bhunú faoin gCuid seo.
 - (5) Déanfaidh an Coiste Athbhreithnithe breithniú ar athbhreithnithe a bheidh iarrtha agus, tar éis deis a thabhairt don chliant agus don dlí-chleachtóir araon ráiteas i scríbhinn a thabhairt dó maidir leis an bhfáth a raibh cinneadh an Údaráis faoi *alt 60* nó *61*, de réir mar a bheidh, mícheart nó éagórach, an t-athbhreithniú a chinneadh—
 - (a) trí chinneadh an Údaráis a dhaingniú,
 - (b) tríd an ngearán a tharchur chuig an Údarás, le cibé ordacháin is dóigh leis an gCoiste Athbhreithnithe is cuí nó is gá, chun go ndéileálfar leis arís faoi *alt 60* nó *61*, de réir mar a bheidh, nó
 - (c) trí cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na hordacháin a eisiúint chuig an dlí-chleachtóir a n-údaráitear don Údarás iad a eisiúint faoi *alt 60(6)* nó *alt 61(6)*, de réir mar a bheidh.

- (6) Ní dochar aon íocaíocht a dhéanfaidh dlí-chleachtóir de bhun ordachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* d'aon cheart dlíthiúil de chuid an chliant.

Achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinneadh ón gCoiste Athbhreithnithe

63. (1) I gcás go gcinnfidh Coiste Athbhreithnithe athbhreithniú faoi *alt 62*, féadfaidh an cliant nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann, laistigh de thréimhse 21 lá ón tráth a thugtar fógra dó nó di i dtaobh an chinnidh nó an ordacháin sin, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena n-ordófar don Choiste Athbhreithnithe an cinneadh sin a chealú nó a athrú agus, ar an iarratas sin a éisteacht, féadfaidh an Chúirt cibé ordachán is cuí léi a dhéanamh.
- (2) I gcás nach ndéantar iarratas faoi *fho-alt (1)* laistigh den tréimhse a shonraítear san *fho-alt* sin, tiocfaidh cinneadh an Choiste Athbhreithnithe chun bheith ina cheangal iomlán ar an gcliant agus an dlí-chleachtóir láithreach ar an tréimhse sin a bheith caite.
- (3) I gcás go bhfuil iarratas déanta ag dlí-chleachtóir faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte agus féadfaidh an Chúirt iarratas an dlí-chleachtóra a dhíbhe más deimhin léi nach bhfuil aon tuillteanais leis an iarratas sin agus nach ndearnadh é ach amháin chun moill a chruthú.
- (4) Más rud é, maidir le dlí-chleachtóir ar a bhfuil cinneadh ón gCoiste Athbhreithnithe ina cheangal, go ndiúltóidh, go bhfailleoidh nó go mainneoidh sé nó sí ar shlí eile an cinneadh sin a chomhlíonadh gan leithscéal réasúnach, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'Aicme B a chur air nó uirthi.

Tairgfidh an tÚdarás cúnamh chun ní faoi dhíospóid a réiteach más dealraitheach go bhféadfaidh sé gur mí-iompar é iompar áirithe

64. (1) I gcás go dtabharfaidh an tÚdarás breith faoi *alt 57* go bhfuil gearán faoi *alt 51(2)* inghlactha, agus gur mhí-iompar é de réir bhrí *alt 50(1)(b)* an gníomh nó an neamhghníomh de chuid an dlí-chleachtóra lena mbaineann an gearán dá ndéanfaí an gearán a shuíomh, iarrfaidh sé ar an ngearánach agus ar an dlí-chleachtóir lena mbaineann iarrachtaí a dhéanamh an ní is ábhar don ghearán a réiteach go pras de réir treoirlínte arna bhfoilsíú ag an Údarás de bhun *alt 67*.
- (2) Maidir le comhaontú ag an ngearánach agus an dlí-chleachtóir chun iarrachtaí a dhéanamh an ní is ábhar don ghearán a réiteach, ní choiscfidh sé sin ar an Údarás leanúint den ghearán a bhreithniú nó a imscrúdú.
- (3) D'ainneoin *fho-alt (2)*, más deimhin leis an gCoiste um Ghearáin, leis an mBinse Araíonachta nó leis an Ard-Chúirt go ndearnadh gníomh nó neamhghníomh dlí-chleachtóra is ábhar do ghearán a réiteach nó go ndearna an dlí-chleachtóir lena mbaineann iarracht chuí an ní a réiteach de réir an ailt seo, déanfaidh an Coiste um Ghearáin, an Coiste Araíonachta nó an Ard-Chúirt, de réir mar a bheidh, le linn an smachtbhanna cuí (más ann) is cóir a fhorchur ar an dlí-chleachtóir a chinneadh, aird chuí a thabhairt ar na hiarrachtaí a rinne an dlí-chleachtóir lena mbaineann an ní a réiteach.

Gearán a réiteach trí idirghabháil nó ar shlí neamhfhoirmiúil — forálacha breise

65. (1) Ní ceadmhach aon fhreagra arna thabhairt nó aon ráiteas arna dhéanamh i gcúrsa iarracht a dhéanamh gearán a réiteach ar an modh a shonraítear in *alt 60, 61* nó *64*—
- (a) ag an ngearánach, nó
 - (b) ag an dlí-chleachtóir is ábhar don ghearán,
 - a úsáid in aon imeachtaí araíonachta, sibhialta nó coiriúla nó a chur in iúl d'aon duine seachas do na daoine atá páirteach san iarracht an gearán a réiteach.
- (2) Íocfaidh na páirtithe sa ghearán go comhionann aon chostais a eascróidh as iarracht gearán a réiteach ar an modh a shonraítear in *alt 60, 61* nó *64*, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt.

Ní mheasfar gur admháil dliteanais é comhaontú ag dlí-chleachtóir chun páirt a ghlacadh i réiteach ní faoi *alt 60, 61* nó *64*

66. Maidir le comhaontú ag dlí-chleachtóir is ábhar do ghearán chun iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach ar an modh dá dtagraítear in *alt 60, 61* nó *64*, ní mheasfar gur admháil é—
- (a) ar aon líomhain i ngearán arna dhéanamh faoi *mhír (a)* nó *(b) d'alt 51(1)* maidir leis an dlí-chleachtóir, nó
 - (b) ar aon líomhain i dtaobh mí-iompair dá dtagraítear in *alt 51(2)*.

Treoirínte chun gearáin a réiteach trí idirghabháil nó ar shlí neamhfhoirmiúil

67. Déanfaidh an tÚdarás treoirínte a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil le gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil agus féadfar, leis na treoirínte sin—
- (a) an próiseas a leagan amach trína bhféadfar cinneadh a dhéanamh i dtaobh an féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil,
 - (b) socrú a dhéanamh maidir leis an modh ar ar réitíodh gearán agus le téarmaí aon chomhaontaithe idir an gearánach agus an dlí-chleachtóir is ábhar don ghearán, a thaifeadadh,
 - (c) sracléiriú a thabhairt ar na bearta a bheidh le déanamh (lena n-áirítear fógra don Údarás, don ghearánach, don dlí-chleachtóir lena mbaineann agus, más infheidhme, don Choiste um Ghearáin) mura féidir, i dtuairim an duine atá ag iarraidh déanamh amhlaidh, an gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, agus
 - (d) aon nithe eile is dóigh leis an Údarás is gá nó is cuí chun réiteach an ghearáin ar shlí neamhfhoirmiúil a éascú.

Tarchuirfidh an tÚdarás gearáin a bhaineann le mí-iompar chuig an gCoiste um Ghearáin

68. Déanfaidh an tÚdarás gearán faoi *alt 51(2)* a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin i gcás nach n-éiríonn leis an gcliant agus an dlí-chleachtóir lena mbaineann ní a réiteach de réir *alt 64*.

Bunú agus comhaltas an Choiste um Ghearáin

69. (1) Déanfaidh an tÚdarás coiste a bhunú, ar a dtabharfar an Coiste um Ghearáin, chun breithniú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin arna dtarchur chuige ag an Údarás faoi *alt 68*.

(2) Beidh comhalta den Choiste um Ghearáin—

(a) i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, agus

(b) beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chomhalta den Choiste um Ghearáin, ar choinníoll nach mbeidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí is faide sa chomhiomlán ná 8 mbliana.

(3) Déanfaidh an tÚdarás an Coiste um Ghearáin a cheapadh agus is é a bheidh air 27 gcomhalta ar a mhéid—

(a) ar daoine tuata an tromlach díobh,

(b) ar daoine arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann 8 díobh ar a laghad, a mbeidh gach duine acu tar éis cleachtadh mar atur nae ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, agus

(c) ar daoine arna n-ainmniú ag Comhairle an Bharra líon nach lú ná 4 díobh, a mbeidh gach duine acu tar éis cleachtadh mar abhcóide sa Stát ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana.

(4) Le linn daoine tuata a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí den Choiste um Ghearáin, cinnteoidh an tÚdarás gur daoine iad na comhaltaí sin—

(a) atá neamhspleách ar na comhlachtaí gairmiúla, agus

(b) a bhfuil saineolas nó eolas acu ar na nithe seo a leanas—

(i) seirbhísí dlí a sholáthar,

(ii) caighdeáin i ngairm a chothabháil (lena n-áirítear gairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil),

(iii) gearáin a bhaineann le seirbhísí a imscrúdú agus a bhreithniú, nó

(iv) leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí.

(5) Gníomhóidh an Coiste um Ghearáin i rannáin ina mbeidh líon nach lú ná 3 chomhalta agus nach mó ná 5 chomhalta (dá ngairtear “Coiste Rannach” san Acht seo).

(6) Corrlíon comhaltaí a bheidh ar Choiste Rannach.

- (7) Beidh tromlach de chomhaltaí tuata i ngach Coiste Rannach.
- (8) Is duine de chomhaltaí tuata Coiste Rannaigh a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Rannach sin.
- (9) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach socruithe chun cibé tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a sholáthar do gach Coiste Rannach is dóigh leis nó léi is gá.
- (10) Faoi réir *fho-alt (6)* agus (7), i gcás go mbaineann gearán le haturnae—
 - (a) i gcás gur líon 3 chomhalta atá ar an gCoiste Rannach, aturnae a bheidh i gcomhalta amháin den Choiste Rannach,
 - (b) i gcás gur líon 5 chomhalta atá ar an gCoiste Rannach, aturnaetha a bheidh in 2 chomhalta den Choiste Rannach.
- (11) Faoi réir *fho-alt (6)* agus (7), i gcás go mbaineann gearán le habhcóide—
 - (a) i gcás gur 3 chomhalta atá ar an gCoiste Rannach, abhcóide a bheidh i gcomhalta amháin den Choiste Rannach,
 - (b) i gcás gur 5 chomhalta atá ar an gCoiste Rannach, abhcóidí a bheidh in 2 chomhalta den Choiste Rannach.

Gearáin a imscrúdú

- 70.** (1) Déanfaidh Coiste Rannach gearáin arna ndéanamh faoin gCuid seo agus a tharchuirfidh an tÚdarás chuig an gCoiste um Ghearáin a bhreithniú agus a imscrúdú.
- (2) I gcás go dtarchuirfidh an tÚdarás gearán chuig an gCoiste um Ghearáin, tabharfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas don Choiste Rannach lena mbaineann—
- (a) cóip den ghearán agus aon doiciméid a bhaineann leis an ngearán agus a bheidh curtha faoi bhráid an Údaráis ag an ngearánach, agus
 - (b) achoimre ar an ngearán.
- (3) Ar na doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a fháil, déanfaidh an Coiste Rannach—
- (a) a iarraidh ar an dlí-chleachtóir lena mbaineann an gearán, a fhreagra nó a freagra ar an ngearán a thabhairt don Choiste Rannach laistigh de cibé tréimhse réasúnach a bheidh sonraithe ag an gCoiste Rannach, agus
 - (b) murar tugadh na doiciméid lena mbaineann don dlí-chleachtóir cheana féin, cóip de na doiciméid dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a thabhairt dó nó di.
- (4) Más rud é, i dtuairim an Choiste Rannaigh, go léiríonn freagra an dlí-chleachtóra faoi *fho-alt (3)* nach gcomhaontaíonn sé nó sí le hordachán a eisiúint faoi *alt 71(1)(a)* nó le beart a dhéanamh faoi *alt 71(1)(b)*, tabharfaidh an Coiste Rannach cóip den fhreagra don ghearánach á iarraidh air nó uirthi tuairimí a thabhairt don Choiste Rannach i ndáil le freagra an dlí-chleachtóra laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Coiste Rannach.

(5) I gcás—

- (a) nach ndeimhníonn freagra an dlí-chleachtóra faoi *fho-alt (3)* don Choiste Rannach nár chóir dó ordachán a eisiúint faoi *alt 71(1)(a)* nó beart a dhéanamh faoi *alt 71(1)(b)*, nó
- (b) nach dtugann an dlí-chleachtóir freagra laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra,

déanfaidh an Coiste Rannach, faoi réir fhorálacha na Coda seo, cibé bearta is dóigh leis is cúí chun an gearán a imscrúdú.

(6) Chun gearán a imscrúdú de réir *fho-alt (1)*, maidir leis an gCoiste Rannach—

- (a) beidh aird chuí aige ar fhaisnéis a thabharfaidh an tÚdarás, an gearánach agus an dlí-chleachtóir dó,
- (b) féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn chuig an ngearánach, ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:
 - (i) a cheangal ar an ngearánach aon rud atá sa ghearán a fhíorú trí mhionnscribhinn nó ar shlí eile;
 - (ii) a iarraidh ar an ngearánach, laistigh de thréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra—
 - (I) cibé faisnéis a bhaineann leis an ngearán agus a shonrófar san fhógra a sholáthar don Choiste, nó
 - (II) cibé doiciméid a bhaineann leis an ngearán agus a theastóidh uaidh a sholáthar don Choiste;
 - (iii) a cheangal go ndéanfar faisnéis a iarrtar faoi *fhomhír (ii)* a fhíorú trí mhionnscribhinn nó ar shlí eile;

agus

- (c) féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn chuig an dlí-chleachtóir is ábhar don ghearán a cheangal air nó uirthi ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:
 - (i) aon rud atá ina fhreagra nó ina freagra faoi *fho-alt (3)* a fhíorú trí mhionnscribhinn nó ar shlí eile;
 - (ii) laistigh de thréimhse réasúnach a shonrófar san fhógra—
 - (I) cibé faisnéis a bhaineann leis an ngearán agus a shonrófar san fhógra a sholáthar don Choiste, nó
 - (II) cibé doiciméid a bhaineann leis an ngearán agus a theastóidh uaidh a sholáthar don Choiste;
 - (iii) a cheangal go ndéanfar faisnéis a iarrtar faoi *fhomhír (ii)* a fhíorú trí mhionnscribhinn nó ar shlí eile.

- (7) Déanfaidh an gearánach lena mbaineann fógra a eiseoidh an Coiste Rannach chuige nó chuici faoi *fho-alt (6)(b)* a chomhlíonadh.
- (8) Déanfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann fógra a eiseoidh an Coiste Rannach chuige nó chuici faoi *fho-alt (6)(c)* a chomhlíonadh.
- (9) Féadfaidh an Coiste Rannach, tar éis féachaint go cuí—
- (a) d'fhaisnéis a thabharfaidh an tÚdarás dó,
 - (b) d'aon fhaisnéis nó doiciméid a thabharfaidh an gearánach nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann dó faoin alt seo,
 - (c) d'aon fhreagra a thabharfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann don Choiste Rannach de bhun an ailt seo, agus
 - (d) d'aon tuairimí a thabharfaidh an gearánach faoi *fho-alt (4)*,
- a cheangal ar an ngearánach agus ar an dlí-chleachtóir láithriú os comhair an Choiste chun críocha an imscrúdaithe ar an ngearán.
- (10) Féadfaidh an gearánach agus an dlí-chleachtóir duine dá rogha féin a bheith aige nó aici ag déanamh ionadaíocht dó nó di chun críocha a láithrithe os comhair an Choiste Rannaigh agus íocfaidh an duine a d'iarr an ionadaíocht sin costais na hionadaíochta sin, más ann.
- (11) I gcás go dtarraingeofar siar gearán nuair a bheidh sé á imscrúdú ag an gCoiste Rannach, féadfaidh an Coiste—
- (a) breith a thabhairt nach ndéanfar aon ghníomh breise i ndáil leis an ní is ábhar don ghearán, nó
 - (b) dul ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar an gearán agus, i gcás go ndéanann sé amhlaidh, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás, don ghearánach agus don dlí-chleachtóir.
- (12) I gcás go gcinneadh an Coiste Rannach nach ndlíonn an gníomh nó an neamhghníomh ordachán a eisiúint faoi *alt 71(1)(a)* nó beart a dhéanamh faoi *alt 71(1)(b)*, cuirfidh sé an méid sin in iúl don ghearánach agus don lia-chleachtóir i scríbhinn, ag tabhairt cúiseanna leis an gcinneadh.
- (13) Déanfaidh an Coiste Rannach iarrachtaí réasúnacha chun a chinntiú—
- (a) go gcoimeádfar an gearánach ar an eolas maidir leis na breitheanna go léir a dhéanfaidh an Coiste i ndáil leis an ngearán lena mbaineann,
 - (b) go ngníomhóidh an Coiste go dlúsúil, agus
 - (c) go ndéanfar gearáin a tharchuirfear chuige a phróiseáil go tráthúil.

Cumhacht an Choiste Rannaigh chun bearta a shonrú

- 71.** (1) I gcás gur dóigh leis an gCoiste Rannach, tar éis imscrúdú a dhéanamh faoi *alt 70*, nach gníomh nó neamhghníomh a bhfuil feidhm ag *fo-alt (7)* maidir leis an gníomh

nó an neamhghníomh is ábhar don ghearán, ach go gcinneann sé go ndlíonn sé smachtbhanna a fhorchur faoin alt seo, féadfaidh sé—

- (a) faoi réir *fho-alt (9)*, ordachán a eisiúint chuig an dlí-chleachtóir lena mbaineann cibé bearta a dhéanamh a bheidh sonraithe i gcinneadh an Choiste Rannaigh, ar bearta iad atá sonraithe i *míreanna (a)* go (*i*) *d'fho-alt (5)*, nó
 - (b) i gcás go dtoilíonn an dlí-chleachtóir lena mbaineann amhlaidh i scríbhinn, an beart a bheidh sonraithe i gcinneadh an Choiste Rannaigh a dhéanamh, ar beart é atá sonraithe i *bhfo-alt (6)*.
- (2) I gcás go n-eisíonn an Coiste Rannach ordachán amháin nó níos mó ná ordachán amháin de réir *fho-alt (1)(a)* agus go gcomhlíonann an dlí-chleachtóir gach ordachán den sórt sin, measfar go ndearnadh an gearán a chinneadh.
 - (3) I gcás go ndéanann an Coiste Rannach (le toiliú an dlí-chleachtóra lena mbaineann) beart a bheidh sonraithe i *bhfo-alt (1)(b)*, measfar go ndearnadh an gearán a chinneadh.
 - (4) Ní fhorchuirfidh an Coiste Rannach smachtbhanna faoi *fho-alt (1)* mura rud é gur dóigh leis an gCoiste gur modh réasúnach cuí é chun an gearán a chinneadh.
 - (5) Is iad seo a leanas na bearta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*:
 - (a) ordachán don dlí-chleachtóir chun an tseirbhís dlí is ábhar don ghearán a chomhlíonadh nó a chríochnú nó ordachán don dlí-chleachtóir socrú a dhéanamh go gcomhlíonfaidh nó go gcríochnóidh dlí-chleachtóir arna ainmniú nó arna hainmniú ag an ngearánach an tseirbhís dlí is ábhar don ghearán ar chostas an dlí-chleachtóra is ábhar don ghearán;
 - (b) ordachán go nglacfaidh an dlí-chleachtóir páirt i modúl amháin nó níos mó de scéim inniúlachta gairmiúla agus go dtabharfaidh sé nó sí fianaise don Údarás maidir leis an rannpháirtíocht sin laistigh de thréimhse shonraithe;
 - (c) ordachán don dlí-chleachtóir—
 - (i) go ndéanfaidh sé nó sí iomlán aon táillí, nó cuid d'aon táillí, is iníoctha thairis sin ag an ngearánach leis an dlí-chleachtóir lena mbaineann a tharscaoileadh, nó
 - (ii) go ndéanfaidh sé nó sí iomlán aon táillí, nó cuid d'aon táillí, a íocadh leis an dlí-chleachtóir lena mbaineann i leith na seirbhísí dlí is ábhar don ghearán a aisíoc leis an gcliant;
 - (d) ordachán go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir cibé gníomh eile ar mhaithe leis an gcliant a shonróidh an Coiste;
 - (e) ordachán don dlí-chleachtóir gealltanais arna thabhairt ag an dlí-chleachtóir do dhlí-chleachtóir eile nó do dhuine nó comhlacht eile a chomhlíonadh (go hiomlán nó go páirteach);
 - (f) ordachán don dlí-chleachtóir fógrán a tharraingt siar nó a leasú;

- (g) ordachán don dlí-chleachtóir suim nach mó ná €5,000 a íoc mar chúiteamh ar aon chailteanas airgeadais nó eile a d'fhulaing an cliant de dhroim aon neamhdhóthanacht sna seirbhísí dlí arna soláthar, nó a airbheartaítear a bheith soláthraithe, ag an dlí-chleachtóir, ar choinníoll nach dochar aon íocaíocht den sórt sin arna déanamh i gcomhlíonadh an ordacháin d'aon cheart dlíthiúil de chuid an chliant;
- (h) ordachán don dlí-chleachtóir suim nach mó ná €5,000 a íoc leis an Údarás ar mhodh ranníoc i leith na gcostas a thabhaigh an tÚdarás le linn an gearán a imscrúdú;
- (i) más rud é gur chinn an Coiste Rannach gur dhiúltaigh, gur fhailligh nó gur mhainnigh an dlí-chleachtóir ar shlí eile, le linn an imscrúdaithe, gan cúis réasúnach, freagra a thabhairt go cuí tráthúil, nó a thabhairt in aon chor, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gCoiste Rannach agus gur thabhaigh an tÚdarás costais bhreise i ndáil leis an imscrúdú ar an ngearán de dhroim an diúltaithe, na faillí nó na mainneachtana sin, ordachán don dlí-chleachtóir suim nach mó ná €2,500 a íoc leis an Údarás ar mhodh ranníoc i leith na gcostas breise sin a thabhaigh an tÚdarás le linn an gearán a imscrúdú.
- (6) Is é an beart dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* fógra a eisiúint—
- (a) i gcás dlí-chleachtóir is aturnae, chuig an Dlí-Chumann, is fógra lena ndéantar breith an Choiste Rannaigh chun smachtbhanna a fhorchur faoi *fho-alt (1)(b)* a chur in iúl don Dlí-Chumann agus lena n-ordaítear don Dlí-Chumann srian nó coinníoll sonraithe a fhorchur ar dheimhniú cleachta an dlí-chleachtóra lena mbaineann, nó
- (b) i gcás dlí-chleachtóir is abhcóide, chuig príomhfheidhmeannach an Údaráis, is fógra lena ndéantar breith an Choiste Rannaigh chun smachtbhanna a fhorchur faoi *fho-alt (1)(b)* a chur in iúl dó nó di agus lena n-ordaítear don phríomhfheidhmeannach srian nó coinníoll sonraithe a fhorchur, de réir *Chuid 9*, ar an dlí-chleachtóir lena mbaineann i leith a chleachtaidh nó a cleachtaidh mar abhcóide.
- (7) (a) Faoi réir *fho-alt (8)*, i gcás gur dóigh leis an gCoiste Rannach gur de chineál é an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don ghearán a fhágann gur mó is cuí gurb é an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a bhreithneodh é ná go ndéanfaí é a bhreithniú faoin alt seo, féadfaidh sé iarratas i leith an ní a dhéanamh chuige go ndéanfar fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 81*.
- (b) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an mó is cuí don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí an gearán a bhreithniú, beidh aird ag an gCoiste um Ghearáin ar thromaíocht na n-ábhar imní a ardaíodh agus na nithe a nochtadh sa ghearán agus san imscrúdú faoin alt seo.
- (8) (a) I gcás gur dóigh leis an gCoiste Rannach gur beart atá sonraithe i *bhfo-alt (6)* an beart cuí a bheidh le déanamh maidir leis an ngearán, tabharfaidh sé fógra sa chéill sin don dlí-chleachtóir lena mbaineann agus sonrúidh sé an beart beacht (lena n-áirítear i gcás srian nó coinníoll a bheidh le forchur ar dheimhniú cleachta an dlí-chleachtóra nó ar an dlí-chleachtóir i leith a chleachtaidh nó a cleachtaidh mar abhcóide, an srian nó an coinníoll beacht) a bheartaíonn sé a dhéanamh.

- (b) Cuirfear in iúl leis an bhfógra dá dtagraítear i *mír (a)* go ndéanfaidh an Coiste Rannach, mura dtabharfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann a thoiliú nó a toiliú i scríbhinn leis na bearta sonraithe a fhorchur don Choiste Rannach laistigh de 21 lá ón dáta a eisítear an fógra, iarratas chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí go ndéanfaidh an Binse fiosrúchán a sheoladh ar an ngearán faoin gCuid seo.
 - (c) I gcás go n-eiseoidh an Coiste Rannach fógra de bhun *mhír (b)* agus nach bhfaighidh sé, laistigh de 21 lá, an toiliú i scríbhinn ón dlí-chleachtóir lena mbaineann leis na bearta sonraithe a fhorchur, déanfaidh sé iarratas chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí go ndéanfaidh sé fiosrúchán a sheoladh ar an ngearán a mhéid nár chinn an Coiste nach raibh bunús leis an ngearán nó nach ndlíonn an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann smachtbhanna a fhorchur faoin alt seo nó iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (7)* chuig an mBinse Araíonachta.
- (9) Le linn ordachán a shonraítear i *mír (c)(ii), (g), (h)* nó *(i) d'fho-alt (5)* a eisiúint, beidh aird ag an gCoiste Rannach ar acmhainn an dlí-chleachtóra lena mbaineann.
- (10) Déanfaidh an Coiste Rannach a chinneadh faoi *fho-alt (1)* a chur in iúl don Údarás.

Achomharc i gcoinne cinneadh ón gCoiste Rannach

72. (1) I gcás go n-eiseoidh an Coiste Rannach ordachán faoi *alt 71(1)(a)* chuig dlí-chleachtóir, féadfaidh an dlí-chleachtóir, laistigh de thréimhse 21 lá ó dháta na heisiúna sin, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne ceachtar díobh seo a leanas nó ina gcoinne araon:
- (a) cinneadh an Choiste Rannaigh faoi *alt 71(1)*; nó
 - (b) an t-ordachán.
- (2) Féadfaidh an tÚdarás, laistigh de thréimhse 21 lá ó dháta an fhógra faoi *alt 71(10)* i dtaobh chinneadh an Choiste Rannaigh faoi *alt 71(1)*, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:
- (a) i gcás go n-eisítear ordachán faoi *alt 71(1)(a)*—
 - (i) cinneadh an Choiste Rannaigh faoi *alt 71(1)*, nó
 - (ii) an t-ordachán;
 - (b) mainneachtain ag an gCoiste Rannach iarratas a dhéanamh faoi *alt 71(7)*.
- (3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*—
- (a) in achomharc a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)(a)* nó *(2)(a)(i)* maidir leis—
 - (i) cinneadh an Choiste Rannaigh faoi *alt 71(1)* a dhaingniú, nó
 - (ii) cinneadh an Choiste Rannaigh faoi *alt 71(1)* a chur ar ceal,
- agus

- (b) in achomharc a bhfuil feidhm ag *fo-alt (1)(b)* nó *(2)(a)(ii)* maidir leis, féadfaidh sí—
- (i) an t-ordachán lena mbaineann a dhaingniú,
 - (ii) an t-ordachán a chur ar ceal, nó
 - (iii) an t-ordachán a chur ar ceal agus smachtbhanna eile a d'fhéadfadh a bheith forchurtha ag an gCoiste Rannach faoi *alt 71(1)* a fhorchur,
- agus
- (c) in achomharc a bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)(b)* maidir leis, breith an Choiste Rannaigh gan iarratas a dhéanamh faoi *alt 71(7)* a dhaingniú nó a chur ar ceal.

Tuarascálacha ón Údarás a fhoilsiú maidir lena fheidhmeanna faoin gCuid seo

- 73.** (1) Foilseoidh an tÚdarás, ar cibé modh is dóigh leis an Údarás is cuí, tuarascáil ar chomhlíonadh a fheidhmeanna faoin gCuid seo.
- (2) Beidh i dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* faisnéis maidir leis an méid seo a leanas i leith na tréimhse tuairiscithe iomchuí—
- (a) an líon agus an saghas gearán a fuair an tÚdarás faoin gCuid seo le linn na tréimhse tuairiscithe iomchuí,
 - (b) cineál ginearálta agus toradh na ngearán sin,
 - (c) an líon gearán a tarchuireadh chuig an gCoiste um Ghearáin le linn na tréimhse tuairiscithe iomchuí, agus
 - (d) toradh na ngearán sin a bhreithnigh an Coiste um Ghearáin le linn na tréimhse tuairiscithe iomchuí lena n-áirítear—
 - (i) an smachtbhanna a d'fhorchuir an Coiste um Ghearáin,
 - (ii) i gcás gur forchuireadh smachtbhanna, cineál an ghnímh nó an neamhghnímh ab ábhar don ghearán,
 - (iii) na bearta a rinne an Coiste um Ghearáin, agus
 - (iv) i gcás go ndearna an Coiste um Ghearáin cinneadh faoi *alt 71(1)*, agus i gcás gur dóigh leis an Údarás gur cuí, ainm an dlí-chleachtóra lena mbaineann.
- (3) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a fhoilsítear faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú i gceann eatraimh nach faide ná 6 mhí.

An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí a bhunú

- 74.** Beidh arna bhunú comhlacht ar a dtabharfar an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí chun iarratais a thabharfar os a chomhair faoi *alt 77* a bhreithniú agus chun na feidhmeanna eile a shanntar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh.

Comhaltas an Bhinse Araíonachta

75. (1) Is é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte a cheapfaidh an Binse Araíonachta ar ainmniú ón Aire agus is é a bheidh air 33 chomhalta ar a mhéid—
- (a) ar daoine tuata an tromlach díobh,
 - (b) ar daoine iad 6 díobh ar a laghad arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann a ndearna gach duine díobh cleachtadh mar aturnae sa Stát ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana,
 - (c) ar daoine iad 6 díobh ar a laghad arna n-ainmniú ag Comhairle an Bharra a ndearna gach duine díobh cleachtadh mar abhcóide sa Stát ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, agus
 - (d) ar fir 40 faoin gcéad díobh ar a laghad, arna ríomh go dtí an tslánuimhir is gaire, agus ar mná 40 faoin gcéad díobh ar a laghad, arna ríomh amhlaidh.
- (2) Déanfar duine de na daoine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* a cheapadh mar chathaoirleach ar an mBinse Araíonachta.
- (3) Cinnteoidh an tAire gur daoine atá neamhspleách ar an Rialtas agus ar na comhlachtaí gairmiúla iad na daoine tuata sin arna n-ainmniú le bheith ina gcomhaltaí den Bhinse Araíonachta agus go bhfuil eolas agus saineolas acu ar cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:
- (a) seirbhísí dlí a sholáthar;
 - (b) caighdeáin i ngairm a chothabháil (lena n-áirítear gairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil);
 - (c) gearáin a bhaineann le seirbhísí a imscrúdú agus a bhreithniú;
 - (d) cúrsaí tráchtála;
 - (e) leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí.
- (4) Gníomhóidh an Binse Araíonachta i rannáin ina mbeidh—
- (a) corrlíon comhaltaí,
 - (b) tromlach de chomhaltaí tuata, agus
 - (c) 3 chomhalta ar a laghad.
- (5) Is duine de na comhaltaí tuata a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar gach rannán den Bhinse Araíonachta.
- (6) I gcás go mbaineann gearán le haturnae, beidh aturnae amháin ar a laghad sa rannán den Bhinse Araíonachta a bheidh ag éisteacht an fhiosrúcháin.
- (7) I gcás go mbaineann gearán le habhcóide, beidh abhcóide amháin ar a laghad sa rannán den Bhinse Araíonachta a bheidh ag éisteacht an fhiosrúcháin.

Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta

76. (1) Maidir leis an duine a cheapfar ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBhinse Araíonachta, beidh sé nó sí, i gcás gur dlí-chleachtóir an duine, tar éis cleachtadh mar abhcóide nó mar atur nae ar feadh 10 mbliana ar a laghad.
- (2) Is é 5 bliana téarma oifige an chathaoirligh, agus féadfar an cathaoirleach a cheapadh le haghaidh dara téarma nach faide é ná 5 bliana.
- (3) Scoirfidh an cathaoirleach ar 70 bliain d'aois a shlánú.
- (4) Ceapfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte an cathaoirleach as na daoine a bheidh ainmnithe ag an Aire chun bheith ina gcomhaltaí den Bhinse.

Iarratais chun an Bhinse Araíonachta

77. Féadfaidh an Binse Araíonachta na hiarratais seo a leanas a dhéanfar chuige de réir rialacháin faoi *alt 79(1)* a éisteacht:
- (a) iarratas ón gCoiste um Ghearáin faoi *fho-alt (7)* nó *(8)(c) d'alt 71*;
- (b) iarratas ón Dlí-Chumann faoi *fho-alt (6)* nó *(7)(c) d'alt 14A* den Acht Atur naetha (Leasú), 1994.

Cás a thíolacadh don Bhinse Araíonachta

78. (1) Déanfaidh an tÚdarás, nó duine a bheidh ceaptha chun déanamh amhlaidh thar a cheann, in iarratas dá dtagraítear i *mír (a) d'alt 77*, an fhianaise is foras leis an maíomh gur tharla mí-iompar ar thaobh an dlí-chleachtóra lena mbaineann a thíolacadh don Bhinse Araíonachta.
- (2) Déanfaidh an Dlí-Chumann, nó duine a bheidh ceaptha chun déanamh amhlaidh thar a cheann, in iarratas dá dtagraítear i *mír (b) d'alt 77*, an fhianaise is foras leis an maíomh gur tharla mí-iompar ar thaobh an dlí-chleachtóra lena mbaineann a thíolacadh don Bhinse Araíonachta.

Rialacháin a bhaineann leis an mBhinse Araíonachta

79. (1) Féadfaidh an Binse Araíonachta Rialacháin a dhéanamh, a bheidh i gcomhréir leis an Acht seo, lena rialálfar—
- (a) an tslí ar a ndéanfar iarratais chuig an mBhinse Araíonachta faoin Acht seo, agus
- (b) imeachtaí an Bhinse Araíonachta faoin Acht seo.
- (2) Féadfar, le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)*, foráil a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas—
- (a) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, agus
- (b) na páirtithe, seachas an tÚdarás, an gearánach agus an dlí-chleachtóir lena mbaineann, a fhéadfaidh aighneachtaí a dhéanamh chuig an mBhinse Araíonachta.

- (3) Le linn rialacháin a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, beidh ag an mBinse Araíonachta na cuspóirí go mbeidh an modh ar a ndéanfar iarratais, agus seoladh imeachtaí, chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir ach sin i gcomhréir le prionsabail na nósanna imeachta córa, agus nach dóigh d'aon pháirtí a mbeidh leas aige nó aici san iarratas caiteachas míchuí a thabhú.
- (4) Féadfaidh an Binse Araíonachta iarratas chuige faoin gCuid seo a bhreithniú agus a chinneadh ar bhonn mionnscribhinní agus doiciméadacht agus taifid tacaíochta i gcás go dtoilíonn an dlí-chleachtóir, agus an tÚdarás, leis sin.

Cumhachtaí an Bhinse Araíonachta maidir le fianaise a ghlacadh, etc

- 80.** (1) Beidh ag an mBinse Araíonachta, chun críocha aon fhiosrúchán faoin gCuid seo, na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear don Ard-Chúirt nó do bhreitheamh den Ard-Chúirt ar chaingean a éisteacht—
- (a) maidir lena thabhairt ar fhinnéithe freastal agus maidir lena gceistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc,
 - (b) maidir le hiallach a chur ar dhaoine doiciméid a thabhairt ar aird, agus
 - (c) maidir le hiallach a chur ar dhaoine doiciméid a fhollasú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc, agus féadfar toghairm a bheidh sínithe ag comhalta den Bhinse Araíonachta a chur in ionad aon nós imeachta foirmiúil, agus is ionann di agus d'aon nós imeachta foirmiúil, a fhéadfar a eisiúint i gcaingean chun a thabhairt ar fhinnéithe freastal agus iallach a chur ar dhaoine doiciméid a thabhairt ar aird agus a fhollasú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.
- (2) Féadfaidh an Binse Araíonachta a cheangal ar an Údarás agus ar an dlí-chleachtóir lena mbaineann sracléiriú i scribhinn a chur faoina bhráid ar an bhfianaise a mbeifear ag súil ina leith go ndéanfaidh gach finné a bheartaíonn siad a thoghairm chun freastal ar an éisteacht í a thabhairt.
 - (3) Féadfaidh an Binse Araíonachta, más é a thuairim gur fianaise neamhábharta í an bhfianaise a mbeifear ag súil ina leith go ndéanfaidh aon fhinné a bheartaítear a thoghairm chun freastal ar an éisteacht í a thabhairt nó gur fianaise í nach gcuirfidh go hábhartha leis an bhfianaise a bheidh beartaithe ag finnéithe eile a thabhairt agus gur dóigh, dá réir sin, gur cúis le moill nó caiteachas gan ghá freastal an fhinné ar an bhfiosrúchán, an méid sin a chur in iúl don Údarás nó don dlí-chleachtóir lena mbaineann, de réir mar a bheidh, agus aird an Údaráis nó an dlí-chleachtóra a tharraingt ar fhorálacha *fho-alt (4)*.
 - (4) Ar an bhfiosrúchán a bheith críochnaithe, féadfaidh an Binse Araíonachta, cibé acu a ghníomhaigh sé de réir *fho-alt (3)* nó nár ghníomhaigh, más é a thuairim, maidir le haon fhinné a d'fhreastail ar an bhfiosrúchán agus a toghaireadh, de bhun iarraidh arna dhéanamh ag an Údarás nó ag an dlí-chleachtóir lena mbaineann, nár ghá don fhinné an freastal sin a dhéanamh agus gur cuireadh caiteachas inseachanta ar an bhfinné leis sin, a ordú, le hordú, go ndéanfaidh an tÚdarás nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann, de réir mar a bheidh, méid sonraithe nó méideanna sonraithe nach mó ná €1,000 a íoc leis an bhfinné i leith an chaiteachais a tabhaíodh, agus féadfaidh an finné an tsuim nó na suimeanna a ghnóthú ón Údarás nó ón dlí-chleachtóir, de réir mar a bheidh, mar fhiach conartha shimplí.

- (5) Sula ndéanfaidh sé ordú faoi *fho-alt (4)*, tabharfaidh an Binse Araíonachta fógra i scríbhinn don Údarás nó don dlí-chleachtóir lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe aige déanamh amhlaidh agus breithneoidh sé aon uirill a bheidh déanta chuige i scríbhinn ag an duine lena mbaineann laistigh de 14 lá tar éis an fógra a bheith tugtha.
- (6) Féadfaidh an tÚdarás nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann a mbeidh ordú déanta ina leith faoi *fho-alt (4)* achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne an ordaithe laistigh de 21 lá ón tráth a gheobhaidh sé nó sí fógra i dtaobh an t-ordú a dhéanamh, agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cuí léi a dhéanamh ar an achomharc.
- (7) Más rud é—
- ar dhuine a thoghairm go cuí mar fhinné os comhair an Bhinse Araíonachta, nach ndéanfaidh sé nó sí de réir na toghairme, gan cúis ná leithscéal cóir,
 - ar dhuine do fhreastal mar fhinné os comhair an Bhinse Araíonachta, go ndiúltóidh sé nó sí mionn a ghlacadh nó dearbhasc a dhéanamh nuair a cheanglóidh an Binse Araíonachta air nó uirthi déanamh amhlaidh, nó aon doiciméid ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú nó ar fáil aige nó aici a thabhairt ar aird nó a fhollasú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc, ar doiciméid iad a gceanglóidh an Binse Araíonachta air nó uirthi iad a thabhairt ar aird nó a fhollasú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc, nó freagra a thabhairt ar aon cheist a gceanglóidh an Binse Araíonachta air nó uirthi freagra a thabhairt uirthi,
 - go dtabharfaidh duine go toiliúil fianaise don Bhinse Araíonachta atá ábhartha maidir lena fhiosrúchán agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí a bheith fíor,
 - go ndéanfaidh duine trí ghníomh nó neamhghníomh, bac nó treampán a chur ar an mBinse Araíonachta i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, nó
 - go mainneoidh, go bhfailleoidh nó go ndiúltóidh duine na forálacha d'ordú arna dhéanamh ag an mBinse Araíonachta, a chomhlíonadh,
- beidh an duine ciontach i gcion.
- (8) Beidh finné os comhair an Bhinse Araíonachta i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a mbeadh sé nó sí ina dteideal dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.
- (9) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—
- ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
 - ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €30,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (10) Beidh feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, i ndáil le cion faoin alt seo amhail is dá ndéanfaí, in ionad na bpionós a shonraítear i bhfo-alt (3) den alt sin, na pionóis dá bhforáiltear le *fo-alt (9)* a shonrú ann, agus déanfar an tagairt i bhfo-alt (2)(a) den alt sin do na pionóis dá bhforáiltear i bhfo-alt (3) den alt sin a fhorléiriú dá réir sin.

- (11) Aon tagairt san alt seo agus in *alt 81* don Údarás measfar, i gcás fiosrúchán arb é an Dlí-Chumann a rinne an t-iarratas air faoi *alt 77(b)*, go bhfolaíonn sí tagairt don Dlí-Chumann.

Fiosrúchán ag an mBinse Araíonachta

81. (1) I gcás go bhfaighidh an Binse Araíonachta iarratas dá dtagraítear in *alt 77* ar fhiosrúchán a sheoladh, socróidh sé dáta le haghaidh na héisteachta agus tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don dlí-chleachtóir agus don Údarás.
- (2) Is ar mhodh éisteacht ó bhéal a sheolfar fiosrúchán faoin alt seo agus, faoi réir *fho-alt (3)*, is go poiblí a éistfeáir é.
- (3) I gcás gur deimhin leis an mBinse Araíonachta gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas, féadfaidh sé a ordú go seolfar éisteacht an fhiosrúcháin nó aon chuid de ar shlí seachas go poiblí.
- (4) Féadfaidh dlí-chleachtóir ionadaíocht a dhéanamh don dlí-chleachtóir lena mbaineann agus don Údarás ag aon éisteacht os comhair an Bhinse Araíonachta.
- (5) Tabharfaidh finnétithe a bheidh ag láithriú os comhair an Bhinse Araíonachta fianaise faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.
- (6) Beidh deis ag an dlí-chleachtóir lena mbaineann agus ag an Údarás gach finné a bheidh ag tabhairt fianaise don Bhinse Araíonachta a cheistiú.
- (7) Más dóigh leis an mBinse go bhfuil gá aige, chun críocha an fhiosrúcháin, le comhairle nó cúnaimh saineolaí i leith aon ní, féadfaidh sé, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh sé, cibé líon daoine a mbeidh saineolas acu i ndáil leis an ní lena mbaineann a cheapadh is dóigh leis is gá chun comhairle nó cúnaimh den sórt sin a sholáthar dó.
- (8) Tar éis dó an fiosrúchán a sheoladh, déanfaidh an Binse Araíonachta cinneadh i dtaobh cibé acu, ar bhonn na fianaise a bheidh go cuí os a chomhair, is mí-iompar é nó nach ea gach gníomh nó neamhghníomh lena mbaineann an fiosrúchán agus, sa chás sin, déanfaidh sé cinneadh i dtaobh ar chóir déileáil leis an gceist mar gheall ar smachtbhanna de bhun *fho-alt (1)* nó de bhun *fho-alt (2) d'alt 82*.
- (9) Maidir le cinneadh dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)*—
- (a) beidh sé i scríbhinn,
- (b) sonrófar ann na cúiseanna leis an gcinneadh,
- (c) sonrófar ann an smachtbhanna (más ann) a bheidh le forchur de bhun *alt 82(1)* nó a mholtar faoi *alt 82(2)*, agus
- (d) déanfar é a chur in iúl don dlí-chleachtóir, agus don Údarás.

Smachtbhannaí tar éis don Bhinse Araíonachta cinneadh a dhéanamh go raibh mí-iompar ann

82. (1) Más rud é, de bhun fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 81*, go ndéanfaidh an Binse Araíonachta cinneadh faoi *alt 81(8)* go raibh mí-iompar ann ar thaobh

dlí-chleachtóra agus go gcinneadh sé gur chóir déileáil le ceist an smachtbhanna de bhun an fho-ailt seo, féadfaidh an Binse Araíonachta, faoi réir *fho-ailt (3)* agus *(4)*, ordú a dhéanamh lena bhforchuirfear aon cheann amháin nó níos mó de na smachtbhannaí seo a leanas ar an dlí-chleachtóir:

- (a) comhairle;
- (b) iomardú;
- (c) cáineadh;
- (d) ordachán go nglacfaidh an dlí-chleachtóir páirt in aon mhodúl amháin nó níos mó de scéim inniúlachta gairmiúla agus go dtabharfaidh sé nó sí fianaise don Bhinse Araíonachta maidir leis an rannpháirtíocht sin laistigh de thréimhse shonraithe;
- (e) ordachán go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann—
 - (i) iomlán aon chostas, nó cuid d'aon chostais, is iníoctha thairis sin ag an ngearánach leis an dlí-chleachtóir lena mbaineann i leith an ní is ábhar don ghearán, a tharscaoileadh,
 - (ii) iomlán aon chostas, nó aon chuid d'aon chostais, a íocadh leis an dlí-chleachtóir lena mbaineann i leith an ní is ábhar don ghearán, a aisíoc;
- (f) ordachán go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir socrú chun an tseirbhís dlí lena mbaineann an fiosrúchán a chríochnú nó go gceartóidh sé nó sí, ar a chostas nó a costas féin, aon earráid, neamhghníomh nó easnamh eile a eascróidh i dtaca le soláthar na seirbhísí dlí is ábhar don fhiosrúchán, agus a shonróidh an Binse Araíonachta;
- (g) ordachán go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir, ar a chostas féin nó ar a costas féin, cibé gníomh eile ar mhaithe le leas an ghearánaigh a shonróidh an Binse Araíonachta;
- (h) ordachán go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir aon doiciméid a bhaineann le hábhar an ghearáin (ach ní le haon ní thairis sin) a aistriú chuig dlí-chleachtóir eile a ainmneoidh an cliant nó an tÚdarás le toiliú an chliant, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an tÚdarás is cuí ag féachaint do na himthosca, lena n-áirítear aon cheart seilbhe nó coinneála ar na doiciméid sin nó ar aon cheann acu a bheidh ar marthain agus a bheidh dílisithe don dlí-chleachtóir nó d'aon duine eile;
- (i) ordachán go n-íocfaidh an dlí-chleachtóir suim, nach mó ná €15,000, mar aiseag nó mar pháirt-aiseag d'aon pháirtí éagóirithe, gan dochar d'aon cheart dlíthiúil de chuid an pháirtí sin;
- (j) ordachán go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann an t-iomlán de chostais, nó cuid de chostais, an Bhinse Araíonachta nó aon duine a rinne aighneachtaí chuige nó a láithrigh os a chomhair, i leith an fhiosrúcháin, a íoc (is costais a mheasúnóidh Breithneoir Costas Dlí de cheal comhaontú);
- (k) i gcás gur atur nae cleachtach an dlí-chleachtóir, ordachán go bhforchuirfear coinníoll sonraithe ar a dheimhniú cleachta nó a deimhniú cleachta;

- (l) i gcás gur atur nae cleachtach an dlí-chleachtóir, agus gurb éard atá sa mhí-iompar lena mbaineann sárú ar na Rialacháin um Chuntais Atur nae, ordachán go n-íocfaidh sé nó sí suim nach mó ná €15,000 leis an gCiste Cúitimh;
 - (m) i gcás gur abhcóide cleachtach an dlí-chleachtóir, ordachán do phríomhfheidhmeannach an Údaráis á ordú dó nó di srian nó coinníoll sonraithe a fhorchur ar an dlí-chleachtóir i leith a chleachtaidh nó a cleachtaidh mar abhcóide.
- (2) Más rud é, de bhun fiosrúchán a sheoladh faoin gCuid seo, go ndéanfaidh an Binse Araíonachta cinneadh faoi *alt 81(8)* go raibh mí-iompar ann ar thaobh dlí-chleachtóra agus go gcinneadh sé gur chóir déileáil le ceist an smachtbhanna de bhun an fho-ailt seo, déanfaidh an Binse Araíonachta moladh don Ard-Chúirt go ndéanfaidh an Chúirt ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na horduithe a shonraítear in *alt 85(7)*.
 - (3) I gcás go ndéanfaidh an Binse Araíonachta, faoi *fho-alt (1)*, ordú lena bhforchuirfear aon cheann amháin nó níos mó de na smachtbhannaí a shonraítear i *míreanna (g), (i), (j)* nó *(l)* den fho-alt sin, ní mó ná €15,000 méid comhiomlán na suimeanna a bheidh le híoc ag an dlí-chleachtóir faoin ordú lena mbaineann.
 - (4) Le linn ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a dhéanamh, beidh aird ag an mBinse Araíonachta ar acmhainn an dlí-chleachtóra lena mbaineann.

Na daoine a fhéadfaidh achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh ón mBinse Araíonachta agus na nithe ar ina leith a fhéadfar achomharc a thionscnamh

- 83.** (1) I gcás go ndéanfaidh an Binse Araíonachta cinneadh faoi *alt 81(8)* nach mí-iompar é an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann, féadfaidh an tÚdarás achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chun na hArd-Chúirte.
- (2) I gcás go ndéanfaidh an Binse Araíonachta cinneadh faoi *alt 81(9)* gur mí-iompar é an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann agus go ndéileálfadh sé le ceist an smachtbhanna faoi *alt 82(1)*, féadfaidh siad seo a leanas achomharc a thionscnamh chun na hArd-Chúirte—
 - (a) an dlí-chleachtóir lena mbaineann maidir leis an gcinneadh go raibh mí-iompar ann nó maidir leis an smachtbhanna a forchuireadh, nó
 - (b) an tÚdarás maidir leis an smachtbhanna a forchuireadh.
 - (3) I gcás go ndéanfaidh an Binse Araíonachta cinneadh faoi *alt 81(8)* gur mí-iompar é an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann agus go ndéileálfadh sé le ceist an smachtbhanna faoi *alt 82(2)*, féadfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chun na hArd-Chúirte.
 - (4) I gcás gurb é an Dlí-Chumann a thionscain an t-iarratas chun an Bhinse Araíonachta, forléireofar tagairt san alt seo don Údarás mar thagairt a fholaíonn tagairt don Dlí-Chumann.

- (5) Tionscnófar achomharc faoin alt seo laistigh den tréimhse 28 lá ón dáta a cuireadh an fógra faoi *alt 81(9)(d)* i dtaobh an chinnidh lena mbaineann chuig an duine a bheidh ag déanamh an achomhairc.

Achomhairc chun na hArd-Chúirte i gcoinne an Bhinse Araíonachta

- 84.** (1) Déanfaidh an Ard-Chúirt achomharc a thionscnófar de réir *alt 83* a chinneadh de réir an ailt seo agus aon rialacha cúirte arna ndéanamh i ndáil le hachomhairc den sórt sin.
- (2) Gach páirtí ar pháirtí é nó í a ghlac páirt i bhfiosrúchán an Bhinse Araíonachta, beidh sé nó sí i dteideal láithriú agus aighneachtaí a dhéanamh i dtaca leis an ní faoi achomharc.
- (3) In achomharc faoi *alt 83(1)*, féadfaidh an Ard-Chúirt—
- (a) cinneadh an Bhinse Araíonachta a dhaingniú, nó
- (b) an t-achomharc a cheadú, agus
- (i) smachtbhanna a fhorchur a d'fhéadfadh an Binse Araíonachta a fhorchur de bhun *alt 82(1)*, nó
- (ii) breithniú a dhéanamh, de réir an ailt sin, i dtaobh smachtbhanna a fhorchur faoi *alt 85*.
- (4) In achomharc faoi *alt 83(2)(a)*, féadfaidh an Ard-Chúirt—
- (a) cinneadh an Bhinse Araíonachta a dhaingniú, nó
- (b) a chinneadh nach mí-iompar é an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don fhiosrúchán.
- (5) In achomharc faoi *alt 83(2)(b)*, nó i gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt daingniú faoi *fho-alt (4)(a)*, féadfaidh an Chúirt—
- (a) an smachtbhanna a forchuireadh faoi *alt 82(1)* a dhaingniú, nó
- (b) smachtbhanna a fhorchur a d'fhéadfadh an Binse Araíonachta a fhorchur faoi *alt 82(1)*, nó
- (c) breithniú a dhéanamh, de réir an ailt sin, i dtaobh smachtbhanna a fhorchur faoi *alt 85*.

An Ard-Chúirt do bhreithniú ní i gcás go mbeidh sé tarchurtha ag an mBinse Araíonachta

- 85.** (1) I gcás go ndéanfaidh an Binse Araíonachta moladh don Ard-Chúirt faoi *alt 82(2)* agus go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann achomharc de réir *alt 83(3)* i gcoinne an chinnidh go raibh mí-iompar ann, déanfaidh an Chúirt an t-achomharc a chinneadh ar dtús.
- (2) In achomharc faoi *alt 83(3)*, féadfaidh an Ard-Chúirt—
- (a) cinneadh an Bhinse Araíonachta a dhaingniú, nó

- (b) a chinneadh nach mí-iompar é an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don fhiosrúchán.
- (3) I gcás—
- (a) nach ndéanfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann achomharc faoi *alt 83(3)* i gcoinne chinneadh an Bhinse Araíonachta,
- (b) go ndaingneoidh an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (2)* cinneadh an Bhinse Araíonachta, nó
- (c) go dtabharfaidh an Ard-Chúirt breith dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)(ii)* nó *(5)(c) d'alt 84*,
- déanfaidh an Chúirt, tar éis moladh an Bhinse Araíonachta faoi *alt 82(2)* a bhreithniú (más infheidhme) agus tar éis deis a thabhairt do gach páirtí ba pháirtí a ghlac páirt i bhfiosrúchán an Bhinse Araíonachta láithriú chun aighneachtaí a dhéanamh i dtaca leis an ní, breith a thabhairt ar an smachtbhanna a bheidh le forchur ar an dlí-chleachtóir.
- (4) Féadfaidh sé gurb éard é an smachtbhanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*—
- (a) aon cheann amháin nó níos mó de na smachtbhannaí a d'fhéadfadh an Binse Araíonachta a fhorchur faoi *alt 82(1)*, nó
- (b) ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (7)*.
- (5) Sula bhforchuirfidh sí smachtbhanna faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh an Ard-Chúirt, i gcás gur cuí léi, an cás a tharchur chuig an mBinse Araíonachta chun fianaise bhreise a ghlacadh lena cur faoina bráid agus tuarascáil fhorlíontach a thabhairt, agus féadfaidh an Chúirt éisteacht an ní a chur ar atráth go dtí go gcuirfear an fhianaise bhreise sin faoina bráid agus go dtabharfar an tuarascáil fhorlíontach sin.
- (6) Le linn smachtbhanna a fhorchur faoi *fho-alt (3)*, cuirfidh an Ard-Chúirt i gcuntas aon chinneadh go raibh mí-iompar ann ar thaobh an dlí-chleachtóra lena mbaineann a rinne an Binse Araíonachta roimhe sin agus nár chealaigh an Chúirt agus aon ordú arna dhéanamh ag an gCúirt faoin Acht seo nó faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*.
- (7) Féadfaidh an Chúirt, faoin bhfo-alt seo, le hordú, ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na nithe seo a leanas a ordú:
- (a) go gcáinfear an dlí-chleachtóir nó go gcáinfear é nó í agus go gceanglófar air nó uirthi méid airgid a íoc leis an Údarás nó, i gcás dlí-chleachtóir is aturnae, leis an gCiste Cúitimh, de réir mar is dóigh leis an gCúirt is cuí;
- (b) go gcuirfear srian leis an dlí-chleachtóir maidir leis an saghas oibre a bhféadfaidh sé nó sí gabháil di, ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis an gCúirt is cuí agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí;
- (c) go dtoirmeascfar ar an dlí-chleachtóir cleachtadh mar dhlí-chleachtóir ar shlí seachas mar fhostaí, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí;

- (d) go bhfionrófar an dlí-chleachtóir ó chleachtadh mar dhlí-chleachtóir ar feadh tréimhse shonraithe agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí;
- (e) i gcás gur abhcóide an dlí-chleachtóir, go ndéanfaidh an tÚdarás, de réir *Chuid 9*, ainm an duine a scriosadh de rolla na n-abhcóidí cleachtacha agus an méid sin a chur in iúl don Phríomh-Bhreitheamh agus do Chumann Onórach Óstaí an Rí;
- (f) i gcás gur aturnae an dlí-chleachtóir, go ndéanfar ainm an aturnae a scriosadh de rolla na n-aturnaetha;
- (g) i gcás dlí-chleachtóir a mbeidh Paitinn deonaithe dó nó di, go ndéanfaidh an tÚdarás iarratas dá dtagraítear in *alt 175(2)* i leith an deonaithe sin;
- (h) go ndéanfaidh an dlí-chleachtóir ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:
 - (i) cibé gníomh eile a shonróidh an Chúirt, ar a chostas féin nó ar a costas féin, ar mhaithe le leas an ghearánaigh;
 - (ii) suim a íoc mar aiseag nó mar pháirt-aiseag d'aon pháirtí éagóirithe, gan dochar d'aon cheart dlíthiúil de chuid an pháirtí sin;
 - (iii) an t-iomlán de chostais, nó cuid de chostais, an Bhinse Araíonachta nó aon duine a rinne aighneachtaí chuige nó a láithrigh os a chomhair i leith an fhiosrúcháin lena mbaineann a íoc (is costais a mheasúnóidh Breithneoir Costas Dlí de cheal comhaontú);
- (i) i gcás gur aturnae an dlí-chleachtóir:
 - (i) go dtabharfaidh banc sonraithe aon fhaisnéis ina sheilbh a theastóidh ón Dlí-Chumann agus a bhainfidh le haon ghné de ghnóthaí airgeadais chleachtas an aturnae;
 - (ii) go ndéanfaidh an t-aturnae mionnscribhinn a mhionnú ina nochtfar an fhaisnéis go léir a bhainfidh le cuntais, nó a bheidh i gcuntais, arna sealbhú ina ainm féin nó ina hainm féin, nó in ainm a ghnólachta nó a gnólachta, nó i gcomhpháirt le tríú páirtithe, le haon bhanc laistigh de thréimhse shonraithe ama, a shocróidh an Chúirt;
 - (iii) go dtabharfaidh an t-aturnae aiseag d'aon pháirtí éagóirithe is cuí leis an gCúirt;
 - (iv) ar iarratas a fháil ón Dlí-Chumann nó ón Údarás, go ndéanfaidh an t-aturnae mionnscribhinn a mhionnú (laistigh de thréimhse shonraithe ama a shocróidh an Chúirt) ina nochtfar an fhaisnéis go léir maidir lena shócmhainní nó lena sócmhainní a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú nó ar fáil aige nó aici an tráth sin agus, mura mbeidh siad ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú nó ar fáil aige nó aici a thuilleadh, ina nochtfar cén áit a chreideann sé nó sí atá na sócmhainní sin i láthair na huaire;
 - (v) go gcuirfidh an t-aturnae é féin nó í féin ar fáil os comhair na Cúirte ar lá sonraithe agus ag tráth sonraithe lena cheistiú nó lena ceistiú ó bhéal faoi

mhionn nó faoi dhearbhasc i ndáil leis an méid atá in aon mhionnscribhinn sócmhainní arna mionnú aige nó aici de bhun *fhomhír* (iv);

- (vi) ar iarratas a fháil ón Dlí-Chumann nó ón Údarás agus i gcás go suífead maidir le hiompar an aturnae nó aon chléirigh nó seirbhísigh de chuid an aturnae sin ag eascairt as cleachtadh an aturnae sin mar aturnae gur chúis é, nó gur dóigh dó a bheith ina chúis, leis an Dlí-Chumann do thabhairt deontas nó deontais as an gCiste Cúitimh, a ordú nach laghdóidh an t-aturnae a shócmhainní faoi bhun méid nó luach sonraithe áirithe mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt;
 - (vii) ar iarratas a fháil ón Dlí-Chumann nó ón Údarás, gach doiciméad nó aon doiciméid a bheidh i seilbh nó faoi rialú an aturnae nó ar fáil aige nó aici ag eascairt as a chleachtadh mar aturnae a sheachadadh ar aon duine a bheidh ceaptha ag an Dlí-Chumann nó ag an Údarás;
 - (viii) nach ndéanfaidh—
 - (I) aon bhanc, gan cead ón gCúirt, aon íocaíocht as cuntas in ainm an aturnae nó a ghnólachta, nó
 - (II) banc sonraithe, gan cead ón gCúirt, aon íocaíocht as aon chuntas in ainm an aturnae nó a ghnólachta nó a gnólachta;
 - (ix) nach bhfreastalóidh an t-aturnae in áit ghnó a chleachtais nó a cleachtais mar aturnae mura gceadóidh an Chúirt a mhalairt;
 - (x) nach dtabharfaidh an t-aturnae le fios nó le tuiscint go bhfuil aon bhaint aige nó aici lena iarchleachtadh nó lena hiarchleachtadh mar aturnae, nó nach gceadóidh sé nó sí d'aon duine eile é sin a thabhairt le fios maidir leis an aturnae sin, mura gceadóidh an Chúirt a mhalairt.
- (8) Le linn ordú a dhéanamh faoi *fho-alt* (6), féadfaidh an Chúirt, ina theannta sin—
- (a) cibé ordú a dhéanamh maidir le costais arna dtabhú sna himeachtaí os a comhair agus os comhair an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí is cuí leis an gCúirt,
 - (b) ordú coimhdeach is cuí leis an gCúirt a dhéanamh i ndáil leis an ní.
- (9) San alt seo, tá le “Paitinn” an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 12*, agus foláionn sé Paitinn arna deonú sa Stát roimh theacht i ngníomh don alt seo.

Dlínse na hArd-Chúirte faoi ailt 84 agus 85 a fheidhmiú

- 86.** Maidir leis an dlínse a dhílsítear don Ard-Chúirt le *hailt 84* agus *85*, is é nó is í Uachtarán na hArd-Chúirte nó, má ordaíonn agus aon uair a ordóidh Uachtarán na hArd-Chúirte amhlaidh, gnáth-bhreitheamh den Ard-Chúirt a bheidh sannta de thuras na huairte chuige sin ag Uachtarán na hArd-Chúirte, a dhéanfaidh í a fheidhmiú.

Achomhairc chun na Cúirte Achomhairc

- 87.** Féadfaidh an tÚdarás nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc i gcoinne ordú ón Ard-Chúirt arna dhéanamh faoi *alt 85* laistigh de thréimhse 21 lá dar tosach dáta an ordaithe agus, mura n-ordóidh

an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc a mhalairt, beidh éifeacht le hordú na hArd-Chúirte go dtí go gcinneadh an t-achomharc sin.

Orduithe arna ndéanamh ag an Ard-Chúirt nó cinntí arna ndéanamh ag an Údarás

88. (1) Déanfar cóip de gach breith arna tabhairt nó gach ordú arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt faoi *alt 84* nó *85* agus d'aon chinneadh arna dhéanamh ag an mBinse Araíonachta faoi *ailt 81* agus *82* a thabhairt do chláraitheoir na n-aturnaetha i gcás ordú a bhaineann le haturnae cleachtach, nó do Chumann Onórach Óstáí an Rí i gcás ordú a bhaineann le habhcóide cleachtach.

(2) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *alt 84* nó *85*—

- (a) lena scriosfar ainm dlí-chleachtóra is aturnaie as rolla na n-aturnaetha,
- (b) lena scriosfar ainm dlí-chleachtóra is abhcóide as rolla na n-abhcóidí cleachtacha, nó
- (c) lena bhfionrófar dlí-chleachtóir ó chleachtadh,

cuirfidh an tÚdarás faoi deara a luaithe is indéanta dá éis sin fógra ina luafar an éifeacht atá leis an gcuid oibritheach den ordú a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus cuirfidh sé faoi deara freisin an fógra a fhoilsiú ar cibé modh eile is dóigh leis an Údarás is cuí.

(3) I gcás go gcinneadh an Binse Araíonachta ní de réir *alt 82(1)* agus go mbeidh an tréimhse ama chun achomharc a thaisceadh caite, déanfaidh an tÚdarás socrú chun an méid seo a leanas a fhoilsiú—

- (a) an cinneadh,
- (b) cineál an mhí-iompair,
- (c) an smachtbhanna a forchuireadh, agus
- (d) ainm an dlí-chleachtóra lena mbaineann.

(4) I gcás go dtabharfaidh an Ard-Chúirt breith—

- (a) faoi *alt 84(3)(b)*,
- (b) faoi *alt 84(4)* (seachas *alt 84(4)(b)*),
- (c) faoi *alt 85* (seachas *alt 85(2)(b)*),

déanfaidh an tÚdarás socrú chun an méid seo a leanas a fhoilsiú—

- (i) an bhreith,
- (ii) cineál an mhí-iompair,
- (iii) an smachtbhanna a forchuireadh, agus
- (iv) ainm an dlí-chleachtóra lena mbaineann.

Pribhléid (Cuid 6)

89. Beidh na nithe seo a leanas faoi phribhléid iomlán:

- (a) gearáin a dhéanfar leis an Údarás faoin gCuid seo agus doiciméid a chruthófar nó a thabharfar do na páirtithe a bheidh i dteideal iad a fháil faoin gCuid seo;
- (b) imeachtaí agus doiciméid a mbeidh baint acu le fiosrúchán arna sheoladh ag an mBinse Araíonachta faoin gCuid seo;
- (c) tuarascáil arna tabhairt ag an mBinse Araíonachta don Ard-Chúirt de réir na Coda seo;
- (d) fógra a údaraítear le *halt 88* a fhoilsiú nó a chur in iúl.

Ordú ón mBinse Araíonachta faoin gCuid seo a fhorfheidhmiú

90. (1) Más rud é, ar iarratas a fháil ón Údarás in imthosca nach bhfuil an ní os comhair na hArd-Chúirte ar shlí eile, go suitear gur dhiúltaigh, gur fhailligh nó gur mhainnigh dlí-chleachtóir nó aon duine eile ar shlí eile, gan cúis réasúnach, ordachán, cinneadh nó ordú lena mbaineann *fo-alt (4)* a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh an Chúirt, le hordú, a ordú don dlí-chleachtóir nó don duine eile, de réir mar a bheidh, an t-ordachán, an cinneadh nó an t-ordú a chomhlíonadh go hiomlán nó go páirteach de réir mar is cuí.
- (2) Is iar bhfógra chun an dlí-chleachtóra nó an duine eile lena mbaineann a bheidh iarratas ón Údarás de bhun *fho-alt (1)*, mura n-ordóidh an Ard-Chúirt a mhalairt.
- (3) Féadfaidh cibé forálacha de chineál iarmhartach is dóigh leis an Ard-Chúirt is cuí a bheith in ordú de chuid na hArd-Chúirte faoi *fho-alt (1)*.
- (4) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) ordachán ón Údarás faoi *alt 60(6)* nó *61(6)*;
 - (b) cinneadh ó Choiste Athbhreithnithe faoi *alt 62(5)*;
 - (c) ordachán ó Choiste Rannach faoi *alt 71(1)(a)*;
 - (d) ordú ón mBinse Araíonachta faoi *alt 82(1)*.

Forálacha idirthréimhseacha i ndáil le haturnaetha

91. (1) Más rud é, roimh an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, go mbeidh gearán faoi *alt 8* nó *9* den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994 faighte ag an Dlí-Chumann, ansin, d'ainneoin an leasaithe a dhéantar leis an Acht seo ar na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2011, leanfaidh forálacha na nAchtanna sin d'fheidhm a bheith acu maidir leis an ngearán amhail is nach ndearnadh na leasuithe sin.
- (2) Más rud é, ar an dáta nó tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh—
- (a) go ndéanfar gearán faoi *alt 51(1)* i leith aturnae, agus
 - (b) gur tharla an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann an gearán roimh an dáta sin,

déileálfar leis an ngearán faoin gCuid seo agus beidh feidhm ag an Acht seo dá réir sin.

- (3) Más rud é, ar an dáta nó tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh—
- (a) go ndéanfar gearán faoi *alt 51(2)* i leith aturnae, agus
 - (b) gur a tharla an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann an gearán roimh an dáta sin,

déileálfar leis an ngearán faoin gCuid seo agus beidh feidhm ag an Acht seo dá réir sin, faoi réir an mhodhnaithe go measfar, chun críocha an ghearáin, gurb í an bhrí atá le “mí-iompar” an bhrí atá leis faoi alt 3 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960, amhail is nach ndearnadh an leasú ar an alt sin le *halt 184*.

Forálacha idirthréimhseacha i ndáil le habhcóidí

92. (1) Más rud é, ar an dáta nó tar éis an dáta a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, go ndéanfaidh Binseoirí Chumann Onórach Óstaí an Rí duine a dhíbharrú mar gheall ar ghníomh nó neamhghníomh ag an duine a tharla roimh an dáta sin, tabharfaidh Cumann Onórach Óstaí an Rí fógra don Údarás i dtaobh an díbharraithe, is fógra a mbeidh ag gabháil leis tuarascáil ar an ngníomh nó ar an neamhghníomh lena mbaineann.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás, ar fhógra agus tuarascáil a fháil faoi *fho-alt (1)*, an tuarascáil a scrúdú agus, i gcás gur dóigh leis gur mí-iompar é gníomh nó neamhghníomh an duine, déanfaidh sé iarratas chun na hArd-Chúirte go ndéanfaidh sí ordú faoin alt seo.
- (3) Is iar bhfógra chun an duine lena mbaineann agus chun Cumann Onórach Óstaí an Rí a bheidh iarratas faoi *fho-alt (2)*.
- (4) Déanfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (2)*, tar éis an tuarascáil faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú agus tar éis deis a thabhairt don Údarás, do na daoine lena mbaineann agus do Chumann Onórach Óstaí an Rí láithriú agus aighneachtaí a dhéanamh i dtaca leis an iarratas, breith a thabhairt i dtaobh an gcuirfear smachtbhanna ar an duine.
- (5) Féadfaidh an Chúirt, faoin bhfo-alt seo, ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas a ordú le hordú:
- (a) go gcuirfear srian leis an duine maidir leis an saghas oibre a bhféadfaidh sé nó sí gabháil di, ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis an gCúirt is cuí agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí;
 - (b) go bhfionrófar an duine ó chleachtadh mar abhcóide ar feadh tréimhse shonraithe agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí;
 - (c) go ndéanfaidh an tÚdarás, de réir *Chuid 9*, ainm an duine a scriosadh de rolla na n-abhcóidí cleachtacha agus an méid sin a chur in iúl don Phríomh-Bhreitheamh agus do Chumann Onórach Óstaí an Rí.

Féadfaidh an tÚdarás fairtheoir a cheapadh chun críocha alt 14C d’Acht 1994

93. (1) Féadfaidh an tÚdarás cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí dá fhoireann is cuí leis a cheapadh chun feidhmeanna fairtheora faoi alt 14C d’Acht 1994 a chomhlíonadh.
- (2) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth, tuarascáil a iarraidh ar fhairtheoir i ndáil leis an gcomhlíonadh aige nó aici ar na feidhmeanna dá chuid nó dá cuid dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Cumhacht an Údaráis faoi Chuid 6

94. Féadfaidh an tÚdarás, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna aige faoin gCuid seo i ndáil le gearán arna dhéanamh maidir le haturnae, aon chumhacht a thugtar don Dlí-Chumann faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015* a fheidhmiú.

CUID 7

TOBHACH A FHORCHUR AR CHOMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA AGUS AR ABHCÓIDÍ ÁIRITHE FAOI CHOMHAIR CHAITEACHAIS AN ÚDARÁIS AGUS AN BHINSE ARAÍONACHTA

An tobhach a bheidh le hÍoc ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag abhcóidí áirithe

95. (1) Faoi réir *alt 97*, déanfaidh siad seo a leanas, de réir na Coda seo, tobhach den mhéid a chinnfear de réir an ailt seo a íoc leis an Údarás i ngach bliain airgeadais:
- (a) an Dlí-Chumann;
 - (b) Comhairle an Bharra;
 - (c) gach abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí.
- (2) I ndeireadh gach bliana airgeadais, déanfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, na nithe seo a leanas a chinneadh chun críocha an ailt seo—
- (a) na costais oibríochta agus na caiteachais riaracháin arna dtabhú go cuí sa bhliain airgeadais sin ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo (dá ngairtear “caiteachais cheadaithe an Údaráis” san alt seo), agus
 - (b) na costais oibríochta agus na caiteachais riaracháin arna dtabhú sa bhliain airgeadais sin ag an mBinse Araíonachta i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo (dá ngairtear “caiteachais an Bhinse Araíonachta” san alt seo).
- (3) Áireofar ar chaiteachais cheadaithe an Údaráis—
- (a) luach saothair (lena n-áirítear liúntais i leith caiteachas) chomhaltaí an Údaráis,
 - (b) luach saothair (lena n-áirítear liúntais i leith caiteachas agus sochair aoisliúntais) cigirí don Údarás agus comhaltaí d’fhoireann an Údaráis,
 - (c) aon ranníocaí aoisliúntais arna n-íoc i leith chomhaltaí fhoireann an Údaráis as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas,

- (d) táillí a bheidh dlite do shainchomhairleoirí agus comhairleoirí arna gceapadh faoi *alt 17*,
 - (e) costas áitribh oifige, agus
 - (f) aon chostais nó caiteachais, nach dtagraítear dóibh i *míreanna (a) go (e)*, arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi *Chuid 6*.
- (4) Cinnfidh an tÚdarás—
- (a) an cion de chaiteachais cheadaithe an Údaráis a thabhaigh an tÚdarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna—
 - (i) faoi *Chuid 6*, agus
 - (ii) faoin Acht seo, seachas *Cuid 6*, agus
 - (b) i ndáil le caiteachais cheadaithe an Údaráis dá dtagraítear i *mír (a)(i)*, an cion de na caiteachais sin a thabhaigh an tÚdarás le linn breithniú agus imscrúdú a dhéanamh—
 - (i) ar ghearáin i leith aturnaetha,
 - (ii) ar ghearáin i leith abhcóidí a bhí, tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann an gearán, ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí, agus
 - (iii) ar ghearáin i leith abhcóidí nach raibh, tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann an gearán, ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí.
- (5) Cinnfidh an tÚdarás, i gcomhairle leis an mBinse Araíonachta, i ndáil le caiteachais an Bhinse Araíonachta, an cion de na caiteachais sin a thabhaigh an Binse le linn breithniú a dhéanamh ar iarratais a tugadh os a chomhair agus a bhain leo seo a leanas—
- (a) gearáin i leith aturnaetha,
 - (b) gearáin i leith abhcóidí a bhí, tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann an gearán, ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí, agus
 - (c) gearáin i leith abhcóidí nach raibh, tráth an ghnímh nó an neamhghnímh lena mbaineann an gearán, ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí.
- (6) Is é méid an tobhaigh is iníoctha i ngach bliain airgeadais suim na nithe seo a leanas—
- (a) caiteachais cheadaithe an Údaráis, agus
 - (b) caiteachais an Bhinse Araíonachta,
- i leith na bliana airgeadais roimhe sin.
- (7) Is mar a leanas a dhéanfar an dliteanas a chionroinnt i leith an mhéid dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* a íoc:

- (a) i gcás an chion de chaiteachais cheadaithe an Údaráis dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)*—
- (i) déanfar 10 faoin gcéad den mhéid sin a chionroinnt *pro rata* idir Comhairle an Bharra agus na habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, de réir an lín abhcóidí a bhfuil a n-ainmneacha ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha agus is comhaltaí den Leabharlann Dlí agus an lín abhcóidí cleachtacha a bhfuil a n-ainmneacha ar an rolla sin ach nach comhaltaí den sórt sin iad, faoi seach,
 - (ii) déanfar 10 faoin gcéad den mhéid sin a chionroinnt ar an Dlí-Chumann, agus
 - (iii) déanfar an 80 faoin gcéad abheidh fágtha den mhéid sin a chionroinnt *pro rata* idir an Dlí-Chumann, Comhairle an Bharra agus na habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, faoi seach, de réir an chion, arna ríomh faoi *mhír (b) d'fho-alt (4)*, de na caiteachais sin a thabhaigh an tÚdarás le linn breithniú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i leith gach earnála dlí-chleachtóra dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i), (ii)* agus *(iii)* den mhír sin;
- (b) déanfar an cion de chaiteachais cheadaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(ii)* a chionroinnt *pro rata* idir an Dlí-Chumann, Comhairle an Bharra agus na habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, faoi seach, de réir an lín aturnaetha cleachtacha, an lín abhcóidí cleachtacha ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha is comhaltaí den Leabharlann Dlí agus an lín abhcóidí cleachtacha ar an rolla sin nach comhaltaí den sórt sin;
- (c) i gcás chaiteachais an Bhinse Araíonachta—
- (i) déanfar 10 faoin gcéad den mhéid sin a chionroinnt *pro rata* idir Comhairle an Bharra agus na habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, de réir an lín abhcóidí cleachtacha a bhfuil a n-ainmneacha ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha agus is comhaltaí den Leabharlann Dlí agus an lín abhcóidí cleachtacha a bhfuil a n-ainmneacha ar an rolla sin ach nach comhaltaí den sórt sin iad, faoi seach,
 - (ii) déanfar 10 faoin gcéad den mhéid sin a chionroinnt ar an Dlí-Chumann, agus
 - (iii) déanfar an 80 faoin gcéad abheidh fágtha den mhéid sin a chionroinnt *pro rata* idir an Dlí-Chumann, Comhairle an Bharra agus na habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí, faoi seach, de réir an chion, arna ríomh faoi *fho-alt (5)*, de na caiteachais sin a tabhaíodh le linn breithniú a dhéanamh ar iarratais arna dtabhairt os comhair an Bhinse a bhain le gearáin i leith gach earnála dlí-chleachtóra dá dtagraítear i *míreanna (a), (b)* agus *(c)* den *fho-alt* sin.
- (8) Déanfaidh an tÚdarás—
- (a) an cion den mhéid dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* is iníoctha acu seo a leanas a ríomh, de réir *fho-alt (7)*—
 - (i) an Dlí-Chumann,
 - (ii) Comhairle an Bharra, agus

- (iii) na habhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí,
agus
- (b) an méid a ríomhfar faoi *mhír (a)(iii)* a chionroinnt go cothrom idir na habhcóidí cleachtacha go léir nach comhaltaí den Leabharlann Dlí.
- (9) A luaithe is indéanta tar éis thosach gach bliana airgeadais, déanfaidh an tÚdarás fógra (dá ngairtear “fógra measúnachta tobhaigh” san Acht seo) a sholáthar do gach comhlacht de na comhlachtaí, nó do gach duine de na daoine, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.
- (10) Sonrófar i bhfógra measúnachta tobhaigh—
- (a) caiteachais cheadaithe an Údaráis i leith na bliana airgeadais roimhe sin,
- (b) an cion de na caiteachais cheadaithe dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i)* agus *(ii) d’fho-alt (4)(a)*,
- (c) an cion, arna ríomh faoi *fho-alt (4)(b)*, de na caiteachais dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)* a tabhaíodh le linn breithniú agus imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i leith gach earnála dlí-chleachtóra dá dtagraítear i *bhfomhíreanna(i)*, *(ii)* agus *(iii)* de *mhír (b) d’fho-alt (4)*,
- (d) caiteachais an Bhinse Araíonachta i leith na bliana airgeadais roimhe sin,
- (e) an cion, arna ríomh faoi *fho-alt (5)*, de chaiteachais an Bhinse Araíonachta a tabhaíodh le linn breithniú a dhéanamh ar iarratais arna dtabhairt os a chomhair i leith gach earnála dlí-chleachtóra dá dtagraítear i *míreanna (a)*, *(b)* agus *(c)* den *fho-alt* sin,
- (f) an méid tobhaigh is iníoctha ag an gcomhlacht gairmiúil nó ag an duine lena mbaineann, arna ríomh de réir *fho-alt (7)* agus, más infheidhme, de réir *fho-alt (8)(b)*,
- (g) an dáta faoina dtiocfaidh an tobhach chun bheith iníoctha, agus
- (h) an ráta úis is iníoctha más rud é nach n-íoctar an méid go léir, nó cuid den mhéid, a bheidh sonraithe faoi *mhír (f)* faoin dáta dá dtagraítear i *mír (g)*.
- (11) Déanfaidh an tÚdarás an tobhach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bhailiú agus a choinneáil lena úsáid faoi chomhair na gcostas a thabhaíonn sé ag comhall a fheidhmeanna faoin Acht seo dó.
- (12) Chun críocha an ailt seo—
- (a) forléireofar tagairt don líon abhcóidí a bhfuil a n-ainmneacha ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha mar thagairt don líon abhcóidí a bhfuil a n-ainmneacha ar an rolla sin le linn na bliana airgeadais lena mbaineann na caiteachais atá i gceist, lúide líon na n-abhcóidí sin lena mbaineann *alt 97*, agus
- (b) maidir le tagairt don líon aturnaetha cleachtacha, is tagairt í don líon aturnaetha a shealbhaíonn deimhniú cleachta sa bhliain airgeadais lena mbaineann na caiteachais atá i gceist, lúide líon na n-aturnaetha sin lena mbaineann *alt 97*.

(13) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí” abhcóide a bhfuil a ainm nó a hainm, le linn na bliana airgeadais lena mbaineann na caiteachais atá i gceist, ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha, i gcás go sonraítear sa taifead lena mbaineann nach comhalta den Leabharlann Dlí é nó í, agus forléireofar “abhcóide is comhalta den Leabharlann Dlí” dá réir;

ciallaíonn “sochair aoisliúntais” pinsin, aiscí agus líúntais eile is iníoctha ar dhuine d’éirí as, do scor nó d’fháil bháis.

(14) Chun críocha *fho-ailt* (4) agus (5)—

- (a) ní comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide tráth sonraithe, más rud é, an tráth sin, go bhfuil a ainm nó a hainm ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha, i gcás go sonraítear sa taifead lena mbaineann nach comhalta den Leabharlann Dlí é nó í, agus
- (b) is comhalta den Leabharlann Dlí abhcóide tráth sonraithe, más rud é, an tráth sin, go bhfuil a ainm nó a hainm ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha, i gcás nach bhfuil an sonrú dá dtagraítear i *mír* (a) sa taifead lena mbaineann.

Mainneachtain méid a shonrófar i bhfógra measúnachta tobhaigh a íoc

96. (1) Más rud é nach n-íoctar an méid go léir, nó cuid den mhéid, a bheidh sonraithe i bhfógra measúnachta tobhaigh ar an dáta a shonrófar san fhógra nó roimhe, fabhróidh ús, de réir ráta a ríomhfar de réir rialacháin faoi *alt 98*, ar an méid nach mbeidh íoctha, ón dáta sin go dtí an dáta íoca.
- (2) I gcás, maidir le habhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí, nach mbeidh an méid go léir a bheidh sonraithe i bhfógra measúnachta tobhaigh mar mhéid is iníoctha aige nó aici i leith an tobhaigh a fhorchuirtear leis an gCuid seo íoctha aige nó aici laistigh d’aon mhí amháin ón dáta a thiochfaidh an méid chun bheith iníoctha, soláthróidh an tÚdarás fógra breise don abhcóide sin—
- (a) a mbeidh cóip den fhógra measúnachta tobhaigh lena mbaineann ag gabháil leis,
 - (b) ina sonrú an ráta úis is iníoctha ar an méid nach mbeidh íoctha, agus
 - (c) ina mbeidh ráiteas faoi éifeacht *fho-alt* (3).
- (3) I gcás, tar éis 3 mhí a bheith caite ón dáta a thiochfaidh an méid a bheidh sonraithe i bhfógra measúnachta tobhaigh mar mhéid is iníoctha aige nó aici i leith an tobhaigh a fhorchuirtear faoin gCuid seo, chun bheith iníoctha, nach mbeidh an méid sin go léir, mar aon le haon ús ar an méid neamhíoctha a bheidh fabhráithe de réir *fho-alt* (1) ar an méid sin, íoctha ag abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí, bainfidh an tÚdarás ainm an abhcóide de rolla na n-abhcóidí cleachtacha.
- (4) Faoi réir *fho-alt* (5), féadfaidh an tÚdarás aon mhéid is iníoctha ag an gcomhlacht gairmiúil nó ag an duine lena mbaineann i leith an tobhaigh a fhorchuirtear leis an gCuid seo, móide aon ús a bheidh fabhráithe de réir *fho-alt* (1) ar an méid sin, a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón gcomhlacht sin nó ón duine sin.

- (5) Chun críocha *fho-alt (4)*, i gcás gurb í Comhairle an Bharra an comhlacht gairmiúil lena mbaineann, féadfar imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Chathaoirleach Chomhairle an Bharra, i gcáil ionadaitheach, thar ceann Chomhairle an Bharra agus, más rud é, sna himeachtaí sin, go bhfaighidh an tÚdarás breithiúnas, ordú nó forraithne i gcomhair aon mhéid a bheidh iníoctha ag Comhairle an Bharra, féadfar aon sócmhainní a bheidh á sealbhú ag Comhairle an Bharra nó thar a ceann nó chun sochair di a úsáid nó a chur chun feidhme ar shlí eile d'fhonn gach ceann nó aon cheann de na héilimh faoin mbreithiúnas, faoin ordú nó faoin bhforraithne, de réir mar a bheidh, a shásamh.

Díolúine do dhlí-chleachtóir i seirbhís lánaimseartha an Stáit

97. (1) Ní bheidh feidhm ag *alt 95(1)* i leith dlí-chleachtóir atá i seirbhís ánaimseartha an Stáit.
- (2) Ní bheidh aon táille iníoctha ag dlí-chleachtóir lena mbaineann *fo-alt (1)* leis an Dlí-Chumann nó le Comhairle an Bharra i leith méid tobhaigh is iníoctha ag an comhlacht gairmiúil sin faoin gCuid seo.

Rialacháin a bhaineann leis an tobhach

98. (1) Féadfaidh an tÚdarás, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a bhaineann leis an tobhach faoi *alt 95*:
- (a) an dáta a thiocfaidh íoc an tobhaigh chun bheith iníoctha;
 - (b) an tÚdarás agus an Binse Araíonachta do choimeád taifid shonraithe i leith nithe a bhaineann leis an dliteanas an tobhach a íoc;
 - (c) an tobhach a bhailiú agus ghnóthú;
 - (d) faoi réir *fho-alt (2)*, an ráta úis ar mhéideanna nach bhfuil íoctha nuair atá siad dlite;
 - (e) cibé nithe eile atá riachtanach chun an tobhach a fhorchur, a íoc agus a bhailiú, nó atá teagmhasach leis sin.
- (2) Féadfar, le rialacháin faoi *fho-alt (1)*, foirmle a fhorordú chun an ráta úis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(d)* a chinneadh faoi threoir na nithe seo a leanas—
- (a) Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro a bheidh i réim,
 - (b) ráta breise a bheidh deimhnithe ag Banc Ceannais na hÉireann, agus
 - (c) cibé ráta breise eile is dóigh leis an Aire is cuí, ag cur i gcuntas an costas chun tobhach nár íocadh a ghnóthú, lena n-áirítear aon táillí bainc a thabhóidh an tÚdarás ag cothabháil rótharraingt bhainc chun easnamh i gcistí a chumhdach a eascraíonn as tobhach nár íocadh.

CUID 8

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLÍ, ROCHTAIN GHAIRMIÚIL DHÍREACH, CLEACHTAIS ILDISCIPLÍNEACHA
AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA

CAIBIDIL 1

*Léiriú***Léiriú (Cuid 8)**

99. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “ní cointinneach” ní a eascraíonn le linn imeachtaí, agus a bhaineann le hábhar imeachtaí, os comhair aon chúirt, binse nó comhlacht nó duine eile a ndéantar cearta agus oibleagáidí dlíthiúla faoi seach dhá pháirtí nó níos mó a chinneadh os a comhair nó os a chomhair, agus ar páirtí iontu an duine a thugann teagasc don abhcóide cleachtach;

ciallaíonn “comhpháirtíocht dliteanais theoranta” gnó iomchuí a bhfuil údarú, arna dheonú faoi *alt 125*, i bhfeidhm de thuras na huaire ina leith;

ciallaíonn “gnó iomchuí”—

- (a) comhpháirtíocht aturnaetha, nó
- (b) comhpháirtíocht dlí.

CAIBIDIL 2

*Comhpháirtíochtaí Dlí, Rochtain Ghairmiúil Dhíreach agus Cleachtais Ildisciplíneacha***Comhpháirtíochtaí dlí agus cóid ghairmiúla**

100. (1) Faoi réir na Coda seo, féadfaidh dlí-chleachtóir seirbhísí dlí a sholáthar mar chomhpháirtí i gcomhpháirtíocht dlí nó mar fhostaí de chomhpháirtíocht dlí.

(2) Ní choiscfidh ná ní shrianfaidh comhlacht gairmiúil, trína chóid ghairmiúla nó ar shlí eile, dlí-chleachtóir is comhalta den chomhlacht sin ar obair a dhéanamh, nó ar ghnó a dhéanamh ar shlí eile, le dlí-chleachtóir a sholáthraíonn seirbhísí dlí i gcomhpháirtíocht dlí de réir *fho-alt (1)*.

Ní choiscfidh cóid gairmiúil rochtain ghairmiúil dhíreach ar abhcóide

101. Ní oibreoidh aon chód gairmiúil chun abhcóide a chosc ar sheirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach i ndáil le ní, seachas ní cointinneach, i gcás go bhfuarthas a theagasc nó a teagasc ar an ní sin go díreach ó dhuine nach atur nae.

Cleachtais ildisciplíneacha agus cóid ghairmiúla

102. (1) Faoi réir na Coda seo, féadfaidh dlí-chleachtóir seirbhísí dlí a sholáthar mar chomhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó mar fhostaí de chleachtas ildisciplíneach.

- (2) Ní choiscfidh ná ní shrianfaidh comhlacht gairmiúil, trína chóid ghairmiúla nó ar shlí eile, dlí-chleachtóir is comhalta den chomhlacht sin ar obair a dhéanamh, nó ar ghnó a dhéanamh ar shlí eile, le dlí-chleachtóir a sholáthraíonn seirbhísí dlí i gcleachtas ildisciplíneach de réir *fho-alt (1)*.

Gearáin faoi Chuid 6 i leith dlí-chleachtóirí i gcomhpháirtíochtaí teoranta, i gcleachtas ildisciplíneacha agus i gcomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta

- 103.** D'fhonn amhras a sheachaint, ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo mar ní a choiscfidh duine ar ghearán a dhéanamh chun an Údarás faoi *Chuid 6* i leith dlí-chleachtóir a sholáthraíonn seirbhís dlí mar chomhpháirtí nó fostaí de chuid comhpháirtíocht dlí, cleachtas ildisciplíneach nó comhpháirtíocht dliteanais theoranta.

Fógra chuig an Údarás faoi chomhpháirtíocht dlí do thosú agus do scor de bheith ag soláthar seirbhísí dlí

- 104.** (1) Aon comhpháirtíocht dlí a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar—
- (a) tabharfaidh sí fógra don Údarás, de réir *fho-alt (3)*, faoin méid sin, agus
 - (b) ní sholáthróidh sí na seirbhísí sin go dtí go mbeidh *mír (a)* comhlíonta aici.
- (2) Aon chomhpháirtíocht dlí a scoirfidh de sheirbhísí dlí a sholáthar—
- (a) tabharfaidh sí fógra don Údarás de réir *fho-alt (3)* faoin méid sin, agus
 - (b) tar éis di *mír (a)* a chomhlíonadh, ní sholáthróidh sí seirbhísí dlí gan fógra breise faoi *fho-alt (1)* a thabhairt don Údarás.
- (3) Is i scríbhinn a bheidh fógra faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, agus beidh sé i cibé foirm agus faoi réir cibé táille (más ann) a bheidh forordaithe.

Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag comhpháirtíocht dlí

- 105.** Ní sholáthróidh comhpháirtíocht dlí seirbhísí dlí mura mbeidh i bhfeidhm, an tráth a sholáthrófar na seirbhísí sin, polasaí árachais slánaíochta gairmiúla a chomhlíonfaidh rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* agus *alt 26 d'Acht 1994* (más infheidhme).

Fógra chuig an Údarás faoi chleachtas ildisciplíneach do thosú agus do scor de bheith ag soláthar seirbhísí dlí

- 106.** (1) Aon chleachtas ildisciplíneach a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar—
- (a) tabharfaidh sé fógra don Údarás, de réir *fho-alt (3)*, faoin méid sin, agus
 - (b) ní sholáthróidh sé na seirbhísí sin go dtí go mbeidh *mír (a)* comhlíonta aige.
- (2) Aon chleachtas ildisciplíneach a scoirfidh de sheirbhísí dlí a sholáthar—
- (a) tabharfaidh sé fógra don Údarás de réir *fho-alt (3)* faoin méid sin, agus
 - (b) tar éis dó *mír (a)* a chomhlíonadh, ní sholáthróidh sé seirbhísí dlí gan fógra breise faoi *fho-alt (1)* a thabhairt don Údarás.

- (3) Is i scríbhinn a bheidh fógra faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, agus beidh sé i cibé foirm agus faoi réir cibé táille (más ann) a bheidh forordaithe.

Comhpháirtithe i gcleachtas ildisciplíneach

107. (1) Beidh gach comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith a chuid nó a cuid gníomhartha nó neamhghníomhartha, i leith ghníomhartha nó neamhghníomhartha na gcomhpháirtithe eile agus i leith ghníomhartha nó neamhghníomhartha fhostaithe na comhpháirtíochta.
- (2) Féadfaidh comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach táillí nó ioncam eile a eascraíonn as an gcleachtas do sholáthar seirbhísí a roinnt le comhpháirtí eile sa chleachtas ildisciplíneach sin, is cuma—
- (a) an dlí-chleachtóirí ceachtar den dá chomhpháirtí nó iad araon, nó
- (b) an seirbhísí dlí nó seirbhísí seachas seirbhísí dlí iad na seirbhísí lena mbaineann.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh duine a bheith ina chomhpháirtí nó ina comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach d’ainneoin nach soláthraíonn sé nó sí seirbhísí dlí nó seirbhísí seachas seirbhísí dlí.
- (4) Faoi réir *fho-alt (5)*, ní bheidh aon duine díobh seo a leanas ina chomhpháirtí nó ina comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach:
- (a) aon duine a mbeidh ordú faoi *alt 85(7)(c)* déanta ag an Ard-Chúirt ina leith go dtuirmeascfar air nó uirthi seirbhísí dlí a sholáthar ar shlí seachas mar fhostaí;
- (b) ar feadh na tréimhse a bheidh sonraithe san ordú, duine a mbeidh ordú faoi *alt 85(7)(d)* déanta ag an Ard-Chúirt ina leith go bhfionrófar é ó í ó chleachtadh mar dhlí-chleachtóir mura rud é, i gcás duine ar chomhpháirtí é nó í i gcleachtas ildisciplíneach an tráth a rinneadh an t-ordú, go gceadófar go sainráite dó nó di leis an ordú leanúint de bheith ina chomhpháirtí nó ina comhpháirtí sa chleachtas ildisciplíneach sin;
- (c) aon duine a mbeidh ordú faoi *mhír (e)* nó *(f) d’alt 85(7)* déanta ag an Ard-Chúirt ina leith go scriosfar a ainm nó a hainm de rolla na n-abhcóidí cleachtacha nó de rolla na n-aturnaetha;
- (d) aon duine ar duine neamhcháilithe é nó í;
- (e) aon duine, tar éis dó nó di a bheith ina abhcóide nó ina habhcóide cáilithe, a bheidh díbharraithe (seachas duine a chuir faoi deara é féin nó í féin a dhíbharrú d’fhonn bheith glactha mar *aturnae*);
- (f) aon duine, is *aturnae* i ndlínse eile, nach *aturnae* atá cáilithe chun cleachtadh sa dlínse sin de dheasca smachtbhanna atá comhionann le smachtbhanna a shonraítear i *bhfo-alt (9)* a bheith forchurtha air nó uirthi de réir dhlí na dlínse sin;
- (g) aon duine, tar éis dó nó di a bheith ina abhcóide nó ina habhcóide i ndlínse eile, a bheidh díbharraithe de réir dhlí na dlínse sin;
- (h) aon duine—

- (i) a mbeidh dearbhú faoi alt 819 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, déanta ina choinne nó ina coinne nó a mheasfar a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin, nó
- (ii) a bheidh faoi réir, nó a mheasfar a bheith faoi réir, ordú dícháilíochta, de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, cibé acu de bhua na Caibidle sin nó aon fhorálacha eile den Acht sin;
- (i) aon duine a bheidh ciontaithe ar díotáil i gcion;
- (j) aon duine a bheidh ciontaithe i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht nó sárú iontaoibhe;
- (k) aon duine a bheidh ciontaithe i gcion lena ngabhann sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta (iad araon de réir bhrí an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010);
- (l) aon duine is féimheach neamhurscaoilte sa dlínse seo nó i ndlínse eile;
- (m) aon duine a bheidh ciontaithe lasmuigh den Stát i gcion arb éard atá ann gníomhartha nó neamhghníomhartha ba chion, dá mba sa Stát a rinneadh iad, ab intriallta ar díotáil,
- (n) aon duine a bheidh dícháilithe faoi dhlí stáit eile (cibé acu de bhun ordú ó bhreitheamh nó ó bhinse nó ar shlí eile) chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corpraithe nó ar ghnóthas.
- (5) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas chuici a bheith déanta ag duine lena mbaineann *fo-alt (4)* (seachas *míreanna (a)* go *(c)* den *fho-alt* sin), ordú a dheonú don duine lena gceadaítear dó nó di a bheith ina chomhpháirtí nó ina comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach i gcás gurb é a tuairim go bhfuil sé réasúnach agus comhréireach déanamh amhlaidh, ag féachaint d’imthosca an duine, lena n-áirítear na himthosca ba bhun le feidhm a bheith ag *fo-alt (4)* maidir leis nó léi.
- (6) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (4)*, agus nach bhfuil ina ábhar nó ina hábhar d’ordú faoi *fho-alt (5)*, déanann sé nó sí cion.
- (7) Aon duine a dhéanfaidh cion faoi *fho-alt (6)*, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (8) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní lena gceadaítear infheistíocht i gcleachtas ildisciplíneach ag duine seachas pearsa aonair.
- (9) San alt seo, ciallaíonn “duine neamhcháilithe” aturnae nach aturnae atá cáilithe chun cleachtadh, de réir bhrí Acht 1954, de bhíthin—
 - (a) gur scriosadh a ainm nó a hainm de rolla na n-aturnaetha,
 - (b) go bhfuil sé nó sí ar fionraí ó chleachtadh,
 - (c) gur diúltaíodh deimhniú cleachta a eisiúint chuige nó chuici faoi alt 49 den Acht sin,

- (d) gur cuireadh a dheimhniú nó a deimhniú cleachta ar fionraí faoi alt 58 d'Acht 1994, nó
- (e) gur thug sé nó sí gealltanais don Ard-Chúirt gan cleachtadh mar atur nae.

Dlí-chleachtóir bainistíochta

108. (1) Beidh ag cleachtas ildisciplíneach dlí-chleachtóir amháin ar a laghad (dá ngairtear an “dlí-chleachtóir bainistíochta” sa Chuid seo) is comhpháirtí sa chleachtas ildisciplíneach agus a bheidh freagrach as an soláthar seirbhísí dlí ag an gcleachtas a bhainistiú agus a mhaoirsiú.
- (2) I gcás go mainníonn cleachtas ildisciplíneach *fo-alt (1)* a chomhlíonadh ar feadh tréimhse 7 lá nó níos faide—
- (a) cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás, agus
 - (b) scoirfidh sé de sheirbhísí dlí a sholáthar go dtí go gceapfar dlí-chleachtóir bainistíochta faoi *fho-alt (1)*.
- (3) Cinnteoidh an dlí-chleachtóir bainistíochta go ndéanfar an cleachtas ildisciplíneach a bhainistiú ionas go gcinnteofar, maidir leis an soláthar seirbhísí dlí ag an gcleachtas—
- (a) go bhfuil sé de réir cheanglais an Achta seo agus rialacháin arna ndéanamh faoi agus faoi aon achtacháin nó riail dlí eile is infheidhme, agus
 - (b) go gcloíonn sé leis na prionsabail ghairmiúla a shonraítear in *alt 13(5)*.
- (4) I gcás go bhfuil cúis ag dlí-chleachtóir bainistíochta chun a chreidiúint go bhfuil seirbhísí dlí á soláthar ag an gcleachtas ildisciplíneach, nó gur dócha go soláthróidh sé seirbhísí dlí, ar mhodh nach gcomhlíonann *mír (a)* nó *(b) d'fho-alt (3)*, nó i gcás go mbeadh sé réasúnach don dlí-chleachtóir bainistíochta creidiúint amhlaidh, déanfaidh sé nó sí, laistigh de thréimhse 14 lá, gach gníomh réasúnach atá ar fáil aige nó aici—
- (a) chun a chinntiú go gcomhlíonfar na míreanna sin, agus
 - (b) chun aon mhainneachtainí maidir le comhlíonadh na míreanna sin a leigheas.
- (5) I gcás go mainníonn dlí-chleachtóir bainistíochta, laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*—
- (a) de réir *mhír (a)* den *fho-alt* sin, comhlíonadh dá dtagraítear sa *mhír* sin a chinntiú, nó
 - (b) aon mhainneachtainí a leigheas de réir *mhír (b)* den *fho-alt* sin,
- déanfaidh sé nó sí, laistigh de 7 lá ó dheireadh na tréimhse sin, an mhainneachtain sin a chur in iúl don Údarás.
- (6) Aon dlí-chleachtóir bainistíochta a mhainníonn fógra a thabhairt don Údarás de réir *fho-alt (5)*, déanann sé nó sí cion.

- (7) Aon duine a dhéanann cion faoi *fho-alt (6)*, dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide nó 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Oibleagáidí dlí-chleachtóirí i gcleachtas ildisciplíneach

109. Níl aon ní sa Chuid seo—

- (a) a fhorléireofar mar ní lena gcoiscfeair cinneadh a dhéanamh maidir le gníomh nó neamhghníomh ar thaobh dlí-chleachtóir is comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó is fostaí de chleachtas ildisciplíneach ar sárú é ar an gCuid seo gur mí-iompar faoi *alt 50* é freisin, nó
- (b) a mhaolódh oibleagáidí, dliteanais nó pribhléidí dlí-chleachtóra den sórt sin faoin Acht seo nó faoi aon achtachán nó riail dlí eile.

Oibriú cleachtais ildisciplínigh

110. (1) Beidh nósanna imeachta scríofa ar bun ag cleachtas ildisciplíneach, a mbeidh comhpháirtithe agus fostaíthe uile an chleachtais faoina réir, agus—

- (a) a chinnteoidh go soláthróidh an cleachtas seirbhísí dlí ar mhodh a chomhlíonfaidh *míreanna (a)* agus *(b) d'alt 108(3)*, agus
 - (b) a éascóidh don dlí-chleachtóir bainistíochta a chuid nó a cuid oibleagáidí faoin Acht seo a chomhlíonadh.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, maidir le nósanna imeachta dá dtagraítear san *fho-alt* sin—
- (a) forálfar leo go bhfuil oibleagáid ar chomhpháirtithe agus ar fhostaithe an chleachtais ildisciplínigh lena mbaineann na nithe seo a leanas a chomhlíonadh—
 - (i) cibé ordacháin ón dlí-chleachtóir bainistíochta is dóigh leis nó léi is gá a eisiúint ionas go gcomhlíonfaidh sé nó sí a chuid nó a cuid oibleagáidí faoin Acht seo, agus
 - (ii) *fo-alt (3)*,
 agus
 - (b) áireofar iontu cibé nósanna imeachta a shonrófar i rialacháin faoi *alt 116*.
- (3) Ní chuirfidh duine faoi deara do dhlí-chleachtóir, ná ní aslóidh duine dlí-chleachtóir, is comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó is fostaí de chleachtas ildisciplíneach seirbhísí dlí a sholáthar ar mhodh nach gcomhlíonfaidh *míreanna (a)* nó *(b) d'alt 108(3)*.
- (4) Cinnteoidh dlí-chleachtóir bainistíochta cleachtais ildisciplínigh—
- (a) go ndéanfaidh an cleachtas ildisciplíneach taifid chuntasaíochta ar leithligh a chothabháil—
 - (i) i leith na seirbhísí dlí a sholáthraíonn sé, agus

- (ii) i leith na seirbhísí seachas seirbhísí dlí a sholáthraíonn sé,
- (b) go ndéanfar aon airgead arna fháil, arna shealbhú, arna rialú nó arna íoc, ag dlí-chleachtóir is comhpháirtí sa chleachtas ildisciplíneach nó is fostaí den chleachtas ildisciplíneach agus a eascróidh as soláthar seirbhísí dlí ag an gcleachtas, a shealbhú i gcuntas bainc ar leithligh ó airgead a gheobhaidh, a shealbhóidh, nó a rialóidh an cleachtas ar shlí eile, agus
- (c) go sealbhófar táillí nó ioncam eile a eascróidh as soláthar seirbhísí dlí ag an gcleachtas i gcuntas bainc ar leithligh ó tháillí nó ó ioncam eile a eascróidh as an gcleachtas do sholáthar seirbhísí seachas seirbhísí dlí.
- (5) Ní dhéanfaidh dlí-chleachtóir is páirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó is fostaí de chleachtas ildisciplíneach, le linn dó nó dí seirbhísí dlí a sholáthar do chliant, gnóthaí an chliant a nochtadh do chomhpháirtí nó d'fhostaí den chleachtas nach bhfuil ag gabháil freisin do sheirbhísí dlí a sholáthar don chliant sin, gan toiliú sainráite an chliant lena mbaineann.
- (6) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo mar ní a dhéanfaidh difear d'aon teidlíocht de chuid duine faoi achtachán nó rialí dlí chun cleachtas ildisciplíneach a iniúchadh nó chun faisnéis a fháil ó chomhpháirtí i gcleachtas den sórt sin nó ó fhostaí de chleachtas den sórt sin i ndáil leis an gcleachtas do sholáthar seirbhísí seachas seirbhísí dlí.
- (7) Ní fhorléireofar *fo-alt (6)* mar ní a cheadaíonn do dhuine dá dtagraítear san *fho-alt* sin faisnéis a bheidh i seilbh dlí-chleachtóra is comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó is fostaí de chleachtas ildisciplíneach a fháil i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin faoi réir pribhléid dhlíthiúil.

Litir maidir le fruiliú

- 111.** Ní dhéanfaidh dlí-chleachtóir is comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó is fostaí de chleachtas ildisciplíneach seirbhísí dlí a sholáthar do chliant de chuid an chleachtais ildisciplínigh mura rud é go soláthróidh sé nó sí fógra i scríbhinn don chliant—
- (a) ina sonrófar na seirbhísí a sholáthróidh an cleachtas ildisciplíneach don chliant,
- (b) ina sonrófar cé acu de na seirbhísí dá dtagraítear i *mír (a)* a sholáthróidh dlí-chleachtóir,
- (c) ina sonrófar cé acu de na seirbhísí dá dtagraítear i *mír (a)* is seirbhísí seachas seirbhísí dlí,
- (d) ina sonrófar cé acu de na seirbhísí (más ann) dá dtagraítear i *mír (a)* is seirbhísí lena mbaineann alt 21 (arna leasú le halt 29 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960, agus
- (e) ina soláthrófar cibé faisnéis bhreise a bheidh forordaithe.

Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag cleachtas ildisciplíneach

- 112.** Ní sholáthróidh cleachtas ildisciplíneach seirbhísí dlí mura mbeidh i bhfeidhm, an tráth a sholáthrófar na seirbhísí sin, polasaí árachais slánaíochta gairmiúla a

chomhlíonfaidh rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* agus *alt 26* d'Acht 1994 (más infheidhme).

Cosaint maidir leis an gCiste Cúitimh faoi alt 21 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960

113. Ní fhorlíreofar aon ní sa Chuid seo mar ní lena leathnaítear oibleagáid an Dlí-Chumainn faoi alt 21(4) (arna leasú le halt 29 den Acht Aturnaetha (Leasú), 1994) den Acht Aturnaetha (Leasú), 1960 chuig cailíteanas arna fhulaingt de dhroim mí-ionracas ar thaobh dlí-chleachtóir is comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dlí nó, de réir mar a bheidh, i gcleachtas ildisciplíneach, nó is fostaí den chéanna, nó ar thaobh aon chléireach nó aon seirbhíseach don dlí-chleachtóir sin ag eascairt as an dlí-chleachtóir sin do sholáthar seirbhísí dlí do chliant, i gcás nach atur nae cleachtach an dlí-chleachtóir sin.

Cumhacht an Údaráis chun bearta a shonrú

- 114.** (1) I gcás gur deimhin leis an Údarás nach bhfuil, nó nach raibh, foráil den Chuid seo nó rialacháin arna ndéanamh fúithi, á comhlíonadh nó á gcomhlíonadh ag an gcleachtas ildisciplíneach nó ag an dlí-chleachtóir bainistíochta lena mbaineann, féadfaidh sé, de réir an ailt seo, ordachán a eisiúint chuig an gcleachtas ildisciplíneach nó chuig an dlí-chleachtóir bainistíochta lena mbaineann cibé bearta a dhéanamh a shonrófar san ordachán.
- (2) Ní eiseoidh an tÚdarás ordachán faoin alt seo mura rud é gur dóigh leis gur gáe chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an cleachtas ildisciplíneach nó an dlí-chleachtóir bainistíochta, de réir mar a bheidh, oibleagáidí an chleachtais ildisciplínigh sin, nó oibleagáidí an dlí-chleachtóra sin, de réir mar a bheidh, faoin gCuid seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh fúithi.
- (3) Féadfar le hordachán faoin alt seo, i gcás go gcinnfear gur sháraigh an cleachtas ildisciplíneach lena mbaineann *alt 108(1)*, a ordú go ndéanfaidh an cleachtas, laistigh de 7 lá ón dáta ar a n-eiseofar an fógra, dlí-chleachtóir bainistíochta a cheapadh.
- (4) I gcás go gcreideann an tÚdarás le réasún go bhfuil sárú déanta ag an gcleachtas ildisciplíneach nó ag an dlí-chleachtóir bainistíochta lena mbaineann ar aon fhoráil eile den Chuid seo nó rialacháin arna ndéanamh fúithi—
- (a) déanfaidh an tÚdarás fógra i scríbhinn a chur chuig an gcleachtas ildisciplíneach nó chuig an dlí-chleachtóir bainistíochta, de réir mar a bheidh—
- (i) ina leagfar amach an méid a chreideann sé agus na cúiseanna atá leis sin,
- (ii) ina leagfar amach na bearta a bheartaíonn sé a ordú don chleachtas ildisciplíneach nó, de réir mar a bheidh, don dlí-chleachtóir bainistíochta a dhéanamh chun go gcomhlíonfaidh an cleachtas ildisciplíneach a oibleagáid nó an dlí-chleachtóir a oibleagáid nó a hoibleagáid, de réir mar a bheidh, faoin bhforáil lena mbaineann,
- (iii) ina n-iarrfar ar an gcleachtas ildisciplíneach nó ar an dlí-chleachtóir bainistíochta, de réir mar a bheidh, tuairimí a thabhairt laistigh de cibé tréimhse réasúnach a shonróidh an tÚdarás san fhógra, maidir leis an gcinneadh nó lena bhfuil beartaithe nó maidir leo araon,

agus

- (b) féadfaidh an tÚdarás, tar éis aon tuairimí a thabharfaidh an cleachtas ildisciplíneach nó an dlí-chleachtóir bainistíochta faoi *mhír (a)(iii)* a bhreithniú, ordachán a eisiúint chuig an gcleachtas ildisciplíneach nó chuig an dlí-chleachtóir bainistíochta, á ordú don chleachtas ildisciplíneach nó don dlí-chleachtóir bainistíochta, de réir mar a bheidh, cibé bearta a dhéanamh, laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordachán, is dóigh leis an Údarás is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an cleachtas ildisciplíneach nó an dlí-chleachtóir bainistíochta, de réir mar a bheidh, an fhoráil lena mbaineann.
- (5) Féadfaidh cleachtas ildisciplíneach nó dlí-chleachtóir bainistíochta, laistigh de 21 lá ón tráth a eisiúint chuige faoin alt seo, achomharc a dhéanamh i gcoinne an ordacháin sin chun na hArd-Chúirte.
- (6) Is iar bhfógra chun an Údaráis a bheidh achomharc faoi *fho-alt (5)*.
- (7) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar achomharc a éisteacht faoin alt seo—
 - (a) an t-ordachán lena mbaineann a dhaingniú, nó
 - (b) i gcás gur dóigh leis go bhfuil an t-ordachán leatromach, míréasúnach nó neamhriachtanach, an t-ordachán a chúlghairm nó a athrú.

Iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú d'fhionraí nó do scor soláthar seirbhísí dlí ag cleachtas ildisciplíneach

- 115.** (1) I gcás go mainníonn cleachtas ildisciplíneach nó, de réir mar a bheidh, dlí-chleachtóir bainistíochta, fógra faoi *alt 114* a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú—
- (a) lena gceanglófar ar an gcleachtas ildisciplíneach nó ar an dlí-chleachtóir bainistíochta an t-ordachán a chomhlíonadh,
 - (b) lena bhfionrófar soláthar seirbhísí dlí ag an gcleachtas ildisciplíneach lena mbaineann, nó
 - (c) lena n-ordófar don chleachtas ildisciplíneach scor de sheirbhísí dlí a sholáthar.
- (2) Is iar bhfógra chun an chleachtas ildisciplínigh agus chun an dlí-chleachtóra bainistíochta lena mbaineann a bheidh iarratas faoi *fho-alt (1)*.
- (3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* a éisteacht, ordú a dhéanamh go ndéanfar an cleachtas ildisciplíneach a fhionraí ó sheirbhísí dlí a sholáthar ar feadh tréimhse shonraithe agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí.
- (4) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* a éisteacht, ordú a dhéanamh—
- (a) go ndéanfar an cleachtas ildisciplíneach a fhionraí ó sheirbhísí dlí a sholáthar ar feadh tréimhse shonraithe agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is dóigh leis an gCúirt is cuí, nó
 - (b) go scoirfidh an cleachtas ildisciplíneach de sheirbhísí dlí a sholáthar.

- (5) Maidir leis an dlínse a dhílsítear don Ard-Chúirt faoin alt seo, is é nó is í Uachtarán na hArd-Chúirte nó, má ordaíonn agus aon uair a ordóidh Uachtarán na hArd-Chúirte amhlaidh, gnáth-bhreitheamh den Ard-Chúirt a bheidh sannta de thuras na huair chuíge sin ag Uachtarán na hArd-Chúirte, a dhéanfaidh í a fheidhmiú.
- (6) Féadfaidh an tÚdarás nó an dlí-chleachtóir lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc i gcoinne ordú ón Ard-Chúirt arna dhéanamh faoin alt seo laistigh de thréimhse 21 lá dar tosach dáta an ordaithe agus, mura rud é go n-ordóidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc a mhalairt, beidh éifeacht leis an ordú ón Ard-Chúirt go dtí go ndéanfar an t-achomharc sin a chinneadh.
- (7) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*, cuirfidh an tÚdarás faoi deara a luaithe is indéanta dá éis sin fógra ina luafar an éifeacht atá leis an gcuid oibritheach den ordú a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus cuirfidh sé faoi deara freisin an fógra a fhoilsiú ar cibé modh eile is dóigh leis an Údarás is cuí.

Rialacháin maidir le hoibriú comhpháirtíochtaí dlí agus cleachtas ildisciplíneach

- 116.** (1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an tÚdarás rialacháin a dhéanamh i ndáil le hoibriú agus le bainistiú—
- (a) comhpháirtíochtaí dlí, agus
 - (b) cleachtas ildisciplíneach.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás—
- (a) ar thosach feidhme *alt 100* nó a luaithe is indéanta dá éis sin, rialacháin faoi *fho-alt (1)(a)*, agus
 - (b) ar thosach feidhme *alt 102* nó a luaithe is indéanta dá éis sin, rialacháin faoi *fho-alt (1)(b)*.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le rialacháin faoin bhfo-alt sin socrú a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) na caighdeáin a bheidh le comhlíonadh le linn don chleachtas seirbhísí dlí a sholáthar do chliant, lena n-áirítear caighdeáin i ndáil leis na nithe seo a leanas:
 - (i) iompar gairmiúil agus eiticiúil daoine a sholáthróidh seirbhísí dlí do chliant;
 - (ii) an oibleagáid atá ar na daoine sin gnóthaí cliant a choinneáil faoi rún;
 - (iii) faisnéis a sholáthar do chliant i ndáil leis na dualgais a bheidh dlite dó nó di den chleachtas,
 - (b) na cearta, dualgais agus freagrachtaí de chuid cleachtais i leith airgead arna fháil ó chliant,
 - (c) bainistiú agus rialú an chleachtais chun an méid seo a leanas a chinntiú:
 - (i) go ndéantar gach tráth na caighdeáin dá dtagraítear i *mír (a)* a chomhlíonadh;

- (ii) go bhfuil córais chuí rialaithe ar bun aige, lena n-áirítear córais i dtaca le bainistiú priacal agus rialú airgeadais;
 - (iii) más rud é, le linn dó seirbhísí a sholáthar, go n-eascraíonn easaontacht leasa nó go bhféadfadh easaontacht leasa eascairt, go ndéileáiltear leis go leordhóthanach agus de réir aon chód iompair nó aon chóid ghairmiúla iomchuí;
 - (iv) go gcomhlíonfar a oibleagáidí faoin Acht seo agus rialacháin arna ndéanamh faoi,
- (d) an cleachtas do chothabháil taifead,
- (e) rialáil ar na hainmneacha a fhéadfaidh cleachtas a úsáid,
- (f) rialáil ar an bhfógraíocht a dhéanfaidh an cleachtas ar a chuid seirbhísí.
- (4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le rialacháin faoi *fho-alt (1) (b)*—
- (a) nósanna imeachta a shonrú a bheidh le háireamh sna nósanna imeachta scríofa dá dtagraítear in *alt 110(1)*, agus
 - (b) socrú a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (i) ansaghas nó na saghsanna cuntas bainc a fhéadfaidh cleachtas ildisciplíneach a oscailt agus a choimeád, agus oscailt agus coimeád na gcuntas sin;
 - (ii) na taifid chuntasaíochta a dhéanfaidh dlí-chleachtóir is comhpháirtí i gcleachtas ildisciplíneach nó is fostaí de chleachtas ildisciplíneach a chothabháil (nó a chur faoi deara iad a chothabháil) ag eascairt as soláthar seirbhísí dlí aige nó aici, lena n-áirítear an tréimhse nó na tréimhsí fosta dá ndéanfaidh dlí-chleachtóir taifid chuntasaíochta a choinneáil le linn na tréimhse ina soláthrófar seirbhísí dlí agus tar éis soláthar seirbhísí dlí a bheith críochnaithe;
 - (iii) dlí-chleachtóir dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)* do choimeád taifid chuntasaíochta ina mbeidh sonraí agus faisnéis i dtaobh airgead arna fháil, arna shealbhú, arna rialú nó arna íoc aige nó aici ag eascairt as soláthar seirbhísí dlí aige nó aici do chliant nó ar cuntas cliaint nó d'aon duine eile nó ar cuntas aon duine eile nó dó féin nó di féin nó ar a chuntas féin nó ar a cuntas féin.
- (5) Le linn rialacháin a dhéanamh faoin gCuid seo, beidh aird ag an Údarás ar na cuspóirí a shonraítear in *alt 13(4)* agus ar an méid seo a leanas:
- (a) an gá atá ann a chinntiú go bhfuil soláthar seirbhísí dlí ag cleachtas dá chliant de chaighdeán a bhfuil sé réasúnach a bheith ag súil leis ó dhlí-chleachtóir le linn na seirbhísí sin a sholáthar;
 - (b) an gá atá ann a chinntiú go ndéanfar cleachtas a oibriú nó a bhainistiú ar shlí lena gcinnteofar go bhfuil aird dhóthanach ag dlí-chleachtóir is comhpháirtí sa chleachtas sin nó is fostaí den chleachtas sin, le linn dó nó di seirbhísí dlí a sholáthar, ar na nithe seo a leanas—

- (i) na cóid chleachtais agus na cóid ghairmiúla is infheidhme maidir leis nó léi, agus
 - (ii) na prionsabail ghairmiúla a shonraítear in *alt 13(5)*;
 - (c) an gá atá ann a chinntiú go ndéanfar leasanna cliant de chuid cleachtas a chosaint agus na dualgais atá dlite dóibh de chleachtais a chomhlíonadh agus, go háirithe, nach gcuirfidh gníomhaíochtaí cleachtais leasanna cliant i mbaol nó nach mbeidh siad ina gcúis le baol d'airgead a gheobhaidh sé ó chliant;
 - (d) an gá atá ann, i gcás cleachtas ildisciplíneach, a chinntiú nach mbeidh d'éifeacht le soláthar seirbhísí seachas seirbhísí dlí aige go n-ísleofar an caighdeán dá dtagraítear i *mír (a)* nó an aird a bheidh ag dlí-chleachtóirí dá dtagraítear i *mír (b)* ar na nithe a shonraítear sa mhír sin;
 - (e) an gá atá ann a chinntiú go ndéanfar muinín an phobail i gcleachtais a chothabháil.
- (6) I *bhfo-ailt (3)* agus *(5)*, ciallaíonn “cleachtas” comhpháirtíocht dlí nó cleachtas ildisciplíneach.

Cothabháil an tÚdarás clár de chomhpháirtíochtaí dlí agus de chleachtais ildisciplíneacha

117. (1) Cothabháil an tÚdarás clár—

- (a) de chomhpháirtíochtaí dlí a mbeidh fógraí tugtha acu dó de réir *alt 104(1)(a)*, agus
 - (b) de chleachtais ildisciplíneacha a mbeidh fógra tugtha acu dó de réir *alt 106(1)(a)*.
- (2) I gcás go dtabharfaidh comhpháirtíocht dlí nó cleachtas ildisciplíneach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* fógra don Údarás de réir *alt 104(2)(a)* nó *106(2)(a)*, de réir mar a bheidh, bainfidh an tÚdarás ainm na comhpháirtíochta dlí sin nó an chleachtais ildisciplínigh sin den chlár dá dtagraítear san fho-alt sin.
- (3) Déanfaidh an tÚdarás an clár dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur ar fáil i bhformáid chuí do dhaoine den phobal lena iniúchadh saor in aisce.

Comhchomhairliúchán poiblí maidir le hoibriú etc., comhpháirtíochtaí dlí

118.(1) Maidir leis an Údarás—

- (a) díreach tar éis a bhunaithe, gabhfaidh sé, agus
 - (b) go tréimhsiúil dá éis sin, féadfaidh sé gabháil,
- do phróiseas comhchomhairliúcháin poiblí i ndáil le rialáil comhpháirtíochtaí dlí, le faireachán orthu agus lena n-oibriú.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás a chomhchomhairliúchán tosaigh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* a sheoladh agus tuarascáil a thabhairt don Aire laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis a bhunaithe.
- (3) Tar éis aon chomhchomhairliúchán arna sheoladh faoi *fho-alt (1)*, agus ag féachaint d'aon aighneachtaí a bheidh faighte go cuí, ullmhóidh an tÚdarás tuarascáil

don Aire ina leagfar amach aon mholtaí i ndáil leis na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (1)*.

- (4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna d'aon tuarascáil den sórt sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 30 lá tar éis dó nó di í a fháil.

Tuarascáil maidir le hoibriú etc., cleachtas ildisciplíneach

119.(1) Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an lae bhunaithe, tuarascáil (“an tuarascáil tosaigh”) a thabhairt don Aire i ndáil le bunú agus rialáil cleachtas ildisciplíneach, le faireachán orthu agus lena n-oibriú agus lena dtionchar sa Stát.

- (2) Beidh faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas sa tuarascáil tosaigh—
- (a) oibriú cleachtas dá samhail i ndlínsí eile, lena n-áirítear—
 - (i) an fad ama atá cleachtais den sórt sin ag oibriú,
 - (ii) na bearta reachtaíochta agus rialaitheacha i ndáil le cleachtas den sórt sin atá ar bun sna dlínsí lena mbaineann, agus éifeacht na mbeart sin, agus
 - (iii) tionchar oibriú na geleachtas ar na nithe dá dtagraítear i *mír (d)*,
 - (b) na hiarmhairtí, lena n-áirítear na hathruithe ar oibriú múnlaí láithreacha cleachtais dlí sa Stát, is dócha a ghabhfadh le hoibriú cleachtas ildisciplíneach sa Stát,
 - (c) an tionchar is dócha a bheadh ag oibriú cleachtas ildisciplíneach sa Stát—
 - (i) ar chostais dlí,
 - (ii) ar sholáthar seirbhísí dlí do thomhaltóirí, agus
 - (iii) ar rochtain ag daoine ar dhlí-chleachtóirí,agus
 - (d) an éifeacht is dócha a bheadh ag oibriú cleachtas ildisciplíneach sa Stát ar ghnóthú na gcuspóirí a shonraítear in *alt 13(4)*.
- (3) Gabhfaidh an tÚdarás do phróiseas comhchomhairliúcháin phoiblí i ndáil leis na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (1)* agus, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an tuarascáil tosaigh a thabhairt don Aire, tabharfaidh sé tuarascáil (“an tuarascáil chríochnaitheach”) don Aire ar na nithe sin.
- (4) Maidir leis an tuarascáil chríochnaitheach—
- (a) tabharfar aird inti ar an bhfaisnéis atá sa tuarascáil tosaigh, agus ar aon aighneachtaí a gheofar i gcúrsa an chomhchomhairliúcháin phoiblí faoi *fho-alt (3)*, agus
 - (b) leagfar amach inti moltaí an Údaráis i ndáil le bunú agus rialáil cleachtas ildisciplíneach, le faireachán orthu agus lena n-oibriú sa Stát.

- (5) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil tosaigh agus den tuarascáil chríochnaitheach a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 30 lá tar éis dó nó di í a fháil.

Comhchomhairliúchán poiblí maidir le saincheisteanna áirithe a bhaineann le habhcóidí

120.(1) Gabhfaidh an tÚdarás do phróiseas comhchomhairliúcháin phoiblí maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) a mhéid, más ann, ba chóir an srian le dlí-chleachtóirí, seachas aturnaetha, do shealbhú airgead cliant, mar a fhoráiltear faoi *alt 45*, a choinneáil,
- (b) srianta maidir le habhcóide d'fháil teagasc i ní cointinneach, go díreach ó dhuine nach atur nae, a choinneáil nó a bhaint agus na hathchóirithe, cibé acu is athchóirithe riaracháin, athchóirithe reachtúla nó athchóirithe ar chóid ghairmiúla láithreacha, is gá a dhéanamh i gcás go gcoinneofar na srianta nó, de réir mar a bheidh, go mbainfear iad, agus
- (c) na himthosca ina bhféadfaidh, agus an modh ar a bhféadfaidh, abhcóide airgead cliant a shealbhú agus na sásraí a bheidh le cur chun feidhme chun airgead cliant a fhéadfar a shealbhú amhlaidh a chosaint.
- (2) Cuirfear an próiseas comhchomhairliúcháin phoiblí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i gcrích ar an modh seo a leanas:
- (a) iarrfaidh an tÚdarás ar dhaoine den phobal aighneachtaí a dhéanamh, laistigh de teorainn ama shonraithe, maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, i gcás go ndéanfar an iarraidh sin trí fhógra á rá sin a bheidh foilsithe i nuachtán a scaiptear sa Stát agus ar an idirlíon;
- (b) féadfaidh an tÚdarás, i gcás gur dóigh leis gur cuí déanamh amhlaidh, dul i gcomhairle le cibé comhlachtaí, lena n-áirítear comhlachtaí agus daoine gairmiúla, i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*;
- (c) déanfaidh an tÚdarás, díreach tar éis don teorainn ama dá dtagraítear i *mír (a)* a bheith caite, agus ag féachaint do na haighneachtaí a bheidh faighte go cuí faoin mír sin agus d'aon chomhchomhairliúchán a bheidh déanta faoi *mhír (b)*, tuarascáil a ullmhú don Aire ina leagfar amach moltaí an Údaráis i ndáil leis na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (1)*;
- (d) déanfar an tuarascáil dá dtagraítear i *mír (c)* a chríochnú agus a chur faoi bhráid an Aire laistigh de 12 mhí ón lá bunaithe.
- (3) (a) Aon tráth roimh an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)* a chríochnú, déanfaidh an tÚdarás, ar iarraidh a fháil ón Aire, agus féadfaidh sé, ar a thionscnamh féin, tuarascáil eatramhach a ullmhú don Aire.
- (b) Féadfar tagairt a bheith i dtuarascáil eatramhach dá dtagraítear i *mír (a)* do dhul chun cinn ginearálta an phróisis comhchomhairliúcháin phoiblí agus tagrófar inti—

- (i) i gcás gur iarr an tAire an tuarascáil eatramhach, do cibé nithe a bheidh iarrtha ag an Aire sa tuarascáil, nó
- (ii) i gcás gur ar thionscnamh an Údaráis a ullmhaítear an tuarascáil eatramhach, do cibé nithe is dóigh leis an Údarás is cuí,

agus féadfaidh moltaí i leith na nithe sin a bheith sa tuarascáil eatramhach.

- (4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)* nó, de réir mar a bheidh, i *bhfo-alt (3)*, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 30 lá tar éis dó nó di í a fháil.

Athbhreithniú ar oibriú na Coda seo

121. (1) Déanfaidh an tÚdarás—

- (a) tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis thosach feidhme *alt 100*, agus gach 5 bliana dá éis sin, tús a chur le hathbhreithniú ar oibriú na Coda seo, a mhéid a bhaineann sé le comhpháirtíochtaí dlí, agus
 - (b) tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis tús a chur leis an athbhreithniú dá dtagraítear i *mír (a)*, tuarascáil a thabhairt don Aire maidir lena chinntí agus lena thátail de thoradh an athbhreithnithe sin.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás—
- (a) tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis thosach feidhme *alt 102*, agus gach 5 bliana dá éis sin, tús a chur le hathbhreithniú ar oibriú na Coda seo, a mhéid a bhaineann sé le cleachtais ildisciplíneacha, agus
 - (b) tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis tús a chur leis an athbhreithniú dá dtagraítear i *mír (a)*, tuarascáil a thabhairt don Aire maidir lena chinntí agus lena thátail de thoradh an athbhreithnithe sin.
- (3) Féadfaidh cibé moltaí a bheith i dtuarascáil faoi *fho-alt (1)(b)* nó *(2)(b)* (lena n-áirítear moltaí maidir le haon fhoráil den Chuid seo is ábhar don athbhreithniú a leasú) is dóigh leis an Údarás is gá.
 - (4) Cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna d'aon tuarascáil faoi *fho-alt (1)(b)* nó *(2)(b)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de 30 lá tar éis dó nó di í a fháil.

CAIBIDIL 3

Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

Comhpháirtíocht dliteanais theoranta agus cóid ghairmiúla

- 122. Ní choiscfidh ná ní shrianfaidh comhlacht gairmiúil, trína chód gairmiúil nó ar shlí eile, dlí-chleachtóir is comhalta den chomhlacht sin ar obair a dhéanamh, nó ar ghnó a dhéanamh ar shlí eile, le dlí-chleachtóir a sholáthraíonn seirbhísí dlí mar chomhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta nó mar fhostaí de chomhpháirtíocht dliteanais theoranta.

Dliteanas comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta

123. (1) Ní bheidh comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta, de bhíthin amháin gur comhpháirtí é nó í nó go dtugtar le fios gur comhpháirtí é nó í sa chomhpháirtíocht sin, faoi dhliteanas pearsanta go díreach nó go neamhdhíreach, ar mhodh ranníoca nó ar shlí eile, i leith aon fhiacha, oibleagáidí nó dliteanais a eascróidh i gconradh, i dtort nó ar shlí eile—
- (a) de chuid na comhpháirtíochta dliteanais theoranta,
 - (b) dá chuid féin nó dá cuid féin,
 - (c) de chuid aon chomhpháirtí eile sa chomhpháirtíocht dliteanais theoranta sin, nó
 - (d) de chuid aon fhostaí, gníomhaire nó ionadaí de chuid na comhpháirtíochta dliteanais theoranta sin.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta—
- (a) a mhéid a thabhaítear an fiach, an oibleagáid nó an dliteanas dá dtagraítear san fho-alt sin mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh de chuid an chomhpháirtí lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, agus
 - (b) a mhéid, maidir leis an ngníomh nó an neamhghníomh sin—
 - (i) b'ábhar é do chinneadh go raibh mí-iompar ann faoi *Chuid 6*, nó
 - (ii) ba chion é ar ciontaíodh an comhpháirtí ann.
- (3) Ní dhéanann *fo-alt (1)* difear do dhliteanas comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta i leith fiach, oibleagáid nó dliteanas a thabhaigh an comhpháirtí sin chun críche nach mbaineann le gnó na comhpháirtíochta dliteanais theoranta a sheoladh.
- (4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta a mhéid a bhaineann an fiach nó an oibleagáid dá dtagraítear san fho-alt sin le haon cháin (de réir bhrí alt 960A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997).
- (5) Ní dhéanann *fo-alt (1)* difear do dhliteanas pearsanta comhpháirtí i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta i leith aon fhiach, oibleagáid nó dliteanas dá dtagraítear san fho-alt sin i gcás gur tabhaíodh an fiach, an oibleagáid nó an dliteanas mar gheall ar ghníomh nó neamhghníomh de chuid an chomhpháirtí a tharla roimh dháta an údaraithe chun oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta ar tugadh fógra ina thaobh faoi *alt 125(6)*.
- (6) Beidh feidhm ag an *Partnership Act*, 1890, maidir le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a mhéid nach bhfuil sé ar neamhréir leis an gCaibidil seo.

Maoin de chuid comhpháirtíochta

124. (1) Ní oibreoidh *alt 123* chun forfheidhmiú aon fhéich, oibleagáide nó dliteanais i gcoinne maoin de chuid comhpháirtíochta dliteanais theoranta a chosc nó a shrianadh.

- (2) Is tíolacas chun críocha alt 74 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009, agus alt 7 den Acht Féimheachta, 1988, aistriú aon mhaoine de chuid comhpháirtíochta amach as comhúinéireacht cuid de na comhpháirtithe nó na gcomhpháirtithe go léir i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta chun sochair d’aon duine amháin nó níos mó de na comhpháirtithe sin.

Iarratas ar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta

125. (1) Ní oibreoidh gnó iomchuí mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta mura mbeidh sé údaraithe ag an Údarás chun oibriú amhlaidh faoin alt seo.
- (2) Is chuig an Údarás a dhéanfar iarratas ar údarú chun gnó iomchuí a oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta.
- (3) Beidh iarratas faoi *fho-alt (2)* i cibé foirm agus beidh ag gabháil leis—
- (a) cibé faisnéis, agus
 - (b) cibé táille (más ann),
- a fhorordófar i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 130*.
- (4) Faoi réir *fho-alt (5)*, i gcás go bhfaighidh an tÚdarás iarratas de réir *fho-alt (3)* agus gur deimhin leis an Údarás go bhfuil árachas slánaíochta gairmiúla i bhfeidhm ag an ngnó iomchuí a chomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* i ndáil le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta agus faoi alt 26 d’Acht 1994 (más infheidhme), údaróidh an tÚdarás do ghnó iomchuí oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta.
- (5) Tá údarú faoi *fho-alt (4)* faoi réir an choinníll go mbeidh árachas slánaíochta gairmiúla i bhfeidhm ag an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta a chomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 47* i ndáil le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta agus faoi alt 26 d’Acht 1994 (más infheidhme) gach tráth i leith na comhpháirtíochta sin.
- (6) Is i scríbhinn a bheidh údarú arna thabhairt ag an Údarás faoi *fho-alt (4)* agus beidh éifeacht leis ó cibé dáta a shonrófar san fhógra.
- (7) Déanfaidh comhpháirtíocht dliteanais theoranta, a luaithe is indéanta tar éis an t-údarú faoi *fho-alt (4)* a fháil, fógra a thabhairt dá cliaint agus dá creidiúnaithe á chur in iúl go bhfuil sí ag oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta agus ina leagtar amach an fhaisnéis a bheidh forordaithe i rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 130(2)(c)*.
- (8) Déanfaidh comhpháirtíocht dliteanais theoranta—
- (a) gnó na comhpháirtíochta a sheoladh agus úsáid á baint as ainm dar críoch an abairt “comhpháirtíocht dliteanais theoranta” nó an giorrúchán “CDT”,
 - (b) an t-ainm dá dtagraítear i *mír (a)* a úsáid ar an uile chonradh, sonrasc, ionstraim shoshannta, ordú le haghaidh earraí agus seirbhísí, fógrán, cuireadh chun gnóthaíocht a dhéanamh, suíomh gréasáin nó in aon fhoilseachán eile arna fhoilsiú in aon fhormáid ag an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta nó thar a ceann, agus

- (c) aon oibleagáidí a fhorchuirtear ar chomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh.
- (9) Tabharfaidh an tÚdarás breith faoi *fho-alt (4)* tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dó iarratas a chomhlíonann *fo-alt (3)* a fháil.

Cothabháil an tÚdarás clár de chomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta

- 126.** (1) Déanfaidh an tÚdarás clár (dángairtear an “clár” san alt seo) de chomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a bhunú agus a chothabháil.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás na mionsonraí seo a leanas a thairfeadh sa chlár i ndáil le comhpháirtíocht dliteanais theoranta:
- (a) ainm agus seoladh gach duine de na comhpháirtithe sa chomhpháirtíocht sin;
- (b) ainm iomlán na comhpháirtíochta agus an seoladh ag a seolann an chomhpháirtíocht gnó de ghnáth;
- (c) an dáta a bheidh éifeacht leis an údarú faoi *alt 125(6)*;
- (d) mionsonraí i dtaobh aon ordú faoi *alt 128* lena ndéantar údarú arna eisiúint faoi *alt 125* a fhionraí, an tréimhse ar lena linn a bheidh an fhionraí le hoibriú agus aon choinníollacha a bheidh forchurtha ag an Ard-Chúirt faoin alt sin;
- (e) mionsonraí i dtaobh aon ordú faoi *alt 128* lena gcúlghairtear údarú arna eisiúint faoi *alt 125*.
- (3) Más rud é go bhfuil mionsonra arna thairfeadh sa chlár mícheart, déanfaidh an chomhpháirtíocht dliteanais theoranta lena mbaineann an mionsonra, a luaithe is indéanta tar éis di teacht ar an eolas go bhfuil sé mícheart, an méid sin a chur in iúl don Údarás dá réir sin.
- (4) Ar theacht don Údarás ar an eolas go bhfuil aon mhionsonra arna thairfeadh sa chlár mícheart nó nach bhfuil sé ceart a thuilleadh, déanfaidh sé cibé athruithe ar an gclár sin is dóigh leis is gá.
- (5) Déanfaidh an tÚdarás an dáta óna mbeidh údarú arna chúlghairm faoi *fho-alt (2)* nó faoi *fho-alt (3)* d’*alt 129* a thairfeadh sa chlár.
- (6) Déanfaidh an tÚdarás an clár a chur ar fáil do dhaoine den phobal lena iniúchadh saor in aisce i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis.

Cumhacht an Údarás chun ordachán a eisiúint mar gheall ar mhainneachtain ceanglais reachtúla a chomhlíonadh

- 127.** (1) I gcás go greideann an tÚdarás le réasún go bhfuil *fo-alt (8)* d’*alt 125* á shárú nó sáráithe ag comhpháirtíocht dliteanais theoranta, féadfaidh sé, de réir an ailt seo, ordachán a scríbhinn a thabhairt don chomhpháirtíocht sin cibé gníomhartha a dhéanamh nó staonadh ó cibé gníomhartha a dhéanamh a shonrófar san ordachán.
- (2) I gcás go mbeartaíonn an tÚdarás ordachán a eisiúint faoi *fho-alt (1)*, cuirfidh sé fógra i scríbhinn chuig an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta—

- (a) ina leagfar amach cineál an tsáraithe a chreideann an tÚdarás le réasún atá ag tarlú nó a tharla agus an chúis go gcreideann sé amhlaidh,
 - (b) ina leagfar amach na bearta a bheartaíonn sé a ordú don chomhpháirtíocht dliteanais theoranta lena mbaineann a dhéanamh d'fhonn deireadh a chur leis an sárú sin, agus
 - (c) ina n-iarrfar ar an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta tuairimí a thabhairt laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra i ndáil leis an méid a chreideann an tÚdarás, ar méid é dá dtagraítear i *mír (a)* nó i ndáil leis na bearta a bheartaítear faoi *mhír(b)* nó i ndáil leo araon.
- (3) Féadfaidh an tÚdarás, tar éis dó aon tuairimí arna dtabhairt ag an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta faoi *fho-alt (2)* laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra a bhreithniú, ordachán i scríbhinn a thabhairt don chomhpháirtíocht, á ordú dó cibé bearta a dhéanamh laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordachán, is dóigh leis an Údarás is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an chomhpháirtíocht sin aon cheanglais faoi *alt 125(8)*.
- (4) Féadfaidh comhpháirtíocht dliteanais theoranta, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Údarás ordachán a thabhairt faoin alt seo, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne an ordacháin sin.
- (5) Is iar bhfógra chun an Údarás a bheidh achomharc faoi *fho-alt (4)*.
- (6) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar achomharc a éisteacht faoin alt seo—
- (a) an t-ordachán lena mbaineann a dhaingniú, nó
 - (b) i gcás gur dóigh leis go bhfuil an t-ordachán leatromach, míréasúnach nó neamhriachtanach, an t-ordachán a chúlghairm nó a athrú.

Iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú i leith mainneachtain ordachán faoi *alt 127* a chomhlíonadh

- 128.** (1) I gcás go mainneoidh comhpháirtíocht dliteanais theoranta ordachán faoi *alt 127* a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú—
- (a) lena gceanglófar ar an gcomhpháirtíocht an t-ordachán a chomhlíonadh,
 - (b) lena bhfionrófar an t-údarú arna eisiúint faoi *alt 125*, nó
 - (c) lena gcúlghairfear an t-údarú arna eisiúint chuig an gcomhpháirtíocht sin faoi *alt 125*.
- (2) Is iar bhfógra chun na comhpháirtíochta dliteanais theoranta lena mbaineann a bheidh iarratas faoi *fho-alt (1)*.
- (3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ar ordú faoi *fho-alt (1)* a éisteacht, ordú a dhéanamh—
- (a) lena n-ordófar don chomhpháirtíocht dliteanais theoranta an t-ordachán faoi *alt 127* a chomhlíonadh, nó

- (b) lena gcuirfear an t-ordachán ar ceal.
- (4) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1) (b)* a éisteacht, ordú a dhéanamh lena ndéanfar an t-údarú arna eisiúint faoi *alt 125* chuig an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta lena mbaineann a fhionraí ar feadh cibé tréimhse a shonrófar san ordú agus faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonróidh an Chúirt.
- (5) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ar ordú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(c)* a éisteacht, ordú a dhéanamh—
- (a) lena ndéanfar an t-údarú arna eisiúint faoi *alt 125* chuig an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta lena mbaineann a fhionraí ar feadh cibé tréimhse a shonrófar san ordú agus faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonróidh an Chúirt, nó
- (b) lena gcúlghairfear an t-údarú arna eisiúint faoi *alt 125* chuig an gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta lena mbaineann.
- (6) Maidir leis an dlínse a dhílsítear don Ard-Chúirt faoin alt seo, is é nó is í Uachtarán na hArd-Chúirte nó, má ordaíonn agus aon uair a ordóidh Uachtarán na hArd-Chúirte amhlaidh, gnáth-bhreitheamh den Ard-Chúirt a bheidh sannta de thuras na huair chuige sin, a dhéanfaidh í a fheidhmiú.
- (7) Féadfaidh an tÚdarás nó an chomhpháirtíocht dliteanais theoranta lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc i gcoinne ordú ón Ard-Chúirt arna dhéanamh faoin alt seo tráth nach déanaí ná 21 lá ón dáta a dhéantar an t-ordú agus, mura n-ordóidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Achomhairc a mhalairt, beidh éifeacht le hordú na hArd-Chúirte go dtí go gcinnefar an t-achomharc sin.
- (8) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*, cuirfidh an tÚdarás faoi deara a luaithe is indéanta dá éis sin—
- (a) fógra ina luafar an éifeacht a bheidh leis an ordú a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*, agus
- (b) an fógra sin a fhoilsiú ar cibé modh eile is dóigh leis an Údarás is cuí.

Scor d'oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta

129. (1) I gcás go mbeartaíonn comhpháirtíocht dliteanais theoranta scor d'oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta, tabharfaidh sí fógra i scríbhinn don Údarás i dtaobh a bhfuil beartaithe aici agus i dtaobh an dáta atá beartaithe aici scor d'oibriú amhlaidh.
- (2) Beidh údarú a eiseofar chuig comhpháirtíocht dliteanais theoranta faoi *alt 125* arna chúlghairm ó cibé dáta a shonrófar i bhfógra arna thabhairt don Údarás de réir *fho-alt (1)*.
- (3) Beidh údarú a eiseofar chuig comhpháirtíocht dliteanais theoranta faoi *alt 125* arna chúlghairm ó cibé dáta a scoirfidh an chomhpháirtíocht dliteanais theoranta d'árachas slánaíochta gairmiúla a bheith i bhfeidhm mar a cheanglaítear leis an alt sin.

- (4) Beidh fógra faoi *fho-alt (1)* i cibé foirm agus beidh ag gabháil leis cibé táille (más ann) a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 130*.

Rialacháin maidir le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a oibriú

- 130.** (1) Déanfaidh an tÚdarás rialacháin i ndáil le comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta a oibriú agus a bhainistiú.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) foirm an iarratais ar údarú faoi *alt 125*,
- (b) aon fhaisnéis a bheidh ag gabháil le haon iarratas ar údarú faoi *alt 125*, lena n-áirítear ainm agus seoladh gach duine de na comhpháirtithe sa ghnó iomchuí a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige agus ainm iomlán na comhpháirtíochta agus an seoladh ag a seolann an chomhpháirtíocht gnó de ghnáth,
- (c) an fhaisnéis (lena n-áirítear caighdeán na faisnéise sin) a bheidh le soláthar ag comhpháirtíocht dliteanais theoranta dá cliaint agus dá creidiúnaithe i dtaobh cineál agus éifeacht comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta,
- (d) an fhaisnéis a bheidh le soláthar ag comhpháirtíocht dliteanais theoranta don Údarás chun a chumasú don Údarás a chinntiú go gcomhlíonfaidh an chomhpháirtíocht sin aon cheanglais a fhorchuirfear ar chomhpháirtíochtaí den sórt sin leis an Acht seo nó faoi, agus
- (e) an táille a bheidh ag gabháil le hiarratas faoi *alt 125* nó le fógra faoi *alt 129*.

Dífhéidhmiú alt 3 den Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963

- 131.** Ní bheidh feidhm ag alt 3 den Acht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, maidir le comhpháirtíocht dliteanais theoranta.

Leasú ar alt 27 d’Acht na gCuideachtaí, 2014

- 132.** Leasaítear alt 27 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (3)*:

“(3A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) mar a bhaineann sé le húsáid an fhocail “teoranta”, nó le haon ghiorrúchán ar an bhfocal sin, maidir le comhpháirtíocht dliteanais theoranta (de réir bhrí an *Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*).”.

CUID 9

OIBLEAGÁIDÍ ABHCÓIDÍ CLEACHTACHA

Rolla na n-abhcóidí cleachtacha

- 133.** (1) Déanfaidh an tÚdarás—

- (a) rolla d’abhcóidí cleachtacha (dá ngairtear an “rolla” sa Chuid seo) a bhunú agus a chothabháil, agus
 - (b) laistigh de shé mhí ón dáta tosaigh feidhme, ainm gach duine, agus faisnéis bhreise i leith gach duine, is abhcóide cleachtach ar an dáta tosaigh feidhme, a thairfeadh ar an rolla.
- (2) Déanfaidh an tÚdarás cóip den rolla a chur ar fáil ag a phríomhoifig le linn gnáthuaireanta oibre do dhaoine den phobal lena hiniúchadh saor in aisce.
- (3) Má choimeádtar an rolla i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm neamhscríofa eile, féadfaidh an tÚdarás a oibleagáid faoi *fho-alt (2)* a chomhlíonadh trína chur ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin.
- (4) Maidir le tairfead ar an rolla, i leith gach abhcóide chleachtaigh—
- (a) beidh cibé faisnéis a cheanglaítear leis an gCuid seo ann,
 - (b) beidh cibé faisnéis bhreise a fhorordófar faoi *fho-alt (5)* ann,
 - (c) sonrófar ann an comhalta den Leabharlann Dlí é nó í, agus
 - (d) sonrófar ann an bhfuil sé nó sí i seirbhís lánaimseartha an Stáit.
- (5) Féadfaidh an tÚdarás, ag féachaint do na cuspóirí a shonraítear in *alt 13(4)*, faisnéis bhreise a fhorordú i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla agus réimsí saineolais an abhcóide chleachtaigh lena mbaineann a bheidh i dtairfead ar an rolla.
- (6) Sa Chuid seo—
- ciallaíonn “faisnéis bhreise”, i ndáil le habhcóide cleachtach, an fhaisnéis bhreise a bhaineann leis nó léi agus a fhorordófar faoi *fho-alt (5)*;
 - ciallaíonn “dáta tosaigh feidhme” an dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh.

Ainm a thairfeadh ar an rolla

134. (1) Aon duine a bheidh glaoite chun Barra na hÉireann agus a bheartaíonn seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide, déanfaidh sé nó sí iarratas chun an Údaráis chun a ainm nó a hainm, agus faisnéis bhreise a bhaineann leis nó léi, a thairfeadh ar an rolla, agus déanfaidh an tÚdarás, ar bheith deimhin dó gur abhcóide cáilithe an duine, ainm an duine sin agus an fhaisnéis bhreise lena mbaineann a thairfeadh ar an rolla.
- (2) Beidh iarratas faoi *fho-alt (1)* i cibé foirm a fhorordófar.

Tairfead ar an rolla a athrú

135. (1) Bainfidh an tÚdarás ainm duine den rolla—
- (a) i gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *alt 85(7)(e)* go scriosfar ainm an duine sin den rolla,
 - (b) i gcás go mbeidh feidhm ag *alt 96(3)* maidir leis an duine sin,
 - (c) ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (3)* ón duine lena mbaineann,

- (d) ar an duine sin d'fháil bháis, i gcás go mbeidh cóip dheimhnithe, dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, den taifead i gclár na mbásanna a bhaineann leis an duine sin faighte ag an Údarás.
- (2) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *alt 85(7)(d)* go ndéanfar abhcóide cleachtach a fhionraí ó chleachtadh mar dhlí-chleachtóir, déanfaidh an tÚdarás, ar feadh na tréimhse a shonrófar san ordú, taifead a chothabháil ar an rolla ar na nithe seo a leanas—
- (a) an fhionraí sin, agus
- (b) aon téarmaí agus coinníollacha a shonrófar san ordú a bhfuil an fhionraí faoina réir.
- (3) Féadfaidh duine, a mbeidh a ainm nó a hainm taifeadta ar an rolla, agus nach mian leis nó léi seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach a thuilleadh, iarratas a dhéanamh chun an Údarás chun a ainm nó a hainm a bhaint den rolla.
- (4) I gcás go ndéanfaidh cláraitheoir básanna de réir bhrí an Achta um Chlárú Sibhialta, 2004, bás duine a bhfuil a ainm nó a hainm ar an rolla a chlárú i gclár na mbásanna (de réir bhrí Chuid 5 den Acht sin), déanfaidh an cláraitheoir, a luaithe is indéanta, cóip dheimhnithe den taifead i gclár na mbásanna a chur leis an bpost chuig an Údarás, agus féadfaidh sé nó sí costas an deimhnithe agus an costas a bhain lena chur a ghearradh ar an Údarás mar chaiteachas a ghabhann lena oifig nó lena hoifig mar chláraitheoir básanna.
- (5) I gcás go mbainfidh an tÚdarás ainm duine den rolla faoin alt seo, déanfaidh sé aon fhaisnéis ina leith a shonraítear in *alt 133(4)* agus atá sa taifead lena mbaineann a bhaint den rolla freisin.

Toirmeasc ar dhuine neamhcháilithe do sholáthar seirbhísí dlí mar abhcóide cleachtach

- 136.** (1) Faoi réir *fo-alt (5)*, ní dhéanfaidh duine neamhcháilithe seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach.
- (2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí, gan dochar d'aon dliteanas nó míchumas eile a mbeidh sé nó sí faoina réir, ciontach i gcion agus dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú ar díotáil, príósúnacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain, nó, de rogha na cúirte, fineáil nach mó ná €30,000 nó an fhíneáil sin agus an phríósúnacht sin araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú go hachomair, príósúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí nó, de rogha na Cúirte, fineáil d'Aicme A nó an fhíneáil sin agus an phríósúnacht sin araon, a chur air nó uirthi.
- (3) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* i ndáil le cúirt bhreithiúnais, beidh sé nó sí ciontach freisin i ndíspeagadh na cúirte sin agus beidh sé nó sí inphionóis dá réir sin.
- (4) San alt seo, ciallaíonn “duine neamhcháilithe” duine—
- (a) nach abhcóide cáilithe é nó í,

- (b) d’ainneoin gur abhcóide cáilithe é nó í, nach duine é nó í a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha, nó
 - (c) nach aturnae cleachtach é nó í.
- (5) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*, le linn na tréimhse dá dtagraítear sa mhír sin, maidir le habhcóide cleachtach lena mbaineann *mír (b)d’alt 133(1)*.

Toirmeasc ar dhuine do ligean air nó uirthi gur abhcóide cáilithe é nó í

- 137.** (1) Ní ligfidh duine nach abhcóide cáilithe air féin nó uirthi féin gur abhcóide cáilithe é nó í, ná ní ghlacfaidh ná ní úsáidfídh sé nó sí aon ainm, teideal, fuilleamh ná tuairisc ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon uirioll ná éileamh a thabharfaidh le tuiscint gur abhcóide cáilithe é nó í.
- (2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’Aicme A a chur air nó uirthi.

CUID 10

COSTAIS DLÍ

CAIBIDIL 1

Léiriú

Léiriú (Cuid 10)

138. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “iarratas” iarratas ar chostais dlí a bhreithniú faoi *alt 154*;

ciallaíonn “bille costas” doiciméad ina leagtar amach méid na gcostas dlí is innhuirearaithe ar chliant i leith seirbhísí dlí a soláthraíodh dó nó di, arna ullmhú ag dlí-chleachtóir de réir *alt 152* nó, más infheidhme, *alt 154(1)*;

ciallaíonn “Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí” an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí a cheapfar faoi *alt 139(2)*;

ciallaíonn “faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de”—

- (a) faisnéis airgeadais, tráchtála, eolaíochta nó theicniúil, nó faisnéis eile a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go mbeadh de thoradh ar í a nochtadh cailteanas nó gnóchan airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann sí, nó go ndéanfaí dochar do staid iomaíochta an duine sin i seoladh a ghnó nó a gnó nó thairis sin ina shlí bheatha nó ina slí bheatha, nó
- (b) faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do sheoladh nó do thoradh caibidlí conarthacha nó caibidlí eile ag an duine lena mbaineann sí;

ciallaíonn “gnó cointinneach” seirbhísí dlí a sholáthraíonn dlí-chleachtóir chun críocha, nó in oirchill, imeachtaí os comhair cúirte, binse nó comhlacht eile nó os comhair an Bhoird

Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó eadránaí arna cheapadh nó arna ceapadh faoin Acht Eadrána, 2010, nó i dtaca le headráin, le hidirghabháil nó le comhréiteach;

ciallaíonn “eisíocaíocht” táille nó costas (cibé acu atá nó nach bhfuil sí nó sé socraithe le reacht nó rialacha cúirte nó faoi reacht nó rialacha cúirte) is iníoctha le tríú páirtí agus a thabhaíonn dlí-chleachtóir de riachtanas agus de réir réasúin chun go soláthróidh an dlí-chleachtóir sin seirbhísí dlí do chliant, agus folaíonn sé táillí nó costais is iníoctha ag an dlí-chleachtóir le habhcóide nó le finné saineolach, ach ní fholaíonn sé costais ghinearálta arna dtabhú i gcúrsa chleachtadh an dlí-chleachtóra mar dhlí-chleachtóir;

ciallaíonn “achtachán”—

- (a) Acht den Oireachtas,
- (b) reacht a bhí i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh an dáta a tháinig an Bunreacht i ngníomh agus a leanann i bhfeidhm de bhua Airteagal 50 den Bhunreacht, nó
- (c) ionstraim arna déanamh—
 - (i) faoi Acht den Oireachtas, nó
 - (ii) faoi reacht dá dtagraítear i *mír (b)*;

ciallaíonn “costais dlí” táillí, muirir, eisíocaíochtaí agus costais eile a thabhaítear nó a mhuirearaítear i ndáil le gnó cointinneach nó neamhchointinneach, agus folaíonn sé—

- (a) costais aon chúise nó ní in aon chúirt nó na costais a eascraíonn as an gcéanna,
- (b) aon chostais is ábhar d’ordú arna dhéanamh ag binse eadrána de réir alt 21(4) den Acht Eadrána, 2010, maidir le Breithneoir Costas Dlí do bhreithniú chostais na headrána,
- (c) costais glacadóra arna cheapadh nó arna ceapadh in aon chúis nó ní, ar iarratas a fháil ón nglacadóir nó ó aon pháirtí sa chúis nó sa ní,
- (d) costais a eascraíonn as fiosrúchán, imscrúdú nó imeacht eile arna sheoladh faoi achtachán, agus
- (e) na costais a bhaineann le breithiúnais a chlárú mar mhorgáistí, le deontais phrohbháide agus litreacha riaracháin a fháil, le breithiúnais a chomhlíonadh, agus aon chostais eile a bhreithnítear *ex parte* de ghnáth;

ciallaíonn “Breithneoir Costas Dlí” duine a cheapfar faoi *alt 139(2)* chun bheith ina Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Breithneoir Costas Dlí;

ciallaíonn “gnó neamhchointinneach” seirbhísí dlí nach mbaineann le gnó cointinneach;

ciallaíonn “Oifig” Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí dá dtagraítear in *alt 139*;

ciallaíonn “clár na gcinntí” clár na gcinntí dá dtagraítear in *alt 140*.

CAIBIDIL 2

Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí

An Oifig

- 139.** (1) Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí a thabharfar ar an Oifig ar a dtugtaí go nuige seo Oifig na Máistrí Fómhais.
- (2) Féadfaidh an tAire, de réir fhorálacha Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, na daoine seo a leanas a cheapadh—
- (a) an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, agus
- (b) cibé líon Breithneoirí Costas Dlí a gcinntí an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gurb é an líon é is gá chun a chinntiú go ndéanfar obair na hOifige go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- (3) Aon fheidhm, cumhacht nó dlínse a thugtar do Mháistir Fómhais le haon hachtachán nó faoi, measfar í a bheith tugtha don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí agus do gach Breithneoir Costas Dlí.
- (4) Tá ról agus feidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí agus gach Breithneora Costas Dlí a cheapfar faoin Acht seo teoranta don dlínse arbh í an dlínse chuí í go nuige seo maidir le hOifig na Máistrí Fómhais agus ní bhainfidh siad leis na cúirteanna íochtaracha ná le dlínse na gCláraitheoirí Contae.

Clár na gcinntí

- 140.** (1) Cinnteoidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí go ndéanfar clár de chinntí a bhunú agus a chothabháil i ndáil le hiarratais ar chostais dlí a bhreithniú faoin gCuid seo.
- (2) Faoi réir an ailt seo, beidh na sonraí seo a leanas i gclár na gcinntí i ndáil le gach iarratas:
- (a) an dáta a fuair an Oifig an t-iarratas;
- (b) ainmneacha na bpáirtithe sa bhreithniú;
- (c) an dáta a fuair an Oifig an bille costas agus gach doiciméad eile i dtaca leis an iarratas, lena n-áirítear, má eascraíonn an t-iarratas as gnó cointinneach, teideal na n-imeachtaí agus uimhir thairfid na n-imeachtaí (más ann);
- (d) an dáta a shanntar an breithniú agus, i gcás go sanntar an breithniú do Bhreithneoir Costas Dlí, an Breithneoir Costas Dlí dá sanntar an breithniú;
- (e) an toradh ar chinneadh arna dhéanamh faoi *alt 157(1)* agus na dátaí a rinneadh é agus a tugadh fógra ina thaobh do na páirtithe;
- (f) i gcás go ndéanfaidh páirtí iarratas faoi *alt 160* go ndéanfar cinneadh a bhreithniú, an dáta a thabharfaidh an Breithneoir Costas Dlí lena mbaineann a bhreith nó a breith faoi *alt 160(5)*, an dáta a thabharfar fógra i dtaobh na breithe sin do na

- páirtithe agus, i gcás go ndéanfar cinneadh nua faoi *alt160(5)(b)*, toradh an chinnidh sin;
- (g) i gcás go ndéanfaidh páirtí iarratas faoi *alt 161* ar chinneadh arna dhéanamh faoi *alt 160* a athbhreithniú, an dáta a chinnfidh an Ard-Chúirt an t-athbhreithniú sin, toradh an athbhreithnithe agus, i gcás go dtarchuirfidh an Ard-Chúirt an ní faoi *alt 161(4)(b)(i)*, cinneadh an Bhreithneora Costas Dlí ar chuige nó chuici a tharchuirfear an ní;
 - (h) na cúiseanna atá leis an gcinneadh, arna n-ullmhú ag an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí de réir *fho-alt (3)*.
- (3) Faoi réir *fho-ailt (4)* go *(7)*, ullmhóidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, agus cuirfidh sé nó sí faoi deara go gcuirfear ar chláir na gcinntí, na cúiseanna atá le cinneadh mura rud é—
- (a) go mbaineann an breithniú le hiarratas ar chostais dlí a bhreithniú amhail idir na páirtithe in imeachtaí—
 - (i) a seoladh ar shlí eile seachas go poiblí, nó
 - (ii) dá mba rud é go raibh éisteacht ann, a sheolfaí ar shlí eile seachas go poiblí,
 - (b) go mbaineann an breithniú le hiarratas ar chostais dlí a bhreithniú amhail idir dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant,
 - (c) go mbaineann an breithniú le hiarratas ar chostais dlí a bhreithniú amhail idir na páirtithe in imeachtaí i gcás gur socraíodh na himeachtaí sula raibh éisteacht na n-imeachtaí ag cúirt tugtha chun críche, nó
 - (d) gur dóigh leis an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí, tar éis dó nó di tuairimí na bpáirtithe sa bhreithniú a fháil, go mbeadh sé contrártha do leas an phobail an fhaisnéis sin a fhoilsiú.
- (4) Chun críocha *fho-alt (3)*, ní gá don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí na cúiseanna atá le cinneadh a fhoilsiú i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim nach bhfuil ní lena ngabhann tábhacht dlí i gceist sa bhreithniú lena mbaineann.
- (5) I gcás go mbeidh feidhm ag *mír (a),(b)* nó *(c) d'fho-alt (3)*, d'ainneoin an fho-ailt sin agus *fho-alt (2)*, cuirfidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí faoi deara go bhfoilseofar toradh an chinnidh agus na cúiseanna atá leis, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i *míreanna (b)* agus *(c) d'fho-alt (2)*, ar mhodh a fhágfaidh—
- (a) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (3)(a)(i)*, nach nochtfar faisnéis atá cosanta ar nochtadh de bhíthin na n-imeachtaí sin,
 - (b) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (3)(a)(ii)*, nach nochtfar faisnéis a bheadh cosanta ar nochtadh dá ndéanfaí an ní a chur de láimh le himeachtaí a sheolfaí ar shlí eile seachas go poiblí, agus
 - (c) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (3)(b)*, nach féidir an cliant lena mbaineann a shainaitint, cibé acu trína ainm nó trína hainm, trína sheoladh nó trína

seoladh nó trína ghníomhaíocht eacnamaíoch nó trína ghníomhaíocht eacnamaíoch.

- (6) I gcás go mbainfidh an breithniú áirithe le costais dlí amhail idir páirtithe in imeachtaí, nó idir dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant, cinnteoidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a fhoilsiú ar mhodh a fhágfaidh nach ndéanfar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus a bhaineann le ceachtar páirtí, nó leis an gcliant, de réir mar a bheidh, a nochtadh.
- (7) Déanfar tagairt do chinneadh i *bhfo-alt (2)(h)* a fhorléiriú, de réir mar a bheidh—
- (a) faoi réir *mhíreanna (b)* agus *(c)*, mar thagairt do chinneadh arna dhéanamh faoi *alt 158(1)*,
- (b) faoi réir *mhír (c)*, i gcás go ndéanfaidh páirtí iarratas faoi *alt 160* go ndéanfar cinneadh a bhreithniú, agus go ndéanfar cinneadh nua faoi *alt 160(5)(b)*, mar thagairt don chinneadh sin, nó
- (c) i gcás go ndéanfaidh páirtí iarratas faoi *alt 161* ar chinneadh arna dhéanamh faoi *alt 160* a athbhreithniú, agus go dtarchuirfidh an Ard-Chúirt an ní faoi *alt 161(4)(b)(i)*, mar thagairt don chinneadh faoin bhforáil sin ón mBreithneoir Costas Dlí ar chuige nó chuici a tharchuirfear an ní.
- (8) Beidh clár na gcinntí ar fáil lena iniúchadh gan íocaíocht, le linn uaireanta oifige, ag aon duine a dhéanfaidh iarratas chun é a iniúchadh, agus ar shuíomh gréasáin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna.

Cláraitheoirí contae

- 141.** (1) Beidh aird ag Cláraitheoir Contae, ar chostais a fhómhas, ar na prionsabail a bhaineann le costais dlí agus a shonraítear i *Sceideal 1*.
- (2) Cinnteoidh gach Cláraitheoir Contae go ndéanfaidh sé nó sí clár de chinntí fómhais a bhunú agus a chothabháil i ndáil le hiarratais a dhéantar chuige nó chuici ar fhómhas costas.
- (3) Beidh na sonraí seo a leanas i ndáil le gach iarratas ar fhómhas costas i gclár dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*:
- (a) an dáta a fuair an cláraitheoir contae lena mbaineann an t-iarratas ar fhómhas;
- (b) ainmneacha na bpáirtithe san iarratas;
- (c) an dáta a rinneadh an cinneadh;
- (d) sracléiriú ar na saincheisteanna atá faoi dhíos póid;
- (e) an toradh, i dtéarmaí airgid, ar an bhfómhas;
- (f) na cúiseanna atá leis an toradh, arna gcinneadh ag an gCláraitheoir Contae.
- (4) Beidh an clár dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* ar fáil lena iniúchadh le linn uaireanta oifige gan íocaíocht ag aon duine a dhéanfaidh iarratas chun iniúchadh a dhéanamh air.

- (5) Tabharfaidh gach Cláráitheoir Contae tuarascáil don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí gach bliain, ina soláthrófar achoimre ar an bhfaisnéis atá sa chlár de chinntí fómhais arna chothabháil aige nó aici.

Treoirlínte maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí faoin gCuid seo

142. (1) Tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire, leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le haon duine nó comhlacht ar dóigh leis an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí gur duine nó comhlacht cuí é nó í chun dul i gcomhairle leis nó léi chun críocha an ailt seo, féadfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí ó am go ham, treoirlínte nach bhfuil ar neamhréir leis an Acht seo (lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo) ná le Rialacha Cúirte agus lena léirítear an modh ar a mbeidh feidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí agus na mBreithneoirí Costas Dlí le comhlíonadh, a ullmhú mar threoir do Bhreithneoirí Costas Dlí, do dhlí-chleachtóirí agus don phobal.
- (2) Cinnteoidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí go ndéanfar treoirlínte a ullmhóidh sé nó sí faoin alt seo a fhoilsiú a luaithe is indéanta tar éis na treoirlínte a ullmhú.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le treoirlínte faoin alt seo—
- (a) tuairisc a thabhairt ar na nósanna imeachta chun costais dlí a bhreithniú faoin gCuid seo,
 - (b) na doiciméid agus an fhaisnéis eile a leagan amach a cheanglaítear leis an gCuid seo nó faoin gCuid seo a bheith ag gabháil le hiarratas ar chostais dlí a bhreithniú,
 - (c) tuairisc a thabhairt ar na fógraí agus ar an bhfaisnéis eile a sholáthróidh an Breithneoir Costas Dlí i ndáil le haon iarratais den sórt sin,
 - (d) na forálacha den Chuid seo agus na Rialacha Cúirte a shainnithint atá iomchuí maidir le hiarratas, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann leis na teorainneacha ama ar laistigh díobh a bheidh an doiciméadacht agus an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (b)* le soláthar,
 - (e) tuairisc a thabhairt ar na nósanna imeachta a bheidh le leanúint in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí i ndáil le costais dlí a bhreithniú,
 - (f) treoir a thabhairt i dtaobh na n-imthosca ina bhféadfaidh Breithneoir Costas Dlí a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú faoi *fho-alt (4)* nó *(5) d'alt 156*,
 - (g) na táillí a leagan amach a bheidh le muirearú in Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí i leith na seirbhísí a sholáthraíonn sí, agus an modh ar a bhféadfar na táillí sin a íoc,
 - (h) cibé faisnéis eile a sholáthar is dealraitheach don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí a bheith cuí, ag féachaint do chuspóirí na dtreoirlínte dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Athbhreithniú ar scálaí táillí

143. Déanfaidh Coiste Rialacha na nUaschúrteanna, cibé uair is dóigh leis gur cuí déanamh amhlaidh agus, in aon chás, uair amháin gach 2 bhliain ar a laghad, athbhreithniú ar na scálaí táillí i leith gnó cointinneach agus neamhchointinneach atá leagtha amach in Aguisín W a ghabhann le Rialacha na nUaschúrteanna.

Plean straitéiseach

- 144.** (1) A luaithe is indéanta agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don alt seo teacht i ngníomh, déanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí plean straitéiseach a ullmhú don tréimhse 3 bliana tar éis don alt sin teacht i ngníomh agus cuirfidh sé nó sí an plean faoi bhráid Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna lena cheadú aige nó aici.
- (2) Déanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh gach dáta ar cothrom 3 bliana an dáta a tháinig an t-alt sin a luaitear i *bhfo-alt (1)* i ngníomh é, plean straitéiseach a ullmhú don chéad tréimhse 3 bliana dá éis sin agus cuirfidh sé nó sí an plean faoi bhráid Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna lena cheadú aige nó aici.
- (3) Maidir le plean straitéiseach—
- (a) leagfar amach ann na cuspóirí fíorthábhachtacha, na haschuir agus na straitéisí gaolmhara chun feidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí agus na mBreithneoirí Costas Dlí a chomhlíonadh, agus
- (b) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir as acmhainní.
- (4) Déanfaidh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di plean straitéiseach a cheadú faoin alt seo, an plean sin a tharchur chuig an Aire agus, a luaithe is indéanta tar éis don Aire an plean straitéiseach sin a fháil, cuirfidh sé nó sí faoi deara cóip de a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Plean gnó

- 145.** (1) Faoi réir an ailt seo, déanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, gach bliain—
- (a) plean gnó a ullmhú i leith na bliana sin nó i leith cibé tréimhse eile a chinnfidh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, agus
- (b) an plean a chur faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin sin lena cheadú aige nó aici.
- (2) Ullmhóidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí plean gnó i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordacháin arna n-eisiúint ag Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna (lena n-áirítear aon teorainn ama ar laistigh di a chuirfear an plean faoina bhráid nó faoina bráid) agus cinnteoidh sé nó sí maidir leis an bplean sin—
- (a) go léireofar ann gníomhaíochtaí an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí agus na mBreithneoirí Costas Dlí le linn na tréimhse lena mbaineann an plean, agus

- (b) go mbeidh ann aon fhaisnéis eile a shonróidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin sin.
- (3) Déanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, le linn plean gnó a ullmhú, aird a thabhairt ar an bplean straitéiseach arna ullmhú faoi *alt 144* agus a bheidh i ngníomh an tráth sin.
- (4) Cuirfidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí an plean gnó i ngníomh, mura ndéanfaidh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, laistigh de 30 lá tar éis an plean gnó a chur faoina bhráid nó faoina bráid, a ordú i scríbhinn don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí an plean a leasú nó gan éifeacht a thabhairt dó.

Cuirfidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna

- 146.** (1) Déanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, tuarascáil (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) ar ghníomhaíochtaí na hOifige sa bhliain airgeadais díreach roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna.
- (2) Féadfaidh Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, le hordachán i scríbhinn don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí, foirm na tuarascála bliantúla agus aon fhaisnéis a cheanglaítear a áireamh sa tuarascáil bhliantúil a shonrú.
- (3) Comhlíonfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí ordachán arna thabhairt dó nó di faoi *fho-alt (2)*.
- (4) Maidir leis an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí—
- (a) féadfaidh sé nó sí aon tuarascálacha eile a thabhairt is dóigh leis nó léi is cuí, chun aird Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna a dhíriú ar nithe atá tagtha ar a iúl nó ar a hiúl agus ar ceart iad a bheith ina n-ábhar do thuarascáil eile mar gheall ar a dtromaíocht, agus
- (b) tabharfaidh sé nó sí tuarascáil ar aon ní eile, má iarrann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin sin amhlaidh.
- (5) Déanfar an tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas i dteannta thuarascáil bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna.
- (6) Soláthróidh Breithneoir Costas Dlí cibé faisnéis maidir lena ghníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí a theastóidh ón bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *ailt 144* agus *145* agus faoin alt seo a chomhall.

Leasú ar an Acht Oifigigh Cúirte, 1926

- 147.** Leasaítear alt 3(3) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926, trí “Máistir na hArd-Chúirte” a chur in ionad “Máistir na hArd-Chúirte agus na Máistrí Measaireachta”, gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961

148. (1) Leasaítear an tOchtú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961—

- (a) i mír 2, trí “Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí” a chur in ionad “Oifig na Máistrí Fómhais”,
- (b) i mír 3, trí “An Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí agus na Breithneoirí Costas Dlí arna gceapadh de réir fhorálacha eile an Sceidil seo” a chur in ionad “Beirt Mháistir Fómhais”,
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 8:

“8. Beidh Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí faoi bhainistiú an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí, agus déanfar san Oifig sin gnó an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí agus na mBreithneoirí Costas Dlí, seachas cibé gnó ar gá de réir dlí go ndéanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó Breithneoir Costas Dlí go pearsanta é.

8A. Beidh gach Breithneoir Costas Dlí, maidir lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chomhall agus maidir lena chumhachtaí nó lena cumhachtaí a fheidhmiú, faoi stiúradh ginearálta an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí.

8B. Déanfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí na huaireanta freastail agus na tráthanna suí le haghaidh éisteachtaí ó bhéal de chuid an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí agus gach Breithneora Costas Dlí a rialáil.”,

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 18:

“18. (1) Ní cheapfar aon duine mar Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí, ná mar Bhreithneoir Costas Dlí, mura rud é—

- (a) go mbeidh an duine sin ar áireamh i ngrúpa ina mbeidh 5 dhuine ar a mhéid a bheidh roghnaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tar éis comórtas chun na críche sin faoi alt 47 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, a sheoladh thar ceann an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, d’fhonn daoine a aimsiú atá oiriúnach lena roghnú mar Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó mar Bhreithneoir Costas Dlí, de réir mar a bheidh, agus

- (b) go raibh an duine sin—

- (i) tar éis cleachtadh mar aturnae ar feadh tréimhse nach lú ná 10 mbliana,

- (ii) tar éis cleachtadh mar abhcóide ar feadh tréimhse nach lú ná 10 mbliana, nó

- (iii) tar éis cleachtadh mar chuntasóir costas dlí, de réir bhrí an *Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, ar feadh tréimhse nach lú ná 10 mbliana.

- (2) Le linn na dtréimhsí dá dtagraítear i bhfomhír (1)(b) a ríomh—
- (a) i gcás aturnae, féadfar tréimhsí ar chleacht duine mar abhcóide nó mar chuntasóir costas dlí lena linn a chomhiomlánú le cleachtadh an duine mar aturnae,
 - (b) i gcás abhcóide, féadfar tréimhsí ar chleacht duine mar aturnae nó mar chuntasóir costas dlí lena linn a chomhiomlánú le cleachtadh an duine mar abhcóide,
 - (c) i gcás cuntasóir costas dlí, féadfar tréimhsí ar chleacht duine mar aturnae nó mar abhcóide lena linn a chomhiomlánú le cleachtadh an duine mar chuntasóir costas dlí.
- (3) Le linn fomhír (2) a chur chun feidhme, ní fhéadfar aon tréimhse ama a chomhaireamh i leith aon duine níos mó ná uair amháin.
- (4) Aon duine a cheapfar mar Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó, de réir mar a bheidh, mar Bhreithneoir Costas Dlí, déanfaidh an Rialtas é nó í a cheapadh ar ainmniú ón Aire, as measc grúpa daoine dá dtagraítear i bhfomhír (1).
- (5) D’ainneoin aon achtachán eile, maidir leis an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí a cheapfar de bhun na míre seo—
- (a) beidh sé nó sí, faoi réir chláisail (b) agus (c), i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana,
 - (b) ceanglófar air nó uirthi scor ar 70 bliain d’aois a shlánú, agus
 - (c) measfar, ar dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear i gclásal (a), é nó í a bheith ceaptha faoin mír seo mar Bhreithneoir Costas Dlí ar feadh na tréimhse dar tús an dul in éag sin agus dar críoch an tráth a shlánóidh sé nó sí 70 bliain d’aois.
- (6) D’ainneoin aon achtachán eile, maidir le Breithneoir Costas Dlí a cheapfar de bhun na míre seo—
- (a) beidh sé nó sí, faoi réir chláisail (b) agus (c), i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana,
 - (b) ceanglófar air nó uirthi scor ar 70 bliain d’aois a shlánú, agus
 - (c) faoi réir chláisail (b), beidh sé nó sí in-athcheaptha nó cáilithe go ndéanfaí téarma an cheapacháin a shíneadh, ach ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhsí ar faide ná 10 mbliana a gcomhiomlán.
- (7) Féadfaidh duine a cheapfar de bhun na míre seo éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an Rialtas agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a gheobhaidh an Rialtas an fógra nó, má tá dáta sonrathite san fhógra agus más rud é go bhfuil an Rialtas sásta leis an dáta sin, ar an dáta sin.
- (8) Aon duine a cheapfar de bhun na míre seo, scoireann sé nó sí láithreach de bheith ina Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina

Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Breithneoir Costas Dlí, de réir mar a bheidh—

- (a) ar é nó í a ainmniú mar chomhalta de Sheanad Éireann,
 - (b) ar é nó í a thoghadh mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
 - (c) ar é nó í a mheas, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, mar dhuine a toghadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,
 - (d) ar theacht dó nó di chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,
 - (e) ar é nó í a cheapadh chun bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh, nó
 - (f) ar é nó í a cheapadh chun bheith ina Ard-Aighne nó ina hArd-Aighne.
- (9) Beidh duine dícháilithe chun bheith ina Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Breithneoir Costas Dlí le linn aon tréimhse ar lena linn—
- (a) atá sé nó sí i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin,
 - (b) atá sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
 - (c) atá sé nó sí i dteideal faoi bhuanorduithe údaráis áitiúil suí mar chomhalta den údarás áitiúil.
- (10) Beidh tréimhse ar lena linn atá aturnae nó abhcóide ina Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Breithneoir Costas Dlí ináirithe mar thréimhse cleachtaidh ghairmiúil chun críocha iarratas chun a cheaptha nó chun a ceaptha mar bhreitheamh.
- (11) Féadfaidh an Rialtas an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó Breithneoir Costas Dlí a chur as oifig aon tráth más rud é—
- (a) i dtuairim an Rialtais, go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte, ar fheidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh,
 - (b) gur mhí-iompair sé nó sí é féin nó í féin mar a shonrófar,
 - (c) go bhfuil, i dtuairim an Rialtais, mainneachtain déanta aige nó aici, gan cúis réasúnach, feidhmeanna na hoifige a chomhlíonadh ar feadh tréimhse leanúnach 3 mhí ar a laghad dar tosach tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh an lá a chuirfear as oifig é nó í, nó

- (d) gur sháraigh sé nó sí, go feadh méid ábhartha, foráil de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, a bhfuil feidhm aici maidir leis nó léi de bhua rialachán faoi alt 3 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.
- (12) Scoirfidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó Breithneoir Costas Dlí de bheith i seilbh oifige más rud é—
- (a) go gciontófar é nó í, ar díotáil, i gcion,
- (b) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
- (c) go mbeidh dearbhú faoi alt 819 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, déanta ina choinne nó ina coinne nó go meastar é nó í a bheith faoi réir dearbhú den sórt sin de bhua Chaibidil 5 de Chuid 14 den Acht sin,
- (d) go mbeidh sé nó sí faoi réir ordú dícháilíochta, nó go meastar é nó í a bheith faoi réir ordú dícháilíochta, de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, cibé acu de bhua na Caibidle sin nó aon fhorálacha eile den Acht sin,
- (e) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó
- (f) go ndéanfaidh údarás inniúil, ar aon chúis (seachas mainneachtain táille a íoc), é nó í a bhaint d’aon chlár arna bhunú chun comhaltaí gairme a chlárú sa Stát nó i ndlínse eile.
- (13) Féadfaidh an Rialtas duine a cheapadh a bheadh i dteideal faoin gCuid seo a bheith ina Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Príomh-Bhreithneoir Costas dlí nó, de réir mar a bheidh, ina Bhreithneoir Costas Dlí nó ina Breithneoir Costas Dlí, chun folúntas a líonadh go sealadach go dtí go ndéanfar ceapachán faoin mír seo, i gcás go dtarlóidh an folúntas de bhrí, maidir leis an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó leis an mBreithneoir Costas Dlí—
- (a) go bhfaigheann sé nó sí bás, go n-éiríonn sé nó sí as oifig, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe chun oifige nó go gcuirtear as oifig é nó í, nó
- (b) go bhfuil sé nó sí neamhábalta go sealadach ar aon chúis leanúint dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh mar Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó, de réir mar a bheidh, mar Bhreithneoir Costas Dlí.”,
- agus
- (e) i mír 19, trí “Beidh ag an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí agus gach duine de na Breithneoirí Costas Dlí” a chur in ionad “Beidh ag gach duine de na Máistrí Fómhais”.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)(d)* ach amháin maidir le ceapachán an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí nó Breithneora Costas Dlí arna dhéanamh tar éis teacht i gníomh don alt seo.

CAIBIDIL 3

*Dualgais dlí-chleachtóirí i ndáil le costais dlí***Toirmisc ar chostais a mhuirearú in imthosca áirithe**

149. (1) Ní mhuirearóidh dlí-chleachtóir aon mhéid i leith costais dlí más rud é—

- (a) gur costais dlí iad i dtaca le gnó cointinneach arna sloinneadh mar chéatadán nó cion sonraithe d’aon damáistí (nó airgead eile) a fhéadfaidh a bheith, nó a thiofadh chun bheith, iníoctha lena chliant nó lena cliant, seachas i ndáil le ní nach bhféachfar ann ach le fiach nó éileamh leachtaithe a ghnóthú, nó
 - (b) go n-airbheartóidh siad na costais dlí a shocrú a bheidh le muirearú i leith abhcóide sóisir mar chéatadán nó cion sonraithe de na costais dlí a íocfar le hAbhcóide Sinsir.
- (2) Ní dhéanfaidh dlí-chleachtóir, gan comhaontú i scríbhinn a chliant nó a cliant a fháil roimh ré, aon mhéid a asbhaint nó a leithreasú i leith seirbhísí dlí as méid aon damáistí nó airgid a thiofadh chun bheith iníoctha leis an gcliant i leith seirbhísí dlí a sholáthair an dlí-chleachtóir don chliant.

Soláthróidh dlí-chleachtóir fógra maidir le seoladh an ní, costais, etc

150. (1) Déanfaidh dlí-chleachtóir, aon uair a cheanglaítear air nó uirthi déanamh amhlaidh faoin alt seo, fógra a sholáthar dá chliant nó dá cliant (dá ngairtear “fógra” san alt seo) a bheidh scríofa i dteanga shoiléir ar dóigh go dtuigfidh an cliant go héasca í agus a chomhlíonann an t-alt seo thairis sin.

- (2) Ar theagasc a fháil ó chliant, soláthróidh dlí-chleachtóir fógra don chliant—
 - (a) lena nochtfar na costais dlí a thabhófar i ndáil leis an ní lena mbaineann, nó
 - (b) mura mbeidh sé indéanta le réasún na costais dlí a nochtadh an tráth sin san fhógra, lena leagfar amach an bonn ar a ndéanfar na costais dlí a ríomh.
- (3) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)(b)*, déanfaidh an dlí-chleachtóir lena mbaineann, a luaithe is féidir tar éis an trátha a thiofadh sé chun bheith indéanta déanamh amhlaidh, fógra a thabhairt don chliant ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (2)(a)*.
- (4) Maidir le fógra:
 - (a) faoi réir *fho-alt (2)(b)*, sonrófar ann méid na gcostas dlí—
 - (i) a dheimhneoidh an dlí-chleachtóir gur costais iad a tabhaíodh amhail ar an dáta a sholáthrófar an fógra,
 - (ii) a dheimhneoidh an dlí-chleachtóir gur de chineál seasta iad nó gur deimhin go dtabhófar ar shlí eile iad (nó murarbh indéanta don dlí-chleachtóir deimhniú a thabhairt amhlaidh, an bonn ar a mbeidh siad le muirearú), agus
 - (iii) a mhéid is indéanta, a dheimhneoidh an dlí-chleachtóir gur dóigh go dtabhófar iad;

- (b) sonrófar ann méid na cánach breisluacha a bheidh le muirearú i leith na méideanna dá dtagraítear i *mír (a)*;
 - (c) leagfar amach ann an bonn ar a ndearnadh na méideanna, nó ar a mbeidh na méideanna, le ríomh, arna mhíniú faoi threoir na nithe atá leagtha amach i *mír 2 de Sceideal 1*;
 - (d) beidh ann ráiteas maidir le hoibleagáid an dlí-chleachtóra faoi *fho-alt (5)*;
 - (e) i gcás go ngabhfaidh, nó gur dóigh go ngabhfaidh, dlíthíocht leis an ní is ábhar don fhógra, soláthrófar ann na nithe seo a leanas—
 - (i) sracléiriú ar an obair a bheidh le déanamh i leith gach céim den phróiseas dlíthíochta agus na costais nó na costais ionchasacha nó bonn na gcostas atá i gceist i leith gach ceann de na céimeanna sin, lena n-áirítear an dóchúlacht go bhfrúileofar abhcóide cleachtach, finnéithe saineolacha, nó soláthraithe seirbhísí eile,
 - (ii) ráiteas maidir le hoibleagáid an dlí-chleachtóra faoi *fho-alt (6)*,
 - (iii) faisnéis i dtaobh na n-iarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais is dóigh a bheadh ann mar gheall ar an gcliant do tharraingt siar ón dlíthíocht agus scor di, agus
 - (iv) faisnéis i dtaobh na n-imthosca inar dhóigh go gceanglófaí ar an gcliant costais páirtí amháin eile nó níos mó sa dlíthíocht a íoc, agus faisnéis i dtaobh na n-imthosca inar dhóigh nach ngnóthófaí costais an dlí-chleachtóra go hiomlán ó pháirtithe eile sa dlíthíocht;
 - (f) sonrófar ann tréimhse nach faide ná 10 lá oibre, chun críocha *fho-alt (7)*.
- (5) I gcás go dtagann an dlí-chleachtóir ar an eolas faoi aon toisc a d'fhágfadh gur mhó go suntasach na costais dlí ba dhóigh a thabhófaí i ní ná na costais a nochtadh nó a léiríodh i bhfógra a bhaineann leis an ní sin agus a soláthraíodh faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir tar éis dó nó di teacht ar an eolas faoin toisc sin, fógra nua a sholáthar don chliant lena mbaineann.
- (6) I gcás go ngabhfaidh, nó gur dóigh go ngabhfaidh, dlíthíocht le ní is ábhar d'fhógra faoin alt seo, ní dhéanfaidh an dlí-chleachtóir, i ndáil leis an ní sin, abhcóide cleachtach, finné saineolach nó soláthraí aon seirbhíse eile a fhrúiliú, sula ndéanfaidh sé nó sí i dtosach, a mhéid is indéanta é—
- (a) an costas nó an bonn costais a fhionnadh is dóigh a bhainfidh leis an duine a fhrúiliú,
 - (b) an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (a)* a sholáthar don chliant, agus
 - (c) tar éis *mír (b)* a chomhlíonadh, a dheimhniú dó féin nó di féin go dtoilíonn an cliant (cibé acu sainráite nó intuigthe) leis an duine a fhrúiliú.
- (7) Ní dhéanfaidh dlí-chleachtóir, le linn na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(f)* agus a bheidh sonraithe i bhfógra, aon seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an ní lena mbaineann, mura rud é—

- (a) go ndaingníonn an cliant lena mbaineann gur mian leis nó léi teagasc a thabhairt don dlí-chleachtóir leanúint de sheirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an ní lena mbaineann, nó
 - (b) go bhfuil feidhm ag *fo-alt* (8).
- (8) Déanfaidh dlí-chleachtóir a bhfuil feidhm ag *fo-alt* (7) maidir leis nó léi, d’ainneoin an fho-ailt sin, seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an ní lena mbaineann, más rud é—
- (a) i dtuairim ghairmiúil an dlí-chleachtóra, gur shárú ar cheanglas reachtúil nó ar na rialacha cúirte é gan na seirbhísí dlí sin a sholáthar nó gur rud é a dhéanfadh dochar do chearta an chliant ar mhodh nach bhféadfaí a leigheas ní ba dhéanaí,
 - (b) go n-ordóidh cúirt don dlí-chleachtóir seirbhísí dlí a sholáthar don chliant, nó
 - (c) i gcás go ngabhann dlíthíocht leis an ní, gur seirbheáladh fógra trialach i ndáil leis an ní nó gur socraíodh dáta chun an ní lena mbaineann a éisteacht.
- (9) Déanfaidh an dlí-chleachtóir soiléiriú a sholáthar dá chliant nó dá cliant i ndáil le fógra, a luaithe is indéanta le réasún tar éis don chliant a iarraidh air nó uirthi déanamh amhlaidh.
- (10) Más rud é, tar éis teagasc a fháil ó chliant i ndáil le ní, go rachaidh aturnae cleachtach ar aghaidh le teagasc a thabhairt d’abhcóide cleachtach i ndáil leis an ní sin—
- (a) beidh oibleagáid ar an abhcóide faoin alt seo maidir le fógra a sholáthar comhlíonta i gcás go soláthraíonn an t-abhcóide an fógra lena mbaineann don aturnae,
 - (b) forléireofar dualgas a bheidh dlite den abhcóide faoi *fho-alt* (6), (7) nó (9) dá chliant nó dá cliant mar dhualgas a bheidh dlite den abhcóide don aturnae, agus
 - (c) maidir leis an aturnae lena mbaineann—
 - (i) i gcás gur dóigh leis nó léi gur cuí é, nó má iarrann an cliant air nó uirthi déanamh amhlaidh, iarrfaidh sé nó sí ar an abhcóide soiléiriú a sholáthar i ndáil le fógra arna sholáthar ag an abhcóide, agus
 - (ii) láithreach ar fhógra dá dtagraítear i *mír* (a) nó ar an soiléiriú dá dtagraítear i *bhfomhír* (i) a fháil, soláthróidh sé nó sí an fógra nó an soiléiriú sin don chliant.

Comhaontú maidir le costais dlí, etc

151. (1) Féadfaidh dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant comhaontú i scríbhinn a dhéanamh maidir le méid, agus modh íoca, na gcostas dlí go léir nó cuid díobh atá nó a fhéadfaidh a bheith iníoctha ag an gcliant leis an dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí a sholáthraítear i ndáil le ní.
- (2) Féadfaidh na sonraí go léir a cheanglaítear le *halt 150* (4) a bheith i gcomhaontú faoi *fho-alt* (1) agus má tá—

- (a) ní gá don dlí-chleachtóir fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* den alt sin a sholáthar freisin, agus
 - (b) measfar go bhfolaíonn tagairtí don fhógra faoin alt sin tagairtí don chomhaontú.
- (3) Is éard é comhaontú faoi *fho-alt (1)* an comhaontú iomlán idir an dlí-chleachtóir agus an cliant maidir le seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an ní lena mbaineann, agus ní bheidh aon mhéid eile inmhuirearaithe i ndáil leis na seirbhísí dlí sin, ach amháin a mhéid a léirítear a mhalairt sa chomhaontú.
- (4) Beidh comhaontú faoi *fho-alt (1)*, i mbreithniú faoin gCuid seo, inbhreithnithe ag an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó ag Breithneoir Costas Dlí.

Soláthroidh dlí-chleachtóir bille costas

152. (1) Déanfaidh dlí-chleachtóir, a luaithe is indéanta tar éis soláthar seirbhísí dlí a chríochnú i ndáil le ní dlíthiúil do chliant, bille costas a ullmhú agus a shíniú, ina mbeidh na sonraí a shonraítear san alt seo agus beidh sé i cibé foirm (más ann) a bheidh sonraithe i rialacha cúirte.
- (2) Faoi réir *fho-ailt (5)* go *(7)*, beidh na sonraí seo a leanas i mbille costas:
- (a) achoimre ar sheirbhísí dlí a soláthraíodh don chliant i dtaca leis an ní lena mbaineann;
 - (b) ráiteas mionsonraithe ar na méideanna i leith na gcostas dlí i dtaca leis na seirbhísí dlí;
 - (c) uimhir chláirúcháin an dlí-chleachtóra chun críocha cáin bhreisluacha, agus an méid cánach breisluacha is inmhuirearaithe i leith na méideanna dá dtagraítear i *mír (b)*;
 - (d) i gcás gur toisc é an t-am le linn na costais dlí lena mbaineann a ríomh, an t-am a caitheadh ag déileáil leis an ní;
 - (e) méid aon damáistí nó airgid eile, má tá sé ar eolas ag an dlí-chleachtóir, a ghnóthaigh an cliant nó atá iníoctha leis an gcliant agus a d'eascair as an ní ar ina leith a soláthraíodh na seirbhísí dlí;
 - (f) méid aon chostais dlí a ghnóthaigh an dlí-chleachtóir lena mbaineann, nó atá iníoctha leis nó léi, thar ceann an chliant, lena n-áirítear costais arna ngnóthú ó pháirtí eile, nó ó árachóir thar ceann páirtí eile, sa ní lena mbaineann.
- (3) Soláthroidh an dlí-chleachtóir don chliant, i dteannta an bhille costas, míniú i scríbhinn ar an nós imeachta atá ar fáil don chliant más rud é gur mian leis an gcliant aon ghné den bhille costas a dhíospóid, ar míniú é ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) go bhféadfaidh an cliant an ní a phlé leis an dlí-chleachtóir;
 - (b) go bhfuil oibleagáid ar an gcliant faoi *alt 153 (1)* a chur in iúl don dlí-chleachtóir go bhfuil díospóid ann maidir le haon ghné den bhille costas, agus an dáta faoina gcuirfear agus an modh ar a gcuirfear an méid sin in iúl;

- (c) go bhfuil oibleagáid ar an dlí-chleachtóir faoi *alt 153*, i gcás go gcuirtear díospóid in iúl faoi *alt 153(1)*, iarracht a dhéanamh an díospóid a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear idirghabháil;
 - (d) go bhféadfaidh an cliant a chur faoi deara an díospóid a tharchur chun idirghabhála, lena n-áirítear tagairt do na nósanna imeachta atá ar fáil le haghaidh idirghabháil den sórt sin;
 - (e) go bhféadfaidh an cliant iarratas a dhéanamh ar chostais dlí a bhreithniú, lena n-áirítear an fhaisnéis teagmhála don Oifig agus an costas ionchasach don chliant i leith breithniú bille costas a lorg; agus
 - (f) an dáta a fhéadfaidh an dlí-chleachtóir, faoi réir *alt 153*, iarratas a dhéanamh faoi *alt 154(5)* ar bhreithniú sa chás go bhfanfaidh an bille costas nó aon chuid de gan íoc.
- (4) Ní fhorléireofar an t-alt seo mar ní a theorannaíonn ceart atá ag aon duine eile a cheangal ar dhlí-chleachtóir bille costas a chur faoi bhráid na hOifige lena bhreithniú.
- (5) I gcás go bhfuil comhaontú déanta ag dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant faoi *alt 151*, déanfar an comhaontú sin a leagan amach sa bhille costas a bhaineann leis an ní lena mbaineann an comhaontú, nó a chur i gceangal leis.
- (6) I gcás go mbaineann comhaontú dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* leis na costais dlí go léir is iníoctha ag an gcliant leis an dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí a soláthraíodh i ndáil leis an ní lena mbaineann, is bille costas chun críocha an ailt seo sonrasc arna ullmhú ag an dlí-chleachtóir ina mbeidh achoimre ar na costais agus na heisiócaí de bhun an chomhaontaithe, mar aon le cóip den chomhaontú.
- (7) I gcás go mbaineann comhaontú dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* le cuid de na costais dlí is iníoctha ag an gcliant leis an dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí a soláthraíodh i ndáil leis an ní lena mbaineann, déanfaidh achoimre arna hullmhú ag an dlí-chleachtóir ar na costais agus na heisiócaí de bhun an chomhaontaithe ceanglais *mhíreanna (a), (b)* agus *(d) d'fho-alt (2)* a chomhlíonadh maidir leis an gcuid sin de na costais dlí.
- (8) Más rud é, tar éis teagasc a fháil ó chliant i ndáil le ní, go rachaidh aturnaí cleachtach ar aghaidh le teagasc a thabhairt d'abhcóide cleachtach i ndáil leis an ní sin, agus go bhfuil soláthar seirbhísí dlí i ndáil leis an ní sin críochnaithe ag an abhcóide—
- (a) beidh oibleagáid atá ar an abhcóide faoin alt seo bille costas a sholáthar comhlíonta i gcás go soláthraíonn an t-abhcóide an bille costas lena mbaineann don aturnaí,
 - (b) déanfaidh an t-aturnaí lena mbaineann láithreach ar bhille costas dá dtagraítear i *mír (a)* a fháil, an bille costas sin a sholáthar don chliant.

Déanfaidh dlí-chleachtóir iarracht díospóid a réiteach

- 153.** (1) I gcás go ndéanann cliant aon ghné de bhille costas a dhíospóid, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 21 lá ón tráth a soláthraíodh an bille costas dó nó di faoi *alt*

152, ráiteas i scríbhinn a sheoladh chuig an dlí-chleachtóir lena mbaineann ina leagfar amach cineál na díospóide.

- (2) I gcás go bhfaigheann dlí-chleachtóir ráiteas de réir *fho-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí, roimh iarratas a dhéanamh faoi *alt 154(5)*, gach beart cuí réasúnach chun iarracht a dhéanamh an díospóid a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, a bhféadfaidh idirghabháil a bheith ar áireamh inti, i gcás gur cuí agus le toiliú an chliaint.
- (3) Más rud é, tar éis iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh an díospóid a réiteach de réir *fho-alt (2)*, gurb é tuairim an dlí-chleachtóra nó an chliaint, de réir mar a bheidh, go bhfuil teipthe ar an iarracht, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don pháirtí eile i scríbhinn.
- (4) Le linn an tréimhse ama a ríomh chun críocha *fho-alt (5)* nó *(7)d'alt 154*, tabharfar neamhaird ar an tréimhse dar tosach an dáta a sheolfaidh an cliant ráiteas faoi *fho-alt (1)* chuig an dlí-chleachtóir agus dar críoch an dáta a dhéanfaidh an dlí-chleachtóir nó an cliant, de réir mar a bheidh, a thuairim nó a tuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a chur in iúl don pháirtí eile.
- (5) Ní fhorléireofar mainneachtain ag cliant bille costas a íoc le dlí-chleachtóir laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in *alt 154(5)* mar chumarsáid fhoirmiúil ón gcliant chuig an dlí chleachtóir maidir le díospóid a bheith ann.

CAIBIDIL 4

Costais dlí a bhreithniú

Iarratas ar chostais dlí a bhreithniú

- 154.** (1) I gcás go n-ordaíonn cúirt, binse nó comhlacht eile do dhuine costais dlí duine eile a íoc, go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh an duine a mbeidh a chostais dlí nó a costais dlí le híoc de bhíthin an ordaithe sin, bille costas a thabhairt don duine is ábhar don ordú chun na costais dlí a íoc, i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh i gcomhréir leis an méid seo a leanas—
- (a) téarmaí an ordaithe,
 - (b) an tAcht seo, agus
 - (c) aon rialacha cúirte a bhaineann le billí costas a ullmhú agus a thabhairt i gcás dá dtagraíonn an fo-alt seo.
- (2) I gcás go bhfaigheann duine is ábhar don ordú costais a íoc bille costas arna ullmhú de réir *fho-alt (1)*, féadfaidh an duine sin, tar éis iarracht a dhéanamh an bille costas a chomhaontú leis an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí ar aon ní nó ítim a éilítear sa bhille costas a bhreithniú.
- (3) I gcás go ndéanann duine a ndearnadh an t-ordú costais a íoc ina fhabhar nó ina fabhar bille costas arna ullmhú de réir *fho-alt (1)* a eisiúint, féadfaidh an duine sin, tar éis dó nó di iarracht a dhéanamh aon díospóid maidir leis an mbille costas a réiteach leis an duine is ábhar don ordú, iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí ar an mbille costas nó aon ní nó ítim sa bhille costas a bhreithniú.

- (4) I gcás go soláthraíonn dlí-chleachtóir bille costas de réir *alt 152* dá chliant nó dá cliant agus gur dóigh leis an gcliant nach inmhuirearaithe go cuí aon ní nó ítim nó an méid arna mhuirearú i leith aon ní nó ítim sa bhille costas, agus forálacha an Achta seo agus aon rialacha cúirte a bhaineann le costais atá iníoctha ag cliant le dlí-chleachtóirí á gcur i gcuntas, féadfaidh an cliant iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí ar an mbille costas nó aon ní nó ítim sa bhille costas a bhreithniú.
- (5) (a) I gcás go soláthraíonn dlí-chleachtóir bille costas de réir *alt 152* dá chliant nó dá cliant agus go bhfanfaidh an bille costas nó aon chuid de gan íoc ar thréimhse 30 lá a bheith caite ón dáta a soláthraíodh an bille costas, féadfaidh an dlí-chleachtóir iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí ar an mbille costas nó aon ní nó ítim sa bhille costas a bhreithniú.
- (b) I gcás go ndearna abhcóide, de réir *alt 152(8)*, bille costas a sholáthar d’aturnae agus go bhfanfaidh an bille costas nó aon chuid de gan íoc ar thréimhse 30 lá a bheith caite ón dáta a soláthraíodh an bille costas, féadfaidh an t-aturnae lena mbaineann, le toiliú an abhcóide, iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí ar an mbille costas nó aon ní nó ítim sa bhille costas a bhreithniú.
- (c) Ní fhéadfar iarratas chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí de bhun *mhír (a)* nó *(b)* a dhéanamh tar éis 12 mhí a bheith caite tar éis an dáta a soláthraíodh an bille costas lena mbaineann don chliant faoi *alt 152*.
- (6) I gcás go ndéanann an dlí-chleachtóir iarratas ar bhreithniú de bhun *fho-alt (5)*, cuirfidh an dlí-chleachtóir in iúl cibé acu atá nó nach bhfuil eolas aige nó aici mar gheall ar aon díospóid maidir le hítim sa bhille costas, agus má tá eolas den sórt sin aige nó aici, an ní lena mbaineann an díospóid.
- (7) Faoi réir *fho-alt (8)*, ní fhéadfaidh cliant iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí de bhun *fho-alt (4)* tar éis 6 mhí a bheith caite tar éis an dáta a soláthraíodh an bille costas lena mbaineann don chliant faoi *alt 152*, nó tar éis 3 mhí a bheith caite ón dáta a íocadh an bille costas, cibé acu is túisce a tharlóidh, fad a bheidh an bille costas i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh i gcomhréir leis an méid seo a leanas—
- (a) an tAcht seo, agus
- (b) aon rialacha cúirte a bhaineann le hullmhú agus soláthar billí costas ag dlí-chleachtóir do chliant.
- (8) Más rud é gur sholáthair dlí-chleachtóir bille costas dá chliant nó dá cliant agus gur chomhaontaigh an dlí-chleachtóir méid is lú a ghlacadh d’urscaoileadh an bhille costas, agus go n-íocfar an méid sin is lú, ní fhéadfaidh an dlí-chleachtóir ná an cliant iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí ar an mbille costas a bhreithniú faoin alt seo.
- (9) Féadfaidh dlí-chleachtóir a sholáthair bille costas dá chliant nó dá cliant de réir *alt 152* iarratas *ex parte* a dhéanamh chun na hArd-Chúirte nó chuig Breithneoir Costas Dlí chun an tréimhse 30 lá dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* a ghiorrú agus, más dealraitheach go bhfuil sé cóir déanamh amhlaidh, féadfaidh an Chúirt nó an Breithneoir Costas Dlí, de réir mar is cuí, giorrú ar an tréimhse sin a dheonú.

- (10) Féadfar, le rialacha cúirte, foráil a dhéanamh maidir leo seo a leanas—
- (a) fógra a thabhairt faoin iarratas ar bhreithniú do pháirtithe eile nó do cibé daoine eile a ordóidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, lena n-áirítear an modh ar a dtabharfar fógra,
 - (b) doiciméid, taifid agus dearbháin a thabhairt don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó do pháirtithe eile sa bhreithniú,
 - (c) na himthosca ina bhfuil agus an modh ar a bhfuil aighneachtaí scríofa le soláthar chun críocha breithniú, agus
 - (d) na céimeanna arb éard iad iarracht ag duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó *(3)* bille costas a chomhaontú, agus deimhniú ag Breithneoir Costas Dlí go ndearna an duine iarracht den sórt sin.
- (11) Beidh iarratas faoin alt seo i bhfoirm arna sonrú le rialacha cúirte nó, de réir mar a bheidh, faoi *alt 163(1)*.

Nithe a bheidh le fionnadh i gcúrsa costais a bhreithniú

- 155.** (1) Beidh feidhm ag *Sceideal 1* i dtaobh na bprionsabal a bhaineann le costais dlí maidir le breithniú bille costas ag Breithneoir Costas Dlí.
- (2) I gcás go bhfuil an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí ag breithniú iarratas faoin gCuid seo, forléireofar tagairt do Bhreithneoir Costas Dlí mar thagairt a fholáionn an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí.
 - (3) Le linn cinneadh a dhéanamh maidir le iarratas go ndéanfaí costais dlí a bhreithniú, déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí breithniú ar, agus tabharfaidh sé nó sí aird ar, an gcás nó ar an ní go léir lena mbaineann an breithniú agus ar an gcomhthéacs ina n-eascaíonn na costais, a mhéid is dóigh leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh.
 - (4) Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, go háirithe, maidir le ní nó ítim is ábhar don iarratas—
 - (a) a fhíorú go bhfuil an ní nó an ítim in ionannas d’obair a rinneadh iarbhír,
 - (b) cinneadh a dhéanamh i dtaobh cibé acu ba chuí nó nár chuí sna himthosca go ndéanfaí muirear a ghearradh i leith na hoibre lena mbaineann nó na heisiocaíochta lena mbaineann,
 - (c) cinneadh a dhéanamh i dtaobh céard ba mhuirear cothrom réasúnach sna himthosca i leith na hoibre nó na heisiocaíochta sin, agus
 - (d) cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndearnadh na costais a bhaineann leis an ní nó an ítim lena mbaineann a thabhu go réasúnach.
 - (5) Le linn *fo-alt (4)* a fheidhmiú, fionnfaidh an Breithneoir Costas Dlí, a mhéid is indéanta le réasún, i ndáil le hobair (lena n-áirítear obair lena mbaineann eisíocaíocht)—
 - (a) cineál, méid agus luach na hoibre,
 - (b) cé a rinne an obair, agus

- (c) an t-am a glacadh chun an obair a dhéanamh.
- (6) Le linn *fo-alt (3)* a fheidhmiú maidir le breithniú a bhaineann le bille costas amhail idir dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant, beidh aird ag an mBreithneoir Costas Dlí ar chomhaontú (más ann) idir an dlí-chleachtóir agus an cliant i ndáil leis an ní lena mbaineann, arna dhéanamh faoi *alt 151*.

Cumhachtaí Breithneora Costas Dlí

156. (1) Chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas ar chostais dlí a bhreithniú, féadfaidh Breithneoir Costas Dlí—

- (a) doiciméid a bhaineann leis an ní áirithe nó atá iomchuí maidir leis a iniúchadh, agus
- (b) i gcás go mbeidh éisteacht ó bhéal ann, finnétithe a thoghairm agus a cheistiú agus daoine a chur faoi mhionn agus iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun toghairm a fhorfheidhmiú.
- (2) Féadfaidh Breithneoir Costas Dlí a iarraidh ar na páirtithe i mbreithniú a ndíospóid a tharchur chun idirghabhála nó chun próisis réitithe neamhfhoirmiúil eile más dóigh leis nó léi gur cuí déanamh amhlaidh sna himthosca go léir, cibé acu a d'iarr nó nár iarr aon pháirtí de na páirtithe go ndéanfadh an Breithneoir Costas Dlí amhlaidh.
- (3) Má chomhaontaíonn na páirtithe a ndíospóid a tharchur chun idirghabhála nó chun próisis eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, cuirfidh an Breithneoir Costas Dlí cinneadh an iarratais ar athló agus féadfaidh sé nó sí aon ordachán eile a thabhairt is dóigh leis nó léi a éascóidh réiteach na díospóide.
- (4) Is go poiblí a sheolfar éisteacht ó bhéal arna seoladh chun críocha breithnithe mura rud é, i dtuairim an Bhreithneora Costas Dlí, gur cóir, ar mhaithe leis an gceartas, an éisteacht nó cuid di a sheoladh ar shlí seachas go poiblí.
- (5) Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, le toiliú na bpáirtithe, breithniú a sheoladh gan éisteacht ó bhéal i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil sé fóirsteanach agus ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.
- (6) Féadfaidh an Ard-Chúirt, in iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, cibé ordú is cuí léi a dhéanamh maidir le costais i leith an iarratais.

Iarratais a chinneadh

- 157.** (1) Déanfaidh Breithneoir Costas Dlí, tar éis dó nó di iarratas a bhreithniú de réir *alt 155*, cinneadh, de réir an ailt seo, i leith an iarratais sin.
- (2) Déanfar cinneadh a thabhairt do na páirtithe sa bhreithniú a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta.
- (3) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo, agus na bprionsabal a bhaineann le costais dlí a shonraítear i *Sceideal 1*, daingneoidh Breithneoir Costas Dlí an muirear i leith ítim costas dlí is ábhar don iarratas, más rud é, ag féachaint do na nithe a ndearna

sé nó sí breithniú orthu agus a d'fhionn sé nó sí faoi *alt 155*, gur dóigh leis nó léi—

- (a) gur cothrom réasúnach sna himthosca muirear a ghearradh i leith na hítíme, agus
 - (b) gur cothrom réasúnach sna himthosca an méid a mhuirearaítear sa bhille costas i leith na hítíme sin.
- (4) Déanfaidh Breithneoir Costas Dlí, i gcás go gcinneann sé nó sí go bhfuil sé cothrom réasúnach méid a mhuirearú i leith ítime ach nach bhfuil méid an mhuirir i leith na hítíme cothrom réasúnach, méid éagsúil a chinneadh a bheidh le muirearú i leith na hítíme sin.
- (5) Ní dhéanfaidh Breithneoir Costas Dlí méid a dhaingniú le haghaidh eisíocaíochta mura rud é—
- (a) go bhfuil dearbhán bailí nó admháil bhailí ann i leith na heisíocaíochta, nó
 - (b) gur chomhaontaigh na páirtithe, agus gur deimhin leis an mBreithneoir Costas Dlí, nach bhfuil gá le dearbhán ná admháil den sórt sin.
- (6) Ní dhéanfaidh Breithneoir Costas Dlí muirear i leith ní nó ítime a dhaingniú mura bhfuil an ní nó an ítim i bhfógra dá dtagraítear in *alt 150* nó, de réir mar a bheidh, murab ábhar é nó í do chomhaontú dá dtagraítear in *alt 151*, ach amháin i gcás gurb é tuairim an Bhreithneora Costas Dlí go gcruthófaí éagóir idir na páirtithe dá ndéanfaí an ní nó an ítim a dhícheadú.
- (7) Más é tuairim Breithneora Costas Dlí gur fhailligh nó gur dhiúltaigh páirtí san iarratas doiciméid a sholáthar, agus gur dhóigh gur dhochar do leasanna duine amháin nó níos mó de na páirtithe eile an diúltú nó an fhaillí, déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, d'fhonn an dochar do na leasanna sin a íoslaghdú—
- (a) an t-iarratas a chinneadh a mhéid is féidir sna himthosca, agus
 - (b) a chinneadh nach mbeidh ach méid ainmniúil iníochta leis an bpáirtí a d'fhailligh nó a dhiúltaigh an doiciméadacht is gá a sholáthar.
- (8) Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, tar éis cinneadh a dhéanamh, tuarascáil a ullmhú faoi *fho-alt (9)*—
- (a) i gcás gur dóigh leis nó léi é a bheith ar mhaithe le leas an phobail, nó
 - (b) ar iarraidh a fháil ó aon pháirtí sa bhreithniú, is iarraidh arna déanamh tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an cinneadh a dhéanamh.
- (9) I dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)*, leagfar amach na nithe nó na hítimí is ábhar don bhreithniú agus sracléiriú gearr ar an gcúlra a bhí leis na seirbhísí dlí lena mbaineann a sholáthar agus na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhthéacs inar soláthraíodh na seirbhísí sin agus déanfar inti—
- (a) an obair a bhain leis na nithe nó na hítimí is ábhar don bhreithniú agus a ndearnadh breithniú uirthi le linn teacht ar an gcinneadh, a shonrú,
 - (b) céimeanna éagsúla na seirbhísí dlí agus céim an phróisis dlí ag a ndearnadh an obair sin faoi threoir gnéithe ar leith de chúrsa na hoibre, a shonrú,

- (c) achoimre ar na haighneachtaí scríofa nó ó bhéal arna ndéanamh ag na páirtithe sa bhreithniú nó thar a gceann, a leagan amach, agus
 - (d) cúiseanna lena chinneadh nó lena cinneadh a thabhairt.
- (10) Déanfar cóip d'aon tuarascáil faoi *fho-alt (8)* a thabhairt d'aon pháirtí iarrthach sa bhreithniú a luaithe is indéanta tar éis í a ullmhú.

An éifeacht a bheidh le cinneadh

- 158.** (1) Faoi réir *alt 160*, is cinneadh críochnaitheach cinneadh Breithneora Costas Dlí agus beidh éifeacht leis 20 lá tar éis é a thabhairt faoi *alt 157(2)* do na páirtithe sa bhreithniú.
- (2) I gcás nach mbaineann breithniú ach le costais dlí amhail idir dlí-chleachtóir agus a chliant nó a cliant, agus gur chinn an Breithneoir Costas Dlí gur ísle de mhéid is lú ná 15 faoin gcéad comhiomlán na méideanna a bheidh le híoc ná comhiomlán na méideanna sin atá leagtha amach sa bhille costas, is é nó í an páirtí ar arb inmhuirearaithe na costais sin a íocfaidh costais an bhreithnithe.
 - (3) I gcás gur chinn Breithneoir Costas Dlí gur ísle de 15 faoin gcéad nó de mhéid is mó ná 15 faoin gcéad comhiomlán na méideanna a bheidh le híoc i leith na gcostas dlí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* ná comhiomlán na méideanna sin atá leagtha amach sa bhille costas, is é nó í an dlí-chleachtóir a d'eisigh an bille costas a bheidh freagrach as costais an bhreithnithe.
 - (4) I gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí a chinneadh go ndéanfar costais an bhreithnithe a fhritháireamh in aghaidh an mhéid chomhiomláin a cinneadh.

Tarchur chun na hArd-Chúirte

- 159.** (1) Féadfaidh Breithneoir Costas Dlí, cibé acu ar iarraidh a fháil ó pháirtí in iarratas ar chostais dlí a bhreithniú nó nach ea, ceist dlí a eascraíonn san iarratas a tharchur chun na hArd-Chúirte chun tuairim na Cúirte sin a fháil.
- (2) Más rud é, le linn iarratas a chinneadh, go n-eascraíonn ceist maidir le hinfhorfheidhmitheacht comhaontaithe a rinneadh faoi *alt 151*, tarchuirfidh Breithneoir Costas Dlí an comhaontú chun na hArd-Chúirte agus tabharfaidh an Ard-Chúirt breith i dtaobh an bhfuil, agus cá mhéad atá, an comhaontú infhorfheidhmithe agus—
 - (a) más dóigh léi go bhfuil an comhaontú infhorfheidhmithe, déanfaidh sí an t-ordú is dóigh léi is cuí chun an comhaontú a fhorfheidhmiú, nó
 - (b) más dóigh léi nach bhfuil an comhaontú infhorfheidhmithe, ordóidh sí go leanfar ar aghaidh leis na costais dlí a bhreithniú amhail is nach ndearnadh aon chomhaontú.
 - (3) I gcás go mbeidh ceist tarchurtha chun na hArd-Chúirte faoin alt seo, ní fhéadfaidh Breithneoir Costas Dlí—
 - (a) cinneadh a bhfuil an cheist iomchuí ina leith a dhéanamh fad a bheidh an tarchur ar feitheamh, ná

- (b) dul ar aghaidh ar mhodh, ná cinneadh a dhéanamh, atá ar neamhréir le tuairim na hArd-Chúirte maidir leis an gceist.

Breithneoir Costas Dlí do dhéanamh breithniú ar chinneadh

- 160.** (1) I gcás go bhfuil páirtí i mbreithniú míshásta le breith ó Bhreithneoir Costas Dlí faoi *alt 157* muirear a dhaingniú, gan muirear a dhaingniú nó méid éagsúil a chinneadh a bheidh le muirearú i leith ní nó ítim is ábhar don bhreithniú, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá ón dáta a thugtar an cinneadh dó nó di faoi *alt 157(2)*, iarratas a dhéanamh chuig an mBreithneoir Costas Dlí go ndéanfar breithniú ar an mbreith agus ar chinneadh a dhéanamh faoin alt seo.
- (2) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt (1)*—
- (a) beidh sé i cibé foirm a bheidh sonraithe i rialacha cúirte nó, más infheidhme, faoi *alt 166*, agus sonrúfar ann, trí liosta i bhfoirm ghearr bheacht, na nithe nó na hítimí, nó na codanna díobh, lena mbaineann breith an Bhreithneora Costas Dlí a bhfuil agóid á déanamh ina coinne agus na forais agus na cúiseanna leis na hagóidí sin, agus
- (b) déanfar é iar bhfógra chun an pháirtí eile sa bhreithniú.
- (3) Déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí, más dóigh leis nó léi gur cuí déanamh amhlaidh, agus ar iarratas a fháil ón bpáirtí atá i dteideal na gcostas, cinneadh eatramhach a eisiúint fad a bheifear ag feitheamh ar bhreithniú ar iarratas faoi *fho-alt (1)*, maidir leis an méid seo a leanas—
- (a) fuilleach na nithe nó na n-ítimí sa chinneadh nach bhfuil aon agóid déanta ina gcoinne, agus
- (b) cibé nithe nó ítimí de na nithe nó na hítimí is ábhar don iarratas is dóigh leis an mBreithneoir Costas Dlí is réasúnach.
- (4) Chun críocha iarratas faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Breithneoir Costas Dlí a chinneadh a athmheas agus a athbhreithniú ag féachaint do na nithe nó na hítimí a bheidh sonraithe faoi *fho-alt (2)(a)*, agus beidh feidhm ag *ailt 155 go 158* i ndáil le breithniú den sórt sin.
- (5) Féadfaidh an Breithneoir Costas Dlí, tar éis breithniú a dhéanamh ar iarratas faoin alt seo, breith a thabhairt—
- (a) gan a chinneadh nó a cinneadh a athrú, nó
- (b) cinneadh nua a dhéanamh,
- agus, faoi réir *alt 161*, beidh éifeacht láithreach leis an gcinneadh dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)*.
- (6) Maidir le feidhmeanna Breithneora Costas Dlí i ndáil le hiarratas faoin alt seo, is é nó is í an Breithneoir Costas Dlí a rinne an cinneadh lena mbaineann an t-iarratas a dhéanfaidh, a mhéid is indéanta, iad a chomhlíonadh.

Athbheithniú ar chinneadh de chuid Breithneoir Costas Dlí

- 161.** (1) Féadfaidh páirtí i mbreithniú a rinne iarratas faoi *alt 160*, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an dáta a rinne an Breithneoir Costas Dlí a chinneadh nó a cinneadh faoi *alt 160(5)*, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar athbheithniú ar an gcinneadh lena mbaineann.
- (2) Is trí fhorriarratas iar bhfógra chun na bpáirtithe eile go léir sa bhreithniú agus chun an Phríomh-Bheithneora Costas Dlí a dhéanfar athbheithniú faoin alt seo.
- (3) Déanfaidh an chúirt an t-athbheithniú a éisteacht agus a chinneadh ar an bhfianaise a tugadh don Bhreithneoir Costas Dlí mura n-ordaíonn an chúirt go gcuirtear fianaise eile faoina bráid.
- (4) Déanfaidh an chúirt, tar éis an t-athbheithniú faoi *fho-alt (1)* a éisteacht—
- (a) cinneadh an Bhreithneora Costas Dlí a dhaingniú, nó
- (b) an t-athbheithniú a cheadú agus—
- (i) anní atharchchuigan mBreithneoir Costas Dlí chun an breithniú a chinneadh de réir bhreith na cúirte, nó
- (ii) a cinneadh féin a chur in ionad chinneadh an Bhreithneora Costas Dlí.
- (5) Ní cheadóidh an Ard-Chúirt athbheithniú faoi *fho-alt (4)(b)* ach amháin i gcás gur deimhin léi go bhfuil earráid déanta ag an mBreithneoir Costas Dlí sa chinneadh a rinne sé nó sí maidir leis an méid a ceadaíodh nó a dícheadaíodh ionas go bhfuil an cinneadh éagórach.
- (6) San alt seo, ciallaíonn “cúirt”—
- (a) más rud é gur breithniú i ndáil le páirtí agus costais pháirtí an breithniú is ábhar don athbheithniú, an chúirt a d'éist na himeachtaí lena mbaineann na costais sin, agus
- (b) in aon chás eile, an Ard-Chúirt.

CAIBIDIL 5

*Ilghnéitheach***Pribhléid i leith breithnithe**

- 162.** Beidh imeachtaí agus doiciméid a chruthaítear nó a thugtar do na páirtithe i mbreithniú ar chostais dlí faoi phribhléid iomlán ach amháin—
- (a) a mhéid is gá le haghaidh achomharc i gcoinne cinneadh Breithneora Costas Dlí, agus
- (b) i ndáil le hidirghabháil nó nós imeachta eile chun díospóidí i dtaobh na gcostas dlí lena mbaineann a réiteach.

Cumhacht chun foirmeacha a shonrú

- 163.** (1) Mura sonraítear foirm doiciméid i rialacha cúirte, féadfaidh an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí foirm doiciméad is gá chun críocha na Coda seo a shonrú, de réir mar is dóigh léis nó léi is cuí.
- (2) Féadfar cumhacht an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí faoi *fho-alt (1)* a fheidhmiú ar shlí—
- (a) go mbeidh ar áireamh i bhfoirm shonraithe aon doiciméid dá dtagraítear san fho-alt sin dearbhú reachtúil—
- (i) a bheidh le déanamh ag an duine a chomhlánóidh an fhoirm, agus
- (ii) ina luafar gur fíor ceart na sonraí atá san fhoirm de réir mar is fearr is eol don duine sin agus mar a chreideann sé nó sí,
- agus
- (b) go sonrófar 2 fhoirm nó níos mó d'aon doiciméad dá dtagraítear san fho-alt sin, cibé acu mar roghanna, nó chun socrú a dhéanamh maidir le himthosca áirithe nó maidir le cásanna áirithe, de réir mar is dóigh leis an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí is cuí.
- (3) Maidir le foirm a bheidh sonraithe faoin alt seo, nó a bheidh sonraithe i rialacha cúirte—
- (a) comhlánófar í de réir cibé ordacháin agus treoracha a bheidh sonraithe san fhoirm,
- (b) beidh ag gabháil léi cibé doiciméid a bheidh sonraithe san fhoirm, agus
- (c) má cheanglaítear an fhoirm chomhlánaithe a sholáthar—
- (i) don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí,
- (ii) do dhuine eile thar ceann an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí, nó
- (iii) d'aon duine eile,
- soláthrófar amhlaidh í ar an modh, más ann, a bheidh sonraithe san fhoirm.

Idirthréimhseach — Máistirí Fómhais

- 164.** Féadfaidh an tAire duine a bhí, díreach roimh an dáta a thosaíonn an t-alt seo, ag fónamh mar Mháistir Fómhais don Ard-Chúirt, a ainmniú chun feidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí nó Breithneora Costas Dlí a chomhlíonadh faoin gCuid seo ar feadh tréimhse dar críoch an tráth a rachadh a théarma nó a téarma mar Mháistir Fómhais, murach an Chuid seo, in éag thairis sin agus, má dhéanann an tAire amhlaidh, féadfaidh an duine sin feidhmeanna an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí nó Breithneora Costas Dlí faoin gCuid seo a chomhlíonadh, agus déileálfar leis nó léi amhail is dá mba é nó í an Príomh-Bhreithneoir Costas Dlí, nó dá mba Bhreithneoir Costas Dlí é nó í, arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 139(2)*, le linn na tréimhse sin.

Idirthréimhseach — nithe atá i gcúrsa agus imeachtaí dlí

- 165.** (1) Más rud é, roimh an lá a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, gur tarchuireadh ní lena fhómhas agus gur tionóladh éisteacht maidir leis an ní, cibé acu os comhair Máistir Fómhais nó Cláráitheoir Contae ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais, déileálfar leis an ní de réir an dlí infheidhme mar a bhí sé roimh an lá sin d'ainneoin fhorálacha na Coda seo.
- (2) Más rud é, roimh an lá a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, gur tugadh breith ar ní a tarchuireadh lena fhómhas, déanfar aon athbhreithniú ar an mbreith a chinneadh de réir an dlí infheidhme mar a bhí sé roimh an lá sin, d'ainneoin fhorálacha na Coda seo.
- (3) Más rud é, roimh an lá a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, gur tarchuireadh ní lena fhómhas ach nár tionóladh éisteacht fós maidir leis an ní, déileálfar leis an ní amhail is dá mba éard é an tarchur iarratas ar chostais dlí a bhreithniú faoi *alt 154* a rinneadh an lá a tarchuireadh an ní lena fhómhas.
- (4) Más rud é, díreach roimh an lá a thiocfaidh an fo-alt seo i ngníomh, go bhfuil aon imeachtaí dlí ar feitheamh ar páirtí iontu Máistir Fómhais, nó Cláráitheoir Contae ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais, agus go bhfuil tagairt sna himeachtaí d'aon fheidhmeanna ar feidhmeanna de chuid an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí nó de chuid Breithneoir Costas Dlí iad an lá sin nó dá éis, déanfar, a mhéid a bhaineann na himeachtaí sin leis na feidhmeanna sin, ainm an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí nó an Bhreithneora Costas Dlí, de réir mar a bheidh, a chur in ionad ainm an Mháistir Fómhais, nó an Chláráitheora Contae sna himeachtaí sin, nó a chur isteach sna himeachtaí sin agus ní rachaidh na himeachtaí sin ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Faisnéis, doiciméid, taifid, etc

- 166.** (1) Aon fhaisnéis nó doiciméad a sholáthraítear, roimh an lá a thosóidh an t-alt seo, do Mháistir Fómhais, nó do Chláráitheoir Contae ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais, faoi reacht nó riail cúirte a bhaineann le fómhas costas dlí, déileálfar léi nó leis, an lá sin agus dá éis, mar fhaisnéis nó doiciméad a soláthraíodh don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí faoin gCuid seo.
- (2) Aon leabhar, innéacs, doiciméad nó taifead eile (lena n-áirítear taifead den sórt sin i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm neamh-inléite eile ar féidir í a athrú go buanfhoirm inléite) a bhí á shealbhú, roimh an lá a thosóidh an t-alt seo, ag Máistir Fómhais, nó ag Cláráitheoir Contae ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais, faoi reacht nó riail cúirte a bhaineann le fómhas costas dlí, déileálfar leis, an lá sin agus dá éis, mar thaifead den sórt sin arna shealbhú ag an bPríomh-Bhreithneoir Costas Dlí nó thar a cheann nó thar a ceann.

Tagairtí

167. An lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh agus dá éis—

- (a) déanfar tagairt in aon achtachán eile do chostais a fhómhas a fhorléiriú mar thagairt do chostais a bhreithniú,

- (b) déanfar tagairt d'Oifig an Mháistir Fómhais in aon aachtachán eile nó aon doiciméad eile a fhorléiriú mar thagairt d'Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí, agus
- (c) déanfar tagairt do Mháistir Fómhais in aon aachtachán eile nó aon doiciméad eile a fhorléiriú mar thagairt don Phríomh-Bhreithneoir Costas Dlí agus gach Breithneoir Costas Dlí.

CUID 11

COSTAIS DLÍ IN IMEACHTAÍ SIBHIALTA

Cumhacht chun costais dlí a dhámhachtain

- 168.** (1) Faoi réir fhorálacha na Coda seo, féadfaidh cúirt, ar iarratas a fháil ó pháirtí in imeachtaí sibhialta, ag aon chéim sna himeachtaí sin agus ó am go ham lena linn—
- (a) a ordú go ndéanfaidh páirtí sna himeachtaí costais aon pháirtí amháin eile nó níos mó sna himeachtaí is costais i leith na n-imeachtaí, nó atá teagmhasach leo, a íoc, nó
 - (b) i gcás go mbaineann imeachtaí atá os comhair na cúirte le heastát duine éagtha, nó le maoin de chuid iontaobhais, a ordú go ndéanfar costais aon pháirtí amháin nó níos mó sna himeachtaí is costais i leith na n-imeachtaí nó atá teagmhasach leo, a íoc as maoin an eastáit nó an iontaobhais.
- (2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, féadfaidh ordú a bheith san ordú go n-íocfaidh páirtí—
- (a) cion de chostais páirtí eile,
 - (b) costais ó dháta sonraithe nó go dtí dáta sonraithe, lena n-áirítear dáta sular tionscnaíodh na himeachtaí,
 - (c) costais a bhaineann le céim áirithe amháin nó níos mó sna himeachtaí,
 - (d) i gcás go n-éiríonn go páirteach le páirtí sna himeachtaí, costais a bhaineann leis an ngné nó na gnéithe de na himeachtaí inar éirigh leis nó léi, agus
 - (e) ús ar chostais ó dháta sonraithe nó go dtí dáta sonraithe, lena n-áirítear dáta roimh an mbreithiúnas.
- (3) Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo mar ní—
- (a) lena sriantar aon cheart caingne mar gheall ar thort an chlaonchothaithe, nó
 - (b) lena sriantar aon cheart de chuid iontaobhaí, morgáistí nó duine eile, atá ar marthain an lá a thosóidh an t-alt seo, go n-íocfaí costais leis nó léi as eastát nó ciste áirithe a mbeadh teidlíocht aige nó aici chuige faoi aon riail dlí nó cothromais.

Costais de réir breithe

- 169.**(1) Aon pháirtí a n-éiríonn go hiomlán leis nó léi in imeachtaí sibhialta, beidh sé nó sí i dteideal dámhachtain costas i gcoinne páirtí nach n-éiríonn leis nó léi sna himeachtaí sin, mura n-ordaíonn an chúirt a mhalairt, ag féachaint do chineál agus imthosca áirithe an cháis, agus don tslí ar ar sheol na páirtithe na himeachtaí, lena n-áirítear—
- (a) iompar roimh na himeachtaí agus lena linn,
 - (b) an amhlaidh go raibh sé réasúnach do pháirtí saincheist amháin nó níos mó a ardú, a shaothrú nó a chonspóid sna himeachtaí,
 - (c) an modh ar ar sheol na páirtithe iomlán a gcásanna nó aon chuid díobh,
 - (d) an amhlaidh go raibh páirtí ar éirigh leis nó léi áibhéil faoina éileamh nó faoina héileamh,
 - (e) an amhlaidh go raibh páirtí íocaíocht isteach sa chúirt agus dáta na híocaíochta sin,
 - (f) an amhlaidh go raibh páirtí tairiscint chun an ní is ábhar do na himeachtaí a shocrú, agus má rinne, dáta, téarmaí agus imthosca na tairisceana sin, agus
 - (g) i gcás gur iarr an chúirt ar na páirtithe an t-éileamh a shocrú (cibé acu trí idirghabháil nó ar shlí eile) agus gur dóigh leis an gcúirt go raibh páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe míréasúnach ó thaobh diúltú gabháil do na pléití socraíochta nó d'idirghabháil.
- (2) I gcás go n-ordaíonn an chúirt nach bhfuil páirtí ar éirigh leis nó léi go hiomlán in imeachtaí sibhialta i dteideal dámhachtain costas i gcoinne páirtí nár éirigh leis nó léi sna himeachtaí sin, tabharfaidh sí cúiseanna leis an ordú sin.
 - (3) I gcás go n-éiríonn le páirtí i gcoinne páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe in imeachtaí sibhialta ach ní i gcoinne gach páirtí díobh, féadfaidh an chúirt a ordú, a mhéid is dóigh leis an gcúirt gur cuí déanamh amhlaidh sna himthosca go léir—
 - (a) go n-íocfaidh an páirtí ar éirigh leis nó léi aon chostais nó na costais go léir de chuid an pháirtí nár éirigh leis nó léi ina choinne nó ina coinne, nó
 - (b) go ndéanfaidh an páirtí nó níos mó ná páirtí amháin de na páirtithe ar éirigh leis an bpáirtí ar éirigh leis nó léi ina choinne nó ina coinne nó ina gcoinne ní hamháin costas an pháirtí ar éirigh leis nó léi a íoc ach freisin aon chostais nó na costais go léir a íoc a dhlíonn an páirtí ar éirigh leis nó léi a íoc faoi mhír (a).
 - (4) Mura rud é go n-ordaíonn an chúirt ar tionscnaíodh imeachtaí sibhialta os a comhair a mhalairt, nó go gcomhaontaíonn na páirtithe sna himeachtaí sin a mhalairt, aon pháirtí a scoireann de na himeachtaí nó a thréigeann iad tar éis iad a bheith tionscanta (lena n-áirítear scor d'achomharc nó é a thréigean) dlífidh sé nó sí costais réasúnacha gach páirtí eile a thabhaigh costas le linn na himeachtaí sibhialta lena mbaineann a chosaint go dtí tráth an scoir nó an tréigin a íoc.
 - (5) Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo mar ní a dhéanann difear d'alt 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, nó do Chuid 2 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.

CUID 12

PAITINNÍ TOSAÍOCHTA

Mínithe (Cuid 12)

170. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Coiste” an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta arna bhunú faoi *alt 172*;

ciallaíonn “Paitinn”, faoi réir *alt 171(2)*—

- (a) i ndáil le habhcóide, Paitinn Tosaíochta, a dtugann a deonú don abhcóide teidlíocht dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsear agus an teideal “Abhcóide Sinsir” a úsáid, agus
- (b) i ndáil le hatornae, Paitinn Tosaíochta, a dtugann a deonú don atornae teidlíocht dó nó di chun an teideal “Abhcóide Sinsir” a úsáid;

ciallaíonn “deimhniú imréitigh cánach” deimhniú arna eisiúint faoi alt 1095 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Cumhacht chun Paitinn a dheonú, agus chun deonú Paitinne a chúlghairm

171. (1) Féadfaidh an Rialtas—

- (a) ar mholadh an Choiste faoi *alt 174*, Paitinn a dheonú do dhlí-chleachtóir, agus
 - (b) ar mholadh an Choiste faoi *alt 175*, deonú Paitinne do dhlí-chleachtóir a chúlghairm.
- (2) Chun críocha *fho-alt (1)(b)*, *alt 175* agus *alt 176*, folaíonn “Paitinn” Paitinn arna deonú sa Stát roimh thosach feidhme an ailt seo.

An Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta

172. (1) Bunóidh an tÚdarás Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta chun na feidhmeanna a shanntar dó faoin gCuid seo a chomhlíonadh.

(2) Is iad a bheidh ar an gCoiste:

- (a) an Príomh-Bhreitheamh, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste;
- (b) Uachtarán na hArd-Chúirte;
- (c) an tArd-Aighne;
- (d) Cathaoirleach Chomhairle an Bharra;
- (e) Uachtarán an Dlí-Chumainn; agus
- (f) comhalta tuata den Údarás arna ainmniú nó arna hainmniú ag an Aire.

(3) Maidir le duine a cheapfar faoi *mhír (f) d’fho-alt (2)*—

- (a) beidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha mar chomhalta den sórt sin, agus
 - (b) beidh sé nó sí inathcheaptha ar an gCoiste ar choinníoll go mbeidh, agus fad a bheidh, sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás.
- (4) Féadfaidh comhalta den Choiste, nach féidir leis nó léi freastal ar chruinniú den Choiste, comhalta ionaid a ainmniú chun freastal ar an gcruinniú ina ionad nó ina hionad.
- (5) Féadfaidh an Coiste gníomhú d’ainneoin folúntas ina chomhaltas.
- (6) Ar an bPríomh-Bhreitheamh d’fháil bháis nó do scor, beidh an gnáth-bhreitheamh den Chúirt Uachtarach is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huaire ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste go dtí go gceapfar Príomh-Bhreitheamh.
- (7) Ar Uachtarán na hArd-Chúirte d’fháil bháis nó do scor, beidh an gnáth-bhreitheamh den Ard-Chúirt is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huaire ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste go dtí go gceapfar Uachtarán ar an Ard-Chúirt.
- (8) Más rud é, maidir le comhalta den Choiste—
- (a) go ndéanfaidh sé nó sí iarratas faoi *alt 174(1)*, nó
 - (b) go mbeidh sé nó sí ina ábhar nó ina hábhar d’iarratas faoi *alt 175(2)*,
- ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú ag an gCoiste ar an iarratas sin.
- (9) Beidh na himeachtaí go léir den Choiste agus gach cumarsáid ón gCoiste agus chuig an gCoiste, lena n-áirítear comhchomhairliúcháin ag an gCoiste faoi *alt 174(3)*, faoi rún agus ní dhéanfar an céanna a nochtadh ach amháin chun críocha an Achta seo.

Critéir chun Paitinn a dheonú

- 173.(1)** Bunóidh an Coiste na critéir, bunaithe ar na cuspóirí arna sonrú i *bhfo-alt (2)*, a bheidh le comhlíonadh ag dlí-chleachtóir chun go ndéanfaidh an Coiste moladh don Rialtas go ndeonófar Paitinn dó nó di.
- (2) Is iad na cuspóirí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chinntiú, i ndáil le dlí-chleachtóir a bheidh ag iarraidh go ndeonófar Paitinn dó nó di:
- (a) gur léirigh sé nó sí, ina chleachtadh nó ina cleachtadh mar dhlí-chleachtóir—
 - (i) méid inniúlachta agus méid ionracais is cuí maidir le Paitinn a dheonú dó nó di agus a bheidh i gcomhréir leis,
 - (ii) neamhspleáchas gairmiúil, agus
 - (iii) ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
 - (I) cumas cruthaithe sármhaitheasa i gcleachtadh na habhcóideachta;
 - (II) cumas cruthaithe sármhaitheasa i gcleachtadh na dlíthíochta saineolaí; nó

(III) saineolas i réimse den dlí;

- (b) go bhfuil sé nó sí oiriúnach ó thaobh carachtair agus meoin de;
- (c) go bhfuil sé nó sí i seilbh deimhniú imréitigh cánach atá i bhfeidhm;
- (d) go bhfuil sé nó sí oiriúnach thairis sin chun go ndeonófar Paitinn dó nó di.

Iarratas a dhéanamh ar mholadh

- 174.**(1) Féadfaidh dlí-chleachtóir ar mian leis nó léi go ndeonófar Paitinn dó nó di faoi *alt 171* iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste chun—
- (a) go ndéanfaidh sé breithniú, de réir an ailt seo, i dtaobh an gcomhlíonann sé nó sí na critéir arna mbunú faoi *alt 173*, agus
 - (b) faoi réir *mhír (a)*, go ndéanfaidh sé moladh don Rialtas go ndeonófar Paitinn dó nó di.
- (2) Beidh cibé faisnéis agus cibé táille a fhorordófar ag gabháil le hiarratas faoi *fho-alt (1)*.
- (3) I gcás go bhfaighidh an Coiste iarratas faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sé breithniú i dtaobh an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir arna mbunú faoi *alt 173* agus, chun na críche sin, féadfaidh sé dul i gcomhairle, faoi rún, le cibé daoine is dóigh leis is cuí.
- (4) Tar éis dó breithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (3)*, déanfaidh an Coiste—
- (a) i gcás go dtugann sé breith go gcomhlíonann iarratasóir na critéir arna mbunú faoi *alt 173*, moladh don Rialtas go ndeonófar Paitinn don iarratasóir, agus
 - (b) i gcás go dtugann sé breith nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir sin, fógra a thabhairt i scríbhinn don iarratasóir faoina bhreith agus faoi na cúiseanna atá léi.
- (5) Féadfaidh an tAire an méid seo a leanas a fhorordú—
- (a) foirm iarratais faoin alt seo,
 - (b) an fhaisnéis agus an táille (más ann) a bheidh ag gabháil le hiarratas ar Phaitinn a dheonú, agus
 - (c) aon nithe eile is dóigh leis an Aire is gá chun críocha an ailt seo.

Deonú Paitinne a chúlghairm

- 175.** (1) Féadfaidh an Rialtas, ar mholadh ón gCoiste arna dhéanamh de réir an ailt seo, deonú Paitinne a chúlghairm.
- (2) I gcás go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú dá dtagraítear in *alt 85(7)(g)* i ndáil le dlí-chleachtóir, déanfaidh an tÚdarás iarratas chuig an gCoiste—
- (a) go ndéanfaidh sé breithniú, de réir an ailt seo, i dtaobh ar chóir an deonú Paitinne don dlí-chleachtóir sin a chúlghairm, agus

- (b) faoi réir *mhír (a)*, go ndéanfaidh sé moladh don Rialtas go gcúlghairfear an deonú sin.
- (3) Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le hiarratas faoi *fho-alt (2)*—
- (a) ráiteas i dtaobh na gcúiseanna leis an iarratas,
- (b) cóipeanna de gach doiciméad a bhí os comhair an Bhinse Araíonachta le linn dó a chinneadh a dhéanamh faoi *alt 81(8)*, agus
- (c) cibé faisnéis eile, agus cibé táille, a fhorordófar.
- (4) Déanfaidh an Coiste, ar iarratas a fháil faoi *fho-alt (2)*, fógra a thabhairt don duine lena mbaineann i scríbhinn faoin iarratas.
- (5) Beidh an méid seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (4)*—
- (a) cóip de gach doiciméad a tugadh don Choiste san iarratas faoi *fho-alt (2)*,
- (b) ráiteas go bhféadfaidh an duine lena mbaineann, laistigh de 30 lá ón tráth a chuirtear an fógra chuige nó chuici nó cibé tréimhse eile, a dhéanfaidh an Coiste, ag féachaint do riachtanais an cheartais, a shonrú, uirill a dhéanamh ar an modh forordaithe chuig an gCoiste ar an gcúis nár chóir an deonú a chúlghairm, agus
- (c) ráiteas go ndéanfaidh an Coiste, i gcás nach bhfaighfear aon uirill laistigh den tréimhse a shonrófar faoi *mhír (b)*, gan fógra breise, dul ar aghaidh le breithniú a dhéanamh ar an iarratas.
- (6) Le linn breithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh an Coiste na nithe seo a leanas a chur i gcuntas—
- (a) an fhaisnéis a tugadh san iarratas,
- (b) aon uirill a rinneadh de bhun *fho-alt (5)(b)*, agus
- (c) aon ní eile is dóigh leis an gCoiste is iomchuí chun críche a bhreithe.
- (7) Ní thabharfaidh an Coiste breith moladh a dhéanamh don Rialtas go ndéanfar deonú Paitinne a chúlghairm ach amháin sa chás gur deimhin leis, ar bhonn na n-uiríoll agus na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*, nach gcomhlíonann an duine lena mbaineann a thuilleadh na critéir arna mbunú faoi *alt 173*.
- (8) I gcás go dtabharfaidh an Coiste breith dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*, tabharfaidh sé fógra don duine lena mbaineann i scríbhinn faoina bhreith agus faoi na cúiseanna atá léi.
- (9) Féadfaidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)*, laistigh de 30 lá ón tráth a chuirtear an fógra faoin bhfo-alt sin chuige nó chuici, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne bhreith an Choiste.
- (10) Ar achomharc a éisteacht faoi *fho-alt (9)*, féadfaidh an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí léi, an bhreith lena mbaineann a dhaingniú nó a fhreaschur.

- (11) Ní dhéanfaidh an Coiste moladh don Rialtas go ndéanfar an deonú Paitinne dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* a chúlghairm ach amháin—
- (a) i gcás nach ndéanfar aon achomharc faoi *fho-alt (9)*, tar éis an tréimhse dá dtagraítear san *fho-alt* sin a bheith caite,
 - (b) i gcás go ndéanfar achomharc faoi *fho-alt (9)*, má dhéanann an Ard-Chúirt an bhreith lena mbaineann a dhaingniú.
- (12) Féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a fhorordú—
- (a) foirm iarratais faoi *fho-alt (2)*,
 - (b) an fhaisnéis agus an táille (más ann) a bheidh ag gabháil le hiarratas den sórt sin, agus
 - (c) aon nithe eile is dóigh leis an Aire is gá chun críocha an ailt seo.

Aturnae dár deonaíodh Paitinn fad a bhí sé nó sí ina abhcóide nó ina habhcóide

- 176.** Aon aturnae dár deonaíodh Paitinn, roimh thosach feidhme an ailt seo agus fad a bhí sé nó sí ina abhcóide nó ina habhcóide, beidh sé nó sí i dteideal an teideal “Abhcóide Sinsir” a úsáid.

CUID 13

LEASUITHE AR NA HACHTANNA ATURNAETHA, 1954 GO 2011

Leasú ar alt 3 d’Acht 1954

- 177.** Leasaítear alt 3 d’Acht 1954 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘an tÚdarás’ an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí;”.

Leasú ar alt 5 d’Acht 1954

- 178.** Leasaítear alt 5(1) d’Acht 1954 trí “, le ceadú an Údaráis,” a chur isteach i ndiaidh “Féadfaidh an Cumann”.

Leasú ar alt 47 d’Acht 1954

- 179.** Leasaítear alt 47(8) d’Acht 1954 trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an tAire”.

Leasú ar alt 48 d’Acht 1954

- 180.** Leasaítear alt 48(3) d’Acht 1954 trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an Príomh-Bhreitheamh”, sa dá áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 49 d’Acht 1954

- 181.** Leasaítear alt 49 d’Acht 1954—

(a) i bhfo-alt (1)(q)—

- (i) trí “roimhe sin,” a chur in ionad “roimhe sin, nó” i bhfomhír (ii),
- (ii) trí “go leormhaith, nó” a chur in ionad “go leormhaith.” i bhfomhír (iii), agus
- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

“(iv) líon agus cineál na ngearán arna ndéanamh chuig an Údarás i leith an aturnae faoi *alt 51 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, laistigh den dá bhliain chleachta roimhe sin;”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1)(q):

“(r) gur mhainnigh sé fógra a d’eisigh Coiste um Ghearáin an Údaráis chuige faoi *alt 70(6)(c) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015* a chomhlíonadh;

(s) gur mhainnigh sé ordachán a eisíodh chuige faoi *alt 71(1)(a) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015* a chomhlíonadh;

(t) gur ciontaíodh é i gcion indíotáilte;

(u) gur sháraigh sé na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*;

(v) gur sháraigh sé *an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, nó rialacháin arna ndéanamh faoi.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) Féadfaidh an Cumann, i gcás go mbeidh cúis aige a mheas go mb’fhéidir nach bhfuil aturnae inniúil ar chleachtadh aturnae a sheoladh ag féachaint do bhail a shláinte coirp nó a mheabhairshláinte, chun críocha fho-alt (1)(p), a ordú go gcuirfear an t-aturnae faoi scrúdú ag lia-chleachtóir cláraithe arna ainmniú ag an gCumann.

(9) I bhfo-alt (8), ciallaíonn ‘lia-chleachtóir cláraithe’ duine is lia-chleachtóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.”.

Leasú ar alt 66 d’Acht 1954

182. Leasaítear alt 66 d’Acht 1954 i bhfo-alt (1) trí “an Údaráis” a chur in ionad “Uachtarán na hArd-Chúirte”.

Leasú ar alt 71 d’Acht 1954

183. Leasaítear alt 71 d’Acht 1954 i bhfo-alt (8) trí—

(a) “D’ainneoin mhír (d) d’fho-alt (2) agus fho-alt (3) den alt seo;” a scriosadh agus

(b) “, cibé acu i bhfógrán nó ar shlí eile,” a scriosadh.

Leasú ar alt 3 d’Acht 1960

184. Leasaítear alt 3 d’Acht 1960 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Údarás’ an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí;

forléireofar ‘mí-iompar’ de réir alt 50 den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, a mhéid a bhaineann an t-alt sin le haturnaetha;”.

Ní bheidh baint ag aturnae le daoine áirithe ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagasc ó dhaoine áirithe

185. Leasaítear Acht 1960 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“**3A.** Maidir le haturnaetha, seachas i gcás go gceadaítear é faoin *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*—

- (a) ní bheidh, i gcúrsa a chleachta nó a cleachta mar aturnae, aon bhaint, comhlachas nó comhshocrú, díreach nó neamhdhíreach, aige nó aici le haon duine (seachas cliant) arb eol don aturnae, nó ar chóir gurb eol dó nó di ar fhiosrú réasúnach a dhéanamh, gur duine é nó í atá ag gníomhú, nó a ghníomhaigh, contrártha d’alt 55 nó 56 nó d’alt 58 den Phríomh-Acht, nó d’alt 5 den Acht Aturnaetha (Leasú), 2002, nó
- (b) ní ghlacfaidh sé nó sí, i gcúrsa a chleachta nó a cleachta mar aturnae, teagasc chun seirbhísí dlí a sholáthar do dhuine ó dhuine eile arb eol don aturnae, nó ar chóir gurb eol dó nó di ar fhiosrú réasúnach a dhéanamh, gur duine é nó í atá ag gníomhú, nó a ghníomhaigh, contrártha do na hachtacháin dá dtagraítear i mír (a).”.

Leasú ar alt 7 d’Acht 1960

186. Leasaítear alt 7 d’Acht 1960 i bhfo-alt (1) trí “a bheidh déanta ag an duine roimh an dáta a thiocthaidh *Cuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015* i ngníomh, nó a bheidh déanta ag an gCumann” in ionad “nó ón gCumann”.

Leasú ar alt 9 d’Acht 1960

187. Leasaítear alt 9 d’Acht 1960 tríd an leagan cuí gramadaí de “Dlí-Chumann” a chur in ionad an leagain chomhréirigh de “Coiste Araíonachta”, gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 10 d’Acht 1960

188. Leasaítear alt 10 d’Acht 1960 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

- “(5) Cuirfidh an Dlí-Chumann in iúl don Údarás go ndearnadh ordú, nó gur diúltaíodh d’iarratas, faoi fho-alt (3).”.

Leasú ar alt 14 d’Acht 1960

189. Leasaítear alt 14 d’Acht 1960—

- (a) trí “leis an iarratas sin,” a chur in ionad “leis an iarratas sin, agus” i mír (e),
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(g) déanamh gearáin faoi *Chuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, leis an Údarás agus doiciméid arna scrúduithe nó arna dtabhairt do na páirtithe atá i dteideal iad a fháil faoin gCuid sin,

- (h) tuarascáil eatramhach agus tuarascáil chríochnaitheach, dá dtagraítear in *alt 59 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, ón gCumann ar imscrúdú a bheidh déanta aige i gcomhlíonadh iarraidh faoin alt sin, agus
- (i) imeachtaí agus doiciméid a bhaineann le fiosrúchán a sheolfaidh an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí faoi *Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*.”.

Leasú ar alt 17 d’Acht 1960

190. Leasaítear alt 17 d’Acht 1960—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “faoin Acht seo,” a chur in ionad “faoin Acht seo, agus” i mír (a),
- (ii) trí “den Acht seo, agus” a chur in ionad “den Acht seo,” i mír (b), agus
- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) cóip d’aon bhreith arna tabhairt nó aon ordú arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt agus d’aon chinneadh arna dhéanamh ag an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí faoi *Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ndáil le gearán faoin gCuid sin i leith aturnae,”

(b) i bhfo-alt (3)—

- (i) trí “den Acht seo, agus” a chur in ionad “den Acht seo.”, agus
- (ii) tríd an méid seo a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) ar chomhad ar a dtabharfar Comhad C, taifeadfar gach breith arna tabhairt nó gach ordú arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt faoi *alt 84 nó 85 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, agus aon chinneadh arna dhéanamh ag an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí faoi *alt 82 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ndáil le gearán faoin gCuid sin i leith aturnae.”

- (c) trí “ar Chomhad A, ar Chomhad B nó ar Chomhad C” a chur in ionad “ar Chomhad A nó ar Chomhad B” i bhfo-alt (4), agus
- (d) trí “ar Chomhad A, ar Chomhad B nó ar Chomhad C” a chur in ionad “ar Chomhad A nó ar Chomhad B” i bhfo-alt (5)(a).

Leasú ar alt 24 d’Acht 1960

191. Leasaítear alt 24 d’Acht 1960 trí “an Údaráis” a chur in ionad “Uachtarán na hArd-Chúirte”.

Leasú ar alt 31 d’Acht 1960

192. Leasaítear alt 31 d’Acht 1960 i bhfo-alt (2) trí “an Údaráis” a chur in ionad “Uachtarán na hArd-Chúirte”.

Leasú ar alt 2 d'Acht 1994

193. Leasaítear alt 2 d'Acht 1994 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Údarás’ an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí,”.

Leasú ar alt 8 d'Acht 1994

194. Leasaítear alt 8 d'Acht 1994—

- (a) trí “Más rud é, roimh an dáta a thiocfaidh *Cuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ngníomh, go bhfaighidh” a chur in ionad “I gcás go bhfaighidh” i bhfo-alt (1), agus
- (b) trí “an Údaráis” a chur in ionad “Uachtarán na hArd-Chúirte” i bhfo-alt (8).

Leasú ar alt 9 d'Acht 1994

195. Leasaítear alt 9 d'Acht 1994—

- (a) trí “I gcás, roimh an dáta a thiocfaidh *Cuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ngníomh, go bhfaighidh” a chur in ionad “I gcás go bhfaighidh” i bhfo-alt (1), agus
 - (b) trí “féin, nó faoi bhráid an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí lena bhreithniú faoi *Chuid 10* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*.” a chur in ionad “féin.” i bhfo-alt (2),
 - (c) i bhfo-alt (3)—
 - (i) trí “féin, nó faoi bhráid an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí lena bhreithniú faoi *Chuid 10* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*,” a chur in ionad “féin,” agus
 - (ii) “lena fhómhas amhlaidh, nó faoi bhráid an Phríomh-Bhreithneora Costas Dlí lena bhreithniú faoi *Chuid 10* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*.” a chur in ionad “lena fhómhas amhlaidh.”,
- agus
- (d) trí “an Údaráis” a chur in ionad “Uachtarán na hArd-Chúirte” i bhfo-alt (7).

Leasú ar alt 10 d'Acht 1994

196. Leasaítear alt 10 d'Acht 1994 trí “a bheidh déanta, roimh an dáta a thiocfaidh *Cuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ngníomh, leis an gCumann—” a chur in ionad “a bheidh déanta leis an gCumann—”.

Leasú ar alt 14 d'Acht 1994

197. Leasaítear alt 14 d'Acht 1994 i bhfo-alt (1)—

- (a) trí “cibé acu de thoradh gearáin nó ar shlí eile,” a scriosadh agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) ar ní chun críocha iarraidh faoi *alt 59* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, a chomhlíonadh.”.

Leasú ar alt 14A d’Acht 1994

198. Leasaítear Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach in ionad alt 14A:

“**14A.** (1) D’fhonn amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo maidir le cumhacht an Chumainn chun mí-iompar líomhnaithe ag aturnae a imscrúdú go bhféadfar í a fheidhmiú cibé acu a gheobhaidh nó nach bhfaighidh an Cumann—

- (a) gearán i ndáil leis an aturnae, nó
 - (b) iarraidh faoi *alt 59* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, go ndéanfar imscrúdú ar aon ní is iomchuí i ndáil le gearán faoi *Chuid 6* den Acht sin i ndáil leis an aturnae.
- (2) Déanfaidh an Cumann, i dteannta a chumhacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a fheidhmiú, imscrúdú a sheoladh i gcomhlíonadh iarraidh faoi *alt 59* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, go ndéanfar imscrúdú ar aon ní is iomchuí i ndáil le gearán faoi *Chuid 6* den Acht sin i ndáil leis an aturnae.
- (3) I gcás gur dóigh leis an gCumann, tar éis imscrúdú a dhéanamh, nach gníomh nó neamhghníomh lena mbaineann fo-alt (6) an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don imscrúdú, ach go gcinneadh sé go ndlíonn sé smachtbhanna a fhorchur faoin alt seo, féadfaidh sé—
- (a) de réir *alt 71* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, ordachán a eisiúint chuig an aturnae lena mbaineann chun cibé bearta a dhéanamh a bheidh sonraithe i gcinneadh an Chumainn, ar bearta iad atá sonraithe i leith aturnaetha i bhfo-alt (5) den alt sin, nó
 - (b) i gcás go dtoileoidh an t-aturnae lena mbaineann amhlaidh i scríbhinn, an beart a dhéanamh, arb é an beart é a shonraítear in *alt 71(6)(a)* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, agus a bheidh sonraithe i gcinneadh an Chumainn.
- (4) I gcás go n-eiseoidh an Cumann ordachán amháin nó níos mó de réir fho-alt (3)(a) agus go gcomhlíonfaidh an t-aturnae gach ordachán den sórt sin, measfar go ndearnadh an gearán a chinneadh.
- (5) I gcás go ndéanfaidh an Cumann (le toiliú an aturnae lena mbaineann) an beart a bheidh sonraithe i bhfo-alt (3)(b), measfar go ndearnadh an gearán a chinneadh.
- (6) (a) Faoi réir fho-alt (7), i gcás go bhfuil an Cumann tar éis a imscrúdú a thosú ar an dáta, nó tar éis an dáta, a thiocfaidh an *tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ngníomh, agus gur dóigh leis gur de chineál é an gníomh nó an neamhghníomh is ábhar don imscrúdú a fhágann gur mó is cú don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí ná don Chumann é a bhreithniú, féadfaidh sé iarratas i leith an ní

a dhéanamh chuige chun go ndéanfar fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 81 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.*

- (b) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an mó is cuí don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí an ní a bhreithniú, beidh aird ag an gCumann ar thromaíocht na n-ábhar imní a ardaíodh agus na nithe a nochtadh sa ghearán agus le linn é a imscrúdú.
- (7) (a) I gcás gur dóigh leis an gCumann gurb é an beart a shonraítear in *alt 71(6)(a) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, an beart cuí a bheidh le déanamh maidir lena imscrúdú a chríochnú, tabharfaidh sé fógra sa chéill sin don atur nae lena mbaineann agus sonróidh sé an beart beacht (lena n-áirítear i gcás srian nó coinníoll a bheidh le cur ar dheimhniú cleachta an atur nae, an srian nó an coinníoll beacht) a bheartaíonn sé a dhéanamh.
- (b) Cuirfear in iúl leis an bhfógra dá dtagraítear i mír (a) go ndéanfaidh an Cumann, mura dtabharfaidh an t-atur nae lena mbaineann a thoiliú nó a toiliú i scríbhinn don Chumann leis na bearta sonraithe a fhorchur laistigh de 21 lá ón tráth a eisítear an fógra, iarratas chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí go ndéanfar fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 81 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.*
- (c) I gcás go n-eiseoidh an Cumann fógra de bhun mhír (b) agus nach bhfaighidh sé, laistigh de 21 lá, an toiliú i scríbhinn ón atur nae lena mbaineann leis na bearta sonraithe a fhorchur, déanfaidh sé iarratas chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí go ndéanfar fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 81 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015* ar an ní, a mhéid nár chinn an Cumann nach raibh bunús leis na hábhair imní ba chúis lena imscrúdú ar an ní nó nach ndlíonn an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann smachtbhanna a fhorchur faoin alt seo nó iarratas a dhéanamh faoi fho-alt (7) chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.
- (8) Déanfaidh an Cumann a chinneadh faoi fho-alt (3) a chur in iúl don Údarás.”.

Féadfaidh fairtheoir a cheapfaidh an tÚdarás freastal ar chruinnithe

199. Leasaítear Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 14B:

- “**14C.**(1) I gcás go mbeidh coiste ag déanamh imscrúdú ar ghníomh nó neamhghníomh ag atur nae a mbeidh feidhm ag *alt 51(5) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015* maidir leis, féadfaidh fairtheoir freastal agus faire a dhéanamh ar aon chruinniú de chuid an choiste i ndáil leis an imscrúdú.
- (2) Déanfaidh an Cumann tráth agus ionad cruinnithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chur in iúl don Údarás.
- (3) San alt seo—

ciallaíonn ‘coiste’ aon choiste den Chumann a mbeidh na cumhachtaí nó na feidhmeanna tarmligthe chuige maidir le mí-iompar líomhnaithe ag aturnae a imscrúdú;

ciallaíonn ‘fairtheoir’ duine a cheapfaidh an tÚdarás faoi *alt 93* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, chun feidhmeanna fairtheora faoin alt seo a chomhlíonadh.”.

Leasú ar alt 22 d’Acht 1994

200. Leasaítear alt 22 d’Acht 1994 trí “nó chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí” a chur isteach i ndiaidh “chuig an mBinse Araíonachta” agus “nó ag an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí” a chur isteach i ndiaidh “ag an mBinse Araíonachta”.

Leasú ar alt 26 d’Acht 1994

201. Leasaítear alt 26 d’Acht 1994—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “Féadfaidh an Cumann, le toiliú an Údaráis, rialacháin a dhéanamh” a chur in ionad “Féadfaidh an Cumann rialacháin a dhéanamh”,

(ii) trí “aturnae,” a chur in ionad “aturnae, nó” i mír (a),

(iii) trí “mar aturnae, nó” a chur in ionad “mar aturnae.” i mír (b), agus

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) ag aturnae ag eascairt as a chleachtadh mar aturnae i gcomhpháirtíocht dlí, i gcleachtas ildisciplíneach nó i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta (de réir bhrí an *Achta um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*).”.

(b) tríd an bhfo-alt nua seo a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Le linn rialacháin slánaíochta a dhéanamh faoi fho-alt (1), tabharfar aird ar an gcuspóir go gcinnteofar, i ndáil le haturnaetha i gcomhpháirtíocht dlí, i gcleachtas ildisciplíneach nó i gcomhpháirtíocht dliteanais theoranta dá dtagraítear i mír (c) den fho-alt sin, go bhfuil slánaíocht leordhóthanach i gcoinne caillteanas ar bun i leith gach aturnae agus gach duine eile sa chomhpháirtíocht nó sa chleachtas sin lena mbaineann a gceanglaítear air nó uirthi a bheith cumhdaithe.”.

(c) trí “an tÚdarás” a chur in ionad “an tAire” i bhfo-alt (5), agus

(d) trí fho-alt (6) a scriosadh.

Leasú ar alt 35 d’Acht 1994

202. Leasaítear alt 35 d’Acht 1994 trí “don Chumann agus don Údarás,” a chur in ionad “don Chumann,”.

Leasú ar alt 38 d’Acht 1994**203.** Leasaítear alt 38 d’Acht 1994—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, nó faoin *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*,” a chur in ionad “faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 1994*,” agus

(ii) trí “nó don Údarás” a chur isteach i ndiaidh “don Chumann”,

(b) i bhfo-alt (2) trí “faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, nó faoin *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*,” a chur in ionad “faoi na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 1994*,”.

Leasú ar alt 58 d’Acht 1994**204.** Leasaítear alt 58 d’Acht 1994—

(a) i bhfo-alt (1), trí “I gcás go mainneoidh aturnae aon fhoráil de na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015* nó den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, nó aon rialacháin arna ndéanamh fúthu nó aon choinníollacha a shonrófar in ordachán a bhaineann le deimhniú cleachta faoi alt 59 den Acht seo, a chomhlíonadh, nó gur ciontaíodh é i gcion indíotáilte agus gur cuireadh téarma príosúnachta air, agus gurb é tuairim an Chumainn go bhfuil an mhainneachtain sin nó, de réir mar a bheidh, an ciontú agus an phianbhreith sin tromchúiseach agus go ndlíonn sí nó sé iarratas a dhéanamh faoin alt seo” a chur in ionad “I gcás go mainneoidh aturnae aon fhoráil de na *hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 1994*, nó aon rialacháin arna ndéanamh fúthu nó aon choinníollacha a shonrófar in ordachán a bhaineann le deimhniú cleachta faoi alt 59 den Acht seo, a chomhlíonadh, agus gurb é tuairim an Chumainn go bhfuil an mhainneachtain sin tromchúiseach agus go ndlíonn sí iarratas a dhéanamh faoin alt seo”, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní dochar aon iarratas a dhéanfaidh an Cumann de bhun fho-alt (1) do cheart an Chumainn—

(a) faoi alt 7 d’Acht 1960, iarratas a dhéanamh chuig an mBinse Araíonachta ar fhiosrúchán faoi iompar an aturnae lena mbaineann ar fhoras mí-iompar líomhnaithe, nó

(b) faoi alt 14A, iarratas a dhéanamh chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, i leith iompar an aturnae lena mbaineann, ar fhiosrúchán a sheoladh faoi *alt 81 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*.”.

Leasú ar alt 59 d’Acht 1994**205.** Leasaítear alt 59(2) d’Acht 1994 trí “alt 49(1)(c) go (v)” a chur in ionad “alt 49(1) (c) go (p) (arna ionadú leis an Acht seo)”.

Leasú ar alt 1 d’Acht 2002

206. Leasaítear alt 1 d’Acht 2002 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘an tÚdarás’ an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí;”.

Leasú ar alt 5 d’Acht 2002

207. Leasaítear alt 5 d’Acht 2002—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) a dhéanfaidh, dá bhfoilseodh atur nae é nó dá gcuirfeadh atur nae faoi deara é a fhoilsiú, rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 218* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, a shárú.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I bhfo-alt (1), tá le ‘fógrán’ an bhrí a shanntar dó le *halt 218(8)* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, ach ‘ar dhuine nach atur nae’ a chur in ionad, i gcás gur cuí, ‘ar dhlí-chleachtóir’”.

Leasú ar alt 19 d’Acht 2002

208. Leasaítear alt 19 d’Acht 2002—

(a) tríd an leagan cuí gramadaí de “an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí” a chur in ionad an leagain chomhréirigh de “an Binse Araíonachta”, gach áit a bhfuil sé, agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) San alt seo—

(a) ciallaíonn ‘mí-iompar’, i ndáil le gníomh nó neamhghníomh a tharla roimh an dáta a thiocfaidh *Cuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ngníomh—

(i) cion faoi alt 55, 56 nó 58 den Phríomh-Acht nó cion inghabhála (de réir bhrí an Achta um an Dlí Coiriúil, 1997) a dhéanamh,

(ii) iompar lasmuigh den Stát ar cion é faoi dhlí na dlínse lena mbaineann agus ar chion inghabhála é (de réir na brí sin) dá dtarlódh an t-iompar sin laistigh den Stát, nó

(iii) aon iompar eile a d’fhéadfadh, dá mbeadh atur nae ag gabháil dó, míchlú a tharraingt ar ghairm na n-atur naetha,

agus

(b) forléireofar ‘mí-iompar’, i ndáil le gníomh nó neamhghníomh a tharla ar an dáta a thiocfaidh *Cuid 6* den *Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015*, i ngníomh nó dá éis, de réir *alt 50* den Acht sin, a mhéid a bhaineann an t-alt sin le haturnaetha.”.

CUID 14

ILGHNÉITHEACH

Díolúine

209. (1) Ní bheidh an tÚdarás ná comhalta den Údarás, nó comhalta foirne den Údarás, faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith aon ghníomh a rinne sé nó sí nó a d'fhág sé nó sí gan déanamh i gcomhlíonadh, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *Chuid 3* nó *6*, mura de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann.

(2) Ní bheidh an Stát faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith aon ghníomh a rinne an tÚdarás nó comhalta den Údarás nó comhalta foirne den Údarás nó a d'fhág sé nó sí gan déanamh i gcomhlíonadh, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe, a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *Chuid 3* nó *6* ag an Údarás nó ag an gcomhalta sin, mura de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh lena mbaineann.

(3) Ní bheidh an Stát ná an tÚdarás faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith aon ghníomh a rinne an Dlí-Chumann nó a d'fhág sé gan déanamh i gcomhlíonadh, nó i gcomhlíonadh airbheartaithe, a fheidhmeanna faoi *Chuid 6* nó faoi *na hAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2015*, ag an Dlí-Chumann.

(4) San alt seo—

folaíonn “Údarás” Coiste Athbhreithnithe arna bhunú faoi *alt 62*, an Coiste um Ghearáin agus an Binse Araíonachta;

folaíonn “comhalta foirne” cigire arna cheapadh nó arna ceapadh de réir *alt 37(1)(b)*.

Ní shlánófar an Ciste Cúitimh

210.(1) Ní shlánóidh an Stát an Ciste Cúitimh i leith aon dliteanas ar an gCiste sin cibé slí ar a n-eascróidh sé agus, dá réir sin, ní dhéanfar aon airgead poiblí a íoc isteach sa Chiste sin chun aon chríche ná a úsáid ar shlí eile faoi chomhair aon dliteanas ar an gCiste sin.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo cibé acu atá nó nach bhfuil an t-airgead atá chun creidiúna don Chiste Cúitimh leordhóthanach faoi chomhair dhliteanais an Chiste sin.

(3) San alt seo, ciallaíonn “airgead poiblí” airgead arna mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis nó arna eisiúint as an gcéanna nó arna sholáthar ag an Oireachtas.

Leasú ar Acht na gCúirteanna, 1971

211. Leasaítear Acht na gCúirteanna, 1971, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 17:

“Ceart éisteachta d’aturnaetha

17. (1) D’ainneoin aon achtachán nó riail dlí eile agus faoi réir fho-ailt (2) agus (3), beidh ceart éisteachta in aon chúirt ag aturnae atá ag gníomhú do pháirtí i gcaingean, in agra, in ábhar nó in imeachtaí coiriúla agus ag aturnae atá cáilithe chun cleachtadh sa Stát (de réir bhrí na nAchtanna Aturnaetha, 1954 go 2011) agus atá ag gníomhú mar chúntóir dó nó di sa chúirt sin.
- (2) Beidh feidhm ag fo-alt (1) d’ainneoin go bhfuil aturnae dá dtagraítear san fho-alt sin tar éis abhcóide cleachtach a theagasc sa chaingean, san agra, san ábhar nó sna himeachtaí coiriúla lena mbaineann.
- (3) (a) Faoi réir mhír (b), sna himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2), is ní é a bheidh le comhaontú idir an t-aturnae agus an t-abhcóide lena mbaineann, le toiliú an pháirtí dá dtagraítear i bhfo-alt (1), ag féachaint go cuí do leas an pháirtí, maidir leis an gceart éisteachta, cibé acu a dhéanfaidh—
- (i) an t-aturnae nó an t-abhcóide é a fheidhmiú, nó
- (ii) an t-aturnae é a fheidhmiú go páirteach agus an t-abhcóide é a fheidhmiú go páirteach.
- (b) I gcás nach n-éireoidh leis an aturnae agus leis an abhcóide dá dtagraítear i mír (a) teacht ar chomhaontú, cinnfidh an páirtí cén dlí-chleachtóir a ghlacfaidh an ról ceannais agus an modh ar a bhfeidhmeoidh na dlí-chleachtóirí lena mbaineann an ceart éisteachta thar a cheann nó thar a ceann.”.

Féadfaidh abhcóide i bhfostaíocht seirbhísí dlí a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir

212. (1) Féadfaidh abhcóide a mbeidh a ainm nó a hainm taifeadta ar rolla na n-abhcóidí cleachtacha de réir *Chuid 9*—
- (a) dul i mbun fostaíocht íoctha, agus
- (b) mar chuid den fhostaíocht sin, seirbhísí dlí a sholáthar dá fhostóir nó dá fostóir, lena n-áirítear láithriú thar ceann an fhostóra sin i gcúirt, i mbinse nó i bhfóram le haghaidh eadrána.
- (2) Ní choiscfidh ná ní shrianfaidh comhlacht gairmiúil, trína chóid ghairmiúla nó ar shlí eile, abhcóide is comhalta den chomhlacht sin ar obair a dhéanamh, nó ar ghnó a dhéanamh ar shlí eile, le habhcóidí a sholáthraíonn seirbhísí dlí de réir *fho-alt (1)*.
- (3) San alt seo, folaíonn “fostaíocht” fostaíocht pháirtaimseartha.

Leasú ar Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995

213. Leasaítear Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 49:

“49. Ní cheanglófar ar dhlí-chleachtóir le linn dó nó di láithriú in aon chúirt peiriúic nó róba den chineál a chaití roimhe seo ná aon pheiriúic nó róba eile de shaghas searmanasach a chaitheamh.”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010

214. Leasaítear alt 60 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, i bhfo-alt (2)—

- (a) trí “ar comhalta den Leabharlann Dlí é nó í” a chur isteach i ndiaidh “abhcóide” i mír (d), agus
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(da) i gcás duine ainmnithe is abhcóide nach comhalta den Leabharlann Dlí é nó í, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí;”.

Srian le dlí-chleachtóir do tharraingt siar ó chás i gcás go bhfuil an cliant faoi choimeád

215. (1) Ní fhéadfaidh dlí-chleachtóir a mbeidh teagasc glactha aige nó aici chun láithriú i gcúirt thar ceann cliant atá faoi choimeád tarraingt siar ó chás an chliant gan cead a fháil ón gcúirt is tuisce a mbeidh an cliant sin sceidealta láithriú os a comhair.
- (2) Le linn don chúirt breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfaidh sí cead do dhlí-chleachtóir tarraingt siar ó chás faoi *fho-alt (1)*, beidh aird aici ar na nithe seo a leanas—
- (a) na hiarmhairtí is dóigh a bheidh leis an ngníomh sin don chliant d’ainneoin go bhféadfaidh gur chomhthoiligh an cliant leis an dlí-chleachtóir do tharraingt siar ón gcás,
 - (b) aon mhoill nó iarmhairtí dochracha eile a d’fhéadfadh eascairt maidir leis na himeachtaí lena mbaineann de thoradh an dlí-chleachtóir do tharraingt siar, agus
 - (c) aon ní is ábhar do phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil idir an dlí-chleachtóir agus an cliant.
- (3) Féadfaidh an chúirt iarratas ar cead faoi *fho-alt (1)* a éisteach *in camera* má mheasann sí gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas.
- (4) Déanfaidh an chúirt ar gá cead a fháil uaithe faoi *fho-alt (1)* chun tarraingt siar ó chás fógra a thabhairt don Údarás i dtaobh dlí-chleachtóir do tharraingt siar ón gcás sin de shárú ar an bhfo-alt sin agus déanfaidh an tÚdarás, ar fhógra a fháil amhlaidh, an ní a imscrúdú agus aon ghníomh a dhéanamh is gá faoi *Chuid 6*.

Fógraí a sheirbheáil

216. I gcás go gceanglófar nó go n-údarófar fógra a chur chuig duine nó a thabhairt dó nó di leis an Acht seo nó faoi, beidh an fógra i scríbhinn agus déanfar é a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm agus déanfar é a sheirbheáil ar an duine, a chur chuige nó chuici nó a thabhairt dó nó di ar aon cheann amháin de na slite seo a leanas:
- (a) trína sheachadadh ar an duine;

- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin;
- (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha nó le haon fhoirm eile seachadta taifeadta chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

Rialacháin maidir le gluaiseacht idir gairm an abhcóide agus gairm an aturnae

217. (1) D’ainneoin aon achtachán eile, féadfaidh an tÚdarás le rialachán a fhoráil go ndéanfar—
- (a) abhcóide a bheidh ag iarraidh go nglacfar é nó í mar aturnae, nó
 - (b) aturnae a bheidh ag iarraidh teacht chun bheith ina abhcóide nó ina habhcóide, a dhíolmhú ó cheanglas maidir le glacadh, is ceanglas a bheidh sonraithe sa rialachán, i gcás gurb é tuairim an Údaráis nach bhfuil an ceanglas sin maidir le glacadh riachtanach i gcás an abhcóide sin nó an aturnae sin.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le rialacháin faoin bhfo-alt sin a fhoráil go ndéanfar dlí-chleachtóir dá dtagraítear i *mir (a)* nó *(b)* den *fho-alt* sin a dhíolmhú ó cheanglas maidir le glacadh—
- (a) go bhfreastalóidh sé nó sí ar chúrsa oideachais nó oiliúna,
 - (b) go ndéanfaidh sé nó sí, agus go ngnóthóidh sé nó sí, scrúdú, nó
 - (c) go ndéanfaidh sé nó sí tréimhse printíseachta nó daltachais, nó cuid de thréimhse den sórt sin, a chur isteach.
- (3) Féadfar le rialacháin faoi *fho-alt (1)* foráil a dhéanamh maidir le díolúintí éagsúla i ndáil le dlí-chleachtóirí éagsúla nó aicmí éagsúla dlí-chleachtóra.
- (4) Chun críocha an ailt seo, níl ceanglas maidir le glacadh riachtanach, i gcás dlí-chleachtóir dá dtagraítear i *mir (a)* nó *(b) d’fho-alt (1)*, más rud é—
- (a) go bhfuil an ceanglas maidir le glacadh i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil ag duine atá ag iarraidh go nglacfar mar aturnae é nó í nó teacht chun bheith ina abhcóide nó ina habhcóide, de réir mar a bheidh, eolas, scil nó taithí faoi leith, agus
 - (b) go bhfuil an t-eolas, an scil nó an taithí sin ag an dlí-chleachtóir lena mbaineann cheana—
 - (i) de bhua na gcáilíochtaí oideachais agus na hoiliúna a fuair sé nó sí roimhe sin, lena n-áirítear na cáilíochtaí oideachais agus an oiliúint a fuair sé nó sí d’fhonn teacht chun bheith ina abhcóide nó ina habhcóide nó d’fhonn é nó í a ghlacadh mar aturnae, de réir mar a bheidh, agus
 - (ii) de bhua na taithí ar sheirbhísí dlí a sholáthar a fuair sé nó sí mar abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach, de réir mar a bheidh.

- (5) Sula ndéanfaidh sé rialacháin faoi *fho-alt (I)*, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leo seo a leanas—
- (a) an Dlí-Chumann,
 - (b) Comhairle an Bharra,
 - (c) Cumann Onórach Óstaí an Rí, agus
 - (d) cibé comhlacht nó foras eile a bhfuil baint aige le hoideachas dlí a sholáthar ar chóir dul i gcomhairle leis i dtuairim an Údaráis.
- (6) Cinnteoidh siad seo a leanas go mbeidh na ceanglais maidir le glacadh lena mbaineann i gcomhréir le rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo:
- (a) Cumann Onórach Óstaí an Rí agus Comhairle an Bharra, i ndáil leis na ceanglais maidir le glacadh a bhaineann le gairm na n-abhcóidí;
 - (b) an Dlí-Chumann, i ndáil leis na ceanglais maidir le glacadh a bhaineann le gairm na n-aturnaetha;
 - (c) cibé comhlacht eile, is comhlacht a gcumhachtaítear dó ceanglais maidir le glacadh a bhaineann le gairm na n-abhcóidí nó gairm na n-aturnaetha a bhunú, de réir mar a shonróidh an tAire le rialachán.
- (7) San alt seo—

ciallaíonn “ceanglais maidir le glacadh”—

- (a) i ndáil le gairm na n-aturnaetha, na ceanglais (lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann le hoideachas agus oiliúint) a cheanglaítear ar dhuine a chomhlíonadh sula bhféadfar é nó í a ghlacadh mar aturnae, agus
- (b) i ndáil le gairm na n-abhcóidí, na ceanglais (lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann le hoideachas agus oiliúint) a cheanglaítear ar dhuine a chomhlíonadh sula dtiocfaidh sé nó sí chun bheith i dteideal cleachtadh mar abhcóide,

agus, chun críche an mhíne seo, folaíonn sé freisin aon cheanglas faoi Chód Gairmiúil go dtabharfaidh duine faoi aon oiliúint nó go ndéanfaidh sé nó sí tréimhse printíseachta nó daltachais a chur isteach tar éis é nó í a ghlacadh mar aturnae nó tar éis dó nó di teacht chun bheith ina abhcóide nó ina habhcóide, de réir mar a bheidh.

Seirbhísí dlí a fhógairt

218. (1) Ní oibreoidh aon chód gairmiúil—

- (a) chun dlí-chleachtóir a chosc ar a sheirbhísí dlí nó a seirbhísí dlí a fhógairt,
- (b) chun comhpháirtíocht dlí, cleachtas ildisciplíneach nó comhpháirtíocht dliteanais theoranta a chosc ar a seirbhísí dlí a fhógairt, nó
- (c) chun grúpa dlí-chleachtóirí, a chomhroinneann saoráid, áitreabh nó costas cleachtaidh a chosc ar iad féin a fhógairt mar ghrúpa den sórt sin.

- (2) Féadfaidh an tÚdarás rialacháin a dhéanamh i ndáil le seirbhísí dlí a fhógairt, lena n-áirítear i ndáil leis an bhfaisnéis a fhéadfaidh a bheith i bhfógráin a fhoilseoidh dlí-chleachtóirí, nó a chuirfidh siad faoi deara a fhoilsiú, i ndáil le seirbhísí dlí a sholáthraíonn siad agus aon réimsí dlí lena mbaineann na seirbhísí sin.
- (3) Sula ndéanfaidh sé rialacháin faoi *fho-alt (2)*, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle, ar cibé modh is dóigh leis is cuí—
- (a) le comhlacht gairmiúil, a mbeidh a chomhaltaí faoi réir na rialachán nuair a dhéanfar iad, agus
 - (b) le cibé páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear dlí-chleachtóirí nach comhaltaí de chomhlacht dá dtagraítear i *mír (a)*, a bheidh faoi réir na rialachán nuair a dhéanfar iad, de réir mar is dóigh leis an Údarás is cuí.
- (4) Ní fhéadfar le rialacháin a dhéanfar faoi *fho-alt (2)* srian a chur le seirbhísí dlí a fhógairt mura rud é maidir leis an srian sin—
- (a) go mbeidh sé riachtanach—
 - (i) chun neamhspleáchas, dínit agus sláine ghairm an dlí a chosaint, agus
 - (ii) ar chúis sháraitheach a bhaineann le leas an phobail, agus
 - (b) go mbeidh sé neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.
- (5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfar le rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt sin—
- (a) an earnáil nó na hearnálacha dlí-chleachtóra lena mbaineann na rialacháin sin a shonrú,
 - (b) foráil a dhéanamh i ndáil le fógráin a bhféadfaidh dlí-chleachtóir iad a fhoilsiú nó a chur faoi deara iad a fhoilsiú nó a bhféadfar iad a fhoilsiú nó a chur faoi deara iad a fhoilsiú thar ceann dlí-chleachtóra, lena n-áirítear foráil i leith an ábhair a bheidh iontu agus i leith a méide,
 - (c) socrú a dhéanamh maidir leis an modh ar a gcinnfidh an tÚdarás an amhlaidh gur sárú ar an alt seo nó ar aon rialacháin faoin alt seo aon fhógrán áirithe a d'fhoilsigh dlí-chleachtóir nó ar chuir dlí-chleachtóir faoi deara é a fhoilsiú, agus
 - (d) srian a chur le foilsiú aon fhógráin ag dlí-chleachtóir, nó thar ceann dlí-chleachtóra, is fógrán, i dtuairim an Údaráis—
 - (i) ar dóigh go dtarraingeoidh sé táirmheas ar ghairm an dlí,
 - (ii) atá míchuibhiúil,
 - (iii) a thugann léiriú neamhfhabhrach ar dhlí-chleachtóirí eile,
 - (iv) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha,
 - (v) atá foilsithe i suíomh míchuí,

- (vi) ina ndéantar, faoi réir *fo-alt (7)*, go sainráite nó go hintuigthe, sireadh ar aon duine nó aon ghrúpa nó aicme daoine, nó é nó í nó iad a spreagadh nó aon aslach a thairiscint dó nó di nó dóibh, chun éilimh a dhéanamh i leith díobhálacha pearsanta nó seirbhísí dlí a lorg i dtaca le héilimh den sórt sin.
- (6) Ní dhéanfaidh dlí-chleachtóir fógrán a fhoilsiú, ná a chur faoi deara fógrán a fhoilsiú, nach gcomhlíonann rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (2)*.
- (7) Ní mheasfar go n-údaraitear don Údarás le haon ní i *bhfo-alt (5)(d)(vi)* srian a chur leis na focail “díobhálacha pearsanta” mar chuid de na seirbhísí dlí a sholáthraíonn an dlí-chleachtóir a áireamh i bhfógrán a fhoilseoidh dlí-chleachtóir nó a fhoilseofar thar ceann dlí-chleachtóra.
- (8) San alt seo—

ciallaíonn “fógrán” aon chumarsáid (cibé acu ó bhéal nó i bhfoirm scríofa nó in amharc-fhoirm eile agus cibé acu trí mheán leictreonach nó trí mheán eile a táirgeadh í) lena mbeartaítear poibliú nó cur chun cinn ar shlí eile a dhéanamh ar dhlí-chleachtóir i ndáil le soláthar seirbhísí dlí aige nó aici, lena n-áirítear—

- (a) aon bhróisiúr, fógra, ciorclán, bileoigín, póstaer, placard, grianghraf, léiriúchán, feathal, taispeántas, stáiseanóireacht, iontráil eolaire, alt nó ráiteas a bheidh le foilsiú go ginearálta,
- (b) aon seoladh leictreonach nó aon fhaisnéis arna soláthar ag an dlí-chleachtóir agus a bheidh inrochtana go leictreonach,
- (c) aon taifeadadh fuaimne nó físe, nó
- (d) aon chur i láthair, léacht, seimineár nó agallamh,

lena mbeartaítear déanamh amhlaidh, ach gan cumarsáid a áireamh lena mbeartaítear go príomha faisnéis a thabhairt faoin dlí;

ciallaíonn “suíomh míchuí” ospidéal, clinic, seomra freastail dochtúra, teach sochraide, reilig, créamatóir nó suíomh fisiciúil eile de ghné den tsamhail chéanna.

CUID 15

CAINGNE FAILLÍ CLINICIÚLA

Caingne faillí cliniciúla

219. (1) Leasaítear an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 2:

“CUID 2A

CAINGNE FAILLÍ CLINICIÚLA

Léiriú ar Chuid 2A**32A.** (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘faillí chliniciúil’ aon ní a rinneadh nó a fágadh gan déanamh le linn do sholáthraí seirbhíse sláinte seirbhís sláinte a sholáthar in imthosca a bhféadfadh gurb iad ba bhun le dliteanas i leith damáistí mar gheall ar fhailí i leith díobháil phearsanta nó báis;

ciallaíonn ‘caingean faillí cliniciúla’ caingean chun damáistí a ghnóthú—

- (a) arna tionscnamh ag duine nó thar ceann duine a líomhnaíonn gur bhain díobháil phearsanta dó nó di nó do dhuine éagtha ar ionadaí pearsanta dó nó di é nó í, nó go bhfuair sé nó sí bás, de dheasca faillí chliniciúil, agus
- (b) arna tionscnamh i gcoinne an tsoláthraí seirbhíse sláinte a líomhnaítear a rinne an gníomh nó an neamhghníomh ba bhun le dliteanas nó aon duine eile a líomhnaítear a bheith faoi dhliteanas i leith an ghnímh nó an neamhghnímh sin;

ciallaíonn ‘seirbhís sláinte’—

- (a) imscrúdú, fáthmheas, gnáthamh, cóireáil nó taighde cliniciúil a dhéanamh,
- (b) comhairle nó faisnéis chliniciúil a sholáthar, nó
- (c) cúram cliniciúil a sholáthar;

ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse sláinte’ duine a bhfuil a ainm nó a hainm—

- (a) ar chlár na lia-chleachtóirí,
- (b) ar chlár a chothabhálann an Chomhairle Fiaclóireachta,
- (c) ar chlár a chothabhálann an Bord Clárúcháin Súil-Liachta,
- (d) ar chlár arna bhunú faoi alt 13(1) den Acht Cógaisíochta, 2007,
- (e) ar chlár a chothabháiltear faoi alt 46 d’Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011, nó
- (f) ar chlár a chothabhálann aon ghairm sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ainmnithe chun críocha an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, agus atá forordaithe le rialacháin ag an Aire;

ciallaíonn ‘prótacal réamhchaingne’ an prótacal réamhchaingne a luaitear in alt 32B.

An prótacal réamhchaingne

32B. (1) Beidh prótacal réamhchaingne ann a bhainfidh le caingne faillí cliniciúla.

- (2) Beidh ceanglais sa phrótacal réamhchaingne nach mór do na páirtithe i gcaingne faillí cliniciúla a chomhlíonadh sula dtionscnófar caingne den sórt sin.
- (3) Déanfaidh an tAire le rialacháin foráil lena sonrúfear téarmaí an phrótacail réamhchaingne.
- (4) Sula ndéanfaidh an tAire rialacháin faoi fho-alt (3), rachaidh sé nó sí i gcomhairle—
 - (a) leis an Aire Sláinte,
 - (b) leis an nGníomhaireacht Stáit um Éilimh,
 - (c) le cibé comhlachtaí a bhfuil baint acu le daoine a sholáthraíonn seirbhísí dlí a rialáil is dóigh leis an Aire is cuí,
 - (d) le cibé comhlachtaí a bhfuil baint acu le daoine a sholáthraíonn seirbhísí sláinte a rialáil nó a oiliúint is dóigh leis an Aire is cuí,
 - (e) le cibé comhlachtaí atá ionadaitheach do leasanna othar is dóigh leis an Aire is cuí, agus
 - (f) le cibé comhlachtaí eile is dóigh leis an Aire is cuí.
- (5) Beidh aird ag an Aire, le linn rialacháin a dhéanamh faoi fho-alt (3), ar a inmhianaithe atá sé—
 - (a) spreagadh a thabhairt do réiteach luath fiosrúchán nó líomhaintí a bhaineann le faillí chliniciúil fhéideartha,
 - (b) cumarsáid thráthúil a chur chun cinn idir daoine atá ag déanamh fiosrú nó líomhaintí i dtaobh faillí chliniciúil fhéideartha agus na daoine is dóigh leo a d'fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas ina leith,
 - (c) an líon cásanna ina dtionscnaítear caingne faillí cliniciúla a laghdú,
 - (d) sainaitheant luath ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid i gcaingne faillí cliniciúla a éascú, agus
 - (e) spreagadh a thabhairt do shocrú luath caingne faillí cliniciúla.
- (6) Beidh, go háirithe, i dtéarmaí an phrótacail réamhchaingne a shonrúfear le rialacháin faoi fho-alt (3), foráil a bhainfidh leis na nithe seo a leanas—
 - (a) nochtadh taifead liachta agus taifead eile a bhaineann le daoine a bheidh ag déanamh fiosrúchán nó líomhaintí i dtaobh faillí chliniciúil fhéideartha (lena n-áirítear muirir ar nochtadh),
 - (b) fógraí a thabhairt faoi fhiosrúcháin, agus líomhaintí, i dtaobh faillí chliniciúil fhéideartha, fógraí faoi fhiosruithe a admháil agus freagraí a thabhairt ar fhógraí faoi líomhaintí,

- (c) an t-am a shonrú a dhéanfar, nó ar laistigh de a dhéanfar, taifid a nochtadh agus fógraí a thabhairt agus admhálacha agus freagraí a thabhairt ar fhógraí,
- (d) foirm iarrataí ar nochtadh nó fógraí faoi fhiosrúcháin nó líomhaintí agus admhálacha agus freagraí ar fhógraí den sórt sin agus na sonraí a bheidh le háireamh i dteannta an chéanna,
- (e) nochtadh ábhair is iomchuí maidir le líomhaintí agus freagraí, agus
- (f) comhaontuithe chun saincheistanna a chur ar aghaidh lena réiteach ar shlí seachas ag cúirt.

Cumhachtaí cúirte

32C. Féadfaidh an chúirt ina dtionscnófar caingeán faillí clínicíúla, ar an gcaingeán a éisteacht, aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) a ordú nach rachfar ar aghaidh a thuilleadh leis an gcaingeán go dtí go mbeidh bearta déanta a cheanglaítear leis an bprótacail réamhchaingne a bheith déanta ag aon pháirtí de na páirtithe;
- (b) a ordú go ndéanfaidh páirtí nár chomhlíon ceanglas de chuid an phrótacail réamhchaingne costais, nó cuid de chostais, an pháirtí eile nó na bpáirtithe eile (lena n-áirítear, i gcás gur cuí, ar fhoras slánaíochta) a íoc;
- (c) má dhéantar dámhachtain damáistí i bhfabhar an ghearánaí ach nár chomhlíon an gearánaí ceanglas de chuid an phrótacail réamhchaingne nó gur dhiúltaigh sé nó sí do thairiscint socrú a dhéanamh de réir an phrótacail réamhchaingne, le haghaidh méid atá coibhéiseach leis an méid a dámhadh nó is mó ná an méid a dámhadh, a ordú nach bhfaighidh an gearánaí ús ar iomlán na dámhachtana nó ar chuid di nó go mbéarfaidh iomlán na dámhachtana nó cuid di ús de réir ráta is ísle ná an ráta a bhéarfadh sí thairis sin;
- (d) má dhéantar dámhachtain damáistí i gcoinne cosantóra ach nár chomhlíon an cosantóir ceanglas de chuid an phrótacail réamhchaingne nó gur dhiúltaigh sé nó sí do thairiscint socrú a dhéanamh de réir an phrótacail réamhchaingne le haghaidh méid atá coibhéiseach leis an méid a dámhadh nó is lú ná an méid a dámhadh, a ordú go n-íocfaidh an cosantóir ús ar iomlán na dámhachtana nó ar chuid di de réir ráta is airde de 10 bpointe céatadáin ar a mhéid ná an ráta atá arna shonrú de thuras na huairé faoi alt 26 den *Debtors (Ireland) Act, 1840*.

Ní admháil dliteanais é leithscéal a ghabháil ná ní chuirfidh an céanna árachas ó bhail

32D. (1) Maidir le hapalachta arna gabháil i dtaca le líomhain go ndearnadh faillí chlínicíúil—

- (a) ní admháil shainráite nó intuigthe í ar locht ná ar dhliteanas, agus

- (b) ní dhéanfar léi, d’ainneoin aon fhoráil dá mhalairt in aon chonradh árachais agus d’ainneoin aon achtachán eile, aon chumhdach árachais a chur ó bhail ná difear ar shlí eile d’aon chumhdach árachais atá, nó a bheadh, murach an apalacht sin, ar fáil i leith an ní a líomhnaítear.
- (2) D’ainneoin aon achtachán eile, níl fianaise ar apalacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1) inghlactha mar fhianaise ar locht nó dliteanas aon duine in aon imeachtaí i gcaingean faillí cliniciúla.”.
- (2) Níl feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le caingne faillí cliniciúla i gcás go bhfabhróidh an chúis chaingne roimh theacht i ngníomh don fho-alt sin.

Leasuithe eile ar an Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004

220. (1) Leasaítear alt 8 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (3), i gcás” a chur in ionad “I gcás”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Níl feidhm ag an alt seo maidir le caingean faillí cliniciúla de réir bhrí Chuid 2A.”.

(2) Leasaítear alt 17 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (6A), déanfaidh” a chur in ionad “Déanfaidh”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Níl feidhm ag an alt seo maidir le caingean faillí cliniciúla de réir bhrí Chuid 2A más rud é, sular tionscnaíodh an chaingean, go raibh tairiscint chun an t-éileamh a shocrú déanta ag aon pháirtí sa chaingean de réir an phrótacail réamhchaingne.”.

(3) Leasaítear an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 17:

“Tairiscintí socraíochta roimh chaingean in éilimh maidir le faillí chliniciúil

17A. (1) I gcás caingean nach bhfuil feidhm ag alt 17 maidir leis de bhua fho-alt (6A) den alt sin, déanfaidh an páirtí a rinne an tairiscint socraíochta cóip den tairiscint sin a thaisceadh sa chúirt, nó déanfar í a thaisceadh thar a cheann nó thar a ceann.

(2) Ní dhéanfar téarmaí na tairisceana socraíochta a chur in iúl don bhreitheamh i dtrial na caingne faillí cliniciúla go dtí go mbeidh breithiúnas sa chaingean tugtha aige nó aici.

(3) Déanfaidh an chúirt, le linn breithniú a dhéanamh maidir le hordú a dhéanamh i dtaobh costais sa chaingean a íoc, aird a thabhairt—

- (a) ar théarmaí na tairisceana socraíochta, agus

- (b) réasúntacht iompar an pháirtí a rinne an tairiscint agus é nó í ag déanamh na tairisceana.
- (4) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta, agus ní alt é in ionad, aon riail chúirte lena bhforáiltear go ndéanfar suim airgid a íoc isteach sa chúirt mar shásamh ar chúis chaingne nó go dtairgfear íocaíocht a dhéanamh leis an bpáirtí eile nó leis na páirtithe eile i gcaingean.”.

Leasuithe ar an Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991

221. (1) Leasaítear an tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991—

- (a) in alt 3, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):
- “(1) Aon caingean, seachas caingean lena mbaineann alt 6 den Acht seo, a éilíonn damáistí i leith díobhálacha pearsanta do dhuine arb é is cúis leo faillí, núis nó sárú dualgais (cibé acu atá nó nach bhfuil an dualgas ann de bhua conradh nó foráil a rinneadh le reacht nó faoi reacht nó go neamhspleách ar aon chonradh nó ar aon fhoráil den sórt sin), ní thionscnófar í tar éis deireadh tréimhse—
- (a) i gcás caingean faillí cliniciúla de réir bhrí Chuid 2A den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, 3 bliana, nó
- (b) thairis sin, 2 bhliain,
- ón dáta a d’fhabhraigh an chúis chaingne nó ó dháta eolais (más déanaí) an duine a díobháladh.”,
- (b) in alt 4(1), trí “na tréimhse a shonraítear amhlaidh” a chur in ionad “2 bhliain”,
- (c) in alt 5(1), trí “sula mbeidh an tréimhse a shonraítear san alt sin 3 caite ón dáta a scoir sé de bheith faoi mhíchumas nó a d’éag sé, cibé acu is túisce a tharla, d’ainneoin an tréimhse a shonraítear amhlaidh a bheith caite” a chur in ionad “sula mbeidh 2 bhliain caite ón dáta a scoir sé de bheith faoi mhíchumas nó a d’éag sé, cibé acu is túisce a tharla, d’ainneoin an tréimhse a shonraítear san alt sin 3 a bheith caite”, agus
- (d) in alt 6—
- (i) i bhfo-alt (1), trí “tar éis an tréimhse iomchuí a bheith caite” a chur in ionad “tar éis 2 bhliain a bheith caite”, agus
- (ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):
- “(1A) I bhfo-alt (1), ciallaíonn ‘an tréimhse iomchuí’—
- (a) i gcás caingean faillí cliniciúla de réir bhrí Chuid 2A den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, 3 bliana, agus
- (b) thairis sin, 2 bhliain.”.
- (2) Ní bheidh éifeacht leis na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)* i gcás go mbeidh an dáta a fhabhróidh an chúis chaingne, nó dáta eolais an duine lena mbaineann maidir leis an gcúis chaingne sin, ann roimh an dáta a thiocfaidh an fo-alt sin i ngníomh.

SCEIDEAL 1

Ailt 150(4) agus 155.

NA PRIONSABAIL A BHAINNEANN LE COSTAIS DLÍ

1. Déanfaidh Breithneoir Costas Dlí na prionsabail seo a leanas a chur chun feidhme le linn breithniú a dhéanamh ar bhille costas de bhun iarratas de bhun *alt 154*:
 - (a) gur tabhaíodh na costais go réasúnach, agus
 - (b) gur méid réasúnach atá sna costais.
2. Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an méid réasúnach atá sna costais, breithneoidh Breithneoir Costas Dlí gach ceann de na nithe seo a leanas, más infheidhme:
 - (a) castacht agus úrnacht na saincheistanna a ghabhann leis an obair dhlíthiúil;
 - (b) an scil nó an t-eolas sainfheidhmiúil is iomchuí i leith an ní atá curtha chun feidhme maidir leis an ní ag an dlí-chleachtóir;
 - (c) an t-am agus an saothar atá caite le réasún ar an ní ag an dlí-chleachtóir;
 - (d) an phráinn atá leis an ní dar leis an gcliant agus an gá nó ar ghá don dlí-chleachtóir, dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt don ní sin thar nithe eile;
 - (e) an áit agus na himthosca ina ndearnadh an ní a sheoladh;
 - (f) líon, tábhacht agus castacht na ndoiciméad ba ghá don dlí-chleachtóir a dhréachtú, a ullmhú nó a scrúdú;
 - (g) i gcás go mbeidh airgead, maoin nó leas i maoin i gceist, méid an airgid, nó luach na maoiné nó an leasa sa maoiné lena mbaineann;
 - (h) cibé acu atá nó nach bhfuil comhaontú ann chun dliteanas an dlí-chleachtóra a theorannú de bhun *alt 48*;
 - (i) cibé acu arinne nó nach ndearna an dlí-chleachtóir taighde nó obair imscrúdúcháin de riachtanas agus, má rinne, an scála ama ar laistigh de ba ghá an obair sin a chríochnú;
 - (j) úsáid agus costais finnéithe saineolacha nó saineolais eile a d'fhostaigh an dlí-chleachtóir agus an raibh na costais sin riachtanach agus réasúnach.

SCEIDEAL 2

Alt 5.

NA hAchtacháin a Aisghairtear

(1) Uimhir agus Bliain	(2) Gearrtheideal	(3) Méid na haisghairme
12 & 13 Vict., c. 54	Solicitors (Ireland) Act, 1849	An tAcht iomlán
1954, Uimh. 36	An tAcht Aturnaethe, 1954	Alt 71(2), (3), (4), (5), (6) agus (10)
1994, Uimh. 27	An tAcht Aturnaetha (Leasú), 1994	Ailt 68 agus 74
2009, Uimh. 8	An tAcht fán Ombudsman um Sheirbhísí Dí, 2009	An tAcht iomlán

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€18.03

